

Dréachtphlean Limistéir Áitiúil na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018- 2024

- An Clochán Liath
- Bealach Féich-Srath an Urláir
- Béal Átha Seanaidh
- Ceann an Droichid
- Carn Domhnach
- Baile Dhún na nGall
- Na Cealla Beaga

Tuarascáil Comhshaoil



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

Samhain 2017

CLÁR NA nÁBHAR

1	Réamhrá	1
1.1	ACHOIMRE NEAMHTHEICNIÚIL.....	1
1.2	COMHTHÉACS REACTÚIL.....	8
1.3	COMHAIRLIÚCHÁN TRASTEORANN	9
1.4	SEICLIOSTA ÁBHAR NA TUARASCÁLA COMHSHAOIL	9
1.5	COMHTHÉACS PLEANÁLA	10
1.6	MODHEOLAÍOCHT.....	36
2	Comhairliúcháin	41
3	Measúnacht Chuí (Tuarascáil ar Thionchair Natura)	45
4	Cur Chuige Malartach i leith an Phlean	47
5	Staid Reatha na Timpeallachta	50
5.1	BITHÉAGSÚLACHT, FLORA AGUS FAUNA	51
5.1.1	Láithreáin Natura 2000	52
5.1.2	Limistéir Oidhreachta Náisiúnta	66
5.2	UISCÍ SLIOGÉISC AINMNITHE.....	74
5.3	DIÚILICÍN PÉARLA FIONNUISCE.....	77
5.4	LÁITHREÁIN RAMSAR	83
5.5	LÍONRAÍ ÉICEOLAÍOCHTA	86
5.6	ABHAINN SKEOGE ANACLANNA DÚLRA REACTÚLA.....	87
5.7	SPECIS IONRACHA.....	88
5.8	AN DAONRA.....	90
5.8.1	TREOCHTAÍ DAONRA	90
5.8.2	RÉAMH-MHEASTACHÁIN DAONRA.....	92
5.9	SLÁINTE AN DUINE.....	94
5.10	ÍTHIR AGUS GEOLAÍOCHT	96
5.11	CLÚDACH TALÚN.....	106
5.12	UISCE	107
5.12.1	Ceantair Abhantraí agus Dobharlaigh.....	107
5.12.2	Timpeallacht Uisce i limistéar an Phlean	114
5.12.3	Stádas Screamhuisce	116
5.12.4	Stádas Uisce Dromhchla	119
5.13	DRAMHUISCE.....	125
5.14	CÓIREAIL DRAMHUISCE.....	128
5.15	CÓRAIS CHÓIREÁLA DRAMHUISCE A FHÓNANN DO THITHE AONAIR.....	131
5.16	UISCE ÓIL	136

5.16.1	SOLÁTHAIRTÍ UISCE POIBLÍ.....	137
5.16.2	SEOSOLÁTHAIRTÍ UISCE POIBLÍ –MOLTAÍ.....	139
5.16.3	SOLÁTHAIRTÍ UISCE PRÍOBHÁIDEACHA.....	142
5.16.4	SOLÁTHAIRTÍ UISCE PRÍOBHÁIDEACHA –MOLTAÍ.....	143
5.17	CÁILÍOCHT UISCE SHNÁMHA.....	144
5.17.1	TRÁNNA BRATAÍ GOIRME.....	146
5.17.2	GRADAIM CHÓSTA GLAS.....	148
5.18	ATHRÚ AERÁIDE AGUS CAIGHDEÁN AN AEIR.....	149
5.19	BAINISTIÚ MUIRÍ AGUS CÓSTA.....	154
5.20	SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA.....	155
5.21	OIDHREACT AILTREACTHA, SEANDÁLAÍOCHTA AGUS CULTÚRTHA.....	156
5.22	AN TÍRDHREACH AGUS TIONCHAIR AMHAIRC.....	158
5.22.1	MEASÚNÚ AR NÁDÚR TÍRDHREACHA.....	158
5.22.2	TIONCHAIR AMHAIRC.....	161
5.23	IDIRGHAOL IDIR TOPAICÍ COMHSHAOIL.....	163
6	Brúnna Timpeallachta Suntasacha.....	164
6.1	BITHÉAGSÚLACHT, FLORA AGUS FAUNA.....	166
6.2	AN DAONRA AGUS SLÁINTE AN DUINE.....	169
6.3	ÍTHIR.....	170
6.4	UISCE.....	171
6.5	ATHRÚ AERÁIDE AGUS CÁILÍOCHT AEIR.....	175
6.6	ACMHAINN MHUIRÍ AGUS CHÓSTA.....	175
6.7	SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA.....	175
6.8	OIDHREACT CHULTÚRTHA LENA N-ÁIRITEAR AILTREACTH AGUS SEANDÁLAÍOCHT.....	176
6.9	TÍRDHREACH AGUS TIONCHAIR AMHAIRC.....	176
6.10	SAINCHEISTEANNA TRASTEORANN AGUS IDIRCHONTAE.....	176
6.11	ACHOIMRE AR NA PRÍOMHBHRÚNNA TIMPEALLACHTA.....	176
7	Baol Tuilte.....	179
7.1	CÚLRA.....	179
7.2	REACHTAÍOCHT AGUS TREOIR.....	179
7.3	CREAT BEARTAIS STRAITÉISEACH LAISTIGH DEN PHLEAN FORBARTHA.....	180
7.4	ÉIFEACHTAÍ TIMPEALLACHTA DÓCHÚLA BEARTAS AGUS CUSPÓIRÍ AN PHLEAN ATÁ BAINTEACH LE	
	TUILE: 184	
8	Éabhlóid Dóchúil na Timpeallachta in Éagmais Cur Chun Feidhme Phlean Limistéir	
	Áitiúil 185	
8.1	MONATÓIREACTH, CUSPÓIRÍ TIMPEALLACHTA, TÁSCAIRÍ AGUS SPRIOCANNA.....	186
8.2	MEASÚNÚ AR CHUSPÓIRÍ, BEARTAIS AGUS CREATAÍ LONNAÍOCHTA.....	191
8.3	CONCLÚID.....	193

9	Bearta Maolaithe agus Saincheisteanna Comhshaoil a Chuimsiú sa Phlean Limistéir Áitiúil	318
----------	--	------------

LIOSTA FÍORACHA

Fíor 1.1:	Naisc an LAP le Pleananna Eile	11
Fíor 1.2:	Léarscáiliú ar Leochaileacht laistigh de Theorainneacha Baile agus de chríos maolánach 15m	40
Fíor 3.1:	Na 4 chéim atá sa Mheasúnacht Chúil	45
Fíor 5.1:	Suíomhanna Natura 2000 (SACs and SPAs) laistigh d'achar na mbailte agus achar 15km (thart orthu)	
Fíor 5.2:	Léarscáil de Shuíomh an Bhaile	
Fíor 5.3:	Suíomhanna Natura 2000 laistigh den Chlochán Liath agus achar 15 (thart orthu)	57
Fíor 5.4:	Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Bhealach Féich-Srath an Urláir agus Achar 15km (thart orthu)	58
Fíor 5.5:	Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Bhéal Átha Seanaidh agus Achar 15km (thart orthu)	59
Fíor 5.6:	Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Cheann an Droichid agus Achar 15km (thart orthu)	60
Fíor 5.7:	Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Charn Domhnach agus Achar 15km (thart orthu)	63
Fíor 5.8:	Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Bhaile Dhún na nGall agus Achar 15km (thart orthu)	64
Fíor 5.9:	Suíomhanna Natura 2000 laistigh de na Cealla Beaga agus Achar 15km (thart orthu)	65
Fíor 5.10:	Limistéir Nádúrtha Oidhreachta agus limistéir atá molta mar Limistéir Nádúrtha Oidhreachta laistigh de na Teorainneacha Baile agus achar 15 (thart orthu)	67
Fíor 5.11:	Dobharcheantair agus láithreáin Diúilicín Péarla Fionnuisce agus Uiscí Sliogéisc Ainmnithe laistigh de Theorainneacha Baile agus chríos maolánach 15km	82
Fíor 5.12:	Láithreáin Ramsar agus Anaclanna Dúlra Reachtúla laistigh de Theorainneacha an Bhaile agus de chríos maolánach 15km	85
Fíor 5.13:	Gnéithe d'athrú ar an daonra i nDún na nGall 2006- 2016	91
Fíor 5.14:	Saibhreas agus Bochtaineacht Choibhneasta i gContae Dhún na nGall	95

Fíor 5.15:	Geolaíocht lastigh de na Teorainneacha Baile agus achar 15km (thart orthu)	104
Fíor 5.16:	Dáileadh Clúdach Talún laistigh de theorainneacha na mBailte agus de chrios maolánach 15km	105
Fíor 5.17:	Rangú bitheolaíochta aibhneacha sa NWIRD 2011-2013	110
Fíor 5.18:	Stádas bitheolaíochta lochanna sa NWIRBD 2007-2013	112
Fíor 5.19:	An líon ortafosfáite ar an meán a bhí in Aibhneacha NWIRBD in 2013.....	113
Fíor 5.20:	An líon ortafosfáite ar an meán a bhí i Lochanna NWIRBD in 2013.....	113
Fíor 5.21:	Líon na Maoine gan Séarachas laistigh de Theorainneacha Baile agus crios maolánach 15km	133
Fíor 5.22:	Cáilíocht Uisce Snámha laistigh de Theorainneacha Baile agus crios maolánach 15km.....	147
Fíor 5.23:	Léarscáil Taitneamhachta Scéimhe – sliochtas Cuid B de Dhréacht-Phlean Forbartha an Chontae	162
Fíor 6.1:	Brú Suntasach i nDobharlaigh Abhann agus Locha atá i mBaol i gContae Dhún na nGall .	171
Fíor 6.2:	Brú Suntasach i nDobharlaigh Abhann agus Locha atá i mBaol go Náisiúnta	172
Fíor 6.3:	Leathnú Táirgeadh Talmhaíochta mar Bhaol do Cháilíocht Uisce go Náisiúnta	172
Fíor 7.1:	Méid na nDobharthuilte i mBealach Féich-Srath an Urláir	182
Fíor 7.2:	Méid na nDobharthuilte i gCarn Domhnach.....	182
Fíor 7.3:	Méid na nDobharthuilte i mBaile Dhún na nGall	183
Fíor 7.4:	Méid na nDobharthuilte sna Cealla Beaga	184

LIOSTA TÁBLAÍ

Tábla 1.1:	Céimeanna i bPróiseas an SEA	1
Tábla 1.2:	Achoimre ar na Príomhbhrúnna ar an gComhshaoil laistigh den limistéar an Phlean	5
Tábla 1.3:	Seicliosta Ábhar na Tuarascála Comhshaoil.....	10
Tábla 1.4:	Pleananna, Cláir agus Straitéisí Ábhartha Eile a bhfuil Cuspóirí Cosanta Comhshaoil iontu	12

Tábla 1.5:	Córas Ualaithe maidir le Leochaileacht Comhshaoil	37
Tábla 1.6:	Raon Leochaileachta	38
Tábla 2.1:	Aighneachtaí a fuarthas ó Údaráis Comhshaoil forordaithe	42
Tábla 4.1:	Measúnacht ar chur chuige malartach i leith an Dréachtphlean i gcomhthéacs na gCuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (SEO'nna)	49
Tablá 5.1:	Liosta Láithreáin Natura 2000 laistigh de An Clochán Liath agus crios maolánach 15km.	53
Tablá 5.2:	Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Bhealach Féin-Srath an Urláir agus de chrios maolánach 15 km	54
Tablá 5.3:	Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Bhéal Átha Seanaidh agus de chrios maolánach 15 km	55
Tablá 5.4:	Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Cheann an Droichid agus de chrios maolánach 15 km	56
Tablá 5.5:	Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Charn Domhnach agus de chrios maolánach 15 km	61
Tablá 5.6:	Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Bhaile Dhún na nGall agus de chrios maolánach 15 km	62
Tábla 5.7:	Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de na Cealla Beaga agus de chrios maolánach 15 km	66
Tábla 5.8:	NHAnna and pNHAnna laistigh den Chlochán Liath agus de chrios maolánach 15 km	68
Tábla 5.9:	NHAnna and pNHAnna laistigh de Bhealach Féich –Srath an Urláir agus de chrios maolánach 15 km	68
Tábla 5.10:	NHAnna and pNHAnna laistigh de Bhéal Átha Seanaidh agus de chrios maolánach 15 km	69
Tábla 5.11:	NHAnna and pNHAnna laistigh de Cheann an Droichid agus de chrios maolánach 15 km	69
Tábla 5.12:	NHAnna and pNHAnna laistigh de Charn Domhnach agus de chrios maolánach 15 km ..	70
Tábla 5.13:	NHAnna and pNHAnna laistigh de Bhaile Dhún na nGall agus de chrios maolánach 15 km	71
Tábla 5.14:	NHAnna and pNHAnna laistigh de na Cealla Beaga agus de chrios maolánach 15 km	71

Tábla 5.15:	Láithreáin Éiceolaíochta faoi Chosaint laistigh de Chríos Tionchair an Phlean i nDún na nGall	73
Tábla 5.16:	Bagairtí Ionchasacha do Limistéir Fáis Sliogéisc	74
Tábla 5.17:	Uiscí Sliogéisc Ainmnithe laistigh de limistéar an Phlean	75
Tábla 5.18:	Dobharcheantair Diúilicín Péarla Fionnuisce laistigh de limistéar an Phlean	78
Tábla 5.19:	Cuspóirí agus Bagairtí don Diúilicín Péarla Fionnuisce.....	79
Tábla 5.20:	Láithreáin Ramsar laistigh de limistéar an Phlean	83
Tábla 5.21:	Anaclanna Dúlra Reachtúla laistigh nó i ngaireacht do limistéar an Phlean	87
Tábla 5.22:	Achoimre ar bhagairtí ar shláine roinnt catagóirí gnáthóige (níl liosta na mbagairtí uileghbhálach)	89
Tábla 5.23:	Athrú Daonra sna Seacht mBaile 2011-2016	92
Tábla 5.24:	Réamh-mheastacháin Daonra don Dréacht-LAP	93
Tábla 5.25:	Liosta Láithreán Chlár Oidhreachta Geolaíochta na hÉireann de limistéar an Phlean ..	98
Tábla 5.26:	Fo-Dhobharcheantair Réigiúin Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt.....	107
Tábla 5.27:	Struchtúr Rialachais Trí Shraitheach don 2ú Timriall RBMP d'Éirinn.....	108
Tábla 5.28:	Measúnacht fhisiciceimiceach d'Aibhneacha i NWIRBD 2007-2013 laistigh de limistéar an Phlean.....	110
Tábla 5.29:	Stádas fhisiciceimiceach lochanna laistigh de limistéar an Phlean i 2007-2013.....	111
Tábla 5.30:	Stádas bitheolaíochta lochanna laistigh de limistéar an Phlean i 2007-2013	111
Tábla 5.31:	Dobharcheantar EPA agus Fo-dhobharcheantair laistigh de limistéar an LAP	114
Tábla 5.32:	Torthaí Stádas Screamhuisce sa LAP i rith na tréimhse 2010-2015.....	117
Tábla 5.33:	Achoimre ar Stádas Screamhuisce agus ar Bhaol do Screamhuiscí i limistéar an LAP 118	
Tábla 5.34:	Achoimre ar Stádas Uisce WFD ag Leibhéal Náisiúnta d'Uiscí Dromchla i rith 2010-2015	119
Tábla 5.35:	Achoimre ar Stádas Abhann agus an Baol d'aibhneacha i limistéar an LAP	122
Tábla 5.36:	Summary of Lake Status and Risk for Lakes in the LAP area	123

Tábla 5.37:	Achoimre ar Stádas agus Baol Uiscí Cósta agus Trasdultacha i limistéar an LAP	125
Tábla 5.38:	Plean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 (IP2) Tionscadail Dramhuisce i limistéar an Phlean.....	127
Tábla 5.39:	Leibhéal Chomhlíontachta Cóireála Dramhuisce i limistéar an LAP 2015	129
Tábla 5.40:	Ualach Sloda Réamh-mheasta do Chontae Dhún na nGall suas go 2040*	130
Tábla 5.41:	Cumas Cóireála Sloda Reatha do Dhún na nGall	131
Tábla 5.42:	Líon na nIníúchtaí le déanamh i gContae Dhún na nGall i rith na tréimhse 2015-2017.....	134
Tábla 5.43:	Achoimre ar Thosca a Chuirtear san Áireamh do Mhodheolaíocht Measúnaithe Riosca..	134
Tábla 5.44:	Fairsinge Chomhairle Contae Dhún na nGall i nGach Catagóir Riosca agus Líon na nImscrúduithe ar an Láithreáin.....	134
Tábla 5.45:	Torthaí Spriocanna Iniúchta agus Rátaí Teipthe do Chontae Dhún na nGall go deireadh 2015.....	135
Tábla 5.46:	Líon na nIníúchtaí de réir Crios Riosca do Chontae Dhún na nGall i 2015.....	135
Tábla 5.47:	Fógraí Comhairleacha agus Cúiseanna le neamhchomhlíontacht de thoradh iniúchtaí a rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall ón 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2015.....	135
Tábla 5.48:	Stádas Fógraí Comhairleacha a d'eisigh Comhairle Chontae Dhún na nGall ón 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2015.....	136
Tábla 5.49:	Achoimre ar Chlár Monatóireachta an EPA do Sholáthairtí Uisce Poiblí ó 2012-2015	137
Tábla 5.50:	Gníomhaíochtaí Tosaíochta Molta an EPA do Sholáthairtí Uisce Poiblí.....	140
Tábla 5.51:	Eolas faoi Cháilíocht Uisce do Sholáthairtí Uisce Príobháideacha i nDún na nGall i 2015	143
Tábla 5.52:	Gníomhaíochtaí Tosaíochta Molta an EPA do Sholáthairtí Uisce Príobháideacha	143
Tábla 5.53:	Torthaí Measúnaithe Cáilíochta Uisce an EPA do Dhún na nGall don tréimhse 2014-2016.....	145
Tábla 5.54:	Achoimre ar Thorthaí na Tuarascála ar an gCúigiú Measúnú (IPCC 2013) den Phainéal Idir-rialtais ar Athrú Aeráide (IPCC).....	153
Tábla 5.55:	Idirghaolta Topaicí Timpeallachta.....	163
Tábla 6.1:	Scóip Topaicí SEA á Meas.....	165

Tábla 6.2:	Achoimre ar na Príomhbhrúnna Timpeallachta i Limistéar an Phlean	176
Tábla 8.1:	Cuspóirí, Táscairí agus Spriocanna Cosanta Comhshaoil	186
Tábla 8.2:	Catagóirí lena Measúnú.....	191
Tábla 8.3:	Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil.....	191
Tábla 8.4:	Measúnú ar Chuspóirí Beartais Straitéiseacha, Cuspóirí agus Beartais.....	194

1 Réamhrá

Tá an Tuarascáil Comhshaoil seo mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) den Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 (dá dtagraítear anseo ina dhiaidh seo mar an Dréacht-LAP) do bhailte an Chlocháin Liath (Dungloe), Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga agus foilseofar é in éineacht leis an Dréacht-LAP agus leis an Measúnacht Chúí (AA).

Is próiseas córasach is ea an SEA laistigh de phróiseas plean forbartha maidir le húsáid talún a dhéanann réamh-mheas agus luacháil ar na héifeachtaí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh plean a chur i bhfeidhm agus a chuireann tuiscint ar fáil maidir leis na hiarmhairtí comhshaoil ó thaobh cuspóirí agus beartais an phlean seo a chur i bhfeidhm. Leagtar amach sa Tuarascáil Comhshaoil seo an bealach ar tugadh faoin SEA Dréachtphlean Limistéir Áitiúil (LAP) agus áiríonn tuairisc ar an timpeallacht reatha chomh maith le measúnacht ar na héifeachtaí a bhaineann le beartais agus cuspóirí an Dréacht-LAP a chur i bhfeidhm, na hathruithe agus na nithe atá riachtanach agus na tograí maolaithe agus faireacháin amach anseo.

1.1 Achoimre Neamhtheicniúil

Réamhrá

Is Achoimre Neamhtheicniúil atá an anseo den Tuarascáil Comhshaoil ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 (an Dréacht-LAP).

Éilíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2010 tabhairt faoi Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA), (den bhun Treoir an SEA) agus faoi Mheasúnacht Chúí (AA) (de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga an AE) mar chuid de phróiseas an Phlean Ceantair Áitiúil.

Tá ullmhú an Dréacht-LAPi gcomhthráth leis an SEA agus leis an AA agus tá tionchar suntasach ag an dá phróiseas seo araon ar ullmhú an Phlean. Maidir leis sin rinneadh breithniú ar nithe a bhaineann le cúrsaí timpeallachta ar fud próiseas an phlean agus tá siad mar chuid den Dréacht-LAP, a chinntíonn leanúnachas le timpeallacht atá ar ardchaighdeán. Tá an Tuarascáil Comhshaoil seo ina príomhghné i bpróiseas an SEA agus foilseofar í in éineacht le Dréacht-LAP.

Tábla 1.1: Céimeanna i bPróiseas an SEA

Scóip: Comhairliúchán le Comhlachtaí Reachtúla agus le páirtithe leasmhara eile maidir le scóip agus le leibhéal an mhionsonra atá le breithniú sa mheasúnacht	Críochnaithe
Ullmhú Tuarascáil Comhshaoil: Measúnú ar na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht mar thoradh ar an bPlean Limistéir Áitiúil nua	Críochnaithe
Comhairliúchán ar an Dréachtphlean Limistéir Áitiúil agus ar an Tuarascáil Comhshaoil agus ar an Mheasúnacht Chúí ghaolmhar	Níl siad críochnaithe
Measúnú ar aighneachtaí agus ar thuairimí a cuireadh faoi bhráid maidir leis an Dréachtphlean Limistéir Áitiúil, an Tuarascáil Comhshaoil agus an Mheasúnacht Chúí	Níl siad críochnaithe
Measúnacht ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar an gcomhshaoil mar thoradh ar Athruithe a bhaineann le hÁbhair	Níl siad críochnaithe
Comhairliúchán maidir le hAthruithe a bhaineann le hÁbhair ar an Dréachtphlean Limistéir Áitiúil agus ar an Tuarascáil Comhshaoil agus ar an Mheasúnacht Chúí ghaolmhar	Níl siad críochnaithe
Measúnú ar aighneachtaí agus ar thuairimí a cuireadh faoi bhráid maidir le hAthruithe a bhaineann le hÁbhair ar an Dréachtphlean Limistéir Áitiúil agus ar an Tuarascáil Comhshaoil agus ar an Mheasúnacht Chúí ghaolmhar	Níl siad críochnaithe
Ullmhú Ráiteas SEA a aithníonn an bealach inar comhtháthú nithe a bhaineann le cúrsaí	Níl sé

timpeallachta agus comhairliúchán isteach sa Phlean Limistéir Áitiúil 2018-2024 ar Glacadh leis.

críochnaithe

Ábhar na Tuarascála Comhshaoil

Breithníonn an Tuarascáil Comhshaoil an méid seo a leanas de réir ceanglais na Treorach SEA:

- Bithéagsúlacht
- Daonra agus Sláinte an Duine
- Flora agus Fauna
- Ithir
- Uisce
- Aer agus Aeráid
- Sócmhainní Ábhair
- Oidhreacht Chultúrtha (lena n-áirítear Seandálaíocht agus Ailtireacht)
- Tírdhreach
- Idirghaolmhaireacht idir an méid atá luaite thuas

Ar an gcéad dul síos, tugann an Tuarascáil Comhshaoil mionsonraí ar 'Staid Reatha Comhshaoil' Chontae Dhún na nGall laistigh de gach aon fo-cheannteideal atá leagtha amach thuas, lena n-áirítear idirghaolmhaireacht idir gach aon topaic chomhshaoil. Déanann an Tuarascáil Comhshaoil imscrúdú ansin ar bhrúnna suntasacha ar an gcomhshaoil a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar gach aon topaic chomhshaoil agus ar 'Staid Reatha (Bunlíne) Comhshaoil'.

Príomhchuspóirí Straitéiseacha Beartais don Chontae

Tá líon príomhchuspóirí straitéiseacha aitheanta ag an gComhairle do na seacht mbaile straitéiseacha a dtabharfar aghaidh orthu sa Phlean Ceantair Áitiúil nua. Léiríonn na cuspóirí straitéiseacha an Dréacht-LAP an fhís do gach aon bhaile mar a leanas:

- SO1:** Ról straitéiseach an **Clochán Léith (Dungloe)** a chomhdhlúthú agus a fheabhsú mar: (i) príomhionad miondíola agus seirbhísí agus mar cheann scríbe turasoíreachta do chósta an iarthair; agus (ii) mar áit tharraingteach agus inbhuanaithe do na cónaitheoirí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo le maireachtáil ann agus len oibriú ann.
- SO2:** Feabhas a chur ar agus **Bealach Féich-Srath an Urláir** a fhorbairt faoin mbliain 2024 le cur lena gclú mar ionad spóirt den scoth agus mar príomhionad caitheamh aimsire agus fáilteachais don Chontae. Chomh maith leis sin, beidh clú mór ar an Dá Bhaile seo freisin mar áit tharraingteach le maireachtáil agus len oibriú iontu de bhun na saoráidí cónaithe agus miondíola a bhfuil leathnú curtha orthu agus de bhun feabhsúcháin ar bhonneagar straitéiseach an bhaile freisin.
- SO3:** **Béal Átha Seanaidh** a fhorbairt mar réigiún eiseamláireach do bhailte stairiúla rathúla le lár baile stairiúil a bhfuil athnuachan déanta air agus atá inmharthana agus a léiríonn a shainiúlacht agus a nádúr féin, leibhéal laghdaithe folúntais agus láithreáin athfhorbraíochta athghinte i gcomhar le fiontair cheannródaíoch agus beogacht eacnamaíoch a bhunú laistigh de limistéar geografach níos leithne agus timpeallacht chónaithe atá ar ardchaighdeán do dhaonra réamh-mheasta de 2900 duine faoin mbliain 2024.
- SO4:** **Ceann an Droichid** a fhorbairt mar shráidbhaile inbhuanaithe agus cothrom le deiseanna forbartha eacnamaíochta straitéiseacha trasteorann; lár an tsráidbhaile atá beoga, éagsúil, comhdhlúite, ar ardchaighdeán agus atá deartha ar leas coisithe; agus limistéir cónaithe nua atá ar ardchaighdeán le bonneagar timpeallachta agus taitneamhachta leordhóthanach.
- SO5:** Fás inbhuanaithe **Charn Domhnach** a chur chun cinn mar cheann scríbe seirbhíse agus turasoíreachta do Dhún na nGall thoir thuaidh, ag tabhairt aitheantas do stádas an bhaile mar an dara baile is mó ar Leithinis Inis Eoghain agus a shuíomh straitéiseach feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin.
- SO6:** **Baile Dhún na nGall** a fhorbairt mar príomhionad seirbhíse do shaoráidí fostaíochta, miondíola, seirbhísí agus pobail i ndeisceart an Chontae chomh lena bheith ag feidhmiú mar cheann de na moil turasoíreachta is fearr sa tír do chóiríocht agus do tháirge turasoíreachta ag

déanamh cothabhála ar an mbealach sin ar dhaonra de níos mó ná 3,000 duine faoin mbliain 2024.

S07: Tábhacht Straitéiseach na **gCealla Beaga** a neartú mar: Chalafort lascaireachta lena mbaineann Tábhacht Náisiúnta, mar bhaile seirbhíse foréigiúnach agus mar gheatabhealach réigiúnach turasóireachta cósta agus le forbairt a dhéanamh ar an mbaile mar Mhol Nuálaíochta d'Acmhainní Mara, lena n-áirítear, Bia, Turasóireacht agus Fuinneamh Aigéin.

Comhthéacs Beartais

Éilítear ar Chroístraitéis Dhréachtphlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 (an Dréacht-CDP) a bheith comhleanúnach le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Cheantar na Teorann 2010-2022 (RPG'nna) agus ordlathas lonnaíochta a leagan amach don Chontae chomh maith le spriocanna daonra agus tithíochta do gach baile, sráidbhaile agus don taobh tíre oscailte. Éilítear ar Phleananna Ceantair Áitiúla a bheith comhleanúnach le Croístraitéis an CDP.

Leagtar amach sa Dréacht-LAP straitéis foriomlán do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe na seacht mbaile i gcomhthéacs an Dréacht-CDP agus na RPG'nna. Chuir Treoirlínte Aireachta a eisíodh de bhun Alt 28 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt mar aon le ceanglais AE maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chúí (AA) eolas ar fáil don straitéis. Leagtar amach an tiomantas maidir le LAP a ullmhú do na seacht mbaile straitéiseacha agus maidir leis an gclár seachadta sa Chroístraitéis i gCaibidil 2 de Chuid A den Dréacht-CDP.

Measúnacht Chúí

Tugadh faoi Mheasúnacht Chúí (AA) de réir cheanglais Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE (92/43/EEC); an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Cuid XAB) (arna leasú) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. 477 de 2011 arna leasú ag I.R. 355 de 2015). Is ionann an AA agus próiseas ar leithligh ach comhthreormhar a fhorluíonn go suntasach le próiseas an SEA ó thaobh dréachtú an LAP nua, go háirithe mar gheall ar an réimse mór talún atá i gCeantar an Phlean atá clúdaithe le láithreáin Natura 2000. Déanann an AA measúnacht go sonrach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar láithreáin Natura 2000 (agus ar a gcuspóirí caomhnaithe) mar thoradh ar chur i bhfeidhm Plean atá bunaithe ar an Tuarascáil ar Thionchar Natura agus ar an eolas breise eile; is í an aidhm ar deireadh thiar tionchair díobhálacha suntasacha ar na láithreáin seo a sheachaint. Chinn an Tuarascáil ar Thionchar Natura nach raibh aon ghá leanúint ar aghaidh go Céim 3 den AA mar nár aithníodh aon éifeacht díobhálach suntasach mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Plean ar ionracas aon Láithreán Eorpach. Foilseofar an Tuarascáil ar Thionchar Natura i gcomhthráth leis an Dréacht-LAP agus leis an Tuarascáil Comhshaoil seo.

Cur Chuige Malartach i leith an Phlean

Éilíonn Treoir SEA breithniú a dhéanamh ar Chur Chuige Malartach SEA. Breithníonn Alt 4 den Tuarascáil Comhshaoil seo, ar a dtugtar 'Cur Chuige Malartach i leith an Phlean' é seo agus leagtar amach agus déantar imscrúdú ar na trí shamhail mhalartacha seo a leanas.

Malairt 1: Gnó mar is Gnách

Bheadh leanúint leis na patrúin forbartha atá ann cheana agus a laghad idirghabhála agus is féidir maidir leis an mbeartas pleanála straitéiseach a ndéantar cur síos air mar 'Ghnó mar is Gnách' i gceist leis an gcur chuige seo. Chuirfeadh 'Éileamh' seachas 'gá' treallús faoi phatrúin forbartha. Dhéanadh an patrún forbartha seo lagú ar chumas na mbailte tacú le fás agus le hinmharthanacht. Bheadh baol ann ó thaobh brú ar fhorbairt ar láithreáin nach bhfuil seirbhísí leordhóthanacha iontu, i gcomhthéacs bonneagar fisiciúil ar nós cóireáil leordhóthanach dramhuisce agus maidir le bonneagar 'bog' araon ar nós saoráidí pobail agus seirbhísí sláinte freisin. Chuirfeadh sé le tionchair agus le cúngú a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha. Dhéanadh sé laghdú ar an gcumas freisin ó thaobh fostaíocht agus bonn scileanna/caipiteal daonna a chomhtháthú go spásúil. Ní fhreagródh an cur chuige 'Gnó mar is Gnách' ar bhealach tosaíochta do dheiseanna forbartha uathúla gach aon bhaile atá aitheanta trí phróiseas an LAP.

Malairt 2: Fás Uirbeach Éifeachtach Inbhuanaithe

Dhíreodh an cur chuige seo ar fhás uirbeach 'éifeachtach' a bheadh ar chóimhéd le saghas agus le struchtúr gach aon bhaile le forbairt chúí a threorú agus a éascú. Thabharfadh an cur chuige seo

aitheantas do ról gach aon bhaile de na Bailte Straitéiseacha agus dá suíomh laistigh d'fhorbairt eacnamaíochta foriomlán an Chontae, mar gheall ar a gcumas bonneagair le freastal ar ardú daonra agus/nó mar gheall ar a nádúr mar bhailte a fheidhmíonn feidhmeanna geilleagracha speisialta faoi láthair agus a bhfuil sé de chumas acu leanúint leis sin amach anseo. Dhéanfaidh forbairt chuí agus neartú na mbailte seo éascú ar sholáthar seirbhísí agus saoráidí atá rithábhachtach chomh maith le héascú a dhéanamh ar fhostaíocht áitiúil chun tacú leis an gcúlchríoch tuaithe atá mórthimpeall. Dhéanfaidh feidhmiú cuí scaipeadh daonra 36% de dhaonra iomlán an Chontae, mar a leagtar amach sa Dréacht-CDP 2018-2024, éascú ar athghiniúint agus ar athnuachan le taobh na mbailte seo. Go hachomair, agus aird á thabhairt ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus ar na creat-bheartais náisiúnta agus réigiúnacha atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn, tá an Mhalairt 'Fás Uirbeach Éifeachtach Inbhuanaithe' ar an mhalairt straitéiseach is cuí do na Seacht mBaile Straitéiseacha. Déanfar fás a bhainistiú nuair atáthar ag tabhairt faoin gcur chuige seo, ar mhaithe lena chomhordú le clár infheistíochta i mbonneagar agus nuair is féidir é, lena bheith nuálach ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar bhonneagar atá rithábhachtach ionas go mbainfear an leas is fearr is féidir as infheistíocht agus lena chinntiú gur féidir freastal a dhéanamh ar fhás suntasach agus ar sheirbhísí atá cuí agus leordhóthanach agus nach mbeidh aon tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaoil mar thoradh air. Tríd an gcur chuige seo bainfear leas as na láidreachtaí, as na deiseanna agus as an gcumas nideoige áirithe atá laistigh de cheantair dhifriúla gach aon bhaile le tairbhí agus athrú stuama a chur ar fáil do phobail agus don chontae dá réir sin.

Staid Reatha na Timpeallachta

Tá Dún na nGall ar an cheathrú contae is mó sa tír agus ar an gContae is faide ó thuaidh, tá sé comhdhéanta de thart ar 484, 559 heicteár nó thart ar 7% d'achar talún iomlán an stáit. Tá ceantar cósta leathan de thart ar 1,132km sa Chontae feadh an Aigéin Atlantaigh ag síneadh ó thuaidh agus siar, le teorainn de 140km le Tuaisceart Éireann ar an taobh thoir, agus níl sé buailte go dlúth le Poblacht na hÉireann ach amháin feadh thart ar stráice de 9km le Contae Liatroma ar an bpointe is faide ó dheas.

Áirítear sa Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 bailte an Chlocháin Léith (Dungloe), Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga.

Is baile Gaeltachta é an **Clochán Liath (Dungloe)** atá suite go straitéiseach in iarthar an Chontae, feadh Bóthar Náisiúnta den Dara Grád an N56, thart ar 51km siar ó Leitir Ceanainn, 26km ó thuaidh de na Gleannta agus 45km siar ó dheas de Dhún Fionnachaidh. Is é an príomhbhaile sna 'Rosa' é (a bhfuil cuid mhór de sa Ghaeltacht) agus an baile is mó i nGaeltacht Dhún na nGall.

Cuimsíonn dhá bhaile **Bealach Féich-Srath an Urláir** le chéile an tríú ceantar uirbeach is mó i nDún na nGall agus tá siad suite go straitéiseach laistigh de chúlchríoch tuaithe atá láidir i gCroílár Ghleann Fhinne in oirthear an Chontae. Tá na bailte suite feadh príomhphointe Phríomhbhealaigh Náisiúnta an N15/N13 (cuid de Chonair an Atlantaigh níos leithne) agus 49km siar ó dheas ó Dhoire i dTuaisceart Éireann. Tá Bóthar Réigiúnach an R252 ó Bhealach Féich go dtí na Gleannta ag nascadh leis na bailte freisin. Nascann droichead atá os cionn na Finne na bailte agus déanann an abhainn deighilt idir na bailte freisin; go ginearálta, tá Bealach Féich suite ar an taobh ó dheas den abhainn agus tá Sraith an Urláir suite ar an taobh ó thuaidh den abhainn.

Tá **Béal átha Seanaidh** suite feadh chósta thiar-thuidh an Atlantaigh i ndeisceart an Chontae, ar Chonair Iompair Thuaidh Theas an N15 (cuid de Chonair an Atlantaigh níos leithne) a nascann Sligeach le Leifear. Tá an baile suite thart ar 6km soir ó thuaidh de Bhun Dobhráin, 22km ó dheas de Bhaile Dhún na nGall, 44km soir ó thuaidh ó Shligeach agus 45km siar ó Inis Ceithleann cóngarach do Chontaetha Fhear Manach agus Liatroma.

Tá sráidbhaile **Ceann an Droichid** suite i suíomh straitéiseach in oirthear Dhún na nGall, ar Leithinis Inis Eoghain, cóngarach den teorainn le Tuaisceart Éireann, ar Phríomhbhealach Náisiúnta an N13 (cuid de phríomhchonair iompair laistigh de Réigiún Cathrach Thiar-Thuidh Dhoire-Leitir Ceanainn). Tá Ceann an Droichid suite i gcúlchríoch talmhaíochta laistigh de ghleann Abhann Skeoge thart ar 8km ó

Lár na Cathrach Chathair Dhoire agus 29.5km ó lár an bhaile i Leitir Ceanainn ag an acomhal le bóithre an N13 agus an R238.

Tá baile **Charn Domhnach** suite thart ar 3km ó dheas de Bhá Thráigh Eanach i Leithinis Inis Eoghain i dtuaisceart an Chontae, laistigh de ghleannta aibhneacha Ghleann Ó gCanann agus Dhomhnaigh. Tá sé suite thart ar 19.5km soir ó thuaidh ó Bhun Cranncha, 33km ó thuaidh de Cheann an Droichid, 62km soir ó thuaidh ó Leitir Ceanainn agus 24km ó thuaidh de Mhagh cóngarach den teorainn le Tuaisceart Éireann. Tagann trí Bhóthar Réigiúnach chuig an mbaile, an R244 ó Bhun Cranncha, an R240 ó Rinn Uí Choigligh agus an R238 ó Mhagh agus ó Cheann an Droichid a shíneann ón bPríomhbhealach Náisiúnta, N13 ó Leitir Ceanainn. Is é an R238 an cuarbhóthar a théann timpeall ar Leithinis Inis Eoghain, agus tá cuid de seo ar an bpríomhbhóthar ó Dhoire go Bun Cranncha, agus tá codanna eile mar pháirt de Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is é Carn Domhnach an dara baile is mó ar an leithinis tar éis Bhun Cranncha.

Tá Baile **Dhún na nGall** suite go straitéiseach ag príomhphointe ar Chonair Iompar Thuaidh-Theas an N15 (cuid de Chonair an Atlantaigh níos leithne) ag an acomhal le Bóthar den Dara Grád an N56 a fhreastalaíonn ar iarthar an Chontae. Tá sé suite thart ar 49km siar ó dheas ó Leitir Ceanainn, 28km siar ó dheas ó Bhealach Féich-Srath an Urláir, 28km soir óna Cealla Beaga agus 22km ó thuaidh de Bhéal Átha Seanaidh. Tá an baile suite i mbéal na hIascaí agus Bá Dhún na nGall, faoi scáth na gCruacha agus tírdhreach de chineál droimnéach atá mórthimpeall ar an mbaile. Tá sé ar an gcúigiú baile is mó i nDún na nGall agus ar an bpríomhionad uirbeach i nDeisceart an Chontae.

Baile iascaireachta is ea na **Cealla Beaga** atá suite i nDún na nGall thiar-theas. Tá sé suite feadh Bóthar Réigiúnach an R263 díreach de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád an N56. Tá sé suite thart ar 27km siar ó Bhaile Dhún na nGall agus thart ar 26km soir ó Ghleann Cholm Cille (Glencolmcille). Tá forbairt orgánach déanta ag an mbaile timpeall ar an gcalafort nádúrtha agus tá sé timpeallaithe ag ceantar an chalafoirt ar an taobh thoir agus ag tailte arda ar an taobh thiar.

Tá comhshaoil atá saibhir agus éagsúil le fáil sna seacht mbaile atá suntasach ó thaobh acmhainní geolaíochta, timpeallachta, mara, cultúrtha agus sóisialta a ndéanfar breithniú orthu laistigh den Tuarascáil Comhshaoil seo. Chun críocha na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (SEA) seo, bailíodh agus rinneadh measúnú ar shonraí bonnlíne laistigh de cheantar an Phlean (m.sh. laistigh de theorainneacha baile gach aon cheann de na seacht mbaile) agus laistigh de chrios tionchar dealraitheach an Phlean (m.sh. raon 15km thart timpeall ar gach aon cheann de na bailte). Rinneadh breithniú freisin ar gach láithreán éiceolaíochta nó ainmniúcháin atá níos mó na 15km ó cheantar an Phlean maidir le tionchair dealraitheacha an Phlean, sochorraitheacht gabhdóirí éiceolaíochta agus an fhéidearthacht ó thaobh comhthionchair. Déantar cur síos go mionsonraithe in Alt 5 den Tuarascáil Comhshaoil seo ar staid reatha an comhshaoil agus úsáid á mbaint as na sonraí comhshaoil atá ar fáil.

Brúnna Suntasacha ar an Timpeallacht

Déanann Alt 6 den Tuarascáil Comhshaoil seo cur síos go mionsonraithe ar na brúnna ar an timpeallacht sa Chontae faoi láthair agus úsáid a bhaint as na sonraí comhshaoil atá ar fáil agus tá achoimre déanta orthu seo i dTábla 1.2 agus sa téacs thíos:

Tábla 1.2: Achoimre ar na Príomhbhrúnna ar an gComhshaoil laistigh den limistéar an Phlean

Topaic	Saincheist/Brúnna Timpeallachta
Bithéagsúlacht, Fauna agus Flora	<p>D'fhéadfadh brúnna suntasacha a bheith ann don timpeallacht ó fhorbairtí agus gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le gníomhaíochtaí talmhaíochta, foraoisiú, forbairtí uirbeacha, feirmeacha gaoithe, cairéil, turasóireacht, baint mhóna, iascaireacht tráchtála, calafoirt agus aerfoirt agus ó raon leathan oibreacha bonneagair (lena n-áirítear oibreacha ar bhóithre, astarraingt uisce, diúscairt dramhuisce) atá suite laistigh nó gar de láithreáin atá goilliúnach ó thaobh na héiceolaíochta,</p> <p>Tá sé léirithe go bhfuil tábhacht ar leith ag gabháil le cosaint a dhéanamh ar cheantair fáis sliogéisc, diúilicíní péarla fionnuisce agus brádán. Tá líon atá réasúnta ard de láithreáin Natura 2000 (SACna agus SPAnna) agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHAnna) suite laistigh den limistéar an Phlean. Tá na</p>

Topaic	Saincheist/Brúna Timpeallachta
	<p>láithreáin seo goilliúnach ó thaobh oibreacha agus gníomhaíochtaí forbartha áirithe.</p> <p>Tá plandaí ionracha nach plandaí dúchasacha iad agus speiceas ainmhíoch nach bhfuil dúchasach ina mórbhagairt ó thaobh bithéagsúlacht an réigiúin.</p>
Daonra agus Sláinte an Duine	<p>Tá an cumas ag méaduithe sa daonra, a gcuid gníomhaíochtaí agus patrúin lonnaíochta tuilleadh brú a chur ar bhithéagsúlacht, ar chaighdeán uisce, ar an tírdhreach, ar oidhreacht chultúrtha agus ar an aer. Go háirithe, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag an mbrú breise ar an gcaighdeán uisce a eascraíonn ó thruailliú, ar shláinte an duine. Tá an cumas ag athruithe aonair agus ag athruithe carnacha i gcaighdeán na timpeallachta nádúrtha agus tógtha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, tionchar a bheith acu go gráid éagsúla ar shláinte agus ar fholláine an duine. Tá leibhéal arda radóin i bhfoirgnimh agus sábháilteacht ar bhóithre mar shaincheisteannta suntasacha freisin.</p>
Ithir	<p>D'fhéadfadh cineálacha áirithe forbartha agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear, forbairt tuaithe agus uirbeach, feirmeacha gaoithe, diúscairt dramháiola, foraoisiú, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus talmhaíochta, brú suntasach a chur ar ithir. D'fhéadfadh athruithe i bhfrasaíocht a thagann ó théamh domhanda tionchair shuntasacha a bheith aici ar chobhsaíocht fána agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar cháilíocht ithreach agus uisce.</p>
Uisce	<p>D'fhéadfadh tionchar a bheith ag forbairt agus ag gníomhaíochtaí gaolmhara go minic ar cháilíocht uisce, lena n-áirítear screamhuisce, uisce óil agus uisce snámha. D'fhéadfadh tionchair shuntasacha a bheith ag forbairt tuaithe agus uirbeach, lena n-áirítear dramhuisce agus diúscairt uisce dromchla, líonadh talún, cairéil, suíomh fabhtaithe, dumpáil neamhdhleathach, gníomhaíocht talmhaíochta, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire uisce agus foraoisiú ar cháilíocht uisce. Tá ró-ionchur cothaitheach, eadhon, fosfar agus nítrigin ar an mbaol is suntasaí atá i ndán do cháilíocht uisce.</p>
Aer agus torann	<p>Níl aon tionchair shuntasacha aitheanta faoi láthair maidir le cáilíocht aeir nó le leibhéal torainn. Baineann tionchair a thagann ó thruailliú aeir go príomha le hastaíochtaí iompair agus tionsclaíoch.</p>
Acmhainní Cósta/Mara	<p>Forbairt mhíchuí ar an gcósta/in aice an chósta</p> <p>Riachtanais dinimiciúil an chósta (cósta atá sáinnithe)</p> <p>Baol tuilte agus cosaint cósta</p> <p>Tionchair ón turasóireacht agus bainistíocht inbhuanaithe, m.sh. córais dumhcha atá goilliúnach agus pointí rochtana chun na trá</p> <p>Diúscairt bruscar agus seirbhísí poiblí (m.sh. leithris)</p> <p>Gníomhaíochtaí san uisce</p> <p>Pleanáil spásúlachta cósta/mara</p>
Tosca Aeráid	<p>Tá an t-ardú atá tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ceangailte le hathrú aeráide a bhfuil arduithe i ndéine agus i minicíocht tuilte mar thoradh orthu.</p> <p>Gabhann údar imní ar leith leis an ardspleáchas ar úsáid cairr a eascraíonn ó phatrúin lonnaíochta tuaithe atá scaipthe agus easpa córas iompair phoiblí dóthanach.</p>
Fuinneamh in-athnuaite	<p>Deiseanna agus impleachtaí ar an gcladach agus amach ón gcósta</p> <p><u>Ar an gcladach:</u></p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Limistéar ardscéimhe ▪ Bóithre rochtana ▪ Cailliúint na bithéagsúlachta <p><u>Amach ón gCósta:</u></p>

Topaic	Saincheist/Brúnna Timpeallachta
	<ul style="list-style-type: none"> Tionchar ar éin agus ar mhamaigh farraige Saincheisteanna imlonnaithe Suímh maidir le nascadh eangaí
Sócmhainní Ábhair	<p>Áirítear raon leathan sócmhainní nádúrtha agus sócmhainní de dhéantús an duine ar Shócmhainní Ábhair. D'fhéadfadh siad seo seirbhísí agus saoráidí bonneagair agus míreanna eile ar nós oidhreacht chultúrtha, tailte talmhaíochta, acmhainní cairéil, cósta agus uisce a thabhairt san áireamh.</p> <p>D'fhéadfadh tionchar a bheith ag forbairtí agus ag gníomhaíochtaí gaolmhara go minic ar na sócmhainní seo, agus tagraítear do roinnt acu sin anseo. Tá sé léirithe go bhfuil leibhéal ard folúntais cónaithe agus tráchtála laistigh den limistéar an Phlean. Is ionann an mhaoín seo agus acmhainní nach bhfuil mórán úsáide á bhaint astú agus má fhágtar folamh iad, d'fhéadfadh siad a dhul i léig in imeacht ama agus baint ó shaintréith ceantair uirbeacha.</p>
Oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear Oidhreacht Seandálaíocht agus Ailtireachta	<p>D'fhéadfadh brú a theacht ó fhorbairtí agus ó ghníomhaíochtaí áirithe ar láithreán nó in aice le láithreáin lena mbaineann luach oidhreachta</p> <p>D'fhéadfadh brú a theacht ar thaitneamhacht amhairc agus ar shaintréith ceantair uirbeacha agus tuaithe agus ar mhíreanna lena mbaineann tábhacht stairiúil ailtireachta agus seandálaíochta, lena n-áirítear long bháite, ó oibreacha den sórt sin. Admhaítear go mbíonn tionchar dearfach go minic ag oibreacha forbartha ar ár n-oidhreacht chultúrtha.</p>
Tírdhreach	<p>D'fhéadfadh tionchar a bheith ag forbairtí agus ag gníomhaíochtaí ar cheantair atá goilliúnach ó thaobh amhairc, lena n-áirítear tírdhreach agus muirdhreach ainmnithe.</p>
Idirghaolmhaireacht idir na topaicí thuas	<p>D'fhéadfadh tionchair charnacha agus idirghníomhaíocht leis na míreanna atá luaite thuas tuilleadh brú a chur ar an timpeallacht. Ar ndóigh beidh na tionchair agus na idirghníomhaíochtaí seo éagsúil de réir méid agus nádúr. Go háirithe, saincheisteanna maidir le cáilíocht uisce, athrú aeráide agus trasnaíonn an tsaincheist a bhaineann le tithíocht aon uaire i gceantair amuigh faoin tuath líon réimsí ábhair comhshaoil. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag ardú daonra agus athruithe i ngníomhaíochtaí agus i bpatrúin lonnaithe daoine tionchar a bheith acu ar raon leathan de na topaicí atá luaite thuas.</p>

Is achoimre atá sa mhéid seo a leanas de mhíreanna áirithe áit ar aithníodh brúnna ar leith ar an gcomhshaoil sa Dréacht-LAP.

Achoimre ar Bhrúnna ar an gComhshaoil i gContae Dhún na nGall

- Tá cuid mhaith de cheantar an Phlean faoi chlúdach láithreáin Natura 2000 atá soghabhálach i leith díghrádú comhshaoil mar gheall ar fhorbairt.
- Limistéir fáis sliogéisc a d'fhéadfadh a bheith ag cruthú bagairtí do ghnáthóga cosanta agus do cháilíocht uisce.
- Taiscéalaíocht acmhainní amach ón gcósta a d'fhéadfadh a bheith ag cruthú bagairtí do ghnáthóga nádúrtha.
- Forbairtí fuinneamh in-athnuaite ar an gcladach.
- Scéimeanna bonneagair ar nós líne bóthair débhealach an A5/N2 atá beartaithe, uasghrádú líonra TEN-T agus na bealaí do na naisc iarnróid nua a d'fhéadfadh a bheith ann.
- Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt agus an bonneagar tacaíochta gaolmhar ar nós ductú leathanbhanda.
- Tithíocht aon uaire sna ceantair atá amuigh faoin tuath agus an líon mór dabhcha séarachais gaolmhara.
- Turasóireacht a bhaineann le forbairt, go háirithe i suímh cósta, lena n-áirítear, *inter alia*, tithe saoire, turasóireacht eachtraíochta agus éiceolaíochta i measc nithe eile.
- Cleachtas talmhaíochta áirithe.
- Dobharshaothrú agus gorlann.

- Ardú ar fhoraoisiú.

Baol i gcás tuilte

Déanfaidh an Chomhairle iarracht forbairt a bhainistiú trí shraith beartais atá leagtha amach i gCaibidil 5 de Roinn B den Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 atá bunaithe ar 'phrionsabal réamhchúraim' mar atá mionsonraithe i Roinn 7 den Tuarascáil Comhshaoil seo.

Forás dóchúil an Chomhshaoil gan LAP a chur i bhFeidhm

Éilíonn Treoir an SEA go mbreithneofaí forás dóchúil an chomhshaoil sa chás nach gcuirfí an Plean i bhfeidhm. Go bunúsach, is ceanglas reachtúil atá ann LAP a chur le chéile, ina ainneoin sin, léiríonn scrúdú ar an 'gcás gan dada a dhéanamh' (Roinn 8 den Tuarascáil seo), go gciallódh dul ar aghaidh gan Plean a chur i bhfeidhm tionchair dhíobhálacha ar an gcomhshaoil agus bheadh sé ag dul in aghaidh pleanáil agus forbairt cheart an cheantair.

Faireachán, Cuspóirí, Táscairí agus Spriocanna Comhshaoil

Tá faireachán ar chur i bhfeidhm an LAP riachtanach ar mhaithe le breithniú ceart a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phlean agus leis na réimsí a bhfuil gá athmheasúnacht agus/nó athbhreithniú a dhéanamh orthu a léiriú. Ar chuid den faireachán beidh an méid a éilíonn próiseas an SEA agus beidh sé bunaithe ar Chuspóirí, Táscairí agus Spriocanna Comhshaoil mar atá leagtha amach in Alt 8 den Tuarascáil Comhshaoil seo.

Measúnacht ar Aidhmeanna, Cuspóirí agus Beartais

Rinneadh measúnacht ar na hAidhmeanna, ar na Cuspóirí agus ar na Beartais go léir atá laistigh den Dréachtphlean i dtéarmaí an tionchar is dóigh a bheidh acu ar an gcomhshaoil mar atá leagtha amach i dTábla 8.4 in Alt 8 den Tuarascáil Comhshaoil seo. Rinneadh an mheasúnacht seo sa bhreis ar an Mheasúnacht Chuí a dhíríonn ar an tionchar a bheidh ag an bPlean ar láithreáin Natura 2000 amháin (SACna agus SPAnna).

Bearta Maolaithe agus Saincheisteanna Comhshaoil a Chuimsiú sa Dréachtphlean Ceantair Áitiúil

Tugadh faoi SEA an Dréachtphlean in-tí laistigh d'fhoireann dréachtaithe níos leithne an Phlean; dá réir sin rinneadh breithniú ar leochaileacht, saincheisteanna agus srianta comhshaoil ar an gcéad dul síos trí phróiseas scríbhneoireachta an Phlean agus i ndáil leis sin cuireadh le chéile an Phlean agus é beartaithe go sainráite an comhshaoil a chosaint agus na tionchair a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaoil a sheachaint. Dá réir sin, tugadh faoi phróiseas scríbhneoireachta an Phlean agus faoi chuimsiú saincheisteanna comhshaoil mar phróiseas atriallach. Rinne an 'Measúnú' mar atá leagtha amach i dTábla 8.4 den doiciméad seo gach aidhm, cuspóir agus beartas a mheas go haonar.

Aithnítear cuspóirí agus beartais laistigh de Thábla 8.4 a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint leis na Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (SEO'nna) nó idirghníomhú go héiginnte leis na SEO'nna. Bhain an measúnú de thátal as go bhféadfaí maolú a dhéanamh chuig leibhéal inghlactha ar na coimhlintí féideartha atá aitheanta, trí mheasúnú mionsonraithe agus maolú breise ag an gcéim cur chun feidhme trí shárcleachtas sa phróiseas bainistíochta forbartha agus i gcur i bhfeidhm an Phlean. Sa bhreis ar sin, cuideofar agus déanfar é sin a threorú tríd an maolú a bhfuil soláthar déanta dó i gCuspóirí agus i mbeartais ginearálta Chaibidil 3 den Dréacht-LAP chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha an Dréacht-CDP. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh iarratais aonair ar leith d'fhorbairtí laistigh de cheantar an Phlean a bheith faoi réir Measúnachta Tionchair Timpeallachta aonair agus Measúnachtaí Cuí.

1.2 Comhthéacs Reachtúil

Déanann na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (IR Uimh. 436 de 2004) (arna leasú ag IR Uimh. 201 de 2011) Treoir na hEorpa maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) 2001/42/EC a thrasú go Díl na hÉireann. D'éisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil roimhe seo, treoirlínte i mí na Samhna 2004 ar fheidhmiú Threoir an SEA (2001/42/EC) dar teideal 'Measúnacht ar Éifeachtaí Pleananna agus Cláir ar leith ar an gComhshaoil'.

Is ceanglas éigeantach atá sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) den Dréacht-LAP de bhun Airteagal 14B de Rialacháin an SEA atá luaite roimhe seo, mar go bhfuil daonra iomlán cheantar an Phlean níos mó ná 10,000 duine, agus rinneadh é a dhréachtú de bhun Rialacháin SEA agus de réir Treoirlínte an SEA. Leagtar amach i dtreoirlínte phróiseas an SEA na céimeanna riachtanacha seo a leanas:

- Scagadh
- Scóip
- Measúnacht Timpeallachta
- Tuarascáil Comhshaoil (atá ag an gcéim seo faoi láthair)
- Comhairliúchán
- Measúnú ar aighneachtaí a rinneadh agus ar thuairimí a tugadh
- Ráiteas SEA

1.3 Comhairliúchán Trasteorann

Scaipeadh Réamhthuarascáil ar na comhlachtaí reachtúla a bhí riachtanach i mí Meán Fómhair 2015 mar a fhorordaítear faoi Threoirlínte an SEA atá luaite roimhe seo; mar thoradh air sin, rinne údaráis trasteorann Thuaisceart Éireann mar atá liostaithe thíos, aighneachtaí foirmiúla i scríbhinn:

- Department of Agriculture, Food and Marine;
- Derry City and Strabane District Council, Local Development Plan Team; agus
- Northern Ireland Environment Agency, Department of the Environment (NI).

Bhreithnigh an Chomhairle na saincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí agus sa chás gur cuí, chuir na moltaí eolas ar fáil do phróiseas an SEA. Tá achoimre ar na haighneachtaí agus ar bhreithniú agus ar fhreagraí na Comhairle mionsonraithe i dTábla 2.1 den Tuarascáil Comhshaoil seo.

Rinne an aighneacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tagairt do phróisis an AA agus an SEA araon agus leag amach reachtaíocht sonracha agus na saincheisteanna ar chóir bhreithniú a dhéanamh orthu le linn próiseas an SEA, chomh maith le foinsí molta ar shonraí mara ábhartha agus mhol an Roinn liosta breise comhairlí a d'fhéadfadh cúnamh a thabhairt don phróiseas maidir leis an measúnú cuí.

Bhain an dá aighneacht eile óna húdaráis i dTuaisceart Éireann go príomha le saincheisteanna comhshaoil trasteorann atá le breithniú go háirithe maidir le láithreáin roinnte Natura 2000.

1.4 Seicliosta Ábhar na Tuarascála Comhshaoil

Leagtar amach i dTábla 1.3 an t-eolas atá laistigh den Tuarascáil Comhshaoil mar atá leagtha amach in Ais 1 de Threoir an SEA (2001/42/EC) agus léiríonn cá háit sa Tuarascáil seo atá gach aon cheann acu san áireamh.

Tábla 1.3: Seicliosta Ábhar na Tuarascála Comhshaoil

Ábhar na Tuarascála Comhshaoil		An chuid den tuarascáil
(a)	Leagtar amach ábhar agus príomhchuspóirí an phlean nó an chláir agus an caidreamh le pleananna nó le cláir ábhartha eile	1
(b)	Gnéithe ábhartha staid reatha na timpeallachta agus an méid a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mura bhfeidhmeofaí an Plean nó Clár.	5 8
(c)	Saintréithe timpeallachta ceantair a d'fhéadfadh a bheith buailte go suntasach	5
(d)	Aon fhadhbanna timpeallachta atá ann cheana atá ábhartha don Phlean nó don chlár, lena n-áirítear, go háirithe, iad siúd a bhaineann le haon cheantar lena mbaineann tábhacht timpeallachta, ar nós ceantair atá ainmnithe de bhun Treoir 79/409/EEC (arna leasú ag Treoir 2009/147/EC) agus Treoir 92/43/EEC	5
(e)	Na cuspóirí cosanta timpeallachta, atá bunaithe ag leibhéal idirnáisiúnta, Pobail nó Ballstát, atá ábhartha don Phlean nó don chlár agus an bealach inar tógadh na cuspóirí seo agus aon bhreithnithe timpeallachta san áireamh le linn ullmhaithe.	8
(f)	Na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht, lena n-áirítear saincheistanna ar nós bithéagsúlacht, daonra, sláinte an duine, fauna, flora, ithir, uisce, aer, fachtóirí aeráide, sócmhainní ábhair, oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta, tírdhreach agus idirghaolmhaireacht idir na fachtóirí thuas	6
(g)	Na bearta a shamhlaítear le haon éifeachtaí díobhálacha suntasacha a chosc, a laghdú agus chomh fada agus is féidir aon éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an timpeallacht mar gheall ar fheidhmiú an Plean nó an clár a fhritháireamh go hiomlán	9
(h)	Leagtar amach na cúiseanna le malairtí ar déileáladh leo a roghnú agus cur síos maidir leis an mbealach ar tugadh faoin measúnacht, lena n-áirítear aon deacrachtaí (ar nós easnaimh theicniúla nó easpa saineolais) nach rabhthas ag súil leo agus an t-eolas a bhí riachtanach á chur le chéile	4
(i)	Cur síos ar na bearta a shamhlaítear maidir le faireachán de réir Airteagal 10	8
(j)	Achoimre Neamhtheicniúil den eolas a cuireadh ar fáil faoi na teidil thuas	1

1.5 Comhthéacs Pleanála

Tá Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 (an Dréacht-LAP) leagtha amach laistigh d'ordlathas beartas pleanála straitéiseach ar fud comhthéacsanna Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil. Léirítear i bhFíor 1.1 an caidreamh atá ag an LAP le pleananna eile, pleananna úsáid talún agus pleananna nach pleananna úsáid talún iad. Tá sé i gceist leis an tsraith pleananna, agus iad curtha i dtoll a chéile, cur chuige comhordaithe agus comhtháite a chur ar fáil don réigiún.


Leagtar amach i nDréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (an Dréacht-CDP) an straitéis foriomlán do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae de réir beartas náisiúnta agus réigiúnach.

Leagtar amach i dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha do Cheantar na Teorann 2010-2022 (RPG'nna) creat pleanála straitéiseach fadtéarmach do phleanáil cheart agus d'fhorbairt an Réigiúin (atá comhdhéanta de Chontaetha Dhún na nGall, Sligigh, Liatroma, an Cabhán, Muineachán agus Lú) le soláthar a dhéanamh do phobail inbhuanaithe agus an creat pleanála straitéiseach atá leagtha amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020 (NSS) a chur i bhfeidhm. Is iad an NSS agus na RPG'nna na creatáil pleanála náisiúnta agus réigiúnacha reatha a dtiocfaidh an Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) agus an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnach Thuaidh-Theas (RSES) ina n-áit in am agus i dtráth.

	Producer Responsibility Obligations (Packaging Waste) Regulations (Northern Ireland) 2007 SR 198 (as amended by 2008 SR 373, 2008 SR 77, 2010 SR 396, 2012 SR 437, 2013 SR 262, 2016 SR 241 and 2016 SR 79 and 2017 SR 3)	Ceanglaítear ar tháirgeoirí dramhaíl ó phacáistiú a athshlánú agus a athchúrsáil le spriocanna AE a bhaint amach.
	Waste (Northern Ireland) Regulations 2011 SR 127 (as amended by 2013 SR 241 and 2016 SR 95)	Ceanglaítear ar ghnóthaí ordlathas bainistíochta a fheidhmiú, tugtar isteach córas dhá shraith do chlárú iompróra, bróicéara, agus déileálaí dramhaíola, bunaítear cláir le cosc a chur ar dhramhaíl.
	Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreachais agus Leictreonach (WEEE) 2013 I.R 3113 (arna leasú ag 2015 I.R. 1968)	Tá sé mar aidhm leis dul i ngleic le fás fíor-thapa WEEE agus a thionchar ar an gcomhshaoil mar gheall ar an ábhar guaiseach atá ann.

	Food Waste Regulations (Northern Ireland) 2015 SR 14	Cuirtear dualgas ar ghnóthaí bia a chuireann níos mó ná 5kg de dhramhaíl bia in aghaidh na seachtaine ar fáil, dramhaíl bia a chur amach le haghaidh bailiúchán ar leithligh.
	Planning (Management of Waste from Extractive Industries) Regulations (Northern Ireland) 2015 SR 85	Aistríonn an Treoir maidir le Dramhaíl Mianadóireachta isteach i nDlí Thuaisceart Éireann.
	Packaging (Essential Requirements) Regulations 2015 (No. 1640 of 2015)	Feidhmítear an Treoir maidir le Pacáistíocht Dramhaíola agus leagtar amach na ceanglais le haghaidh pacáistíocht.
Oidhreacht Fhoirgnithe, Nádúrtha agus Cultúrtha		
Idirnáisiúnta	Comhaontuithe, Coinbhinsiúin agus Conarthaí:	
	The Venice Charter 1964	Creat idirnáisiúnta do chaomhnú agus d'athchóiriú foirgnimh stairiúla.
	An Coinbhinsiún maidir le an Oidhreacht Dhomhanda, UNESCO 1972	Aicmiú idirnáisiúnta ar Láithreáin Oidhreachta Dhomhanda, bunaithe ar thábhacht cultúrtha, stairiúil, eolaíochta agus tábhacht éigin eile.
	The Burra Charter 1979	Creat idirnáisiúnta do chaomhnú áiteanna lena mbaineann brí chultúrtha.
	The Washington Charter 1987	Creat idirnáisiúnta do chaomhnú bailte agus ceantair stairiúla.
	European Convention on the Protection of the Archaeological Heritage (Valletta Convention), 1992	Ceanglas leis an gcaomhnú is fearr is féidir a dhéanamh ar oidhreacht seandálaíochta i mbeartais phleanála réigiúnacha agus uirbeach.
	European Convention on the Protection of the Architectural Heritage (Granada Convention), 1997	Beartais do chaomhnú agus d'fhorbairt na hoidhreachta cultúrtha san Eoraip a láidriú agus a chur chun cinn.
Náisiúnta	Achtanna agus Orduithe:	
	Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 (arna leasú in 1954, 1987, 1994 agus 2004)	Déantar foráil do chosaint séadchomharthaí náisiúnta trí úsáid a bhaint as orduithe caomhnaithe.
	An tAcht um an Scairbh Ilchríochach, 1968	Sainmhínítear uiscí críochacha na hÉireann.
	An tAcht Oidhreachta 1995	Cosaint agus caomhnú na hoidhreachta foirgnithe, nádúrtha agus cultúrtha in Éirinn.
	National Cultural Institutions Act 1997	Forálacha do chosaint Forais Náisiúnta Chultúrtha.
	An tAcht um Oidhreacht Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus Séadchomharthaí Stairiúla (Soláthairtí Ilghnéitheacha) 1999	Bunaíodh an Fardal Náisiúnta d'Oidhreacht Ailtireachta (NIAH) agus sainmhíníodh ról a chuid oifigeach.
	The Heritage Fund Act 2001	Déantar foráil d'acmhainní airgeadais chun míreanna oidhreachta a cheannach.
	Rialacháin:	
	Rialacháin maidir le Séadchomharthaí Náisiúnta 2005	Feidhmítear Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta.
	Treoirínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Clár Oidhreacht Geolaíochta na hÉireann (IGH) 1998	Oidhreacht Geolaíochta na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú.
	Framework and Principles for the Protection of Archaeological Heritage (Code of Practice ,Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht) 1999	Leagtar amach na prionsabail náisiúnta maidir le forbairt agus oidhreacht seandálaíochta.
	Plean Náisiúnta Oidhreachta 2002	Cinntítear cosaint na hOidhreachta Náisiúnta agus cuirtear taitneamh na hoidhreachta ar fáil do chách.
	Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2007-2011	Leagtar amach téamaí straitéiseacha, spriocanna ardleibhéil, beartais agus gníomhartha do chosaint

		na hOidhreachta Náisiúnta.
	Tosaíochtaí na Comhairle Oidhreachta 2016 agus ina dhiaidh sin	Tá sraith de thionscnaimh pobail chun cuidiú lena chinntiú go dtuigeann pobail áitiúla na tairbhí sóisialta agus geilleagrach a bhaineann le cosaint agus feabhas a chur ar ár nOidhrecht Náisiúnta.
	Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta – Treoirlínte do na hÚdarás Phleanála 2011	Treoirlínte chun cuidiú leis na húdarás phleanála na príonsabail threoracha a bhaineann le caomhnú agus athchóiriú a thuiscint.
	Plean Oidhreachta 2016-2020 (Uiscebhealaí Éireann)	Creáit straitéiseach chun comhtháthú a dhéanamh ar oidhrecht fhoirgnithe, nádúrtha agus cultúrtha i mbainistíocht Uiscebhealaí Éireann amach anseo.
Áitiúil	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2014-2019 (mar a athraíodh)	Cur chun cinn agus caomhnú acmhainní oidhreachta an Chontae, lena n-áirítear, an oidhrecht fhoirgnithe, nádúrtha agus cultúrtha.
Trasteorainn	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	A Future for Northern Ireland's Built Heritage (March, 2009)	Aithnítear ag gá atá leis an oidhrecht fhoirgnithe a chosaint ar mhaithe lena chinntiú go leanann an taifead seo a bhaineann leis an am atá caite san am atá le teacht mar chuid beo, bríomhar den tírdhreach agus den bhailidhreach.
Fuinneamh		
Idirnáisiúnta	Treoracha:	
	EU Biofuels Directive 2003/30/EC	Cur chun cinn úsáid bithbhreoslaí nó breoslaí in-athnuaite eile d'iompar.
	EU Renewables (Res) Directive 2009/28/EC	Bunaítear beartas do tháirgeadh agus cur chun cinn fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite san AE – le sprioc 20% den fuinneamh iomlán trí ábhair in-athnuaite a bhaint amach faoin mbliain 2020.
	Treoir AE maidir le Margadh Leictreachais 2009/72/EC	Bunaítear rialacha comhchoiteann don mhargadh inmheánach sa leictreachas.
	Treoir AE maidir le Gás Nádúrtha 2009/73/EC	Bunaítear rialacha comhchoiteann don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha.
	Treoir AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2012/27/EU	Bunaítear sraith bearta ceangailteacha chun cuidiú leis an AE an sprioc 20% d'éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2020.
	Indirect Land Use Change Directive (2012/0288(COD))	Bunaítear bearta le teorannú a dhéanamh ar na tionchair atá ag athrú úsáide talún neamhdhíreach ó thaobh astaíochtaí carbóin ó leathnú talamh saothraithe chun bithbhreosla a tháirgeadh.
	Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (2014/94/AE)	Tá mar aidhm leis an bpacáiste Clean Power for Transport éascú a dhéanamh ar fhorbairt margadh aonair san Eoraip ó thaobh malairt breosla.
	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Energy 2020 – A strategy for competitive, sustainable and secure energy (November, 2010)	Leis an gcuspóir fáil fisiciúil gan briseadh táirgí agus seirbhísí fuinnimh ar an margadh, ar phraghas atá inacmhainne do gach tomhaltóir.
	EU Priorities for 2020 and beyond – A blueprint for an integrated European energy network (November, 2010)	Bunaítear beartas croíchuspóirí fuinnimh an AE ó thaobh iomaíochais, inbhuanaitheacht agus slándáil an tsoláthair.
	Plean um Éifeachtúlacht Fuinnimh an AE 2011 (Com 2011)	Daingníonn éifeachtúlacht fuinnimh sa Chroístraitéis don Eoraip 2020 d'fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach.
	Straitéis maidir le Fás Gorm an AE 2012	Aithnítear 'Fuinneamh Gorm' mar earnáil a d'fhéadfadh cúnaimh a thabhairt ó thaobh comhlíonadh spriocanna fuinnimh in-athnuaite an

		AE.
	A Policy Framework for Climate and Energy in the Period from 2020 to 2030 (January 2014)	Tá sprioc ceangailteach ann chun astaíochtaí a ghearradh 40% ar a laghad i gCríocha an AE faoi leibhéil na bliana 1990 faoin mbliain 2030.
Náisiúnta	Achtanna agus Orduithe:	
	An tAcht Gáis 1976 (arna leasú)	Táirgeadh gás, bonneagar gáis agus dáileadh gáis a rialáil.
	An tAcht um Rialáil Leictreachais 1999	Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Leictreachais (an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) anois) mar rialtóir neamhspleách tionscal leictreachais na hÉireann.
	Sustainable Energy Act 2002	Bhunaigh Fuinneamh Inmharthana Éireann chun forbairt inbhuanaithe fuinnimh a chur chun cinn ar fud gach earnáil den gheilleagar.
	An tAcht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006	Rinneadh leathnú ar fheidhmeanna an CER le margadh fuinnimh uile-oileáin a chuimsiú.
	An tAcht um Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) 2007	Bunaíodh NORA lena chinntiú go bhfreastalaíonn an tír seo ar a cuid oibleagáidí faoi Reachtaíocht AE.
	Energy (Biofuel Obligation and Miscellaneous Provisions) Act 2010	Cuirtear úsáid bithbhreosla chun cinn – déantar foráil do sholáthar ardaithe bithbhreosla trí oibleagáid bithbhreosla a éilíonn gur bithbhreosla a bheidh i gcion suntasach den bhreosla iompair bóthar.
	An tAcht um Rialáil Gáis 2013	Déantar foráil d'atheagrú oibríochtaí tarchuir agus dáileadh agus gnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann ar mhaithe le húinéireacht phoiblí leanúnach na ngréasán náisiúnta gáis.
	Energy Act 2016 (Commencement of Certain Provisions) Order 2017	Cuireann i ngníomh forálacha áirithe den Energy Act 2016.
	Rialacháin:	
	Rialacháin (Margadh Inmheánach i Leictreachas) na gComhphobal Eorpach (I.R. 445 de 2000 arna leasú ag I.R. 60 de 2005, I.R. 524 de 2006)	Tugann éifeacht don Treoir maidir le Margadh Leictreachais i ndáil le faireachán agus rialáil margáí inmheánacha miondíola leictreachais.
	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Ghás Nádúrtha) (BGÉ) 2005 (I.R. 760 de 2005 arna leasú ag I.R. 377 de 2007, I.R. 239 de 2008, I.R. 450 de 2010)	Tugann éifeacht don Treoir maidir le Gás Nádúrtha i ndáil le faireachán agus rialáil margáí inmheánacha miondíola gáis.
	European Communities (Internal Market in Electricity and Gas) (Consumer Protection) Regulations of 2011 (S.I. 463 of 2011)	Tugann éifeacht don Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais agus don Treoir maidir le Gás Nádúrtha i ndáil le cosaint tomhaltóra sna margáí inmheánacha miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha.
	European Communities (Internal Market in Natural Gas and Electricity) Regulations 2011 (S.I. 630 of 2011 as amended by S.I. 16 of 2015)	Tugann éifeacht don Treoir maidir leis an Margadh Leictreachais agus don Treoir maidir le Gás Nádúrtha i ndáil le faireachán agus monatóireacht ar na margáí inmheánacha miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha.
	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (I.R. 426 de 2014)	Aistríonn an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh go Díl na hÉireann.
	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fuinneamh In-athnuaite) 2014 (I.R. 483 de 2014)	Aistríonn an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite go Díl na hÉireann chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.
	Rialacháin na gComhphobal Eorpach, (Margadh Inmheánach i nGás Nádúrtha agus i Leictreachas) (Leasú) 2015 (I.R. 16 de 2015)	Aistríonn an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite go Díl na hÉireann ó thaobh rialacha comhchoiteann do na margáí inmheánacha gáis nádúrtha agus leictreachais.

	Treoirínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Treoirínte Pleanála – Na Treoirínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe 2006	Comhairle do na húdaráis phleanála maidir le pleanáil a dhéanamh d'fhuinneamh gaoithe trí phróiseas plean forbartha agus ó thaobh cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar chead pleanála.
	Páipéar Bán an Rialtais: Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éire – An Creat-Bheartas Fuinnimh 2007-2020 (2007 agus tugtha cothrom le dáta in 2015)	Leagtar amach treo soiléir ó thaobh soláthairtí fuinnimh atá sábháilte agus slán a chinntiú, cur chun cinn todhchaí fuinnimh inbhuanaithe, agus tacaíocht a thabhairt d'íomaíochas.
	Staidéar Eangach Uile-Oileánda 2008	Measúnacht ar chumas an ghréasáin tarchurtha (an eangach) ar Oileán na hÉireann méideanna móra leictreachais a chuirtear ar fáil ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a iompar.
	An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (NREAP) (Iúil 2010)	Leagtar amach cur chuige agus bearta straitéiseacha chun sprioc na hÉireann de 16% chur ar fáil faoin Treoir maidir le Foinsí In-athnuaite.
	Straitéis maidir le Fuinneamh In-athnuaite 2012-2020 (DCENR)	Cuireann eolas ar fáil maidir le hoibleagáid an AE atá ceangailteach ó thaobh na tíre seo faoin Treoir maidir le Foinsí In-athnuaite chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt earnálacha fuinnimh in-athnuaite sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.
	An Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (OREDP) (Feabhra 2014)	Aithnítear go gcuireann forbairt fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta deis suntasach ar fáil do chalafoirt, go háirithe feadh Cósta Thiar an Atlantaigh.
	Dréachtphlean maidir le Bithfhuinneamh (Deireadh Fómhair, 2014)	Aithnítear go bhféadfadh freastal a dhéanamh ar éileamh ar bhithmhais ó fhoinsí dúchasacha, tairbhí suntasacha eacnamaíochta agus fostaíochta a chur ar fáil.
	Páipéar Bán an Rialtais: Aistriú na hÉireann go Todhchaí le Fuinneamh Íseal-Charbóin 2015-2030 (DCENR)	Creat le beartas fuinnimh go 2030 a threorú, leis an aidhm sprioc fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú de réir cuspóir an AE maidir le sochaí ísealcharbóin faoin mbliain 2050.
	Leictreachas In-athnuaite in Éirinn 2015 (SEAI, Lúnasa 2016)	Déantar imscrúdú ar an gcion a chuir foinsí in-athnuaite le riachtanais leictreachais na hÉireann don tréimhse ó 1990 go 2015.
	Dréacht-Chreat Beartais Náisiúnta maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha 2016	Áirítear tograí leis an mbonneagar do bhreoslaí malartacha a úsáid don iompar in Éirinn.
Áitiúil	Treoirínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Forbairt an Gheilleagair Ghlais i gContae Dhún na nGall – Treoir maidir le hAistriú Sárchleachtas (Aibreán, 2011)	Is é an sprioc don réigiún ardú a chur ar úsáid fuinneamh in-athnuaite agus ar an méid fuinneamh in-athnuaite atá á tháirgeadh aige araon, agus a bheith mar cheannaire ó thaobh an gheilleagair ghlais.
Trasteorainn	Achtanna agus Orduithe:	
	Electricity (Northern Ireland) Order 1992	Leagtar amach réimeas bunúsach ceadúnaithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí gnó a bhaineann le leictreachas i dTuaisceart Éireann.
	Energy Act (Northern Ireland) 2011	Forálacha i ndáil le rialú tionscail gáis agus leictreachais.
	Treoirínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	UK Government's 2007 Energy White Paper Meeting the Energy Challenge	Leagtar amach spriocanna beartais fuinnimh le hastaíochtaí CO ₂ a gearradh 60% faoin mbliain 2050 le dul chun cinn ceart a bheith bainte amach faoin mbliain 2020.

	Straitéis um Fhorbraíocht Inbhuanaithe (Bealtaine, 2010)	A chinntiú go bhfuil soláthairtí fuinnimh atá iontaofa, inacmhainne agus inbhuanaithe ag laghdú lorg carbóin Thuaisceart Éireann.
	Strategic Energy Framework for Northern Ireland 2010 (September 2010)	Leagtar amach treo beartais fuinnimh Thuaisceart Éireann sna deich mbliana atá amach romhainn – dírtear ar phríomhréimsí leictreachais, gás nádúrtha agus foinsí fuinneamh in-athnuaite.
	Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe 2012-2015 agus ina dhiaidh sin (Bealtaine, 2012)	Leagtar amach tionscnaimh éagsúla a bhfuil Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ag tabhairt fúthu agus a léiríonn an tiomantas d'fhuinneamh inbhuanaithe.
	Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Fhuinneamh Inbhuanaithe amach ón gCósta 2012-2020	Aithnítear go mbeidh meascán d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus ar an gcladach araon riachtanach le freastal ar an sprioc de 40% d'ídiú leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.
	Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe ar an gCladach 2013-2020	Déantar imscrúdú ar ról agus ar an tionchar carnach a d'fhéadfadh a bheith meascáin de ghiniúint leictreachas in-athnuaite faoi stiúir an mhargaidh ó thaobh freastal ar an sprioc de 40% d'ídiú leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.
	Envisioning the Future: Considering Energy in Northern Ireland to 2050 (May, 2015)	Tá sé i gceist smaointeoireacht a stiúradh maidir leis an méid is féidir a bhaint amach faoin mbliain 2050 agus cad iad na luathchinntiú agus na luathghníomhaíochtaí a bheidh riachtanach ó thaobh tacaíocht a thabhairt don fhorbairt i dtreo 2050.
Tírdhreach		
Idirnáisiúnta	Comhaontuithe, Coinbhinsiúin agus Conarthaí:	
	An Coinbhinsiún um Tírdhreach na hEorpa (2000)	Éilítear gníomhartha a thógáil maidir leis an tírdhreach agus éilítear comhoibriú ar fud na hEorpa maidir le saincheistanna tírdhreacha.
	Florence Declaration on Landscape (2012)	Tacaíonn le tionscnaimh náisiúnta agus dearbhaíonn an tábhacht a bhaineann leis an tírdhreach a chosaint agus a fheabhsú chun leasa an uile dhuine.
	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Treoirlínte AE maidir leis an gCoinbhinsiún um Tírdhreach na hEorpa a Fheidhmiú 2008	Leagtar amach treoirlínte teoiriciúla, modheolaíochta agus treoirlínte praiticiúil maidir le feidhmiú Choinbhinsiún um Tírdhreach na hEorpa ag leibhéal náisiúnta.
Náisiúnta	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Treoirlínte Pleanála do na hÚdaráis Phleanála ar an Tírdhreach agus ar Mheasúnacht Tírdhreacha (Meitheamh, 2000)	Éilítear cosaint agus feabhas a chur ar tírdhreacha.
	Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2015-2025	Feidhmítear an Coinbhinsiún um Tírdhreach na hEorpa in Éirinn trí bhearta sonracha a sholáthar le planáil, cur chun cinn, cosaint agus bainistíocht a dhéanamh ar an tírdhreach.
Áitiúil	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha i gContae Dhún na nGall (lena n-áirítear, measúnacht ar an Nádúr Muirdhreacha agus Measúnacht ar an Nádúr Lonnaíochta)	Cuirtear creat ar fáil le tírdhreach Chontae Dhún na nGall a aithint, measúnacht a dhéanamh air, é a chosaint, a bhainistiú agus planáil a dhéanamh maidir leis (lena n-áirítear an muirdhreach) de réir na reachtaíochta reatha agus ceanglais an Choinbhinsiúin um Tírdhreach na hEorpa 2020.
Trasteorainn	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Towards a Land Strategy for Northern Ireland	Feidhmítear an Coinbhinsiún um Tírdhreach na

	(January 2015)	hEorpa i dTuaisceart Éireann trí bhearta sonracha leis an tírdhreach, a chosaint, a bhainistiú agus planáil a dhéanamh maidir leis.
Forbairt Inbhuanaithe/Idirghaolmhaireachtaí:		
Idirnáisiúnta	Comhaontuithe, Coinbhinsiúin agus Conarthaí:	
	An Cruinniú Mullaigh Domhanda ar Fhorbairt Inbhuanaithe i Johannesburg, Cruinniú Mullaigh na Cruinne 2002	Thángthas ar chomhaontú leis iascaireacht dhomhanda atá ídithe a chur as ais ar bhonn slán don bhliain 2015.
	Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe Rio+20 Cruinniú Mullaigh na Cruinne 2012	Éilítear tiomantas polaitiúil le cur leis an ngeilleagar glas le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.
	Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe i Nua Eabhrach 2015.	Glacadh le clár nua maidir le forbairt inbhuanaithe a dhéanann cothú ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus a chuireann caitheamh bia agus táirgeadh inbhuanaithe chun cinn.
	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Clár 21 (1992) Gníomh don Fhorbairt Inbhuanaithe	Plean Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe.
	'The Gothenburg Strategy' Communication from the Commission on Sustainable Europe for a Better World 2001	Straitéis an AE don forbairt inbhuanaithe.
	Johannesburg Plan of Implementation 2001	Clár na Náisiún Aontaithe chun comhtháthú a dhéanamh ar trí philéar den forbairt inbhuanaithe: forbairt gheilleagrach, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil.
	EU Environment and Health Strategy 2004-2010	Dírítear ar na naisc idir gnéithe riosca comhshaoil agus galair thosaíochta.
	An Straitéis Eorpacha um Fhorbairt Inbhuanaithe (2006)	Aithnítear na príomhthosaíochtaí don forbairt inbhuanaithe.
	Straitéis an Eoraip 2020 (2010)	Aithnítear 5 príomhspríoc don Eoraip atá tíosach ar acmhainní thar an tréimhse go dtí an bhliain 2020: fostaíocht, taighde agus forbairt, athrú aeráide/fuinneamh, oideachas agus bochtaineacht/eisiamh sóisialta.
	Towards Green Growth (OECD, 2011)	Moltaí le cúnaimh a thabhairt do Rialtais beartais a aithint a d'fhéadfadh cuidiú a thabhairt leis an aistriú is éifeachtúla go fás atá níos glaise a bhaint amach.
	Seachtú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an Chomhphobail go 2020 'Living well, within the limits of our planet' (2014)	Creat do ghníomhaíochtaí le haghaidh a thabhairt ar threochtaí inbhuanaithe in athrú aeráide, sa bhithéagsúlacht, comhshaoil agus sláinte agus in úsáid inbhuanaithe acmhainní agus bainistíocht dramháola.
	Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development (2015)	17 sprioc a chlúdaíonn raon leatha saincheisteanna forbartha inbhuanaithe bunaithe ar dhaoine, ar an bpláinéad agus ar rathúnas.
Náisiúnta	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Todhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éire (Meitheamh 2012)	Déantar soláthar do chomhtháthú na forbartha inbhuanaithe i bpríomhréimsí beartais, le meicníochtaí feidhmithe éifeachtach a chur i bhfeidhm agus le bearta a chur ar fáil le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.
	Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Deartha d'Árasáin Nua, Treoirlínte do na hÚdarás Phleanála (Nollaig 2015)	Tugtar tosaíocht do riachtanais shonracha beartais planála atá luaite sa doiciméad seo ar bheartais agus ar chuspóirí pleananna forbartha, pleananna ceantair áitiúla nó scéimeanna planála crios forbartha straitéiseach.
Food Wise 2025 (2015)	Plean straitéiseach maidir le forbairt inbhuanaithe na hearnála agraibhia.	

Trasteorainn	Achtanna agus Orduithe:	
	Environmental Better Regulation Act (Northern Ireland) 2016	Réimeas ceadaithe comhshaoil comhtháite a chruthú – réasúnú a dhéanamh ar chumhachtaí iontrála agus ar chumhachtaí gaolmhara (iniúchóireacht agus imscrúdú).
	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe – Everyone's Involved (Bealtaine, 2010)	Déantar soláthar do chreat chun tacaíocht a thabhairt do chinnte agus do ghníomhartha a thógann daoine aonair, grúpaí agus eagraíochta chun clár inbhuanaithe a chur chun cinn
	Focus on the Future: Sustainable Development Implementation Strategy 2011-2014	Sraith gníomhartha atá dírithe ar phrionsabail, tosaíochtaí agus cuspóirí atá aitheanta sa Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe.
UK Sustainable Development Goals (September, 2015)	Cuirtear Clár 2030 na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm – 17 sprioc maidir le forbairt inbhuanaithe.	
Caighdeán Aer		
Idirnáisiúnta	Comhaontuithe, Coinbhinsiúin agus Conarthaí:	
	Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha 2001	Mar aidhm fáil réidh nó teorannú a dhéanamh ar tháirgeadh agus ar úsáid thruailleáin orgánacha mharthanacha (POP'nna).
	Treoracha:	
	Cáilíocht Aer <i>4th Daughter Directive</i> (2004/107/EC)	Leagtar amach teorainneacha do thruailleáin shonracha.
	Treoir um Aer Glan don Eoraip agus Caighdeán an Aer sa Timpeallacht (CAFE) (2008/50/EC)	Feabhas a chur ar chaighdeán an aer agus astaíochta a rialú.
	An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíoch (IPPC) (2010 /75/EU)	Le hastaíochtaí a rialú, cosc a chur ar thruailliú a dhul isteach san aer, in uisce agus sa talamh agus giniúint dramhaíl thionsclaíoch a sheachaint.
	Treoir um Uasteoireannacha Astaíochtaí Náisiúnta ar Thruailleáin Áirithe san Atmaisféar (2016/2284/EC)	Ionstraim Reachtuil le cuspóirí 'Aer Glan' 2030 a bhaint amach ó thaobh laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí náisiúnta thruailleáin áirithe san atmaisféar.
	Rialacháin:	
	Rialacháin Eorpacha maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Thruailleáin (Uimh. 166 de 2006)	Tá eolas ann ar scaoileadh amach thruailleáin san aer, in uisce agus ar talamh, chomh maith le haistriú thruailleáin atá i ndramhuisce agus i ndramhaíl den láthair.
	Rialacháin Eorpacha maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceáin (REACH) (Uimh. 1907 de 2006)	Tá sé mar aidhm leis sláinte an duine agus an comhshaoil a fheabhsú agus a chosaint trí airí intreacha atá i substaintí ceimiceacha a aithint níos tuisce.
Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:		
Treoirlínte maidir le Caighdeán Aer WHO (1999)	Moltar go ndéanfaí leibhéil agus feabhsuithe ar na caighdeáin aer.	
Náisiúnta	Achtanna agus Orduithe:	
	An tAcht um Thruailliú Aer 1987 agus 2011	Bonn reachtuil maidir le truailliú aer in Éirinn a chosc agus a theorannú.
	An Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992-1997	Bhunaigh an EPA – forálacha don chomhshaoil a chosaint agus truailliú a rialú.
	Rialacháin:	
Air Quality Arsenic, Cadmium, Mercury, Nickel and Polycyclic Aromatic Hydrocarbons in Ambient Air Regulations (S.I. 58 of 2009)	Aistríonn Treoir an 4th Daughter agus leasú na gCriosanna maidir le Caighdeán Aer go Dlí na hÉireann.	

	Na Rialacháin um Chaighdeán Aercháilíochta 2011 (I.R. 180 DE 2011)	Aistríonn an Treoir maidir le CAFE go Dlí na hÉireann.
	An tAcht um Thruailliú Aer, 1987, Rialacháin (Margaíochta, Díolacháin agus Dáileadh Breoslaí) (Leasú) 2011 (I.R. 270 de 2011).	Rialachán maidir le margaíocht, díolachán agus dáileadh breoslaí.
	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Dréachtchlár Náisiúnta maidir le Faireachán an Chaighdeán Aer, 2000	Feabhas a chur ar an gcaighdeán aer agus astaíochtaí a rialú.
Trasteorainn	Achtanna agus Orduithe:	
	Clean Air (Northern Ireland) Order 1981 SI 158 (NI 4) (including amendments up to 2004)	Leagtar amach rialuithe maidir le deatach, deannach agus múch, lena n-áirítear rialacha maidir le simléir, agus tugtar isteach limistéir rialaithe deataigh.
	Environment (Northern Ireland) Order 2002 SI 3153 (NI 7) (including amendments up to 2004)	Clúdaíonn go leor saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear rialú maidir le cosc ar thruailliú, measúnacht agus bainistíocht ar an gcaighdeán aer, agus ainmniú láithreáin sainspéis eolaíochta (ASSI'nna).
	Clean Neighbourhoods and Environment Act (Northern Ireland) 2011	Leagtar amach rialacha maidir le cumhachtaí reachtúla agus forfheidhmithe núise atá ar fáil do chomhairlí ceantair.
	Rialacháin:	
	Clean Air (Emission of Dark Smoke) Regulations (Northern Ireland) SI 1981 of 340 (as amended)	Cuirtear toirmeasc astaíochtaí deataigh dubh ó shimléir.
	Smoke Control Areas (Authorised Fuels) Regulations (Northern Ireland) SR 2013/205 (as amended by 2015 SR 367)	Tá an liosta reatha anseo de bhreoslaí atá údaraithe a úsáid i limistéir ina bhfuil rialú deataigh, chun críche an Ordaithe maidir le hAer Glan 1981, Tuaisceart Éireann.
	Pollution Prevention Control (Industrial Emissions) Regulations (Northern Ireland) 2013 SR 160	Aistríonn an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíoch (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) go Dlí Thuaisceart Éireann.
	Pleanáil	
Idirnáisiúnta	Treoracha:	
	Treoir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallacha (EIA) (85/337/EEC arna leasú ag 97/11/EC, 2003/35/EC, 2009/31/EC agus códaithe anois in 2011/92/EU arna leasú ag 2014/52/EU)	Ceanglas maidir le tabhairt faoi Mheasúnacht Tionchair Timpeallacha (EIA) ar thionscadail áirithe sa chás gur dóigh go bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an gcomhshaoil.
	Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) (2001/42/EEC)	Ceanglas maidir le tabhairt faoi Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) ar phleananna agus ar chláir sa chás gur dóigh go bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an gcomhshaoil.
	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	EC Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts as well as Impact Interactions (Bealtaine 1999)	Cuireann treoir ar fáil maidir le modhanna agus cur chuige praiticiúil le measúnacht a dhéanamh ar thionchair indíreacha agus ar thionchair carnacha tionscadail chomh maith le tionchair idirghníomhaíochtaí.
	Treoir CE ar Scagthástáil EIA (Meitheamh 2001)	Cuireann cabhair phraiticiúil ar fáil dóibh siúd atá bainteach leis na céimeanna sin de phróiseas an EIA.
	Treoir CE ar Scoípeáil EIA (Meitheamh 2001)	Cuireann cabhair phraiticiúil ar fáil dóibh siúd atá bainteach leis na céimeanna sin de phróiseas an EIA.
	Treoir CE ar Chomhtháthú Athrú Aeráid agus Bithéagsúlachta i Measúnacht Tionchair Timpeallachta (Aibreán 2013).	Tá sé mar aidhm leis feabhas a chur ar an mbealach ina ndéantar comhtháthú ar athrú aeráide agus ar bithéagsúlacht in EIA'nna.

Náisiúnta	Achtanna agus Orduithe:	
	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)	Bonn reachtúil do phleanáil agus d'fhorbairt in Éirinn.
An tAcht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015	Déanann forálacha d'athchóirithe tábhachtacha i réimse na pleanála, lena n-áirítear athbhreithniú ar Chuid V, ranníocaíochtaí laghdaithe forbartha agus tabhairt isteach tobhach maidir le láithreán nua atá folamh.	
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016	Le héascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an doiciméid ar a dtugtar 'Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine'.	
Rialacháin:		
Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú)	Cuireann i bhfeidhm an dlí pleanála in Éirinn.	
Rialacháin Measúnachta Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir ar leith (I.R. 435 de 2004 arna leasú ag I.R. 200 de 2011)	Ceanglas maidir le tabhairt faoi SEA ar phleananna agus ar chláir sa chás gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an gcomhshaoil.	
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Comhshaoil Straitéiseach) (I.R. 436 de 2004 arna leasú ag I.R. 201 de 2011)	Tairseach daonra SEA éigeantach do Phleananna Ceantair Áitiúla laghdaithe ó 10,000 duine go 5,000 duine – tá limistéir LAP le níos mó ná 50sq.m faoi réir ag SEA éigeantach.	
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta)(Talmhaíocht) (I.R. 456 de 2011)	Tugann éifeacht d'fhorálacha agus do nósanna imeachta nua atá ag cloí le Treoir an EIA.	
Rialachán an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Gnáthóga) 2011 (I.R. 473 de 2011 arna leasú ag I.R. 584 de 2011)	Tugann éifeacht don Treoir maidir le hÉin agus don Treoir maidir le Gnáthóga i bpróiseas an EIA.	
Rialachán an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000) 2012 (I.R. 419 de 2012)	Tugann éifeacht do Threoir an EIA 2011 maidir leis an mheasúnacht ar éifeachtaí tionscadail poiblí agus príobháideacha ar leith ar an gcomhshaoil.	
Treoirínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:		
An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2000-2020	Leagtar amach an beartas agus an creat náisiúnta d'fhorbairt ar fud na tíre amach anseo.	
Saoráidí do Chúram Leanáil - Treoirínte do na húdarais Phleanála, Meitheamh 2001	Creat chun treoir a thabhairt d'údarais phleanála agus iad ag ullmhú pleananna forbartha agus i mbun measúnachta ar iarratais ar chead pleanála do shaoráidí cúram leanáil.	
Treoirínte an EPA maidir le heolas a bheidh sna Ráitis Tionchair Timpeallachta (Márta 2002)	Treoirínte an EPA maidir le heolas a bheidh in EIS.	
Nótaí Faisnéise an EPA ar an gCleachtas Reatha agus Ráitis Tionchair Timpeallachta á n-ullmhú (Meán Fómhair 2003)	Cuirtear níos mó mionsonraí ar fáil maidir le hábhair a bheidh in EIS.	
Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIA) Treoir d'Údarais Toilithe maidir le Forbairt Fo-Thairsí (2003)	Cuireann treoir ar fáil d'údarais inniúla ó thaobh cinneadh a dhéanamh cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ag forbairt fo-thairsí ar an gcomhshaoil.	
Feidhmiú Treoir SEA (2001/42/EC): Measúnacht ar Éifeachtaí Pleananna agus Cláir ar leith ar an gComhshaoil – Treoirínte d'Údarais Réigiúnacha agus do na húdarais Phleanála (Samhain, 2004)	Tá sé i gceist cuidiú leis na húdarais réigiúnacha agus leis na húdarais phleanála ó thaobh ceanglais Treoir an SEA a chur i bhfeidhm.	
Treoirínte d'Údarais Phleanála maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe (Aibreán, 2005)	Leagtar amach an bealach ina gcuirfidh na húdarais phleanála beartais an Rialtais ar thithíocht tuaithe i bhfeidhm agus iad ag déanamh pleananna forbartha.	
Pleananna Forbartha – Treoirínte d'Údarais Phleanála (Meitheamh, 2007)	Tá sé i gceist leis cuidiú leis na húdarais phleanála agus iad ag ullmhú agus ag feidhmiú Pleananna	

		Forbartha.
	Measúnacht Chúil ar Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn– Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (2009)	Leagtar amach na céimeanna difriúla atá riachtanach lena fháil amach cibé ar féidir nó nach féidir plean nó tionscadal a chur i bhfeidhm gan díobháil a dhéanamh do láithreán Natura 2000.
	Treoirlínte d’Údaráis Phleanála maidir le Forbairt Tithíochta Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha (Bealtaine, 2009)	Leagtar amach na príomhphrionsabail phleanála d’fhorbairt cónaithe i limistéir uirbeacha ar chóir a léiriú i bpleananna forbartha agus i bpleananna ceantair áitiúla.
	Beartas Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015 – I dTreoir Todhchaí Inbhuanaithe: Ag Seachadadh na Cáilíochta sa Timpeallacht Thógtha	Cuireann béim ar fhorbairt inbhuanaithe an comhshaoil, ag cuimsiú oidhreacht ailtireachta ar bhealach iomlánaíoch, comhtháite, agus ag spreagadh agus ag tacú le hailtireacht nuaimseartha ardcháilíochta.
	Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála na Teorann 2010-2022	Leagtar amach beartas maidir le forbairt a dhéanamh i réigiún na teorann.
	Treoirlínte d’Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le tabhairt faoi Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (Márta, 2013)	Cuireann treoir ar fáil do na húdaráis phleanála maidir le saincheisteanna dlí agus le saincheisteanna nós imeachta a eascraíonn ón gceanglas maidir le tabhairt faoi EIS i gcásanna ábhartha.
	Pleananna Ceantair Áitiúla (LAP) -Treoirlínte d’Údaráis Phleanála (Meitheamh, 2013)	Cuireann treoir ar fáil d’údaráis phleanála ar cheanglais reachtúil agus beartais a bhaineann le LAP a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.
	An Clár um Fhorbairt Tuaithe 2014-2020	Leagtar amach na príomhphrionsabail is cóir a úsáid mar threoir straitéiseach ó thaobh reachtaíochta phleanála a chur i bhfeidhm in Éirinn.
	Straitéis maidir le Tithíocht Sóisialta 2020 (2014)	Tá sé mar chuspóir go mbeadh rochtain ag gach uile theaghlach in Éirinn ar thithíocht atá slán agus ar ardchaighdeán a oireann a gcuid riachtanais ar phraghas inacmhainne i bpobal inbhuanaithe.
	An Plean Náisiúnta Leathanbhanda (Nollaig 2015)	Tionscnamh beartais de chuid an Rialtais a bhfuil sé mar aidhm leis leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do gach saoránach agus do gach gnóthas in Éirinn.
	Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine (Iúil 2016)	Leagtha amach le dlús a chur le soláthar tithíochta in Éirinn agus le dul i ngleic le ganntanas tithíocht na Tíre.
	Foirgníocht 2020, Straitéis le haghaidh Earnáil Foirgníochta Athnuaithe	Pacáiste Rialtais atá dírithe ar ghníomhaíocht i dtionscal na tógála a spreagadh.
	Éire 2040 - Ár bPlean, Creat Náisiúnta Pleanála (Páipéar Buncheisteanna, Feabhra 2017)	Leagtar amach beartas agus creat náisiúnta maidir le forbairt ar fud na tíre amach anseo.
	Dréacht-Treoirlínte maidir leis an Eolas a bhíonn le Cur san Áireamh i dTuarascálacha maidir le Ráiteas Tionchair Comhshaoil (EPA, Bealtaine 2017)	Tá sé i gceist leo cleachtóirí a threorú le linn an aistrithe chuig Rialacháin nua a aistríonn agus a thugann an Treoir EIA cothrom le dáta. Beidh tionscadail a thagann laistigh den Treoir leasaithe in éineacht le Tuarascálacha maidir le Ráiteas Tionchair Comhshaoil (EIAR) anois, ar a dtugtaí an EIS roimhe seo.
	Straitéis Spáis Réigiúnach agus Eacnamaíoch do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (ag an gcéim ullmhaithe)	Leagtar amach beartas réigiúnach le forbairt a dhéanamh ar Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.
Áitiúil	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (mar a athraíodh)	Leagtar síos beartas reachtúil do Chontae Dhún na nGall.
	Phlean Forbartha Leitir Ceanainn agus na gCeantar Máguaire: 2009-2015 (mar a athraíodh)	Leagtar amach beartas áitiúil do Leitir Ceanainn agus do Cheantar Máguaire.
	Phlean Forbartha Bhun Dobhráin agus na gCeantar Máguaire 2009-2015	Leagtar amach beartas áitiúil do Bhun Dobhráin agus do Cheantar Máguaire.

	Phlean Forbartha Bhun Cranncha agus na gCeantar Máguaird 2014-2020	Leagtar amach beartas áitiúil do Bhun Cranncha agus do Cheantar Máguaird.
	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall 2016-2022	Aithnítear gníomhartha le gnéithe eacnamaíochta agus pobail an Chontae a láidriú agus a fhorbairt.
Trasteorainn	Achtanna agus Orduithe:	
	<i>Planning (Northern Ireland) Order 1991 SI 1220 (NI 11) (as amended) [only Article 2, part 3, part 7, part 9, schedule 2 remain]</i>	Déanann comhdhlúthú ar an dlí a bhaineann le pleanáil agus le hábhair ghaolmhara, lena n-áirítear cosaint comhshaoil i dTuaisceart Éireann.
	<i>Planning Act (NI) 2011</i>	Déanann foráil d'aistriú formhór na bhfeidhmeanna pleanála ón Rialtas Láir go dtí na Comhairlí Ceantair – athchóiriú an chórais pleanála.
	Rialacháin:	
	<i>The Environmental Assessment of Plans and Programmes Regulations (Northern Ireland) 2004</i>	Déanann foráil do Rialacháin Mheasúnachta Timpeallachta agus bunaítear córas Orduithe Caomhnaithe Crann.
	<i>Planning (Environmental Impact Assessment) Regulations (Northern Ireland) 2015 SR 74</i>	Déanann foráil d'aistriú formhór na bhfeidhmeanna pleanála ón Rialtas Láir go dtí na Comhairlí Ceantair – athchóiriú an chórais pleanála.
	Treoirlínte, Pleananna, Cláir, Straitéisí:	
	<i>Strabane Area Plan 2001</i>	Leagtar amach beartas áitiúil do cheantar an tSratha Báin
	<i>Derry Area Plan 2011</i>	Leagtar amach beartas áitiúil do cheantar Dhoire.
	Plean Forbartha Chontae Shligigh 2011-2017-	Leagtar amach beartas áitiúil do Shligeach.
	Dréachtphlean Forbartha Chontae Shligigh 2017-2023	Beartas áitiúil nua atá ag teacht chun cinn do Shligeach.
	Plean Forbartha Chontae Liatroma 2015-2021	Leagtar amach beartas áitiúil do Chontae Liatroma.
	<i>Regional Development Strategy for Northern Ireland 2035 – Building a Better Future (March 2012)</i>	Leagtar amach uailmhianta agus riachtanais eacnamaíochta don Réigiún agus tosaíochtaí pleanála spásúlachta, iompar agus tithíochta a thacóidh agus a dhéanfaidh cumasú ó thaobh freastal ar mhianta a réigiúin.
<i>Derry City and Strabane District Local Development Plan 2030 (In preparation – once adopted will replace the Strabane and Derry Area Plans)</i>	Creá beartais agus tograí maidir le húsáid talún a chuirfidh cuspóirí straitéiseacha na Straitéise Forbartha Réigiúnaí i bhfeidhm agus a threoróidh cinní forbartha laistigh de Chathair Dhoire agus Ceantar an tSratha Báin go dtí an bhliain 2030.	

1.6 Modheolaíocht

Ullmhaíodh Réamhthuarascáil Scoipeála mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta Dréachtphlean Limistéir Áitiúil Leibhéal 2 de réir Airteagal 14C de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Comhshaoil Straitéiseach), 2004 (arna leasú), tá tabhairt faoi Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta don LAP éigeantach mar go bhfuil daonra iomlán cheantar an phlean níos mó ná 10,000 duine. Ullmhaíodh an Réamhthuarascáil Scoipeála faoi Airteagal 14C de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Comhshaoil Straitéiseach), 2004 (arna leasú), agus eisíodh an réamhthuarascáil ar na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo le cuireadh a thabhairt dóibh aighneachtaí a chur faoi bhráid maidir le scóip agus ábhar na Tuarascála Comhshaoil i Meán Fómhair 2015.

Leagan an Tuarascáil Scoipeála Deiridh seo amach conclúidí an Údaráis Phleanála maidir leis an eolas a bheidh le cur san Áireamh sa Tuarascáil Comhshaoil, agus aird á thabhairt ar aon mholtaí ó Údaráis Comhshaoil (ag teacht le Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála maidir le feidhmiú Threoir an SEA (2001/42/EC), 2004 an DECLG)'.

Tugann an Tuarascáil Comhshaoil seo mionsonraí maidir le 'Staid Reatha Comhshaoil' na seacht mbaile agus úsáid á bhaint as foinsí sonraí aitheanta. Baineadh úsáid mhór as na Córais Faisnéise Geografaí (GIS) ó thaobh sraitheanna éagsúla leochaileacht comhshaoil a aithint agus le léarscáiliú a dhéanamh orthu agus baineadh úsáid astu freisin le measúnacht a dhéanamh ar an éifeacht charnach ar fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Breithníodh i gcónaí na táscairí agus na sonraí bunlíne le linn dréachtú chuspóirí agus beartais an Dréachtphlean atá i gCaibidil 3-10 den Dréacht LAP agus go háirithe stádas suímh agus stádas caomhnaithe láithreáin Natura 2000, Diúilicíní Péarla Fionnuisce, uiscí sliogéisc agus riachtanais an Phlean maidir le Ceantar Abhantraí.

Rinneadh dréachtú ar Chuspóirí Straitéiseach Comhshaoil tar éis sonraí bunlíne a bhailiú agus a thabhairt le chéile agus tá siad bunaithe ar shaincheisteanna comhshaoil áirithe a bhfuil éifeacht acu ar Chontae Dhún na nGall agus tá siad ag comhlíonadh ceanglais Sceideal 2(B) den na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) freisin, agus Treoirlínte an SEA², 2004.

Measúnacht ar Leochaileacht Comhshaoil

Aithníodh Leochaileacht Comhshaoil laistigh den seacht mbaile mar chuid de phróiseas an SEA den Dréacht LAP agus rinneadh léarscáiliú aonair orthu agus cuireadh le chéile iad mar 'Léarscáil Leochaileachta' (Féach Fíor 1.2.). Tá an córas léarscáiliú 'leochaileachta' atá forbartha á thabhairt cothrom le dáta de shíor le sraitheanna nua sonraí agus taispeánann an léarscáil leochaileachta atá léirithe thíos pictiúr atá cothrom le dáta den leochaileacht comhshaoil a bhaineann le Limistéar an Phlean faoi láthair. Bhí an léarscáil leochaileachta comhshaoil comhdhéanta de 39 sraith de shonraí comhshaoil forleagtha go spásúil agus ualaithe ar mhaithe le raon aschuir na leochaileachta comhshaoil a théann ó Ard (dearg) go hÍseal (Gorm) a thaispeáint. Taispeánann léarscáiliú GIS maidir le Leochaileacht Comhshaoil sonraí comhshaoil ar shraitheanna agus cuireann an deis ar fáil le réimsí ard-leochaileachta a rinneadh breithniú orthu le linn na mbeartas a bheith a ndréachtú, a aithint go héasca, agus mar uirlis le réimsí a aithint a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag maolú freisin.

Cuireadh an córas ualaithe i bhfeidhm do gach ciseal trí chóras an GIS ar mhaithe le teacht ar luach na leochaileachta don Chontae iomlán. Tugann an córas ualaithe seicheamhach luach de 15 do na Tacair Sonraí Idirnáisiúnta (láithreáin Natura 2000), luach de 10 do na tacair sonraí Réigiúnach agus Áitiúil agus luach de 5 don chrios maolánach atá thart timpeall ar láithreáin Natura 2000 mar atá mionsonraithe i dTábla 1.5.

Tábla 1.5: Córas Ualaithe maidir le Leochaileacht Comhshaoil

An tUalú a cuireadh i bhfeidhm	Fachtóir Leochaileachta Comhshaoil
15	Láithreáin Natura 2000 (SAC'na agus SPA'na) agus Láithreáin Daonra Diúilicíní Péarla Fionnuisce
10	Láithreáin NHA, pNHA, Ramsar, Anaclann Dúlra, Páirceanna Náisiúnta, Coillearnach Leathanduilleach, RPS, Séadchomharthaí faoi Chúram an Stáit, Taifid Láithreáin agus Séadchomharthaí, Séadchomharthaí Seandálaíochta, Coimpléasc Seandálaíochta, EHSa, Tuairimí agus Ionchais, Láithreáin Geolaíoch, Poitéinseal Greannmheallta, Cáilíocht Uisce Snámha, Tránna Brataí Goirme, Gradam Cósta Glas, Uiscíoch, Limistéir Cosanta Foinse, Pointí Astarraingthe, Pointí Tuilte, Tailte Fónaimh, Dobharcheantair Diúilicín Péarla Fionnuisce, Ionaid Réadmhaoine gan Séarachas, Bealaí Siúlóide, Bealach na gCruach, Ceadúnais IPPC, Ceadúnais Dramhuisce EPA, Cósta, Uiscí Idirchriosacha, Dobharcheantar Aibhneacha agus Lochanna agus baol agus Dobharcheantair Sliogéisc Ceantar Idirnáisiúnta Abhantraí an Iarthuaiscirt (NWIRBD),
5	Crios maolánach 15km thart timpeall ar láithreáin Natura 2000

² Cur i bhfeidhm Treoir an SEA (2001/42/EC): Measúnacht ar Éifeachtaí Pleananna agus Clár Ábhartha ar an gComhshaoil - Treoirlínte do na húdaráis Réigiúnacha agus do na húdaráis Phleanála (Mí na Samhna, 2004).

Tá an raon leochaileachta comhdhéanta d'fhachtóirí srathaithe agus leochaileachta. Is ionann luach leochaileachta do cheantar agus suim na luachanna rátála a fhorluíonn an ceantar sin. Nuair a fhorluíonn dhá thacar sonraí luach rátála de 10 an ceann, beidh leochaileacht deiridh de 20 ag an gceantar forluiteach mar thoradh air sin. Is féidir luach forluiteach a ríomh freisin, ciallaíonn sé sin líon tacair sonraí a mbíonn tionchar acu ar cheantar sonrath, mar shampla, sa chás go mbíonn cúig shraith dhifriúil leochaileachta ag láithreán, ansin is 5 an luach forluite. Leagtar amach i dTábla 1.6 an raon leochaileachta ar baineadh úsáid astu sa léarscáiliú.

Tábla 1.6: Raon Leochaileachta

Leochaileacht	Catagóir
0	Gan aon leochaileacht (m.sh. ceantair gan aon leochaileacht chomhshaoil)
<5	Leochaileacht Íseal
5 – 10	Leochaileacht Mheasartha
15 – 20	Leochaileacht Ardaithe
25 – 30	Leochaileacht Ard
35 – 40	Ró-Leochaileacht
>45	Géar ó thaobh Leochaileachta

Taispeánann an Léarscáil Leochaileachta seo (Fíor 1.2) na ceantair is íogaire ó thaobh an chomhshaoil sa Chontae (dearg) agus na ceantair nach bhfuil chomh híogair sin ó thaobh an chomhshaoil sa Chontae (gorm) á teorainneacha áirithe agus gné shuibhachtúlachta ann i leith na léarscáile leochaileachta atá forbartha, bhí an beart bunúsach, áfach, ó thaobh measúnacht a dhéanamh ar na coimhlintí a d'fhéadfadh a bheith ag an Dréacht LAP le leochaileacht chomhshaoil.

Mar atá le feiceáil ón Léarscáiliú ar Leochaileacht, is iad na ceantair atá géar ó thaobh leochaileachta ná Gleann Bheatha, cinnfearainn, bearnaí cósta agus na hoileáin, lena n-áirítear an Charraig (Carrick), Oileán Thoraí (Tory Island), Loch Súilí, Bá Dhún na nGall, Corrán Binne. Is féidir iad sin a chur síos do láithreáin Natura 2000 Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna), uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha. Áirítear ar cheantar intíre sa Chontae atá géar ó thaobh na leochaileachta, Sliabh Liag, ardchlár Phaiteagó, Loch Dearg agus Loch Iascaigh, agus is féidir iad sin a chur síos freisin do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha.

Is féidir áiteanna eile ar an léarscáil lena mbaineann leochaileacht ard (Fíor 2) a chur síos do bhailte agus do cheantair shonracha laistigh de cheantar an Phlean ina bhfuil forluí d'ainmniúcháin nádúrtha agus tógtha Idirnáisiúnta agus Náisiúnta ann, a ndéantar cur síos orthu in Alt 5 den Tuarascáil seo. Tá forléargas imlínithe thíos maidir leis na ceantair lena mbaineann íogaireacht chomhshaoil laistigh de gach aon baile de na seacht mbaile.

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá an ceantar atá laistigh de theorainn LAP an bhaile don Chlochán Liath (Dungloe) rangaithe den chuid is mó mar 'Leochaileacht Ardaithe' le ceantar beag atá rangaithe mar 'Leochaileacht Íseal', lena n-áirítear an ceantar lastall de theorainn an bhaile chun an iarthair agus an iardheiscirt. Go ginearálta, tá an chuid eile de na tailte atá cóngarach don bhaile rangaithe mar 'Leochaileacht Ardaithe'. Tá limistéar mór talún soir ón mbaile, laistigh de chrios maolánach 15km, atá rangaithe mar 'Leochaileacht Ardaithe' agus tá píosaí talún ann ina bhfuil 'Ró-Leochaileacht' soiléir. Is féidir iad sin a chur síos do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha. Go ginearálta, tá an ceantar laistigh den chrios maolánach 15km is faide ón mbaile rangaithe mar 'Leochaileacht Íseal'. Tá ceantar an Phlean don Chlochán Liath (Dungloe) cóngarach do SAC agus SPA agus sníonn Abhainn an Chlocháin Léith trí cheantar an Phlean isteach i láithreán Natura 2000 Bhá Thráigh Eanach; tá an iliomad SAC'na agus SPA'na laistigh de chrios tionchair an Phlean don bhaile (féach Alt 5.1.1 den Tuarascáil seo le tuilleadh mionsonraí a fháil).

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá an ceantar atá laistigh de cheantar teorann baile an LAP do Bhealach Féich-Srath an Urláir rangaithe a bheith ar 'Leochaileacht Mheasartha' mar atá an chuid is mó de na tailte atá cóngarach don bhaile seachas an ceantar atá díreach ó thuaidh atá rangaithe ar 'Leochaileacht Ardaithe'. Is féidir é sin a chur síos do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha. Chomh maith leis sin tá píosaí talún ann atá rangaithe mar cheantar 'Gan aon Leochaileacht' siar agus soir ó dheas ón mbaile. Go ginearálta, tá an talamh atá laistigh den chrios maolánach 15km is faide ón mbaile rangaithe mar 'Leochaileacht Íseal'. Is féidir íogaireacht comhshaoil Bhealach Féich-Srath an Urláir a chur síos do SAC Abhainn na Finne a sníonn tríd an mbaile agus láithreach SAC'nna eile laistigh de 15km den bhaile, lena n-áirítear, an Fheabhaill agus a fo-aibhneacha (féach Alt 5.1.1 den Tuarascáil seo le tuilleadh mionsonraí a fháil).

Béal Átha Seanaidh

Tá an ceantar atá laistigh de cheantar teorann baile an LAP do Bhéal Átha Seanaidh rangaithe go ginearálta a bheith ar 'Leochaileacht Ardaithe' le píosa talún atá ar 'Leochaileacht Íseal' sa choirnéal thiar theas de cheantar an Phlean agus ceantar 'Leochaileacht Ard' sa chuid thiar den bhaile. Go ginearálta, cuimsíonn an ceantar atá cóngarach do cheantar an Phlean ceantar atá ar 'Leochaileacht Íseal' agus ceantair atá ar 'Leochaileacht Ardaithe'. Tá ceantar mór atá siar agus siar ó thuaidh ón mbaile rangaithe ar 'Leochaileacht Ard' agus 'Géar ó thaobh Leochaileachta'. Tá ceantar ar an teorainn thuaidh den chrios maolánach 15km a fhorluíonn Baile Dhún na nGall atá rangaithe 'Ró-Leochaileach' agus 'Géar ó thaobh Leochaileachta'. Is féidir é sin a chur síos do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha; go sonrach láithreach SAC agus SPA Bhá Dhún na nGall (féach Alt 5.1.1 den Tuarascáil seo le tuilleadh mionsonraí a fháil).

Ceann an Droichid

Tá an ceantar atá laistigh de cheantar teorann baile an LAP do Cheann an Droichid agus díreach cóngarach den sráidbhaile chun an iarthair rangaithe go ginearálta mar 'Leochaileacht Ardaithe' cé go bhfuil ceantar ann freisin ina bhfuil 'Leochaileacht Mheasartha' ar an taobh thoir agus ar an taobh ó dheas den bhaile. Go suntasach, tá ceantar mór atá 'Géar ó thaobh Leochaileachta', le píosaí talún lena mbaineann 'Ró-Leochaileacht' agus 'Leochaileacht Ard' siar ó cheantar an phlean laistigh den chrios maolánach 15km. Is féidir é sin a chur síos do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha; go suntasach, láithreach SAC agus SPA Loch Súilí agus Anaclann Éanlaithe Fíaine Leibhéil na hInse. Baineann tábhacht mhór éaneolaíochta le Loch Súilí ó thaobh éin uisce gheimhrithe le 18 speiceas ann go rialta, uimhreacha atá ar thábhacht náisiúnta agus 3 speiceas in uimhreacha atá ar thábhacht idirnáisiúnta. (féach Alt 5.1.1 agus 5.6 den Tuarascáil seo le tuilleadh mionsonraí a fháil).

Carn Domhnach

Go ginearálta tá ceantar an Phlean do Charn Domhnach rangaithe mar 'Leochaileacht Íseal' sa chuid thoir den bhaile agus 'Leochaileacht Ardaithe' sa chuid thiar den bhaile. Tá an ceantar, atá díreach ó thuaidh agus ó dheas de theorainn an bhaile, rangaithe ar 'Leochaileacht Ardaithe' agus tá an chuid eile de na tailte laistigh den chrios maolánach 15k, rangaithe ar 'Leochaileacht Íseal'. Tá ceantar ar an taobh thiar-thuaidh den bhaile atá rangaithe ar 'Ró-Leochaileacht' agus atá 'Géar ó thaobh Leochaileachta'. Is féidir é sin a chur síos do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha; uiscíoch mór a shíneann ón gcuid ó thuaidh den bhaile go SPA Trá Bhréige, atá ainmnithe mar uisce sliogéisc freisin. (féach Alt 5.1.1 agus 5.6 den Tuarascáil seo le tuilleadh mionsonraí a fháil).

Baile Dhún na nGall


Go ginearálta tá an ceantar laistigh de theorainn an LAP do Bhaile Dhún na nGall rangaithe mar 'Leochaileacht Íseal' le píosa talún lena mbaineann 'Leochaileacht Ardaithe' in oirdheisceart an bhaile. Tá an ceantar atá laistigh den chrios maolánach 15km an bhaile rangaithe den chuid is mó a bheith ar 'Leochaileacht Íseal' le píosaí móra talún lena mbaineann 'Leochaileacht Ardaithe'. Go suntasach, tá ceantar atá cóngarach don bhaile ar an taobh thiar-theas rangaithe mar 'Ró-Leochaileach' agus timpeall ar tá ceantar atá 'Géar ó thaobh Leochaileachta'. Lastall de seo tá limistéar talún níos mó atá rangaithe ar 'Leochaileacht Ard'. Is féidir é sin a chur síos do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus

leochaileacht tírdhreacha; go suntasach, láithreach SAC agus SPA Bhá Dhún na nGall (féach Alt 5.1.1 den Tuarascáil seo le tuilleadh mionsonraí a fháil).

Na Cealla Beaga

Tá an ceantar laistigh de theorainn an LAP do na Cealla Beaga rangaithe a bheith ar ‘Leochaileacht Íseal’ den chuid is mó le ceantar lena mbaineann ‘Leochaileacht Ardaithe’ in oirthuaisceart an bhaile. Go ginearálta tá an ceantar atá laistigh den chrios maolánach 15km rangaithe mar ‘Leochaileacht Íseal’ le ceantair mhóra lena mbaineann ‘Leochaileacht Ardaithe’ ar an taobh thiar-thuidh agus thoir-theas, le píosaí talún ar ‘Leochaileacht Ardaithe’ ar fud crios tionchair an Phlean do na Cealla Beaga. Is féidir é sin a chur síos do láithreáin Natura 2000, uiscí ainmnithe agus leochaileacht tírdhreacha; lena n-áirítear, láithreach SAC Shliabh Liag agus SPA Bhá Dhún na nGall (féach Alt 5.1.1 den Tuarascáil seo le tuilleadh mionsonraí a fháil).

Fíor 1.2: Léarscáiliú ar Leochaileacht laistigh de Theorainneacha Baile agus de chrios maolánach 15m



2 Comhairliúcháin

De réir Airteagal 13 D (1) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnú Comhshaoil Straitéiseach) 2004 (arna leasú) scaipeadh an réamhbheart scóipeála ar na comhlachtaí reachtúla seo a leanas mar atá forordaithe faoi Airteagal A (4) den na Rialacháin thuasluaite.

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Acmhainní Nádurtha (DCCNR)
- An tAonad um Fhorbairt Feidhmchláir, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Comhairle Chontae Shligigh
- Strategic Planning Division, Department of the Environment, Northern Ireland
- Comhairleoireacht trasteorann le Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, an Roinn Comhshaoil (TÉ)
- Comhairleoireacht trasteorann le Seirbhís Pleanála Thuaisceart Éireann
 - Comhairle Dúiche Fhear Manach agus na hÓmaí
 - Causeway Coast and Glens Borough Council
 - Comhairle Dúiche Chathair Dhoire agus an tSratha Báin

Mar fhreagra, fuarthas trí aighneacht ó chomhairlí mar atá liostaithe thíos:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Comhairle Dúiche Chathair Dhoire agus an tSratha Báin, Foireann Pleanála Forbartha Áitiúla
- Comhshaoil Thuaisceart Éireann, an Roinn Comhshaoil (TÉ)

Rinne an aighneacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tagairt do phróisis an AA agus an SEA araon agus leag amach reachtaíocht shonrach agus saincheistanna ar chóir breithniú a dhéanamh orthu ar fud próiseas an SEA, chomh maith le foinsí molta ar shonraí muirí ábhartha agus mhol liosta breise comhairlí a mbeadh ar a gcumas cúnamh a thabhairt ó thaobh an próiseas measúnachta cuí. Bhain an dá aighneacht eile ó Údarás Thuaisceart Éireann go príomha le saincheistanna comhshaoil trasteorann atá le breithniú go háirithe maidir le láithreáin roinnte Natura 2000.

Tá achoimre déanta ar thuairimí na nÚdarás Comhshaoil maidir leis an SEA agus le freagraí na Comhairle i dTábla 2.1.

Tábla 2.1: Aighneachtaí a fuarthas ó Údaráis Comhshaoil forordaithe

<p>An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1) Rinneadh trácht ar phróiseas an SEA agus léiríodh líon reachtaíocht, pleananna agus beartais ábhartha. 2) Ardaíodh na saincheisteanna seo a leanas lena mbreithniú: <ol style="list-style-type: none"> a) Na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar an gcáilíocht timpeallachta muirí. b) An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar cháilíocht micribhitheolaíochta sliogéisc. c) Tionchair ar shláinte an duine maidir le hiasc atá éillithe go micribhitheolaíoch. d) Tionchair ar stoic éisc agus sliogéisc atá á n-allmhairiú go tráchtála, láithreáin ceadúnaithe do bharshaothraithe agus limistéir lena mbaineann tábhacht d'iasc/sliogiasc agus iascaigh. e) Tionchair ar oibríochtaí do bharshaothraithe fionnuisce. f) Ainmniúcháin do cheantair lena mbaineann tábhacht ó thaobh earnáil an do bharshaothraithe agus na hiascaireachta. g) Treoracha AE agus Reachtaíocht Náisiúnta Ábhartha i réimse Pleanála Spásúlachta Muirí. 3) Léiríodh go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag athruithe móra úsáid talún ar cháilíocht na timpeallachta muirí 4) Cuireadh liosta Foinsí maidir le sonraí muirí ar fáil. 5) Cuireadh liosta ar fáil do dhaoine lena dhul i gcomhairle leo, lena n-áirítear, DAFM, SFPA, Foras na Mara agus BIM. Bhí siad den tuairim freisin gur chóir breithniú a dhéanamh ar dhul i gcomhairle leis an earnáil bia mara. D'fhéadfadh fóraim iascaigh réigiúnacha intíre, Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh, comhlachtaí ionadaíochta iascaigh, lena n- 	<ol style="list-style-type: none"> 1) Tabharfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) ar aird an reachtaíocht, na pleananna agus na beartais go léir ar cuireadh béim orthu. 2) Tabharfar aitheantas i dTuarascáil Comhshaoil an SEA do na saincheisteanna sonracha a ardaíodh i míreanna (2)a-f agus déanfar breithniú ar na saincheisteanna seo maidir le measúnacht chúil ar aon láithreán Natura 2000 laistigh de Thuarascáil Tionchair Natura. Déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) tagairt den liosta foinsí maidir le sonraí muirí atá molta ag an Roinn. 3) Tógfaidh an Tuarascáil Comhshaoil na mór-athruithe úsáide talún go léir a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar cháilíocht na timpeallachta muirí. 4) Tabharfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) liosta den na foinsí sonraí muirí san áireamh. 5) Chuaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) i gcomhairle leis na hÚdaráis Comhshaoil ábhartha go léir.
--	---	---

	áirítear eagraíochtaí táirgeoirí, coistí comhairleacha áitiúla, cumainn, comharchumainn, lucht próiseála bia mara agus comhlachtaí ionadaíochta do bhharshaothraithe, srl., a bheith san áireamh anseo.	
Tá Foireann an Phlean Forbartha Áitiúil, Derry City and Strabane District Council	<ol style="list-style-type: none"> 1) Sásta leis na cuspóirí agus an leibhéal mionsonraí atá imlínithe ar mhaithe íoslághdú/maolú a chinntiú maidir leis tionchair comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a ghlactar leis an bplean deiridh. 2) Léiríonn siad go bhfuil go leor láithreáin atá faoi chosaint, tírdhreacha agus muirdhreach suntasacha ag gabháil leis an teorainn roinnte agus go bhfuil saibhreas as cuimse bithéagsúlachta ann agus cuireann siad béim ar an tábhacht a bhaineann le treallús a chur faoin turasóireacht agus faoin ngeilleagar áitiúil agus molann siad, maidir leis sin, go gcuirfí gníomh sonracha san áireamh sa Tuarascáil Comhshaoil. Luann siad go gcuideodh alt den sórt sin, chomh maith le hidirchaidreamh neamhfhoirmiúil, riachtanach idir na hoifigigh pleanála faoi seach, le léiriú a dhéanamh ar phleanáil 'comhleanúnach' chun comhoibriú trasteorann a chur chun cinn. 3) Rinne siad tagairt do chomhairliúchán amach anseo maidir le Plean Forbartha Áitiúil nua (LDP 2015-30) Derry City and Strabane District Council 	<ol style="list-style-type: none"> 1) Tá na tuairimí tugtha ar aird. 2) Cuirfidh Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) alt isteach sa Tuarascáil Comhshaoil mar atá molta agus comhaontaíonn siad leis an tábhacht a bhaineann le pleanáil 'comhleanúnach' chun comhoibriú trasteorann a chur chun cinn. 3) Thug siad ar aird go rachfar i gcomhairle le Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) go luath amach anseo
Northern Ireland Environment Agency, Department of the Environment (NI)	<ol style="list-style-type: none"> 1) Fáiltíonn siad roimh Pháipéar Eisiúna maidir le Scóipeáil an SEA agus roimh Thuarascáil Scagtha an AA. 2) Luann siad go bhfuil tionchair féideartha ann do Thuaisceart Éireann san áit ina bhfuil ceangail comhshaoil ag Poblacht na hÉireann le Tuaisceart Éireann. Tá siad ag súil go mbeidh nádúr trasteorann aon tionchair suntasach ar an gcomhshaoil do Phoblacht na hÉireann ábhartha go háirithe lena mbreithniú ó thaobh Tuaisceart Éireann de. 3) Ba mhaith leo go mbeadh ráiteas soiléir i dTuarascáil Comhshaoil an SEA a léiríonn tuairim Chomhairle Chontae Dhún na nGall maidir le cibé an bhféadfadh 	<ol style="list-style-type: none"> 1) Tá an fháilte atá curtha roimh an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta tugtha ar aird. 2) Tá an t-údar imní maidir leis an gcomhshaoil trasteorann tugtha ar aird agus sa chás go gceaptar go mbeidh aon tionchair díobhálacha ann do Phoblacht na hÉireann, cuirfear breithnithe trasteorann i bhfeidhm maidir le haon bhearta le haon tionchair díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann a fhritháireamh. 3) Cuirfidh Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) ráiteas isteach sa Tuarascáil Comhshaoil mar a éilíonn Northern Ireland Environment Agency.

	<p>nó nach bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag feidhmiú an Phlean, i gcomhar le haon bhearta aitheanta a shamhlaítear le laghdú a dhéanamh, cosc a chur agus aon éifeachtaí suntasacha díobhálacha eile ar an gcomhshaoil a fhritháireamh, ar Thuaisceart Éireann.</p> <p>4) Liosta de na láithreáin ghréasáin a léiríonn staid reatha an comhshaoil i dTuaisceart Éireann.</p>	<p>4) Tabharfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall (DCC) na foinsí eolais san áireamh agus an Tuarascáil Comhshaoil á hullmhú acu.</p>
--	---	---


3 Measúnacht Chuí (Tuarascáil ar Thionchair Natura)

Tugadh faoi Mheasúnacht Chuí ar Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 (an Dréacht-LAP) de bhun Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/EEC), Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ein agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011 arna leasú I.R. Uimh. 355 de 2015) agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 200 arna leasú (lena n-áirítear ag an Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011).

Chruthaigh Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) an Aontais Eorpaigh, gréasáin láithreáin fiadhúlra cosanta lena mbaineann an tábhacht bithéagsúlachta is mó do ghnáthóga agus speicis atá faoi bhagairt ar fud an Aontais Eorpaigh trí Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta a ainmniú, ar a dtugtar láithreáin Natura 2000 agus iad i dtoll a chéile.

D'éisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (DEHLG), 'Measúnacht Chuí ar Phleananna agus Tionscadail in Éirinn; Treoir d'Údaráis Phleanála' sa bhliain 2009 a chuireann treoir ar fáil agus a leagan amach na ceithre chéim sa Phróiseas Measúnachta Chuí, mar atá mionsonraithe thíos.

Fíor 3.1: Na 4 chéim atá sa Mheasúnacht Chuí



Céim a hAon: Scagadh — an próiseas lena n-aithnítear na tionchair dhóchúlra ar thionscadail nó plean láithreáin Natura 2000, astu féin nó i gcomhar le tionscadail nó pleananna eile, agus breithnítear cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh sé go mbeadh na tionchair seo suntasach;

Céim a Dó: Measúnacht Chuí — Breithniú tionchair ar ionracas láithreáin/láithreáin Natura 2000 tionscadal nó plean, astu féin nó i gcomhar le tionscadail nó pleananna eile, maidir le struchtúr agus feidhm suímh an láithreáin agus a chuspóirí caomhnaithe. Sa bhreis air sin, sa chás go bhfuil tionchair díobhálacha ann, measúnú a dhéanamh ar mhaolú féideartha na dtionchar seo;

Céim a Trí: Measúnacht ar réitigh malartacha — an próiseas a dhéanann imscrúdú ar bhealaí malartacha le cuspóirí an tionscadal nó an plean a bhaint amach a sheachnaíonn tionchair díobhálacha ar ionracas láithreáin Natura 2000; agus

Céim a Ceathair: Measúnacht sa chás nach bhfuil aon réitigh malartacha ann agus sá chás go bhfuil tionchair dhíobhálacha ann i gcónaí – measúnacht ar bhearta cúitimh, sa chás, i bhfianaise measúnacht ar dhianchúiseanna le leas sáraitheach poiblí (IROPI), go meastar gur chóir go leanfadh an plean nó an tionscadal ar aghaidh.

Measúnacht Chuí ar an Dréacht-LAP

Céim a hAon: Scagadh

Tugadh faoi scagadh do Mheasúnacht Chuí ar Dréacht-LAP ar láithreáin Natura 2000 de réir ceanglais Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga i mí Iúil 2016. Rinneadh imscrúdú ar éifeachtaí dóchúlra an Plean ar láithreáin Natura 2000 laistigh den seacht mbaile agus laistigh de chrios 15km ó gach ceann de

na seacht mbaile agus bhreithnigh cibé an bhféadfaí a chinneadh go hoibiachtúil nach dóigh go mbeidh tionchair shuntasacha ar na Láithreáin seo.

Tá 75 láithreán Natura 2000 ar an iomlán laistigh de theorainn an LAP do gach aon bhaile de na seacht mbaile nó laistigh de 15km de theorainn gach aon bhaile (m.sh. Crios Tionchair an Phlean) (58 i nDún na nGall, 4 cinn i Liatroim, 3 cinn i Sligeach agus 10 gcinn i dTuaisceart Éireann).

Tháinig an Tuarascáil Scagtha ar an gcinneadh, mar gheall ar nádúr leathan agus méid láithreáin Natura 2000 laistigh den cheantar an Phlean, , go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcumas forbartha thar thréimhse 6 an phlean ar shláine na láithreáin, agus go raibh Measúnacht Chuí ar an bPlean riachtanach agus gur chóir go leanfadh an Mheasúnacht Chuí (AA) ar aghaidh go Céim 2.

Céim a Dó – Measúnacht Chuí (Tuarascáil ar Thionchar Natura)

Aithníodh na láithreáin Natura 2000 in-situ agus ex-situ go léir (laistigh de 15km ó theorainn gach baile) agus tugadh faoi Mheasúnacht Eolaíochta maidir leis an mbaol agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag cuspóirí agus beartais an Phlean ar láithreáin Natura 2000.

Athraíodh an fhoclaíocht sna cuspóirí agus sna beartais in áiteanna ar aithníodh baol agus tionchair féideartha, nó moladh bearta maolaithe agus tá siad san áireamh i dtéacs an Phlean.

Céim a Trí agus Céim 4 IROPI

Bhí céimeanna 1 agus 2 amháin de phróiseas na Measúnachta Cuí i gceist leis an Measúnacht Chuí ar an bPlean agus dá brí sin ní raibh aon ghá leanúint ar aghaidh go céimeanna 3 agus 4.

Conclúidí na Measúnachta Cuí

Tháinig an Tuarascáil ar Thionchar Natura ar an toradh nach raibh Aon Éifeachtaí Suntasacha ann tar éis de chéim 2 den phróiseas a bheith tugtha chun críche. Tá maolú déanta ar aon tionchar féideartha ar ghréasán Natura 2000 trí leasú a dhéanamh ar na beartais agus ar na cuspóirí atá ann cheana agus trí líon polasaithe breise a chur isteach. Thángthas ar chinneadh sa Mheasúnacht Chuí nach bhfuil aon ghá le leanúint ar aghaidh go céim 3 den Mheasúnacht Chuí (AA) mar nár aithníodh aon éifeacht suntasach díobhálach ó thaobh sláinte aon Láithreán Eorpach mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean.

4 Cur Chuige Malartach i leith an Phlean

Comhthéacs Pleanála

Tá an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024 (an Dréacht-LAP) do bhailte an Chlocháin Léith (Dungloe), Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga ullmhaithe de réir ceanglais na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2017 (Achtanna P&D).

Leagtar amach sa Dréacht-LAP straitéis foriomlán do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe na seacht mbaile i gcomhthéacs Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (an Dréacht-CDP) agus Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Cheantar na Teorann 2010-2022 (RPG'nna). Cuireann Treoirlínte Aireachta a eisíodh de bhun Alt 28 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt mar aon le ceanglais AE maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus Measúnacht Chúí (AA) eolas ar fáil don straitéis. Leagtar amach an tiomantas maidir le LAP a ullmhú do na seacht mbaile straitéiseacha agus maidir leis an gclár seachadta sa Chroístraitéis i gCaibidil 2 de Chuid A den Dréacht-CDP (féach Cuspóir CS-O-15, Caibidil 2 de chuid A den Dréacht-CDP).

Ní mór go mbeidh Croístraitéis an CDP comhleanúnach leis na RPG'nna agus ordlathas lonnáiachta a leagan amach do Chontae Dhún na nGall chomh maith le spriocanna daonra agus tithíochta do gach aon bhaile, sráidbhaile agus don cheantar tuaithe níos leithne. Ní mór do na Pleananna Ceantair Áitiúla a bheith comhleanúnach le Croístraitéis Dréachtphlean Forbartha an Chontae. Tá Croístraitéis Dréachtphlean Forbartha an Chontae 2018-2024 leagtha amach i gCaibidil 2 de chuid A den Dréacht-CDP.

Mionsonraí maidir le Cur Chuige Malartach

Leagan na hailt seo a leanas amach nádúr gach aon mhalairt agus na tionchair a d'fhéadfadh a theacht astu.

Malairt 1: Gnó mar is Gnách

Bheadh leanúint leis na patrúin forbartha atá ann cheana agus a laghad idirghabhála agus is féidir maidir leis an mbeartas do phleanáil straitéiseach a ndéantar cur síos air mar 'Ghnó mar is Gnách' i gceist leis an gcur chuige seo. Chuirfeadh 'Éileamh' seachas 'gá' treallús faoi phatrúin forbartha.

Dhéanfadh an patrún forbartha seo lagú ar chumas na mbailte tacú le fás agus le hinmharthanacht. Bheadh baol ann ó thaobh brú ar fhorbairt ar láithreáin nach bhfuil seirbhísí leordhóthanacha, i gcomhthéacs bonneagar fisiciúil ar nós cóireáil leordhóthanach dramhuisce agus maidir le bonneagar 'bog' araon ar nós saoraidí pobail agus seirbhísí sláinte freisin. Chuirfeadh sé le tionchair agus le cúngú a dhéanamh ar an timpeallacht nádúrtha. Dhéanfadh sé laghdú ar an gcumas freisin ó thaobh fostaíocht agus bonn scileanna/caipiteal daonna a chomhtháthú go spásúil.

Ní fhreagródh an cur chuige 'Gnó mar is Gnách' ar bhealach tosaíochta do dheiseanna forbartha uathúla gach aon bhaile atá aitheanta trí phróiseas an LAP.

Is dóigh go mbeidh na tionchair seo a leanas ag an gcur chuige seo:

- Bailte agus sráidbhailte lagaithe agus easpa athghiniúna agus athbheochana.
- Brú acmhainní teoranta chun infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh i mbonneagar dramhuisce agus uisce.
- Éileamh ar leathnú neamheacnamaíochta seirbhísí agus áiseanna pobail.
- Brú ar cheantair thuaithe díreach lasmuigh de cheantair uirbeacha.
- Leathadh amach breise ar chórais chóireála dramhuisce aonair.
- Soláthar seirbhísí agus áiseanna ar chostas níos airde ar bhealach neamhphleanáilte, tiomáinte ag forbróir agus ag tarlú de réir mar a bheadh gá leis.
- Bréagnú i dtosaíochtaí infheistíochta a aithint agus i seachadadh príomhthionscadail bonneagair.

- Easpa soiléireachta d'infheisteoirí fostaíochta agus eacnamaíochta ó thaobh ionad roghnaithe d'fhorbairt eacnamaíoch nua, agus soláthar fachtóirí iomaíochais.
- Baol méadaithe neamhchomhlíonadh reachtaíochta timpeallachta agus damáiste do cheantair íogair timpeallachta.

Malairt 2: Fás Uirbeach Éifeachtach Inbhuanaithe

Dhíreodh an cur chuige seo ar fhás uirbeach 'éifeachtach' a bheadh ar chóimhéid le saghas agus le struchtúr gach aon bhaile le forbairt chuí a threorú agus a éascú.

Thabharfadh an cur chuige seo aitheantas do ról gach aon bhaile de na Bailte Straitéiseacha agus dá suíomh laistigh d'fhorbairt eacnamaíochta foriomlán an Chontae, mar gheall ar a gcumas bonneagair le freastal ar ardú daonra agus/nó mar gheall ar a nádúr mar bhailte a fheidhmíonn feidhmeanna geilleagracha speisialta faoi láthair agus a bhfuil sé de chumas acu é sin a dhéanamh amach anseo. Dhéanadh forbairt chuí agus neartú na mbailte seo éascú ar sholáthar seirbhísí agus saoráidí atá ríthábhachtach chomh maith le héascú a dhéanamh ar fhostaíocht áitiúil chun tacú leis an gcúlchríoch tuaithe atá mórthimpeall. Dhéanadh feidhmiú cuí scaipeadh daonra 36% de dhaonra iomlán an Chontae, mar a leagtar amach sa Dréacht-CDP 2018-2024, éascú ar athghiniúint agus ar athnuachan le taobh na mbailte seo.

Is dóigh go mbeidh na tionchair seo a leanas ag an gcur chuige seo:

- An buntáiste is fearr is féidir a bhaint as infheistíocht i mbonneagar fisiciúil, sóisialta agus eacnamaíochta do gach aon bhaile.
- Tacú le neartú na mbailte mar thiománaithe fáis eacnamaíoch sa Chontae.
- Tacú le gníomhaíocht a mbeidh deiseanna forbartha go háitiúil mar thoradh air.
- Comhforbairt áite trí athghiniúint agus athnuachan a chumasú.
- Bheadh buntáistí comhshaoil mar thoradh air mar go mbeadh an fhorbairt fite fuaite i soláthar bonneagar crua atá dóthanach agus cuí a chinntiú.
- Cuirfidh feabhas ar chaighdeán na beatha trí chomhforbairt áite atá dearfach.

Agus aird á thabhairt ar an méid atá ráite roimhe seo, breithnítear an mhalairt seo a bheith ar an rogha is fearr do threo straitéiseach gach baile de chuid an LAP i gcomhthéacs forbairt níos leithne an Chontae.

Measúnacht agus Roghnú Malairtí

Agus aird á thabhairt ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus na creat-bheartais náisiúnta agus réigiúnach atá ann cheana agus tá ag teacht chun cinn, is é Malairt 2 'Fás Uirbeach Éifeachtach Inbhuanaithe' an mhalairt straitéiseach is cuí don na Seacht mBaile Straitéiseacha. Ag tabhairt faoin mhalairt seo, déanfar bainistíocht ar fhás ar mhaithe le comhordú a dhéanamh le cláir le haghaidh infheistíochta i mbonneagar agus nuair is féidir beifear nuálach ó thaobh bonneagar atá ríthábhachtach a chur ar fáil chun an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as infheistíocht agus lena chinntiú gur féidir freastal ar fhás suntasach le seirbhísí atá cuí agus dóthanacha agus gan aon tionchar diúltach ar an gcomhshaoil mar thoradh air.

Tríd an gcur chuige seo bainfear leas as na láidreachtaí, deiseanna agus cumas nideoige áirithe atá laistigh de cheantair dhifriúla sa Chontae le tairbhí agus athrú stuama a chur ar fáil do phobail go léir Dhún na nGall agus don réigiún dá réir sin.

Déanann Tábla 4.1 measúnacht ar chur chuige malartach i leith an Dréachtphlean i gcomhthéacs na gCuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (SEO'anna) atá leagtha amach in Alt 1.1 den Tuarascáil seo.

Tábla 4.1: Measúnacht ar chur chuige malartach i leith an Dréachtphlean i gcomhthéacs na gCuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil (SEO'nna)

Malairt	Is dóigh go mbeidh coimhlínt le stádas SEO'nna- Ní dóigh go maolófar é go leibhéal inghlactha.	D'fhéadfadh coimhlínt a bheith le stádas SEO'nna- Is dóigh go laghdófar é go leibhéal inghlactha.	Idirghníomh aíocht neamhchinnte le stádas SEO'nna.	Idirghníomh haíocht neodrach le stádas SEO'nna.	Ní dóigh go mbeidh aon idirghníomh aíochta ann le stádas SEO'nna.	Is dóigh go gcuirfidh sé feabhas ar stádas SEO'nna.
Gnó mar is Gnách	S01, S02, S03, S04, S05, S06, S07					
Fás Uirbeach Inbhuanaithe Éifeachtach						S01, S02, S03, S04, S05, S06, S07

5 Staid Reatha na Timpeallachta

Tá Dún na nGall ar an gceathrú Contae is mó in Éirinn agus ar an gceann is faide ó thuaidh a chuimsíonn c.484,559.33 heicteárnó c.7% d'iomlán achar talún an stáit. Tá imeallbhord fairsing 1,132km ag an gContae feadh an Aigéin Atlantaigh siar agus ó thuaidh, teorainn c. 140km le Tuaisceart Éireann soir agus níl de cheangal aige leis an gcuid eile de Phoblacht na hÉireann ach stráice c. 9km leContae Liatroma ag an pointe is faide ó dheas.

I nDréachtphlean Limistéir Áitiúil na Seacht mBaile Straitéiseacha 2018-2024, áirítear: An Clochán Liath, Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga. Léiríonn Fíor 1 suíomh geografach gach ceann de na bailte laistigh den Chontae.

An Clochán Liath (Dungloe)

Is baile Gaeltachta é An Clochán Liath lonnaithe in iarthar an Chontae feadh Bhóthair Náisiúnta den dara grád, an N56 thart ar 51km siar ó Leitir Ceanainn, 26km ó thuaidh de na Gleannta agus 45m siar ó dheas ó Dhún Fionnachaidh. Is é príomhbhaile na Rosann é (a bhfuil cuid mhór de sa Ghaeltacht) agus an baile is mó i nGaeltacht Dhún na nGall..

Bealach Féich-Srath an Urláir

Cuimsíonn dhá bhaile Bealach Féich-Srath an Urláir le chéile an tríú ceantar uirbeach is mó i nDún na nGall agus tá siad suite go straitéiseach laistigh de chúlchríoch tuaithe atá láidir i gCroílár Ghleann Fhinne in oirthear an Chontae. Tá na bailte suite feadh príomhphointe Phríomhbhealaigh Náisiúnta an N15/N13 (cuid de Chonair an Atlantaigh níos leithne) agus 49km siar ó dheas ó Dhoire i dTuaisceart Éireann. Tá Bóthar Réigiúnach an R252 ó Bhealach Féich go dtí na Gleannta ag nascadh leis na bailte freisin. Nascann droichead atá os cionn na Finne na bailte agus déanann an abhainn deighilt idir na bailte freisin; go ginearálta, tá Bealach Féich suite ar an taobh ó dheas den abhainn agus tá Sraith an Urláir suite ar an taobh ó thuaidh den abhainn

Béal Átha Seanaidh

Tá Béal Átha Seanaidh suite feadh chósta thiar-thuaidh an Atlantaigh i ndeisceart an Chontae, ar Chonair Iompair Thuaidh Theas an N15 (cuid de Chonair an Atlantaigh níos leithne) a nascann Sligeach le Leifear. Tá an baile suite thart ar 6km soir ó thuaidh de Bhun Dobhráin, 22km ó dheas de Bhaile Dhún na nGall, 44km soir ó thuaidh ó Shligeach agus 45km siar ó Inis Ceithleann cóngarach do Chontaetha Fhear Manach agus Liatroma

Cheann an Droichid

Tá sráidbhaile Cheann an Droichid suite i suíomh straitéiseach in oirthear Dhún na nGall, ar Leithinis Inis Eoghain, cóngarach den teorainn le Tuaisceart Éireann, ar Phríomhbhealach Náisiúnta an N13 (cuid de phríomhchonair iompair laistigh de Réigiún Cathrach Thiar-Thuaidh Dhoire-Leitir Ceanainn). Tá Ceann an Droichid suite i gcúlchríoch talmhaíochta laistigh de ghleann Abhann Skeoge thart ar 8km ó Lár na Cathrach Chathair Dhoire agus 29.5km ó lár an bhaile i Leitir Ceanainn ag an aomhal le bóithre an N13 agus an R238.

Charn Domhnach

Tá baile Charn Domhnach suite thart ar 3km ó dheas de Bhá Thráigh Eanach i Leithinis Inis Eoghain i dtuaisceart an Chontae, laistigh de ghleannta aibhneacha Ghleann Ó gCanann agus Dhomhnaigh. Tá sé suite thart ar 19.5km soir ó thuaidh ó Bhun Cranncha, 33km ó thuaidh de Cheann an Droichid, 62km soir ó thuaidh ó Leitir Ceanainn agus 24km ó thuaidh de Mhagh cóngarach den teorainn le Tuaisceart Éireann. Tagann trí Bóthar Réigiúnach chuig an mbaile, an R244 ó Bhun Cranncha, an R240 ó Rinn Uí Choigligh agus an R238 ó Mhagh agus ó Cheann an Droichid a shíneann ón bPríomhbhealach Náisiúnta, N13 ó Leitir Ceanainn. Is é an R238 an cuarbóthar a théann timpeall ar Leithinis Inis Eoghain, agus tá cuid de seo ar an bpríomhbhóthar ó Dhoire go Bun Cranncha, agus tá codanna eile mar pháirt de Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Is é Carn Domhnach an dara baile is mó ar an leithinis tar éis Bhun Cranncha.

Baile Dhún na nGall

Tá Baile Dhún na nGall suite go straitéiseach ag príomhphointe ar Chonair Iompair Thuaidh-Theas an N15 (cuid de Chonair an Atlantaigh níos leithne) ag an acomhal le Bóthar den Dara Grád an N56 a fhreastalaíonn ar iarthar an Chontae. Tá sé suite thart ar 49km siar ó dheas ó Leitir Ceanainn, 28km siar ó dheas ó Bhealach Féich-Srath an Urláir, 28km soir óna Cealla Beaga agus 22km ó thuaidh de Bhéal Átha Seanaidh. Tá an baile suite i mbéal na hIascaí agus Bá Dhún na nGall, faoi scáth na gCruacha agus tírdhreach de chineál droimníneach atá mórthimpeall ar an mbaile. Tá sé ar an gcúigiú baile is mó i nDún na nGall agus ar an bpríomhionad uirbeach i nDeisceart an Chontae.

Na Cealla Beaga

Is baile iascaireachta é na Cealla Beaga lonnaithe in iardheisceart Dhún na nGall feadh Bhóthar Réigiúnach an R263. Tá sé lonnaithe c. 27km siar ó Bhaile Dhún na nGall agus c.26km soir ó Ghleann Cholm Cille. D'fhorbair an baile go horgánach thart ar chuan nádúrtha agus é frámaithe ag an gceantar cuain seo san oirthear agus ag tailte a ardaíonn go géar san iarthar.

Tá timpeallacht atá saibhir agus éagsúil le fáil sna seacht mbaile atá suntasach ó thaobh acmhainní geolaíochta, timpeallachta, mara, cultúrtha agus sóisialta a ndéanfar breithniú orthu laistigh den Tuarascáil Timpeallachta seo. Chun críocha na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (SEA) seo, bailíodh agus rinneadh measúnú ar shonraí bonnlíne laistigh de cheantar an Phlean (m.sh. laistigh de theorainneacha baile gach aon cheann de na seacht mbaile) agus laistigh de chrios tionchar dealraitheach an Phlean (m.sh. raon 15km thart timpeall ar gach aon cheann de na bailte). Rinneadh breithniú freisin ar gach láithreán éiceolaíochta nó ainmniúcháin atá níos mó na 15km ó cheantar an Phlean maidir le tionchair dealraitheacha an Phlean, sochorraitheacht gabhdóirí éiceolaíochta agus an fhéidearthacht ó thaobh comhthionchair. Déantar cur síos go mionsonraithe in Alt 5 den Tuarascáil Timpeallachta seo ar staid reatha an comhshaoil agus úsáid á mbaint as na sonraí comhshaoil atá ar fáil.

Leagtar amach sa chuid seo den tuarascáil na sonraí timpeallachta bunlíne atá ar fáil agus atá ann cheana i gcás na seacht mbaile a chuidigh chun na Cuspóirí Timpeallachta Straitéiseacha a leagan amach mar atá leagtha amach i gCuid 8 den Tuarascáil seo. Cuirfidh na sonraí bunlíne i gcomhar leis na Cuspóirí Timpeallachta Straitéiseacha pictiúr timpeallachta limistéar an Phlean ar fáil a gcaithfear gach beartas agus cuspóir den Dréacht-Phlean atá ag teacht chun cinn a mheasúnú agus a luacháil ina aghaidh.

Déanfar staid reatha na timpeallachta limistéar an Phlean a bhreithniú faoi na cinnteidil chomhshaoil a leanas:

- Bithéagsúlacht, Fauna agus Flora
- Daonra
- Sláinte an Duine
- Ithir and Geolaíocht
- Clúdach Talún
- Uisce
- Cúrsaí aeráide
- Caighdeán an Aeir
- Sócmhainní Ábhartha
- Cultúr Oidhreachta, lena n-áirítear Ailtireacht agus Seandálaíocht
- An Tírdhreach
- An t-idirghaol idir na topaicí thuas

Ceanglaíonn Aguisín 1 den Treoir um SEA 2001/42/CEgo ndéanfaí éifeachtaí tánaisteacha agus carnacha a bhreithniú chomh maith.

5.1 Bithéagsúlacht, Flora agus Fauna

Neartaíodh agus leathnaíodh caomhnú na bithéagsúlachta in Éirinn ag dlí an AE, go háirithe Treoir ón AE maidir le hÉin (79/409/CEE arna leasú ag 2009/147/CE) agus Treoir ón AE maidir le Gnáthóga

(92/43/EEC) agus freisin ag Treoir EIA (85/337/EEC arna leasú ag 97/11/CE, 2003/35/CE, 2009/31/CE arna códú anois i 2011/92/AE arna leasú ag 2014/52/AE).

Rinneadh an Treoir maidir le Gnáthóga a thrasú i ndlí náisiúnta na hÉireann i 1997. Léiríonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), IR 94/1997 athrú bunúsach i mbeartas agus dlí caomhantais nádúrtha. Rinneadh leasú faoi dhó ar na Rialacháin seo ó shin ag IR 233/1998 agus IR 378/2005. Rinneadh athbhreithniú ar Rialacháin 1997 agus a leasuithe ina dhiaidh sin agus comhdhlúthadh iad i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha agus Éin)2011. Déileáiltear leis na ceanglais maidir le Treoir na nGnáthóga i Cuid 3 den tuarascáil seo.

Is é an Treoir ón AE maidir le hÉin ar éin fhiáine a chaomhnú an píosa reachtaíochta nádúrtha is sine de chuid an AE agus tá sé ar cheann de na cinn is tábhachtaí, scéim chuimsitheach chosanta á cruthú do gach speiceas éan fiáin a tharlaíonn go nádúrtha san Aontas. Cuireann an Treoir béim mhór ar chosaint ghnáthóga do speicis i mbaol agus speicis imirceacha (liostaithe in Aguisín I), go háirithe trí bhunú líonra comhtháite Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) a chuimsíonn na críocha is oiriúnaí do na speicis seo. Ó 1994 is cuid lárnach den líonra éiceolaíochta Natura 2000 iad gach SPA mar aon le gach Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC).

Tá sciar maith ag Dún na nGall i gcomparáid leis an gcóimheas náisiúnta; cuimsíonn Dún na nGall c. 7% de chlúdach talún na Tíre ina hiomláine agus ina dhiaidh sin tá 12% de láithreáin ainmnithe SAC agus SPA na Tíre ar fad aige. Tá láithreáin ainmnithe (talún) SAC agus SPA Dhún na nGall, atá mór go maith iontu féin, agus a chuimsíonn 89,650 heicteár nó 18.5% de chlúdach talún iomlán an Chontae, go maith os cionn an mheáin náisiúnta de 13%. Tá 61 Gnáthóg Aguisín 1 mar a liostaítear sa Treoir um Ghnáthóga le fáil in Éirinn, agus léirítear 41 de na gnáthóga seo laistigh de na SACanna i gContae Dhún na nGall. De na 61 Gnáthóg Aguisín 1 in Éirinn is gnáthóga tosaíochta iad 16 agus tá 9 gcinn díobh seo le fáil sna SACanna i gContae Dhún na nGall. Liostaíonn Aguisín II den Treoir maidir le Gnáthóga speicis ar ábhar suime don Phobal iad atá le coinneáil, nó le cur ar ais ar stádas caomhnaithe fabhrach an athuir, agus tá thart ar 17 de na speicis seo ar fáil i gContae Dhún na nGall.

5.1.1 Láithreáin Natura 2000

Tá 75 láithreán Natura 2000 laistigh de theorainn baile LAP gach ceann de na seacht mbaile nó laistigh d'achar 15km ó gach baile (58 i nDún na nGall, 4 i Liatroim, 3 i Sligeach agus 10 i dTuaisceart Éireann). Léirítear na láithreáin seo ar Fhíor 5.2 agus liostaítear iad i dTáblaí 5.1-5.7 thíos.

Is SCAnna iad 50 de na láithreáin Natura 2000 seo (atá ainmnithe go príomha um chosaint ghnáthóga) agus is SPAnna iad 25 (atá ainmnithe go príomha um chosaint éanacha). Agus suíomh geografach na seacht mbaile á chur san áireamh tá forluí de na criosanna maolánacha 15km thart timpeall ar na bailte a fhágann go bhfuil cuid de na láithreáin Natura 2000 lonnaithe laistigh de chrios tionchair níos mó ná aon bhaile amháin mar a léirítear ar Fhíor 5.2.

Tá ceithre cinn de na seacht mbaile, is iad sin Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid agus Baile Dhún na nGall lonnaithe cóngarach do Thuaisceart Éireann agus dá thoradh tá deich gcinn de na láithreáin Natura 2000 lonnaithe laistigh de Thuaisceart Éireann.

Ina dhiaidh sin tá láithreáin Natura 2000 ag Béal Átha Seanaidh laistigh dá chrios maolánach laistigh de Liatroim, Sligeach agus Tuaisceart Éireann.

An Clochán Liath

Tá 14 láithreán Natura 2000 in iomlán lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don Chlochán Liath mar atá liostaithe i dTábla 5.1 agus a léirítear ar Fhíor 5.3. Cé nach bhfuil aon láithreán Natura 2000 lonnaithe laistigh de theorainn an bhaile tá ocht SAC agus sé SPA lonnaithe laistigh d'achar 15km den bhaile, iad uile lonnaithe i gContae Dhún na nGall.

Tablá 5.1: Liosta Láithreáin Natura 2000 laistigh de An Clochán Liath agus crios maolánach 15km

An Cineál Láithreáin	Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Lonnaithe laistigh den bhaile	Located within a 15km radius of the town
Co. Dhún na nGall				
SAC	000111	Aillte Árainn Mhór (Dún na nGall)	Níl	Tá
SAC	000140	Portach Fhána Bhuí/Loch na Cuinge	Níl	Tá
SAC	000142	Portach an Ghainimh Bhig	Níl	Tá
SAC	000197	Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Mháis	Níl	Tá
SAC	001107	Portach na Cúlhbhá	Níl	Tá
SAC	001141	Bá agus Oileáin Ghaoth Dobhair	Níl	Tá
SAC	002047	Portach Chlochchar na nGabhar agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha	Níl	Tá
SAC	002283	Inis Mhic an Doirn agus Béal Inis Mhic an Doirn	Níl	Tá
SPA	004039	Sléibhte Dhoire Bheatha agus Ghleann Domhain SPA	Níl	Tá
SPA	004116	Inis Caoil	Níl	Tá
SPA	004121	Róninis	Níl	Tá
SPA	004132	Oileán Cróna agus Inis Caorach	Níl	Tá
SPA	004150	Cósta Dhún na nGall Thiar	Níl	Tá
SPA	004230	Oileáin Dhún na nGall Thiar	Níl	Tá

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá 4 láithreán Natura 2000 in iomlán lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhealach Féich-Srath an Urláir mar atá liostaithe ar Thábla 5.2 agus léirithe i bhFíor 5.4. Cuimsíonn na láithreáin Natura 2000 seo dhá SAC lonnaithe i gContae Dhún na nGall, ceann acu lonnaithe laistigh de theorainn an bhaile (SAC na Finne). Tá dhá SAC eile lonnaithe freisin laistigh den chrios maolánach 15km laistigh de Thuaisceart Éireann.

Cuimsíonn SAC na Fine, lonnaithe laistigh de theorainn an bhaile, an chuid is mó de ghné fionnuisce na Finne agus a craobh-aibhneacha, agus cuimsíonn freisin Loch na Finne áit a n-éiríonn an abhainn. Sníonn an Fhinn trí roinnt bailte sa Chontae lena n-áirítear bailte Bhealach Féich-Srath an Urláir. Is é an talmhaíocht, le béim ar leith ar fhéarach, príomhúsáid na talún i mBealach Féich-Srath an Urláir i gcomharsanacht na habhann. Áirítear roinnt gnáthóga tábhachtacha i SAC na Finne atá liostaithe in Aguisín I den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE agus tacaíonn le roinnt speiceas tábhachtacha mar atá liostaithe in Aguisín II den Treoir, mar aon le samplaí de ghnáthóga tábhachtacha eile. Tá bratphortacch san áireamh sa SAC a meastar gur cineál gnáthóige annamh é san Eoraip agus má tá sé gníomhach (i.e. má thacaíonn sé i gcónaí le fásra a fhoirmíonn moin) faigheann sé stádas tosaíochta ó Aguisín I den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE. Cuirtear le tábhacht iomlán éiceolaíochta agus caomhantais SAC na Finne le daonraí roinnt éan, mamach, iasc agus plandaí annamha nó atá i mbaol agus aithnítear córas na Finne mar cheann de phríomhuiscí bradáin na hÉireann.

Forluíonn an crios maolánach 15km do Bhealach Féich-Srath an Urláir agus Baile Dhún na nGall agus dá thoradh tá dhá cheann de na SACanna (Portach Chruach Eoghanach agus an Fhinn) liostaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile (féach Fíor 5.2).

Tablá 5.2: Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Bhealach Féin-Srath an Urláir agus de chrios maolánach 15 km

An Cineál Láithreáin	Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Lonnaithe laistigh den bhaile	Lonnaithe laistigh de gha 15km den bhaile
Co. Dhún na nGall				
SAC	000129	Portach Chruach Eoghanach	Níl	Tá
SAC	002301	An Fhinn	Tá	Tá
Tuaisceart Éireann				
SAC	UK0030211	Portach Moneygal	Níl	Tá
SAC	UK0030320	An Fheabhal & Craobhaibhneacha	Níl	Tá

Bhéal Átha Seanaidh

Tá 18 láithreán Natura 2000 in iomlán lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhéal Átha Seanaidh mar atá liostaithe i dTábla 5.3 agus léirithe ar Fhíor 5.5. Cuimsíonn na láithreáin Natura 2000 seo seacht SAC agus SPA amháin lonnaithe i gContae Dhún na nGall; tá ceann de na SACanna agus an SPA lonnaithe laistigh de theorainn an bhaile (SAC Turlaigh Dhún Mucroma agus SPA Bhá Dhún na nGall). Tá seacht SAC agus trí SPA eile lonnaithe laistigh d'achar 15km den bhaile mar a leanas: trí SAC agus SPA amháin i Liatroim, dhá SAC agus SPA amháin i Sligeach agus dhá SAC agus SPA amháin lonnaithe i dTuaisceart Éireann.

Tá SAC Turlaigh Dhún Mucroma lonnaithe thart ar 2km siar ó dheas ó lárbaile Bhéal Átha Seanaidh, feadh an tseachbhóthair agus suite lasmuigh de theorainn an Phlean den chuid is mó. Tá 35% de cheantar an SAC lonnaithe laistigh de theorainn an Phlean agus 65% de lonnaithe lasmuigh de theorainn an Phlean tadhlach lena imeall iartharach. Tá an talamh comhdhéanta de shraith logán ísle ina mbíonn tuilte sa gheimhreadh, iad suite i dtírdhreach droimneach de chnoic aolchloiche.

Is gnáthóg thábhachtach é Turlaigh Dhún Mucroma atá liostaithe faoi Aguisín I den Treoir maidir le Gnáthoga ón AE agus tá tábhacht chaomhantais leis mar go léiríonn sé an turlach aitheanta is faide ó thuaidh sa tír.

Is láithreán an-mhór é SPA Bhá Dhún na nGall, ceannasaíocht ag cúrsaí muirí ann a shíneann ó Doorin Point, siar ó Bhaile Dhún na nGall, go Tullaghan Point i gContae Liatroma. Cuimsíonn an láithreán inbhear na hÉirne a shníonn trí Bhéal Átha Seanaidh agus siar chun na farraige i SPA Bhá Dhún na nGall atá lonnaithe roinnt laistigh de theorainn an Phlean. Tá an t-inbhear faoi fhothain seo iata roinnt ag córas mór dhumhcha ag a bhéal. Is iad réileáin ghainimh idir thaoideacha gnáthóg cheannasach an inbhir agus síneann an gaineamh mar thrá ó dheas go Bun Dobhráin. Is láithreán ardtábhacht éaneolaíochta é Bá Dhún na nGall agus sainspéis chaomhantais ar leith aige do Bhogach agus Éin Uisce; tá cúig cinn de na speicis is rialta ann liostaithe ar Aguisín I den Treoir maidir le hÉin ón AE.

Forluíonn an crios maolánach 15km do thrí bhaile Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga. Dá thoradh tá sé cinn de na SACanna (Baile an tSratha, Bá Dhún na nGall (Murbhach), Loch Dhoirínse, Bá Teamhair, Loch Gabhlach agus Cruach Bhríosáí agus Ardchlár Phaiteagó) agus ceann amháin de na SPAnna (Ardchlár Phaiteagó) liostaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhéal Átha Seanaidh agus do Bhaile Dhún na nGall araon. Tá ceann de na SPAnna (Bá Dhún na nGall) liostaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhéal Átha Seanaidh agus do na Cealla Beaga araon.

Tablá 5.3: Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Bhéal Átha Seanaidh agus de chrios maolánach 15 km

An Cineál Láithreáin	Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Lonnaithe laistigh den bhaile	Lonnaithe laistigh de gha 15km den bhaile
Co. Dhún na nGall				
SAC	000115	Baile an tSraitha	Níl	Tá
SAC	000133	Bá Dhún na nGall (Murbhach)	Níl	Tá
SAC	000138	Loch Dhoirínse	Níl	Tá
SAC	000428	Lough Melvin	Níl	Tá
SAC	001992	Portach Teamhair	Níl	Tá
SAC	002164	Loch Gabhlach agus Cruach Bhríosáí	Níl	Tá
SAC	002303	Turlaigh Dhún Mucroma	Tá	Tá
SPA	004151	Bá Dhún na nGall (Murbhach)	Tá	Tá
Liatroim				
SAC	000428	Loch Meilbhe	Níl	Tá
SAC	000623	Compléasc Bhinn Ghulbain, Ghleann Daimh agus Ghleann Éada	Níl	Tá
SAC	001403	Sliabh Áradh	Níl	Tá
SPA	004187	Ardtailte Shligigh/Liatroma	Níl	Tá
Sligeach				
SAC	000625	Loch Bhun Duibhe agus Machair/ Trá Tuaidh/ An Mullach Mór	Níl	Tá
SAC	000623	Compléasc Bhinn Ghulbain, Ghleann Daimh agus Ghleann Éada	Níl	Tá
SPA	004187	Ardtailte Shligigh/Liatroma	Níl	Tá
Tuaisceart Éireann				
SAC	UK0016607	Ardchlár Phaiteagó	Níl	Tá
SAC	UK0030047	Loch Meilbhe	Níl	Tá
SPA	UK9020051	Ardchlár Phaiteagó	Níl	Tá

Ceann an Droichid


Tá 7 láithreáin Natura 2000 in iomlán laistigh de chrios tionchair an Phlean do Cheann an Droichid mar atá liostaithe i dTábla 5.4 agus léirithe ar Fhíor 5.6. Cuimsíonn na láithreáin Natura 2000 seo dhá SAC agus dhá SPA, iad uile lonnaithe laistigh de Chontae Dhún na nGall. Tá dhá SAC eile agus aon SPA amháin lonnaithe laistigh den achar maolánach 15km laistigh de Thuaisceart Éireann.

Forluíonn an crios maolánach 15km do Cheann an Droichid agus do Charn Domhnach agus dá thoradh tá ceann amháin de na SPAnna (Loch Feabhail) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile.


Tablá 5.4: Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Cheann an Droichid agus de chrios maolánach 15 km

An Cineál Láithreáin	Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Lonnaithe laistigh den bhaile	Lonnaithe laistigh de gha 15km den bhaile
Co. Dhún na nGall				
SAC	002287	Loch Súilí	Níl	Tá
SAC	002301	An Fhinn	Níl	Tá
SPA	004075	Loch Súilí	Níl	Tá
SPA	004087	Loch Feabhail	Níl	Tá
Tuaisceart Éireann				
SAC	UK0030320	An Fheabhal & Craobhaibhneacha	Níl	
SAC	UK0030361	An Fhochaine & Craobh-aibhneacha	Níl	Tá
SPA	UK9020031	Loch Feabhail	Níl	Tá


Fíor 5.3: Suíomhanna Natura 2000 laistigh den Chlochán Liath agus achar 15 (thart orthu)




Fíor 5.4: Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Bhealach Féich-Srath an Urláir agus Achar 15km (thart orthu)



Fíor 5.5: Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Bhéal Átha Seanaidh agus Achar 15km (thart orthu)



Fíor 5.6: Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Cheann an Droichid agus Achar 15km (thart orthu)



Carn Domhnach

Tá 5 láithreán Natura 2000 in iomlán laistigh de chrios tionchair an Phlean do Charn Domhnach mar a liostaítear i dTábla 5.5 agus a léirítear ar Fhíor 5.7. Cé nach bhfuil aon láithreán Natura 2000 laistigh de theorainn an bhaile tá dhá SAC agus trí SPA lonnaithe laistigh d'achar 15km den bhaile laistigh de Chontae Dhún na nGall. Ina theannta, síneann uiscíoch mór ó thuaisceart an bhaile go SPA Thrá Bhréige, ar uisce sliogéisc ainmnithe freisin é.

Forluíonn an crios maolánach 15km do Charn Domhnach agus do Cheann an Droichid agus dá thoradh tá ceann amháin de na SPAnna (Loch Feabhail) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile.

Tablá 5.5: Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Charn Domhnach agus de chrios maolánach 15 km

An Cineál Láithreáin	Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Lonnaithe laistigh den bhaile	Lonnaithe laistigh de gha 15km den bhaile
Co. Dhún na nGall				
SAC	000168	Portach an Bhaile Láir	Níl	Tá
SAC	002012	Cósta Inis Eoghain Thuaidh	Níl	Tá
SPA	004034	Trá Bhréige	Níl	Tá
SPA	004087	Loch Feabhail	Níl	Tá
SPA	004146	Cionn Mhálanna	Níl	Tá

Baile Dhún na nGall

Tá 18 láithreán Natura 2000 in iomlán lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall mar a liostaítear i dTábla 5.6 agus a léirítear ar Fhíor 5.7. Cuimsíonn na láithreáin Natura 2000 seo dhá SAC déag agus ceithre SPA lonnaithe i gContae Dhún na nGall; tá péire de na SACanna agus SPA amháin lonnaithe laistigh de theorainn an bhaile (SAC Bhá Dhún na nGall (Murbhach), SAC Loch Iascaigh agus Coill Ard na Móna agus SPA Bhá Dhún na nGall) agus tá an deich SAC agus trí SPA atá fanta laistigh d'achar 15km den bhaile. Tá SAC amháin agus SPA amháin lonnaithe sa chrios maolánach 15km laistigh de Thuaisceart Éireann.

Tá SAC Bhá Dhún na nGall (Murbhach) lonnaithe sa chuid istigh de Bhá Dhún na nGall díreach siar ó dheas ó Bhaile Dhún na nGall. Cuimsíonn sé inbhear na hIascaí a ritheann trí Bhaile Dhún na nGall. Is gnáthóga idirthaoideacha atá sa láithreán den chuid is mó, go príomha réileáin láibe agus gainimh, bearnaí cósta agus bána, aibhneacha taoideacha, cainéil inbhir agus trána gainimh le leapacha fairsinge sliogéisc i gcodanna den Bhá. Tá roinnt gnáthóga tábhachtacha san SAC atá liostaithe ar Aguisín I den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE, coilíneacht róna thábhachtach agus tugann tacaíocht do roinnt speiceas tábhachtacha liostaithe ar Aguisín II den Treoir.

Cuimsíonn SAC Loch Iascaigh & Coill Ard na Móna Loch Iascaigh, loch mór olagatrófach ísealchríche atá lonnaithe thart ar 5km soir ó thuaidh ó Bhaile Dhún na nGall agus ón Iascaigh a ritheann tríd an mbaile. Tá roinnt gnáthóga tábhachtacha san SAC atá liostaithe ar Aguisín I den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE agus tugann tacaíocht do roinnt speiceas tábhachtacha liostaithe ar Aguisín II den Treoir lena n-áirítear Bradán Atlantach agus Diúilicín Péarla Fionnuisce.


Is láithreán an-mhór é SPA Bhá Dhún na nGall le ceannasaíocht mhuirí a shíneann ó Doorin Point, siar ó Bhaile Dhún na nGall go dtí Tullachán i gContae Liatroma. Tá an Iascaigh san áireamh sa láithreán a ritheann trí Bhaile Dhún na nGall siar go dtí an fharraige i SPA Bhá Dhún na nGall a bhfuil cuid de lonnaithe laistigh de theorainn an Phlean. Tá an t-inbhear faoi fhothain seo iata roinnt ag córas mór dumhcha ag a bhéal. Is iad réileáin ghainimh idirthaoideacha gnáthóg cheannasach an inbhir agus síneann an gaineamh mar thrá ó dheas go Bun Dobhráin. Is láithreán ardtábhacht éaneolaíochta é Bá Dhún na nGall agus sainspéis chaomhantais ar leith aige do Bhogach agus Éin Uisce; tá cúig cinn de na speicis is rialta ann liostaithe ar Aguisín I den Treoir maidir le hÉin ón AE.

Forluíonn an crios maolánach 15km do Bhaile Dhún na nGall agus an crios maolánach 15km do thrí bhaile Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh agus na Cealla Beaga. Dá thoradh tá sé cinn de na SACanna (Baile an tSratha, Bá Dhún na nGall (Murbhach), Loch Dhoirínse, Bá Teamhair, Loch Gabhlach agus Cruach Bhríosaí agus Ardchlár Phaiteagó) agus ceann amháin de na SPAnna (Ardchlár Phaiteagó) liostaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall agus do Bhéal Átha Seanaidh araon. Tá dhá cheann de na SACanna (Portach Chruach Eoghanach agus an Fhinn) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall agus do na Cealla Beaga, agus tá ceann de na SPAnna (Bá Dhún na nGall) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall agus Béal Átha Seanaidh.


Tablá 5.6: Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de Bhaile Dhún na nGall agus de chrios maolánach 15 km

An Cineál Láithreáin	Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Lonnaithe laistigh den bhaile	Lonnaithe laistigh de gha 15km den bhaile
Co. Dhún na nGall				
SAC	000115	Baile an tSratha	Níl	Tá
SAC	000129	Portach Chruach Eoghanach	Níl	Tá
SAC	000133	Bá Dhún na nGall (Murbhach)	Tá	Tá
SAC	000138	Loch Dhoirínse	Níl	Tá
SAC	000163	Loch Iascaigh agus Coill Ardnamona	Tá	Tá
SAC	000165	Portach Loch an Oileáin (Carraig an tSléibhe)	Níl	Tá
SAC	000172	Portach Mhín an Ghiúis/An tArd Bán	Níl	Tá
SAC	001125	Locha Dún Rátha /Ardchlár Pheiteagó	Níl	Tá
SAC	001880	Scragh Mhín an Ghiúis	Níl	Tá
SAC	001992	Portach Teamhair	Níl	Tá
SAC	002164	Loch Gabhlach agus Cruach Bhríosaí	Níl	Tá
SAC	002301	An Fhinn	Níl	Tá
SPA	004057	Loch Dearg (Dún na nGall)	Níl	Tá
SPA	004099	Ardchlár Phaiteagó	Níl	Tá
SPA	004110	Loch an Oileáin	Níl	Tá
SPA	004151	Bá Dhún na nGall	Tá	Tá
Northern Ireland				
SAC	UK0016607	Ardchlár Phaiteagó	Níl	Tá
SPA	UK9020051	Ardchlár Phaiteagó	Níl	Tá


Fíor 5.7: Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Charn Domhnach agus Achar 15km (thart orthu)



Fíor 5.8: Suíomhanna Natura 2000 laistigh de Bhaile Dhún na nGall agus Achar 15km (thart orthu)



Fíor 5.9: Suíomhanna Natura 2000 laistigh de na Cealla Beaga agus Achar 15km (thart orthu)



Na Cealla Beaga

Tá 9 láithreán Natura 2000 in iomlán laistigh d'achar 15km de theorainn baile LAP do na Cealla Beaga mar atá liostaithe i Tábla 5.7 agus léirithe ar Fhíor 5.9. Cuimsíonn na láithreáin Natura 2000 seo cúig SAC agus ceithre SPA, iad ar fad lonnaithe laistigh de Chontae Dhún na nGall.

Forluíonn an crios maolánach 15km do thrí bhaile na Cealla Beaga, Baile Dhún na nGall agus Béal Átha Seanaidh. Dá thoradh tá ceann de na SACanna (Portach Loch an Oileáin) agus péire de na SPAnna (Portach Loch an Oileáin agus Bá Dhún na nGall) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do na Cealla Beaga agus Baile Dhún na nGall araon. Tá ceann de na SPAnna (Bá Dhún na nGall) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do na trí bhaile na Cealla Beaga, Baile Dhún na nGall agus Béal Átha Seanaidh.

Tábla 5.7: Liosta de láithreáin Natura 2000 laistigh de na Cealla Beaga agus de chrios maolánach 15 km

An Cineál Láithreáin	Cód an Láithreáin	Ainm an Láithreáin	Lonnaithe laistigh den bhaile	Lonnaithe laistigh de gha 15km den bhaile
Co. Dhún na nGall				
SAC	000165	Portach Loch an Oileáin (Carraig an tSléibhe)	Níl	Tá
SAC	000189	Sliabh Liag	Níl	Tá
SAC	000190	Sliabh Tuaidh /An Tor Mór /Gaoth Luacharois Beag	Níl	Tá
SAC	000191	Pointe Charraig an Rois	Níl	Tá
SAC	000197	Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Mháis	Níl	Tá
SPA	004110	Loch an Oileáin Bog	Níl	Tá
SPA	004115	Inis Dubh	Níl	Tá
SPA	004150	Cósta Dhún na nGall Thiar	Níl	Tá
SPA	004151	Bá Dhún na nGall	Níl	Tá

5.1.2 Limistéir Oidhreachta Náisiúnta

Cuireann an tAcht um Fhiadhúlra (leasú) 2000 an bunús dlíthiúil ar fáil do bhunú líonra náisiúnta de láithreáin ar a dtugtar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHAnna). Tá sé d'aidhm ag NHAnna speiceas ainmhithe agus planda a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, agus a ngnáthóga, a chosaint agus a chaomhnú. Tá NHAnna ainmnithe freisin le tírghnéithe agus gnéithe geolaíochta nó geomoirfeolaíochta a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a chaomhnú agus a chosaint. Tá oibleagáid de réir dlí ar Údarás Phleanála a chinntiú go ndéantar na láithreáin seo a chosaint agus a chaomhnú.


Tá 14 NHA agus 78 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (pNHA) laistigh de Chontae Dhún na nGall a bhfuil 13 NHA agus 45 pNHA lonnaithe laistigh de limistéir an Phlean. Agus suíomh geografach na seacht mbaile á gcur san áireamh tá roinnt forluí de na criosanna maolánacha 15km thart ar na bailte a fhágann go bhfuil cuid de na NHAnna agus na pNHAnna lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do níos mó ná baile amháin. Léirítear na láithreáin seo ar Fhíor 5.10 agus liostaítear iad sna Táblaí 5.8-5.14 do gach ceann de na seacht mbaile.

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá dhá NHA agus ceithre pNHA déag lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don Chlochán Liath mar a liostaítear i dTábla 5.8.

Cé nach bhforluíonn an crios maolánach 15km thart ar an gClochán Liath le aon cheann de na bailte eile, agus a shuíomh geografach in iarthar an Chontae agus a ngaireacht do na Cealla Beaga á chur san áireamh, tá ceann de na pNHAnna (Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Aifrinn 000197) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile.

Fíor 5.10: Limistéir Nádúrtha Oidhreacht agus limistéir atá molta mar Limistéir Nádúrtha Oidhreacht laistigh de na Teorainneacha Baile agus achar 15 (thart orthu)



Tábla 5.8: NHAnna and pNHAnna laistigh den Chlochán Liath agus de chrios maolánach 15 km

Limistéar	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe
Róninis	000184	
Portach an Mhín Mhór Thiar	002453	
Ailltreacha Árainn Mhóir (Dún na nGall)		000111
Anaclann Dúlra Choill na Deirce Móire		000131
Portach Fhána Bhuí/Loch na Cuinge		000140
Portach an Ghainimh Bhig		000142
Oileán Cróna		000148
Inis Caorach		000152
Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Mháis		000197
Coillte Dhroichead Chroithlí		001102
Portach na Cúlhbhá		001107
Portach na Gallbhuaile		001132
Bá agus Oileán Ghaoth Dobhair		001141
Portach Chró na gaCúigeadh		001176
Trá Thearmainn		001195
Portach Chlochar na nGabhar agus Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha		002047

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá ceithre NHA agus ceithre pNHA laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhealach Féich-Srath an Urláir mar a liostaítear i dTábla 5.9.

Tá forluí ag an gcrios maolánach 15km do Bhealach Féich-Srath an Urláir le Baile Dhún na Gall agus dá thoradh tá dhá cheann de na NHAnna (Portach Cashelnavean 000122 agus Portach an Bhearnais Mhóir 002375) agus ceann de na pNHAnna (Portach na hAbhann Duibhe agus Clochar an Mhadaidh 002046) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile.

Tábla 5.9: NHAnna and pNHAnna laistigh de Bhealach Féich –Srath an Urláir agus de chrios maolánach 15 km

Limistéar	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe (NHA)	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe (pNHA)
Portach Cashelnavean	000122	
Portach an Bhearnais Mhóir	002375	
Portach Meenagarranroe	002437	
Portach Lough Hill	002452	
Portach Chruach Eoghanach		000129
Portach Tullytresna		001870
Coillte Ghleann na Súilí		002011
Portaigh na hAbhann Duibhe agus Chlochar an Mhadaidh		002046

Béal Átha Seanaidh

Cé nach bhfuil aon NHA lonnaithe laistigh de Bhéal Átha Seanaidh nó laistigh d'achar 15km den bhaile tá aon pNHA amháin (Inbhear na hÉirne/Dumhcha Fionnúir 000129) lonnaithe laistigh den bhaile agus tá sé pNHA eile lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don bhaile, mar a liostaítear i dTábla 5.10.

Tá forluí idir an crios maolánach 15km do na trí bhaile, Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga. Dá thoradh tá cúig pNHA (Baile an tSratha 000115, Bá Dhún na nGall (Murbhach) 0001333, Loch Dhoirínse 000138, Portach Teamhair 001992, agus Loch Charraig na hEorna agus Loch Gorman 002068) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhéal Átha Seanaidh agus do Bhaile Dhún na nGall.

Tábla 5.10: NHAnna and pNHAnna laistigh de Bhéal Átha Seanaidh agus de chrios maolánach 15 km

Limistéar	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe (NHA)	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe (pNHA)
Baile an tSratha		000115
Bá Dhún na nGall (Murbhach)		000133
Loch Dhoirínse		000138
Inbhear Erne/Dumhcha Fionnúir		000139
Loch Meilbhe		000428
Portach Teamhair		001992
Loch Charraig na hEorna agus Loch Gorman		002068

Ceann an Droichid

Tá trí NHA agus trí pNHA lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Cheann an Droichid mar a liostaítear i dTábla 5.11.

Tá forluí idir an crios maolánach 15km do Cheann an Droichid agus Carn Domhnach agus dá thoradh tá trí cinn de na NHAnna (Portach Chnoc na nUillí 001127, Portach Chamabhann 002405 agus Portach an Iomaire Cam 002406) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile

Tábla 5.11: NHAnna and pNHAnna laistigh de Cheann an Droichid agus de chrios maolánach 15 km

Limistéar	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe (NHA)	Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha Beartaithe (pNHA)
Portach Illies Hill	001127	
Portach na Camabhna	002405	
Portach an Iomaire Chaim	002406	
Loch Súilí lena n-áirítear An tOileán Mór, Cúil na Birte & Loch Inse		000166
Port Lough		000180
An Fheabhail, Mongavlin go Carraigín		002067

Carn Domhnach

Tá ceithre NHA agus sé pNHA lonnaithe laistigh de chrios tionchar an Phlean do Charn Domhnach mar a liostaítear i dTábla 5.12.

Tá forluí idir an crios maolánach 15km do Charn Domhnach agus Ceann an Droichd agus dá thoradh tá trí cinn de na NHAnna (Portach Chnoc na nUillí 001127, Portach Chamabhann 002405 agus Portach an Iomaire Cam 002406) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile.

Tábla 5.12: NHAnna and pNHAnna laistigh de Charn Domhnach agus de chrios maolánach 15 km

Limistéar	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe (NHA)	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe (pNHA)
Portach Illies Hill	001127	
Portaigh Shliabh Sneachta	002322	
Portach na Camabhna	002405	
Portach an Iomaire Chaim	002406	
Sliabh na Bulban		000120
Portach an Bhaile Láir /Mhachaire Drumann		000168
Coill Charn Domhnach		001098
Glaiséidí		001135
An Loch Fhada Thiar		001161
Cósta Thuaidh Inis Eoghain		002012

Baile Dhún na nGall

Tá pNHA amháin lonnaithe laistigh de Bhaile Dhún na nGall (Bá Dhún na nGall (Murbhach) 000133 agus trí NHA eile agus dhá pNHA déag lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don bhaile mar a liostaítear i dTábla 5.13.

Tá forluí idir an crios maolánach 15km do Bhaile Dhún na nGall agus an crios maolánach 15km do na trí baile, Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh agus na Cealla Beaga.

Dá thoradh tá dhá cheann de na NHAnna (Portach Cashelnavean 000122 agus Portach an Bhearnais Mhóir 002375) agus ceann de na pNHAnna (Portach na hAbhann Duibhe agus Clochar an Mhadaidh 002046) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall agus do Bhealach Féich-Srath an Urláir.

Tá cúig cinn de na pNHAnna (Baile an tSraitha 000115, Bá Dhún na nGall (Murbhach) 0001333, Loch Dhoirínse 000138, Portach Teamhair 001992, agus Loch Charraig na hEorna agus Loch Gorman 002068) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall agus do Bhéal Átha Seanaidh. Tá dhá cheann de na NHAnna (Portach Loch na nUillí (Carraig an tSléibhe) 000165 agus Portach Mhín Uí Bhradáin 001177) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga.

Tábla 5.13: NHAnna and pNHAnna laistigh de Bhaile Dhún na nGall agus de chrios maolánach 15 km

Limistéar	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe (NHA)	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe (pNHA)
Portach Cashelnavean	000122	
Portach an Locha Fhada	001159	
Portach an Bhearnais Mhóir	002375	
Baile an tSratha		000115
Bá Dhún na nGall (Murbhach)		000133
Loch Dhoirínse		000138
Loch Dearg (Dún na nGall)		000162
Loch Iascaigh agus Coill Ardnamona		000163
Portach Loch an Oileáin (Carraig an tSléibhe)		000165
Portach Mhín an Ghiúis/An tArd Bán		000172
Locha Dhún Rátha /Ardchlár Phaiteagó		001125
Meenybraddan Bog		001177
Scragh Mhín an Ghiúis		001880
Portach Teamhair		001992
Portaigh na hAbhann Duibhe agus Chloch an Mhadaidh		002046
Loch Charraig na hEorna agus Loch Gorman		002068

Na Cealla Beaga

Tá dhá NHA agus ocht pNHA lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do na Cealla Beaga mar a liostaítear ar Thábla 5.14. Tá forluí idir an crios maolánach 15km do thrí bhaile na Cealla Beaga, Baile Dhún na nGall agus Béal Átha Seanaidh. Dá thoradh tá dhá cheann de na pNHAnna (Portach Loch na nUillí (Carraig an tSléibhe) 000165 agus Portach Mhín Uí Bhradáin 001177) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do na Cealla Beaga agus do Bhaile Dhún na nGall.

Cé nach bhforluíonn an crios maolánach 15km do na Cealla Beaga leis an gcrios maolánach thart ar an gClochán Liath, a ghaireacht don Chlochán Liath á chur san áireamh, tá ceann de na pNHAnna (Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Aifrinn 000197) lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don dá bhaile.

Tábla 5.14: NHAnna and pNHAnna laistigh de na Cealla Beaga agus de chrios maolánach 15 km

Limistéar	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe (NHA)	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe (pNHA)
Portach Inis Dubh	000151	
Portach Chnoc an Mhuirín	001878	
Portach Loch an Oileáin (Carraig an tSléibhe)		000165
Portaigh Loch Onna/Loch Inseach		000167
Sliabh Liag		000189
Sliabh Tuaidh /An Tor Mór /Gaoth Luacharais Beag		000190
Pointe Charraig an Rois		000191
Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Mháis		000197
Portach Mhín Uí Bhradáin		001177
Portach na Cogaise		001938

Tugtar cosaint do SACanna agus doSPAnna ar leibhéal Eorpach agus Náisiúnta ach is ar leibhéal Náisiúnta amháin a thugtar cosaint do NHAnna. Is príomhghnáthóga eatramhacha nó conairí éiceolaíochta iad na gnáthóga lasmuigh de na limistéir ainmnithe seo a nascann láithreáin a bhfuil luach caomhantais príomha acu (e.g. uiscebhealaí, coillearnach agus fáлта sceach). I Nollaig 2007, d'ullmhaigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) an céad mheasúnacht bhunlíne ar stádas caomhantais do gach ceann de na 59 gnáthóg agus c.100 speiceas a liostaigh an AE le haghaidh cosanta in Éirinn agus d'fhoilsigh é i dtuarascáil dar teideal 'Stádas Gnáthóga & Speiceas faoi Chosaint an AE in Éirinn'(2008). Measadh go raibh cuid mhaith gnáthóg bainteach le huisce i ndroch chaoi ag an am sin. Rinneadh uasghrádú ar threoirlínte le stádas caomhantais gnáthóg agus speiceas a mheasúnú i 2011 ag an Lárionad Téamach Eorpach maidir le Éagsúlacht Bhitheolaíochta (ETC/BD) i gcomhar leis na Ballstáit a raibh ionadaíocht acu ar an Sainmheitheal Tuairiscithe faoi na Treoir maidir leis an Nádúr³.

Ag féachaint do Threoirlínte 2011, d'fhoilsigh an NPWS an dara tuarascáil Éireannach ar 'Stádas Gnáthóga & Speiceas faoi Chosaint an AE in Éirinn' (2013). I 2007, rinneadh léarscáiliú ar roinnt mhaith gnáthóg, é bunaithe ar bhreithiúnas saineolaí le cabhair ón gheolaíocht, ó ithreacha, ó léarscáiliú úsáide talún agus léarscáileanna OS.Is iomaí suirbhé ar mhórsála ar ghnáthóga a rinneadh sna blianta idir eatarthu. Mar sin tá na léarscáileanna ó 2013 níos beaichte ná na cinn a cuireadh ar fáil i 2007. Chinn Tuarascáil 2013 cé go bhfuil stádas neamhfhábhhartha ag cuid mhaith gnáthóg in Éirinn agus iad fós ag dul i léig, go bhfuil raon gníomhartha dearfacha ar siúl. Chinn Tuarascáil 2013 gurb iad "*leibhéil féaraigh atá mí-oiriúnach go héiceolaíoch na príomhbhrúnna ar ghnáthóga – agus is féidir gur tearc-innilt a bhí ann (nó tréigean féin fiú) mar aon le roinnt ró-innilt leanúnach; truailliú fionnuiscí, draenáil/agus nó gearradh tailte portaigh agus bogaigh; speicis ionracha; agus tá laghdú tagtha ar bhrúnna áineasa ón uirbiú, úsáid leasúcháin agus tógáil bóithre ón gcéad thréimhse tuairiscithe (2001-2006)" (Ich.148).Aithníonn NPWS go bhfuil cuid mhór dúshlán a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu roimh an chéad tuarascáil eile ar stádas gnáthóg & speiceas cosanta atá le teacht i 2019.*

Tá Achoimrí ar Láithreáin do SPAnna, cSACanna agus NHAnna ar fáil ón NPWS ag www.npws.ie. Tugann an Mheasúnacht Chuí (AA) (Tuarascáil Tionchair Natura), atá in éineacht leis an Tuarascáil Comhshaoil seo, cur síos ar mhionsonraí láithreán Natura 2000 laistigh de limistéar an Phlean agus iad sin atá laistigh de chrios maolánach 15 km ó gach baile den seacht mbaile. Áirítear sa tuarascáil AA láthair an láithreáin, ainm/cód an láithreáin, cuspóirí caomhnaithe an leasa cáilithigh agus bagairtí do shláine láithreáin, agus tá achoimre air i gCuid 3 den Tuarascáil Comhshaoil seo.

Síneann méid iomlán oidhreachta nádúrtha an Chontae de speicis fhiáine, gnéithe geolaíochta agus tírghnéithe, agus gnáthóga nádúrtha agus leathnádúrtha, níos faide amach ná na láithreáin sin amháin a bhaineann tairbhe as cosaint reachtúil. Deirtear faoi Airteagal 10 de Threoir ón AE maidir le Gnáthóga go ndéanfaidh Ballstáit iarracht, áit a mheasann siad é a bheith riachtanach, ina mbeartais forbartha agus pleanála maidir lena n-úsáid talún, bainistiú gnéithe den tírdhreach a spreagadh a bhfuil tábhacht mhór leo do fauna agus flora fiáin. Is iad na gnéithe sin, de bharr a struchtúr leanúnach agus líneach mar aibhneacha, nó a bhfeidhmeanna mar chlocha córa, mar linnte agus coillte beaga, atá riachtanach d'aistriú, scaipiú agus malartú géiniteach speiceas fiáin. Beidh na gnéithe éagsúil ó limistéar go limistéar agus áirítear ortha fáлта sceach, canálacha, linnte, locha, díoga agus bruacha, criosanna crann/foscaidh líneacha, coillearnaí ársa nó leathnádúrtha atá níos mó, conairí abhann agus gnáthóga eile atá tábhachtach go háitiúil.

Tá béim ar an ngá atá le bithéagsúlacht a chaomhnú go ginearálta sa Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta agus sa Choinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch atá sínithe agus daingnithe ag Éirinn. Tuigtear an éagsúlacht seo go minic i dtéarmaí an chineáil leathan plandaí, ainmhithe agus miocrorgánaigh ar imir daoine daonna tionchar orthu le himeacht ama. Áirítear ar Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta na hÉireann, 'Gníomhartha ar son na Bithéagsúlachta 2011-2016', cuspóirí, spriocanna agus gníomhartha chun bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint agus chun leathnú speiceas coimhthíoch ionrach a rialú. Foilseofar Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2021 níos deireanaí i mbliana.

³ http://bd.eionet.europa.eu/activities/Reporting/Article_17/reference_portal

Mar ar léiríodh sa Chumhdach Talún Corine i bhFíor 5.16 den Tuarascáil seo, tá cumhdach talún nádúrtha ar fud limistéar an Phlean íseal go maith i gcónaí; ach is cinnte gan amhras go mbeidh tionchar ag an gcúngach seasmhach ar ghnáthóga nádúrtha ar flora, fauna agus bithéagsúlacht nádúrtha. D'fhág glanadh fásra gur tháinig gnáthóga breacnádúrtha in áit na ngnáthóg nádúrtha. Mhéadaigh diansaothrú talmhaíochta, a tharla sa dara leath den chéad seo caite, baint fáлта sceach agus coillearnaigh. Le blianta beaga anuas d'fhág forbairt cuid mhór láithreán úrnua aon uaire i limistéar an Phlean gur tháinig ardú géar freisin ar bhaint fáлта sceach. Is acmhainn stairiúil agus nádúrtha tábhachtach iad fáлта sceach agus a ról mar chonairí fiadhúlra idir gnáthóga á chur san áireamh, a bhfiúntas ó thaobh taitneamhachta amhairc agus a suntas stairiúil mar theorainneacha páirce agus bailte fearainn.

Cuireann doiciméid beartais agus treoirilínte ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le deireanaí béim láidir ar an ngá atá le cáilíocht fheabhsaithe tithíochta laistigh de chomharsanachtaí inbhuanaithe agus dea-phleanáilte. Ba chóir don chur chuige comhtháite agus iomlánaíoch i leith pleanála, atá á mholadh ag an Roinn, cosaint agus feabhsú bithéagsúlachta a ionchorprú mar chroíchuspóir.

Is ionann líon na láithreán faoi chosaint (lena n-áirítear limistéir ainmnithe is iarrthóirí agus limistéir oidhreacht nádúrtha beartaithe) atá laistigh de chrios tionchair an Dréacht-Phlean in Éirinn agus mar a leagtar amach i dTábla 5.15. Tá breis agus 619 limistéar⁴ faoi chosaint i dTuaisceart Éireann mar a leagtar amach i dTábla 5.4. Tá meath tar éis teacht ar chuid mhaith de na speicis dhúchasacha ar fud oileán na hÉireann trí chailteanas gnáthóige, iomaíochas, forbairt agus talmhaíocht. Tugann reachtaíocht ó Éirinn, ó Thuaisceart Éireann agus ón Eoraip cosaint do roinnt de na speicis seo. (féach láithreán gréasáin an EPA chun tuilleadh eolais a fháil <http://www.epa.ie/>).

Tábla 5.15: Láithreáin Éiceolaíochta faoi Chosaint laistigh de Chrios Tionchair an Phlean i nDún na nGall

Láithreáin faoi Chosaint		An Líon sa Chontae
Láithreáin Natura 2000	SACanna	38
	SPAnna	20
Láithreáin Ramsar		4
NHA		13
pNHAnna		45
Anaclanna Dúlra	Ainmnithe	4
	Neamhainmnithe	0
Páirceanna Náisiúnta		1

Léiríonn tírdhreach, bithéagsúlacht agus éiceolaíocht acmhainní suntasacha a gcuirtear de chúram ar gach glúin a chaomhnú agus a chosaint do na glúnta atá le teacht. Cuirfidh speicis mheascaithe i bplandálacha foraoise, le béim ar chrua-adhmaid dúchasacha, leis an tírdhreach nádúrtha, cuirfidh siad bithéagsúlacht chun cinn agus ionsúigh siad tocsaí ón atmaisféar; agus caithfidh údarás áitiúla agus an tseirbhís foraoiseachta dea-chleachtas dá leithéid sa todhchaí a chur i bhfeidhm. Tá caomhnú portach tábhachtach ní ó thaobh peirspectíochtaan tírdhreacha agus na hoidhreacht cultúrtha amháin, ach freisin toisc go léiríonn siad linnte dé-ocsaíd charbóin an-suntasacha agus mar sin go bhfuil ról rí-tábhachtach le glacadh acu in athrú aeráide a chúiteamh. Tá na réimsí is mó in Éirinn de Bhratportach an Atlantaigh agus de Bhratphortach Sléibhe ag Contae Dhún na nGall.

⁴<https://www.daera-ni.gov.uk/topics/biodiversity-land-and-landscapes/protected-areas>

5.2 Uiscí Sliogéisc Ainmnithe

Is é aidhm na Treorach maidir le hUiscí Sliogéisc 2006/113/CE uiscí sliogéisc a chosaint nó a fheabhsú chun tacú le beatha agus fás sliogéisc. Tá sé ceaptha gnáthóg uisceach moileasc gastrapódacha agus débhlascacha a chosaint, lena n-áirítear oisírí, diúilicíní, ruacain, muiríní agus breallaigh. Ceanglaíonn an Treoir ar Bhallstáit uiscí a ainmniú a bhfuil cosaint uathu chun tacú le beatha agus fás sliogéisc. Leagann an Treoir amach ceanglais fhisiciúla, cheimice agus mhicribhitheolaíochta go mbíonn ar uiscí sliogéisc ainmnithe a chomhlíonadh nó iarracht a dhéanamh iad a fheabhsú.

Cuirtear an Treoir chun feidhme in Éirinn ag Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Sliogéisc 2006 (I.R. 268 de 2006 arna leasú ag I.R. 55 agus I.R. 464 de 2009). Tá 12 'Uiscí Sliogéisc' laistigh de Chontae Dhún na nGall a ainmníodh de bhun Alt 4 de na Rialacháin Sliogéisc (arna leasú), a bhfuil 9 gcinn díobh lonnaithe laistigh de cheantar an Phlean (féach Tábla 5.17). Tá 'Clár Laghdú Truailithe' ag gach Uisce Sliogéisc agus réimse ainmnithe laistigh den Chontae a bhunaigh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar féidir a mhionsonraithe a fháil ag www.housing.gov.ie. D'fhéadfadh brú ar limistéir fáis sliogéisc teacht ó fhoinsé ar bith a sceitheadh isteach in uisce. Léiríonn Tábla 5.16 réimse leathan na mbagairtí ionchasach ar na ceantair seo.

Tábla 5.16: Bagairtí Ionchasacha do Limistéir Fáis Sliogéisc

Brú ag Éirí as Athruithe Struchtúrtha	Brúna Ó Phointe na Foinse	Brúna Foinse Idirleata	Brúna Comhshaoil
Cainéalú agus dreidireacht	Scaoileadh amach ó ghléasra cóireála dramhuisce	Draenáil ó cheantair uirbeacha, ó cheantair féarach agus curaíochta (lena n-áirítear feirmeoireacht déiríochta, feirmeoireacht eallach agus fás barraí)	
Cosaint ar Thuillte agus claífoirt	Sceitheadh ceadaithe ag an EPA	Draenáil ó bhóithre agus ó iarnróid	
Dambaí, Loic agus coraí	Sceitheadh ceadaithe ag údaráis áitiúla	Foraoiseacht	
Dian-úsáid talún (draenáil talún)	Forsceitheadh ó chórais séarachais a ghabhann thar gléasraí cóireála, a tharlaíonn mar gheall ar stoirmeacha báistí, ar a dtugtar de ghnáth forsceitheadh comhchórais séaraigh (CSOanna).	Dabhcha séarachais	
Struchtúir fhoirgnithe e.g. calaí agus cuanta	Sceitheadh ó ghléasra cóireála uisce	Gníomhaíochtaí a úsáideann substaintí contúirteacha (foraoiseacht agus talmhaíocht)	
Sil-leagan ó chartadh dreideála			
Cosaintí cósta			

Tá speicis Aguisín II mar dhiúilicín péarla fionnuisce (Margaritifera) agus bradáin an-íogair don truailiú. Éilíonn margaritifera tosca thar a bheith olagatrófach, de rogha aibhneacha le innéacs cáilíochta bitheach Q5 (Éire) nó luach GQS de A (Tuaisceart Éireann). Úsáideann an EPA agus NIEA na luacha Q5 agus A, faoi seach, le catagóirí den stádas cáilíochta is airde a léiriú. Tháinig meath suntasach ar dháileadh agus ar líon an speicis diúilicín péarla fionnuisce. Tá cáilíocht uisce an-mhaith ó bhradáin den chineál a fhaightear de ghnáth i sruthanna ardtailte. Tá gá ag an speiceas le linn, sleamhnú agus scardán. Teastaíonn aibhneacha uathu nach bhfuil dreideáil ar siúl iontu agus nach bhfuil aon athruithe gan coinne iontu, leithéidí a d'fhéadfadh teacht trí mhionathruithe fhisiciúla.

Agus suíomh geografach na seacht mbaile agus a gcriosanna maolánacha 15km laistigh de limistéar an Phlean á gcur san áireamh, agus teorainneacha sainithe na nUiscí Sliogéisc, tá roinnt forluí ann a fhágann go mbíonn roinnt de na huiscí ainmnithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do roinnt de na bailte laistigh den LAP. Léirítear suíomh na nUiscí Sliogéisc ainmnithe laistigh de limistéar an Phlean ar Fhíor 5.11. Tá liosta na nUiscí Sliogéisc agus na ndobharlach gaolmhara, agus dobharcheantar an bhaile LAP ina bhfuil na huiscí ainmnithe lonnaithe, ar Thábla 5.17 agus tá cur síos orthu thíos (bunaithe ar eolas atá ar fáil ó www.housing.gov.ie agus Measúnachtaí Dobharcheantar an EPA, Márta 2017).

Tábla 5.17: Uiscí Sliogéisc Ainmnithe laistigh de limistéar an Phlean

Uiscí atá Ainmnithe mar Uiscí Sliogéisc i gCo. Dhún na nGall	Dobharcheantar Bhaile/Bhailte LAP	Cuspóir Bainte Amach?		Tuairim
		Tá	Níl	
Bá Dhún na nGall	Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall		✓	Bunaithe ar an Chlár Laghdaithe Truailithe Sliogéisc is WWTP agus dabhcha séarachais Thamhnach an tSalainn is mó atá ag cur brú.
An Clochán Liath	An Clochán Liath (Dungloe)	✓		
Béal an Bheara	An Clochán Liath (Dungloe)	✓		
Bá Ghaoth Dobhair	An Clochán Liath (Dungloe)	✓		
Bá Inbhir	Béal Átha Seanaidh Baile Dhún na nGallagus na Cealla Beaga	✓		
Loch Súilí	Ceann an Droichid	✓		
Bá Mhic Suibhne	na Cealla Beaga		✓	Bunaithe ar shaintréithe WFD, talmhaíocht is mó atá ag cur brú
Trá Bhréige	Carn Domhnach	✓		
Trá Éanach	An Clochán Liath (Dungloe)	✓		
An Mhaoil Rua Dún na nGall	N/A			
Gaoth Luacharaois Beag	N/A			
Cuan na gCaorach	N/A			

Foinse: Measúnachtaí Dobharcheantair an EPA (Márta 2017)

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá ceithre Uiscí Sliogéisc ainmnithe i gcrios tionchair an Phlean don Chlochán Liath agus is iad sin, An Clochán Liath, Béal an Bheara, Bá Ghaoth Dobhair agus Trá Éanach. Is é An Clochán Liath an príomhionad uirbeach i ndobharcheantair sliogéisc an Chlocháin Leith, Bhéal an Bheara agus Thrá Éanach. Is é An Bun Beag-Doirí Beaga an príomhbhaile i ndobharcheantar sliogéisc Bhá Ghaoth Dobhair.

Limistéar Sliogéisc an Chlocháin Léith: Tá achar 5.9km²sa limistéar sliogéisc ainmnithe laistigh den bhá. Síneann sé ó Thobar Caoin go Inis Fraoich síos go dtí an Tearmann agus ar ais feadh an chósta. Tá achar de bhreis ar 70km² sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc lena n-áirítear Abhainn an Chlocháin Léith.

Limistéar Sliogéisc Bhéal an Bheara: Tá achar 3.5km²sa limistéar ainmnithe sliogéisc laistigh den bhá. Cuimsíonn sé Inbhear Bhéal an Bheara laistigh de limistéar a shainítear ag an gcainéal ag Pointe na Corra agus Ceann Ros Eoghain agus an cainéal ag béal Ghaoth Bheara. Tá achar de bhreis ar 166.3km² sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc lena n-áirítear Abhainn Ghaoth Bheara.

Limistéar Sliogéisc Bhá Ghaoth Dobhair: Tá achar 5.7km²sa limistéar ainmnithe sliogéisc laistigh den bhá. Tá achar 236.6km²sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc lena n-áirítear Abhainn Chroithlí (Ghaobh Dobhair) agus na Cláidí.

Limistéar Sliogéisc Thrá Éanach: Tá achar 8.04km²sa limistéar ainmnithe sliogéisc laistigh den bhá. Síneann sé trasna an chainéil ó Ghob na Dumhcha go Machaire Maoláin. Tá achar 68.9km²sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc lena n-áirítear dhá abhainn bheaga, Abhainn na Leice agus Abhainn na Marbh.

Comhlíonann na ceithre limistéar sliogéisc na caighdeáin ábhartha agus níl aon saincheistanna imní faoi cháilíocht uisce.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Níl aon Uiscí Sliogéisc ainmnithe i gcrios tionchair an Phlean do Bhealach Féich-Srath an Urláir.

Béal Átha Seanaidh

Tá dhá Uisce Sliogéisc ainmnithe i gcrios tionchair an Phlean do Bhéal Átha Seanaidh agus is iad sin Bá Dhún na nGall agus Bá Inbhir. Tá na limistéar sliogéisc seo lonnaithe freisin laistigh den chrios maolánach 15km thart ar Bhaile Dhún na nGall agus ar na Cealla Beaga. Is é Baile Dhún na nGall an príomhionad uirbeach i ndobharcheantar limistéar sliogéisc Bhá Dhún na nGall. Is é Dún Cionnaola an príomh-shráidbhaile in abhantrach Bhá Inbhir.

Limistéar Sliogéisc Bhá Dhún na nGall: Tá achar 12.6km² sa limistéar ainmnithe sliogéisc laistigh den bhá agus clúdaíonn sé an chuid istigh den bhá. Is sraith de bhánna cónasctha é agus roinnt oileán neamháitrithe tríd (agus ceann áitrithe amháin) atá nasctha leis an mórthír via cabhsa. Tá achar 286.3km² sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc atá draenáilte ag cúig phríomhchúrsa uisce a ritheann isteach sa bhá istigh, is iad sin an Iascaigh, abhainn na hEidhní, Bhaile an tSratha, na Lathaí agus Bhaile an Droichid.

Limistéar Sliogéisc Bhá Inbhir: Tá achar 24.7km² sa limistéar ainmnithe sliogéisc laistigh den bhá agus síneann sé ó Phointe Charraig an Rois trasna go Doorin Point. Tá achar beagnach 207.9km² sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc lena n-áirítear Abhainn na hEidhní.

Theip ar limistéar sliogéisc Bhá Dhún na nGall ó thaobh comhlíonta micróbaigh i 2015 toisc go raibh an céatadán comhlíonta le E.coli níos lú ná 75%. Aithnítear an Gléasra Cóireála Dramhuisce agus na damhcha séarachais gaolmhara ag Tamhnach an tSalainn mar bhrú suntasach ar an Uisce Sliogéisc ainmnithe seo. Comhlíonann limistéar sliogéisc Bhá Inbhir na caighdeáin ábhartha agus níl aon imní faoi cháilíocht uisce.

Ceann an Droichid

Tá aon Uisce Sliogéisc ainmnithe amháin i gcrios tionchair an Phlean do Cheann an Droichid agus is é sin Loch Súilí.

Limistéar Sliogéisc Loch Súilí: Tá achar 113.5km² sa limistéar ainmnithe sliogéisc laistigh de Loch Súil agus síneann sé ó dheas ó Chionn Dhún Damh agus Cionn Fhánada go Moneyhaughy agus Greenhill, cé is moite de na limistéir cois chósta idir Carraigeacha Colpaghs agus Rinn Ramhrois, claífort na hInse, claífort Drumboy agus cainéal Ráth Mealtain suas an sruth ó acra pointe. Tá achar beagnach 949.7km² sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc lena n-áirítear roinnt aibhneacha, an tSúileach agus an Liónán san áireamh.

Comhlíonann an limistéar sliogéisc seo na caighdeáin ábhartha agus níl aon saincheisteanna imní ann faoi cháilíocht an uisce.

Carn Domhnach

Tá aon Uisce Sliogéisc ainmnithe amháin i gcrios tionchair an Phlean do Charn Domhnach, is é sin Trá Bhréige. Is é Carn Domhnach an príomhionad uirbeach sa dobharcheantar sliogéisc seo.

Limistéar Sliogéisc Thrá Bhréige: Tá achar 4.3km² sa limistéar ainmnithe sliogéisc agus síneann sé ó Moanrealtagh Point go Pointe Dhumhaigh Mhóir agus thart ar Fergal Point. Tá achar c 144.7km² sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc lena n-áirítear roinnt aibhneacha beaga, aibhneacha Bhaile na Bó, Dhomhnaigh agus Ghleann Ó gCanann san áireamh.

Comhlíonann an limistéar sliogéisc seo na caighdeáin ábhartha agus níl aon saincheisteanna imní faoi cháilíocht uisce.

Baile Dhún na nGall

Tá dhá Uisce Sliogéisc ainmnithe i gcrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall agus is iad sin Bá Dhún na nGall agus Bá Inbhir a bhfuil cur síos orthu thuas. Is é Baile Dhún na nGall an príomhionad uirbeach i ndobharcheantar sliogéisc Bhá Dhún na nGall.

Mar a thugtar ar aird thuas theip ar limistéar sliogéisc Bhá Dhún na nGall i gcomhlíonadh miocróbach i 2015, ach chomhlíon Bá Inbhir na caighdeáin ábhartha.

Na Cealla Beaga

Tá trí Uisce Sliogéisc ainmnithe i gcrios tionchair an Phlean do na Cealla Beaga, is iad sin Bá Dhún na nGall, Bá Inbhir agus Bá Mhic Suibhne.

Limistéar Sliogéisc Bhá Mhic Suibhne: Tá achar 2.7km² sa limistéar ainmnithe sliogéisc laistigh den bhá. Clúdaíonn sé Bá Mhic Suibhne in iomlán laistigh de líne soir ó dheas ó An Moiltín agus siar ó Kiln Port. Tá achar de bheagnach 112.6km² sa dobharcheantar a chuireann leis an limistéar sliogéisc agus draenáiltear é ag abhainn amháin, Abhainn Áile a ritheann isteach sa bhá ag Baile an Locháin. Is é Dún Cionnaola an príomh-shráidbhaile i ndobharcheantar Bhá Mhic Suibhne.

Theip ar limistéar sliogéisc Bhá Mhic Suibhne sa chomhlíonadh miocróbach i 2015 toisc go raibh an céatadán comhlíontachta E.coli níos lú ná 75%. Bunaithe ar thréithriú na Creat-treorach Uisce (WFD), is é an talmhaíocht an brú suntasach ar an Uisce Sliogéisc ainmnithe seo. Mar ar tugadh ar aird thuas theip ar limistéar sliogéisc Bhá Dhún na nGall sa chomhlíonadh miocróbach i 2015 cé go gcomhlíonann Bá Inbhir na caighdeáin ábhartha agus níl aon saincheisteanna imní maidir le cáilíocht uisce.

5.3 Diúilicín Péarla Fionnuisce

Tá an diúilicín péarla *Margaritifera margaritifera* tar éis cuid mhór spéise a mhealladh le blianta beaga anuas de bharr a éiceolaíochta suimiúla, a shaol-ré, a chumas péarlaí a chur ar fáil, agus níos tábhachtaí ná aon rud eile, an meath atá tar éis an speiceas a fhágáil i mbaol a dhíothaithe. Tá meath an-tromchúiseach ar an speiceas ar fud a raon agus tá sé liostaithe i leabhar sonraí dearg IUCN mar

speiceas atá i mbaol ar fud an domhain. Mar a thugann an t-ainm le fios, cuireann an diúilicín seo péarlaí fionnuisce ar fáil, agus de bharr a dhúshaothraithe stairiúla, tá cosaint ag an speiceas faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976-2014 agus Aguisín V den Treoir um Ghnáthóga. Léiríonn Fíor 5.11 suíomh Diúilicín Péarla Fionnuisce bainteach le limistéar an Phlean. Deir measúnú ar an stádas foriomlán go bhfuil sé go dona agus ag dul i léig; ach d'fhéadfadh ionchas don speiceas seo feabhsú⁵. Ach ní de thoradh dúshaothraithe meath dian reatha na speiceas, ach de bharr dríodraithe agus saibhriú a ghnáthóige⁶.

Tá sé dhobharcheantar Diúilicín Péarla Fionnuisce i gContae Dhún na nGall agus tá trí cinn acu lonnaithe i Limistéar an Phlean (féach Tábla 5.18).

Tábla 5.18: Dobharcheantair Diúilicín Péarla Fionnuisce laistigh de limistéar an Phlean

Dobharcheantair Diúilicíní Péarla Fionnuisce i gCo. Dhún na nGall	Baile (Bailte)
Cláidí	An Clochán Liath (Dungloe)
Iascaigh	Baile Dhún na nGall, Bealach Féich-Srath an Urláir
Abhainn Fhia	An Clochán Liath (Dungloe), Baile Dhún na nGall
Leanainne	N/A
Glaskeelan	N/A
Abhainn Choradh	N/A

Foinse: Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí laistigh den Phlean

Ullmhaíodh Phlean Bainistithe Fo-Abhantraí Diúilicín Péarla Fionnuisce don gach dobharcheantar Diúilicín Péarla Fionnuisce sa Chontae, agus cuireann siadsan, in éineacht leis na Pleananna Bainistithe Abhantraí, clár mionsonraithe bearta ar fáil chun gnáthóg an diúilicín péarla fionnuisce a fheabhsú sa chaoi gur féidir leis stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach. Is iad na Pleananna Bainistíochta Fo-Abhantraí laistigh den Phlean ná:

- Plean Bainistithe Fo-Abhantraí na Cláidí
- Plean Bainistithe Fo-Abhantraí Eske
- Plean Bainistithe Fo-Abhantraí Abhainn Fhia

Tá roinnt tosa ag teacht le chéile chun bagairt thromchúiseach a chur ar fáil do na daonraí pórúcháin de na Diúilicíní Péarla atá fanta. Is cúis imní ar leith iad trí cinn acu. Ar dtús, tá leasúchán curtha arís agus arís eile ar thalamh talmhaíochta nach ndearnadh dianbhainistiú air go stairiúil agus tá sé ag éirí sáithithe le fosfar. Ar an dara dul síos, tá aonaid foraoiseachta ag teacht chun aibíochta agus, i réimsí portaigh ardtailte go háirithe, agus tá an t-ionchas ann lena leagan go ndéanfaí mórchainníochtaí fosfair a scaoileadh isteach sna haibhneacha seo. Sa tríú háit, tá an diansaothrú forbartha le deireanaí agus an glanadh talún gaolmhar, an brú ar scéimeanna séarachais agus lonnú míchuí córas ar an láthair do thithíocht aonuaire gar d'aibhneacha, ag cur leis an ualach dríodair agus cothaithe. Tá an tríú céim den damáiste do ghnáthóg an diúilicín péarla sna haibhneacha seo tar éis é féin a léiriú ó tháinig an Treoir um Ghnáthóga i bhfeidhm agus tharla meath tromchúiseach i roinnt aibhneacha tar éis a n-ainmnithe mar SACanna, cé go raibh roinnt de na cúiseanna leis an meath ann roimh a n-ainmniú. Léiríonn Tábla 5.19 cuspóirí caomhnaithe agus bagairtí maidir le láithreáin liostaithe ar Sceideal 1 de Rialacháin Cuspóirí Comhshaoil na gComhphobal Eorpach (Diúilicín Péarla Fionnuisce) 2009 laistigh de limistéar an Phlean

⁶www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/Art17-Vol1-web.pdf

Tábla 5.19: Cuspóirí agus Bagairtí don Diúilicín Péarla Fionnuisce

Dobharcheantar Bhaile/Bhailte LAP	SAC cód an láithreáin ainm an láithreáin	Diúilicín Péarla Fionnuisce (margaritifera) margaritifera) Ainm an daonra	Cuspóirí Caomhantais	Bagairtí do shláine an láithreáin
An Clochán Liath (Dungloe)	000140 SAC Portach Fhána Bhuí/Loch na Cuinge	An Chláidigh	Na gnáthóga Aguisín 1 a bhfuil an cSAC roghnaithe ag stádas caomhantais fabhrach, a chothabháil: Fraochmhánna fliucha an Atlantaigh Thuaidh le tetralixErica; Bratphortach; Loig ar shubstráití móna de Rhynchosporion. Na gnáthóga Aguisín II a bhfuil an cSAC roghnaithe ag stádas caomhantais fabhrach, a chothabháil: Margaritifera margaritifera.	Athruithe ar hidreolaíocht áitiúil lena n-áirítear draenáil; baint mhóna; ró-innilt; foraoiseacht; dó; cailteanas díreach gnáthóige don fhorbairt; draenáil artaireach/astarraingt uisce/íslíú an mhaoschláir réigiúnaigh; míntíriú talmhaíochta. Tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach. Dumpáil Mhídhleathach.
Baile Dhún na nGall agus Bealach Féich-Srath an Urláir	000163 Loch Iascaigh agus Coill Ardnamona	Iascaigh	Na gnáthóga Aguisín I a bhfuil an cSAC roghnaithe ag stádas caomhantais fabhrach, a chothabháil: Uiscí Olagatrófacha nach bhfuil ach fórbheagán mianraí de mhánna gainnimh iontu (Littorelletalia uniflorae); Fuaráin chlochraithe le foirmiú tufa (Cratoneurion); Dóirí ársa neamhghasánacha le Ilex agus Blechnum in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór. Na	Cailteanas díreach gnáthóige don fhorbairt; úsáid taitneamhachta/áineasa; speicis ionracha; easpaforbartha coillearnaí/forbairt mhíchuí; ró-innilt (fianna). Tabhairt isteach seiceas coimhthíoch ionrach. Dumpáil Mhídhleathach. Truailliú méadaithe/laghdú ar cháilíocht uisce. Bagairtí ionchasacha do Dhiúilicín Péarla Fionnuisce.

			gnáthóga Aguisín II a bhfuil an cSAC roghnaithe ag stádas caomhantais fabhrach, a chothabháil: Margaritifera margaritifera; Salmo salar; Trichomanes speciosum.	
An Clochán Liath (Dungloe) Agus Baile Dhún na nGall	000197 Siar ó Ard an Rátha/Bóthar an Mháis	Abhainn Fhia	Na gnáthóga Aguisín II a bhfuil an cSAC roghnaithe ag stádas caomhantais fabhrach, a chothabháil: <i>Vertigo geyeri</i> Síofróg Uisce, Diúilicín Péarla Fionnuisce, Fritileán Réisc, Lus na bPeieal, Bradán Atlantach, Rón Beag, Seilide Rinseach agus Dobhrán.	Feabhsúcháin talmhaíochta/míntíriú; draenáil/athruithe ar hidreolaíocht áitiúil; cáilíocht/truailliú uisce (lena n-áirítear screamhuisce); tréigean talmhaíochta; ró/tearc-innilt; cailteanas díreach don fhorbairt; cúngach ar raithneach & scrobarnach; baint mhóna/scraithe in eanaigh; tionchair ar gheolaíocht/gheomoirfeolaíocht áitiúil. Tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach. Dumpáil Mhídhleathach. Dó. Truailliú méadaithe/laghdú ar cháilíocht uisce. Leagan/baint Crann. Géarleanúint (Nimhiú).

Dobharcheantar Chláidí

Tá dobharcheantar Chláidí lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don Chlochán Liath. Is éard atá sa Chláidigh ná an sceitheadh as Loch na Cuinge, a shníonn ar feadh thart ar 5km soir siar roimh dhul isteach san fharrage di ag Bá Gaoth Dobhair. Gabhann sí trí bhaile Gaoth Dobhair (thart ar 2km ó dheas de Loch na Cuinge) agus tríd an Bun Beag (thart ar 1km suas an abhainn ón bhfarrage). Tá dhá loch mhóra i ndobharcheantar na Cláidí: Loch na Cuinge agus Loch Dhún Lúiche, iad méadaithe de bharr gaibhnithe uisce. Tá na lochanna domhain agus mór agus tá alcaileachtaí ísle iontu. Rangáítear Loch na Cuinge faoi láthair ag stádas measartha agus tá stádas maith ag Loch Dhún Lúiche faoin WFD agus tuairiscítear daonraí maithe ruabhreac Artach agus breac donn a bheith acu.

Is iad na príomhfheabhsúcháin a theastaíonn do Dhobharcheantar na Cláidí óg-ghnáthóga a athbhunú go staid chuí trí ionchuir cothaithe agus síolta isteach san abhainn a laghdú ag an aon am amháin. (Foinse: Plean Bainistithe Fo-Abhantraí na Cláidí 2010.epa.ie).

Dobharcheantar na hIascaí

Tá dobharcheantar na hIascaí lonnaithe i bpáirt laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhealach Féich-Srath an Urláir agus Baile Dhún na nGall. hinn staidéar ar an diúilicín péarla fionnuisce i 2006 nach raibh diúilicíní ann nó má bhí is go fánach é (níos lú ná 20 an 100m) sna linnte ar stráicí uachtaracha na hIascaí in aice agus isteach sa loch, iad fliúirseach (os cionn 250 an 100m) idir Droim na Coradh agus an cumar leis an Sruthán Aolchloiche, agus fánach agus minic go coitianta (20–250 an 100m) i gcodanna den stráice os cionn Droichead Thrushbank. Taobh thíos den droichead seo tá na diúilicíní fánach den chuid is mó, le corr-rith maith rifle le dlúis níos minicí go coitianta síos chomh fada le droichead an N56. Cé is moite de roinnt bearnaí sna gnáthóga ó dheas den droichead tá na diúilicíní

flúirseach ar an mórgcóir i bhformhór na stráicí idir droichead an N56 agus cumar Drummenny. Taobh thíos, is dlúis minic go coitianta atá ann chomh fada leis an tionchar inbhearach i gceantar droichead an bhaile, agus thíos faoi seo ní ann do na diúilicíní.

Tá daonra diúilicíní péarla na hIascaí tábhachtach, go háirithe mar go bhfuil sé leathnaithe ón loch tríd an abhainn ina hiomláine go dtí a teorainn inbhearach. Mar sin, clúdaíonn an ghnáthóg ionchasach don speiceas achar agus fad mór. Ach ina dhiaidh sin tá riocht an-neamhfhabhrach ar an daonra agus tá sé i mbaol díothaithe tapa mura n-iompaítear na brúnna dobharcheantair a ba chúis lena mheath droim ar ais.


Is iad na príomhfheabhsúcháin a theastaíonn do Dhobharcheantar na hIascaí óg-ghnáthóga a athbhunú go staid chuí trí ionchuir cothaithigh agus siolta isteach san abhainn a laghdú ag an aon am amháin. (Foinse: Plean Bainistithe Fo-Abhantraí na hIascaí 2010.epa.ie).

Dobharcheantar Abhainn Fhia

Tá dobharcheantar Abhainn Fhia lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don Chlochán Liath agus do Bhaile Dhún na nGall. TTá dobharcheantar Abhainn Fhia c. 126.08km², é in Iarthar Dhún na nGall agus ritheann sé ó na Cruacha san oirthear go dtí an fharraige ag Ard an Rátha. Áirítear ann Abhainn Fhia, Abhainn an tSealgáin agus an Abhainn Gharbh. Ritheann Abhainn Fhia feadh 13 míle, Loch Fhia á dhraenáil aici in iartharna gCruacha, isteach i nGaoth Luacharaois Mór ag Ard an Rátha. Tá codanna de SAC Ard an Rátha/Bóthar an Mháis agus SAC Phortach Loch an Oileáin laistigh de dhobharcheantar Abhainn Fhia a bhfuil roinnt lochanna san áireamh ann freisin. Tá na Gleannta laistigh den dobharcheantar agus Ard an Rátha agus An Más díreach lasmuigh de.

Rinneadh suirbhéithe i 1988, 1992, 1996, 2005 agus 2007. Chinn measúnú tapa a rinneadh i 2007 gur lean an daonra air ag dul i laghad maidir leis an líon agus leis an méid geografach. (Foinse: Plean Bainistithe FO-Abhantraí Abhainn Fhia 2010.epa.ie).

Fíor 5.11: Dobharcheantair agus láithreáin Diúilicín Péarla Fionnuisce agus Uiscí Sliogéisc Ainmnithe laistigh de Theorainneacha Baile agus crios maolánach 15km



5.4 Láithreáin Ramsar

Bunaíodh an Coinbhinsiún um Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éanlaith Uisceag Ramsar i 1971 agus dhaingnigh Éire é i 1984. Is é príomhaidhm an Choinbhinsiúin ainmniú bogach ag gach stát conarthach ina gcríocha a chinntiú le cur san áireamh ar liosta bogach a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo d'éanlaith uisce. Tá tiomantas i gceist anseo do gach stát conarthach do bheartas cosanta agus bainistithe na mbogach ainmnithe, agus pleanáil a fhoirmlíú agus a chur i bhfeidhm chun caomhnú bogach ainmnithe a spreagadh agus, chomh fada agus is féidir, úsáid chiallmhar bogach ina gcríocha.

Tá ceithre láithreán Ramsar ainmnithe laistigh de Chontae Dhún na nGall. Tá trí cinn de na láithreáin Ramsar laistigh den Chontae lonnaithe laistigh de limistéar an Phlean do na bailte seo a leanas: An Clochán Liath, Carn Domhnach agus Baile Dhún na nGall agus tá an láithreán atá fanta lonnaithe díreach lasmuigh de chrios maolánach 15km don Chlochán Liath. Chomh maith leis seo, tá láithreán Ramsar amháin i dTuaisceart Éireann lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Cheann an Droichid. Níl aon láithreán Ramsar lonnaithe laistigh de theorainn an bhaile LAP nó laistigh d'achar 15km de bhailte Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh nó na Cealla Beaga. Tá na láithreáin Ramsar laistigh de limistéar an Phlean liostaithe i dTábla 5.20 agus léirithe ar Fhíor 5.12. Tá achoimre ar mhionsonraí maidir le gach láithreán ar fáil thíos agus féadtar breathnú orthu ag www.irishwetlands.ie.

Tábla 5.20: Láithreáin Ramsar laistigh de limistéar an Phlean

Láthair	Cód an Láithreáin	Achar (Ha)	Comhordanáidí	Dáta Ainmnithe
Ardchlár Phaiteagó	Cód 331	c. 900	54°37'N 007°57'W	31/07/86
Portach Loch Beara	Cód 373	c. 176	54°57'N 008°07'W	01/06/87
Portach Mhín an Chuilinn	Cód 475	c. 194	54°54'N 008°07'W	30/05/90
Bá Thrá Bhréige	Cód 841	c. 1,003	55°17'N 007°15'W	11/06/96
Loch Feabhail (NI)	Code 974	c. 2204	55°24'N 07°37'W	02/02/99

An Clochán Liath (Dungloe)

Níl aon láithreán Ramsar lonnaithe laistigh de theorainn baile LAP don Chlochán Liath. Tá ceann de na láithreáin, Portach Loch Beara (cód 373) lonnaithe i bpáirt díreach laistigh d'achar 15km on mbaile, cé go bhfuil sé lasmuigh den chrios maolánach den chuid is mó. Chomh maith leis seo tá Portach Mhín an Chuilinn (cód 475) lonnaithe freisin díreach lasmuigh (ach i ndlúthghaireacht) den chrios maolánach 15km soir ón mbaile agus díreach ó dheas ó Phortach Loch Beara.

Portach Loch Beara: Tá an láithreán seo ina chuid den limistéar is fairsinge agus is sláine de bhratphortach ísealchríche in iarthuaisceart na hÉireann. Cuimsítear sa láithreán cuid mhór coimpléacsanna de linnte beaga agus sruthluithe agus iarsmaí de choillearnach dúchasach duillsilteach agus *Quercus petraea* in uachtar. Ar na héin ghoir áirítear *Falco columbarius* agus *Pluvialis apricaria*, agus ealta geimhríthe den ghé atá leochaileach go domhanda *Anser albifrons flavirostris*.

Portach Mhín an Chuilinn: Áirítear sa láithreán seo ceantar de bhratphortach ísealchríche agus cuid d'uisce uachtair fho-abhann mór d'Abhainn Ghaoth Beara. Grádaíonn an bratphortach ina fhraocmhá fhéarach fhliuch agus áirítear ann eanach agus cúpla coimpléacs locha agus linnte beaga. Baineann éin ghoir éagsúla úsáid as an láithreán agus bíonn ealta beag den ghné atá leochaileach go domhanda, *Anser albifrons flavirostris*, ann sa gheimhreadh.

Ceann an Droichid

Níl aon láithreán Ramsar lonnaithe laistigh d'Éirinn, laistigh de theorainn baile LAP do Cheann an Droichid nó laistigh d'achar 15km den sráidbhaile. Ach tá láithreán Ramsar amháin, Loch Feabhail (cód 974), laistigh de chrios tionchair an Phlean lonnaithe i dTuaisceart Éireann.

Loch Feabhail: Tá Loch Feabhail ar chósta thiar thuaidh Thuaisceart Éireann agus trasnaíonn an teorainn idirnáisiúnta le hÉirinn. Cuimsíonn an láithreán loch farraige éadomhain mór lena n-áirítear inbhir an Fheabhail, na Fochaine agus Abhainn na Ró. Cuimsíonn an láithreán réileáin láibe idirthaoideacha fhairsinge agus réileáin ghainimh (le leapacha Diúilicín *Mytilus edulis*), riasca goirt agus díoga goirt gaolmhara. Tugann na gnáthóga cósta tacaíocht do roinnt éan uisce le linn tréimhsí imirce, agus sa gheimhreadh lena n-áirítear ealaí, géanna, lachain agus lapairí. Tugtar aird ar leith don loch a thacaíonn le céatadán ard de dhaonra idirnáisiúnta Cadhan Cheanada/na hÉireann *Banta bernicla hrota*.

Carn Domhnach

Cé nach bhfuil aon láithreán Ramsar lonnaithe laistigh de theorainn baile LAP do Charn Domhnach, tá láithreán amháin lonnaithe laistigh den chrios maolánach 15km lastuaidh de Thrá Bhréige (cód 841).


Trá Bhréige: Bá farraige faoi fhothain gan aon abhainn mhór ag dul isteach ann. Tugann an láib ghainmheach tacaíocht do líon réasúnta beag éan ach tá éagsúlacht mhór speiceas ann lena n-áirítear géanna giúrlainne *Branta leucopsis*, Cadhain *B. bernicla hrota*, agus *Charadrius hiaticula*.

Baile Dhún na nGall

Níl aon láithreáin Ramsar lonnaithe laistigh de theorainn baile LAP do Bhaile Dhún na nGall; ach tá láithreán amháin lonnaithe laistigh de chrios maolánach 15km, soir ó dheas ón mbaile, Ardchlár Phaiteagó (cód 331).

Ardchlár Phaiteagó: Sárshampla de bhratphortach ardchríche, cineál portaigh atá annamh go náisiúnta, a chlúdaíonn cnoic ísle agus báisíní leathana ina bhfuil iliomad locha agus linnte aigéadacha atá bocht ó thaobh cothaitheach. Is láithreán beathaithe agus fáirthe traidisiúnta é d'ealta geimhrithe an ghé atá leochaileach go domhanda *Anser albifrons flavirostris* agus láithreán goir do *Pluvialis apricaria*. Tá innilt shamhraidh do chaoirigh srianta.

Fíor 5.12: Láithreáin Ramsar agus Anaclanna Dúlra Reachtúla laistigh de Theorainneacha an Bhaile agus de chrios maolánach 15km



5.5 Líonraí Éiceolaíochta

Aithníonn Airteagal 10 den Treoir um Ghnáthóga tábhacht líonraí éiceolaíochta mar chonairí agus clochacora don fhiadhúlra, lena n-áirítear don imirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speiceas flora agus fauna. Ceanglaíonn an Treoir go ndéanfaí nascacht éiceolaíochta agus réimsí fiúntais éiceolaíochta lasmuigh de líonraí láithreán éiceolaíochta ainmnithe Natura 2000 a chothabháil agus aithníonn sé an gá atá le bainistiú na réimsí seo trí bheartais phleanála agus forbartha úsáid talún. Tá líonraí éiceolaíochta tábhachtach chun réimsí bithéagsúlachta áitiúla a nascadh lena chéile agus le láithreáin ainmnithe in aice láimhe chun cosc a chur le oileáin ghnáthóige a bheith ina n-eintitis iargúlta. Tá líonraí éiceolaíochta comhdhéanta de ghnéithe líneacha mar línte crann, fála scean, aibhneacha agus srutháin a chuireann conairí nó clochacora ar fáil do speiceas fiadhúlra atá ag gluaiseacht laistigh dá ghnáth raon. Tá siad tábhachtach go háirithe do mhamaigh, go háirithe d'ialtóga agus d'éin bheaga.

Ar chonairí éiceolaíochta tábhachtacha laistigh de limistéar an Phlean áirítear na dobharlaigh seo a leanas (lena n-áirítear a bhfo-aibhneacha agus a locha nuair is cuí). Níl an liosta cuimsitheach agus ní hionann a gcur san áireamh agus léiriú go bhfuil.

- Córas na Drobhaoise/Loch Meilbhe
- An Bhradóg
- An Éirne
- An Uinsinn
- Abhainn Bhaile an tSraitha (An Abhainn Dubh)
- Córas Abhainn na Lathaí
- Córas na hIascaí
- An Eighnigh
- Abhainn Bhun Leacaí
- Abhainn Áile
- Abhainn Bhun Góistín
- Abhainn Ghleann Eadrach
- Abhainn an Ghleanna
- An Abhainn Bhuí
- Abhainn an Bhreacaigh
- Abhainn tSocair
- Abhainn Fhia
- Córas Abhainn Ghaoth Beara
- Córas Abhainn na Marbh
- Abhainn Chroithlí
- Abhainn Ghaoth Beara
- An Chláidigh
- Abhainn Chró na hUla/na Corrmhíne
- An Abhainn Bhuí & Abhainn an Ghleanna
- Abhainn Tulaí
- Abhainn an Mhuilinn
- Abhainn Chrannach
- Abhainn Chluain Maine
- Abhainn Dhomhnach
- Abhainn Ghleann Ó gCanann
- Abhainn Bhaile na Bó
- Abhainn Chúil Lúghoirt
- Abhainn Chúil Dabhcha
- Abhainn Long Glen
- Abhainn na Bréadcha
- Abhainn Droinge
- Abhainn Cabry
- Córas an Fheabhail/na Finne

5.6 ABHAINN SKEOGE Anaclanna Dúlra Reachtúla

Is éard is Anaclanna Dúlra Reachtúla tálamh in úinéireacht an stáit, uiscí intíre nó limistéir urthrá a fhoirmíonn gnáthóg speicis nó phobail is díol spéise eolaíochta nó atá mar chuid d'éiceachóras is díol spéise eolaíochta, a bhainfeadh buntáiste as bearta cosanta, a bunaíodh faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 agus an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000 agus a bhfuil cosaint acu faoi Ordú ón Aire.

Tá 7 Anaclann Dúlra ainmnithe i nDún na nGall, ceithre cinn díobh ata suite laistigh de limistéar an Phlean seo, mar a liostaítear ar Thábla 5.21 agus a léirítear ar Fhíor 5.12. Chomh maith leis seo tá 3 Anaclann Dúlra ann freisin nár ainmníodh go hoifigiúil: Anaclann Dúlra Ardnamona, Anaclann Éanlaithe Fiáine Leibhéil na hInse agus Anaclann Dúlra an tSeascainn Mhóir, péire díobh ata suite laistigh de limistéar an Phlean seo.

Tábla 5.21: Anaclanna Dúlra Reachtúla laistigh nó i ngaireacht do limistéar an Phlean

Láthair	Achar (Ha)	An Dáta Ainmnithe
Anaclann Dúlra Choill na Deirce Móire	9.82	Bunaithe 1988
Anaclann Dúlra Phortach Loch Beara	175.18	Bunaithe 1987
Anaclann Dúlra Cheantar Mhín an Chuillinn	191.15	Bunaithe 1990
Anaclann Dúlra Cheantar Ardcláir Phaiteagó	693.46	Bunaithe 1984
Anaclann Dúlra Cheantar Choill Ráth Maoláin	33.64	Bunaithe 1986

Foinse: NPWS, DAHRRG

Tá ceithre cinn de na hAnaclanna Dúlra ainmnithe laistigh den Chontae lonnaithe laistigh de limistéar an Phlean do na bailte seo a leanas: An Clochán Liath, Ceann an Droichid agus Baile Dhún na nGall. Tá ceann de na hAnaclanna Dúlra lonnaithe díreach lasmuigh den chrios maolánach 15km do bhaile an Chlochán Liath. Tá péire de na hAnaclanna Dúlra neamhainmnithe lonnaithe freisin laistigh de chrios tionchair an Phlean do bhailte Ceann an Droichid agus Baile Dhún na nGall. Chomh maith leis seo tá láithreán Ramsar amháin i dTuaisceart Éireann lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Cheann an Droichid.

Níl aon Anaclann Dúlra ainmnithe lonnaithe laistigh de theorainn baile LAP nó laistigh den chrios maolánach 15km do bhailte Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach nó na Cealla Beaga. Tá achoimre ar mhionsonraí maidir le gach ceann de na hAnaclanna Dúlra ainmnithe le fáil thíos. Is féidir tuilleadh Eolais ar Anaclanna Dúlra a fháil ag <https://data.gov.ie/dataset/nature-reserves-points-of-interest>.

An Clochán Liath (Dungloe)

Cé nach bhfuil aon Anaclann Dúlra ainmnithe laistigh de theorainn baile LAP don Chlochán Liath, tá Anaclann Dúlra Choill Derkmore lonnaithe laistigh den chrios maolánach 15km ó dheas den bhaile. Tá Anaclann Dúlra Phortach Loch Beara lonnaithe i bpáirt freisin díreach laistigh den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile, cé go bhfuil sé lasmuigh den chrios maolánach den chuid is mó. Chomh maith le seo tá Anaclann Dúlra Phortach Mhín an Chuillinn lonnaithe díreach lasmuigh (ach i ndlúthghaireacht) don chrios maolánach 15km soir ón mbaile agus díreach ó dheas de Phortach Loch Beara.

Tá Anaclann Dúlra Choill Derkmore lonnaithe i bhForaois Ghaoth Beara ar thalamh droimneach nocht ar chliathán ó dheas Chnoc an Chlaonghoirt ó dheas den Chlochán Liath. Áirítear ann ceantar scrobarnach darach le brífít dea-fhorbartha agus léicean flora.

Tá Anaclann dúlra Phortach Loch Beara lonnaithe sa chuid uachtarach de Ghleann Abhainn Ghaoth Beara soir ón gClochán Liath. Tá an Anaclann Dúlra ina chuid den limistéar is fairsinge agus is sláine de

bhratphortach ísealchríche in iarthuaisceart na hÉireann. Cuimsítear sa láithreán cuid mhór coimpléacsanna de linnte beaga agus sruthluite agus iarsmaí de choillearnach dúchasach duillsilteach agus *Quercus petraea* in uachtar. Is gnáthóg freisin é do thrí speiceas éan a dtugtar cosaint speisialta dóibh faoin Treoir maidir le hÉin ón AE – Gé Bhánéadanach Ghraonlanach, Meirliún agus Feadóg Bhuí. Tá Anaclann Dúlra Mhín an Chuilinn lonnaithe ar an imeall ó dheas de choimpléasc bratphortaigh Loch Beara ó thuaidh den Ghobán soir ó dheas den Chlochán Liath. Áirítear san Anaclann Dúlra ceantar de bhratphortach ísealchríche agus cuid d’uiscí uachtair fho-abhann mór d’Abhainn Ghaoth Beara. Áirítear ann ceantar d’fhásra bratphortaigh ísealchríche a ghrádaíonn ina fhraocmhá fhéarach fhliuch ar fhánaí an Ghobáin agus ceantair bheaga ach chreimthe de bhratphortach ardchríche ar bharr cothrom an Ghobáin

Ceann an Droichid

Cé nach bhfuil aon Anaclanna Dúlra ainmnithe lonnaithe laistigh de theorainn baile LAP do Cheann an Droichid, tá Anaclann Dúlra Choill Ráth Maoláin lonnaithe laistigh den chrios maolánach 15km siar ó thuaidh ón mbaile. Tá Anaclann Éanlaithe Fiáine Leibhéal na hInse neamh-ainmnithe lonnaithe laistigh den chrios maolánach 15km freisin, siar ón mbaile.

Tá Anaclann Dúlra (agus cSAC) Choill Ráth Maoláin lonnaithe ar Leithinis Fhánada ar chladaí iartharacha Loch Súilí i dtuaisceart an Chontae. Is sárshampla de sheanchoillearnach darach é. Ar na príomhspeicis crann eile áirítear cuileann, coll agus beith chlúmhach agus crainn feá neamhdhúchasacha. Tá an flora talún éagsúil ar fud an choillearnaigh agus athraíonn le cineál gnáthóige agus ithreach. Áirítear ar speicis choiteann giúnach, fraochán, raitheach chrua, gairleog fhiáin, glasair choille agus coinne corra.

Tá Anaclann Éanlaithe Fiáine (agus SPA) na hInse lonnaithe siar ó Cheann an Droichid agus soir ó Loch Súilí. Aithnítear é mar cheann de phríomhláithreáin bogaidh na hÉireann mar gheall ar theaghlaim de cheantair beathaithe fairsinge agus láithreáin fáirthe agus scíste slána in iarthuaisceart an Chontae d’éinuisce geimhrithe. Tugann sé tacaíocht d’éagsúlacht leathan éan uisce geimhrithe, go príomha ealaí agus géanna, mar aon le geabhróga goir, faoileáin agus lachain. Is nasc tábhachtach é i gcóras bogaigh Loch Súilí lena n-áirítear Cúil na Birte agus an tOileán Mór ó dheas. Bíonn líon atá tábhachtach go náisiúnta ag trí cinn de na speicis seo (Gé Bhánéadanach Ghraolainne, Geabhróg Scothdhubh agus an Gheabhróg) agus ceann acu i líon atá tábhachtach go hidirnáisiúnta (Eala Ghlórach). Chomh maith leis seo, tacaíonn sé freisin le líon an speiceas imirceach Gé Ghlas a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo.

Baile Dhún na nGall

Níl aon Anaclanna Dúlra ainmnithe lonnaithe laistigh de theorainn baile LAP do Bhaile Dhún na nGall ach tá Anaclann Dúlra Ardchlár Phaiteagó lonnaithe laistigh den chrios maolánach 15km soir ó dheas den bhaile.

Tá Anaclann Dúlra Ardchlár Phaiteagó lonnaithe ar chladaí iartharacha Loch Dearg thart ar 19km soir ó dheas de Bhaile Dhún na nGall. Tá sé ar cheann den chorr phortach slán, fairsing atá fanta i gContae Dhún na nGall agus d’fhág an cháilíocht ghnáthóige gur ainmníodh mar SAC agus SPA é. Cuimsíonn an láithreán mosáic de bhratphortach gníomhach, locha agus fraocmhánna fliucha agus is beag cur isteach atá déanta air. Is láithreán beathaithe agus fáirthe traidisiúnta é d’ealta geimhrithe an ghé atá leochaileach go domhanda *Anser albifrons flavirostris* agus láithreán goir do *Pluvialis apricaria*. Tá innilt shamhraidh do chaoirigh srianta.

5.7 Speicis Ionracha

Is ionann speicis ionracha agus ceann de na bagairtí is mó don bhithéagsúlacht, níl bagairt níos mó ná iad ach scrios díreach gnáthóige. Déanann siad é seo trínár speicis dhúchasacha nach bhfuil chomh láidir a fhágáil go hiomaíoch as an áireamh, trí sheilg a dhéanamh ar an speiceas dúchasach nó tríd an gnáthóg uisceach nó bruachánach nádúrtha ina gcónaíonn siad a athrú.

Tá roinnt speiceas ionracha, neamhdhúchasacha flora agus fauna araon i láthair ar fud an Chontae. Sainmhínítear speicis ionracha mar phlandaí nó ainmhithe nach raibh ann in Éirinn ó bhunús, roimh

choilíní daonna na tíre agus ar dhóigh freisin go leathnóidh a líon agus a ndáileadh chun bagairt iomaíoch a dhéanamh ar fauna agus flora dúchasacha dá leithéid.

Cuireann Tábla 5.22 achoimre ar fáil de na bagairtí do shláine catagóirí gnáthóg éagsúla a fhaightear laistigh de limistéar an Phlean (Tabhair ar aird: níl liosta na mbagairtí uileghabhálach). A Is féidir liosta iomlán speiceas ionrach a fháil ag <http://www.invasivespeciesireland.com> agus www.biodiversityireland.ie

Tábla 5.22: Achoimre ar bhagairtí ar shláine roinnt catagóirí gnáthóige (níl liosta na mbagairtí uileghabhálach)

Gnáthóga	Bagairtí
Portaigh Ardaithe Bratphortach Fraochmhá Fhliuch Fraochmhánna Tirime	Athruithe i hidreolaíocht áitiúil lena n-áirítear draenáil Baint Mhóna Ró-innilt Foraoiseacht Dó Caillteanas díreach gnáthóige de bharr forbartha Draenáil artaireach/ astarraingt uisce/íslíú an mhaoschláir réigiúnaigh Míntíríú Talmhaíochta
Lochanna agus linnte Sruthchúrsaí/Aibhneacha	Truailliú/cáilíocht uisce Athruithe ar rátaí sreafa Draenáil artaireach/ astarraingt uisce/ íslíú an mhaoschláir réigiúnaigh Siotachán Caillteanas fásra imeallaigh Athruithe ar leibhéil/luaineachtaí uisce séasúracha Caillteanas díreach gnáthóige de bharr eisilteach (WWTP) Úsáid le haghaidh Caitheamh Aimsire/Áineasa Forbairtí – muiríne Láithreach bacainní dothrasnaithe – lintéir dhrochdheartha don chuid is mó
Gnáthóga Muirí Bánna/Góilíní/Inbhir Uiscí Goirt An fharraige mhór	Cáilíocht uisce/truailliú Forbairt muiríní agus port Cur isteach ar mhamaigh farraige Dumpáil i bhfarraige Caillteanas díreach gnáthóige de bharr forbartha Úsáid le haghaidh Caitheamh Aimsire/Áineasa
Coillearnach/Scrobarnach	Caillteanas díreach gnáthóige de bharr forbartha Úsáid le haghaidh Caitheamh aimsire/Áineasa Speiceas ionrach Easpa bainistithe coillearnaigh nó bainistiú míchuí Ró-innilt (fianna)
Tailte féarach leathnádúrtha Cosán aolchloiche	Feabhsúcháin Talmhaíochta/Míntíríú Tréigean talmhaíochta Ró-innilt/Tearc-innilt Caillteanas díreach gnáthóige de bharr forbartha Cairéalú ar iomairí eascrach agus ar phábháil aolchloiche

	Cúngar ar raitheach & scrobarnach
Riasca Seascainn Eanaigh Turlaigh	Feabhsúcháin Talmhaíochta/Míntíriú Draenáil/Athruithe ar hidreolaíocht áitiúil Cáilíocht uisce/truailiú (screamhuisce san áireamh) Tréigean talmhaíochta Ró-innilt/Tearc-innilt Caillteanas díreach gnáthóige de bharr forbartha Cúngar ar raitheach & scrobarnach Baint mhóna in eanaigh Tionchair ar gheolaíocht/ghéomoirfeolaíocht áitiúil e.g. cairéalú/pléascadh carraige, do thurlaigh agus eanaigh screamhuisce-cothaithe
Córais Dumhcha Riasca Goirt	Feabhsúcháin Talmhaíochta/Míntíriú Draenáil/Athruithe in hidreolaíocht áitiúil lena n-áirítear astarraingt uisce Creimeadh (nádúrtha agus antrapagaineach) Cáilíocht uisce/truailiú Tréigean talmhaíochta Ró-innilt/Tearc-innilt Caillteanas díreach gnáthóige de bharr forbartha Cúngar ar raitheach agus scrobarnach Úsáid le haghaidh Caitheamh Aimsire/Áineasa Forbairt bainteach le turasóireacht
SPAanna	Tionchair dhíreacha agus indíreacha ar ghnáthóga speiceas éan is díol spéise caomhnaithe (caillteanas gnáthóige) Caillteanas díreach gnáthóige de bharr forbartha Cáilíocht uisce/truailiú Suaitheadh lena n-áirítear úsáid chaitheamh aimsire/áineasa.

Is féidir tuilleadh eolais ar bhithéagsúlacht, flora agus fauna in Éirinn a fháil ó bhunachar sonraí na Seirbhíse Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra (NPWS). I dTuaisceart Éireann is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Centre for Environmental Data and Recording (CEDaR). Comhtháthóidh an próiseas Measúnachta Cuí leis an Tuarascáil Timpeallachta agus cuirfidh sé bonn eolais faoi ullmhú an Dréacht-LAP maidir le bainistiú bithéagsúlachta, flora agus fauna na láithreán Natura 2000 laistigh agus gar do limistéar an Phlean.

5.8 An Daonra

5.8.1 Treochtaí Daonra


Tá daonra 159,192 duine ag Dún na nGall mar a taifeadadh i nDaonáireamh 2016. Cé gur tháinig laghdú -1.2% (1,945 duine) ar an daonra thar an tréimhse 2011-2016, tháinig méadú 8.1% (11,928 duine) air le 10 mbliana anuas.

Fíor 5.13 na gnéithe d'athrú daonra, inar thit an ráta méadaithe nádúrtha agus ráta na glanmirce araon i rith tréimhse an daonáirimh 2011-2016. Ach léiríonn Fíor 5.13 go bhfuil an laghdú ar an ráta

glanmirce i gContae Dhún na nGall níos suntasaí ina threocht ná an laghdú ar Mhéadú Nádúrtha rud a léiríonn an tosaíocht atá ag patrúin imirce mar thosca i meath an daonra i gContae Dhún na nGall. Freagraíonn an treocht seo do na leibhéil san imirce atá ard go maith a bhí ann thar an tréimhse 2006-2011. I gcomhthéacs an Stáit, bhí an eis-sreabhadh imirce is suntasaí ag Contae Dhún na nGall, Contaetha Luimnigh, Maigh Eo agus Gaillimh agus Baile Átha Cliath Theas ina dhiaidh sin. Cé go bhfuil an ráta nádúrtha méadaithe i gContae Dhún na nGall (5.4) i 2016 níos ísle ná meán an stáit (8.5), níl sé ar aon dul leis an ráta glanmirce (arbh é an ceann is ísle sa tír é) ach táblaíonn sé mar an seachtú ceann is ísle sa Stát thar thréimhse an daonáirimh 2011- 2016. Tá na treochtaí seo i dtéarmaí gnéithe den athrú ar an daonra, ábhartha ó thaobh tiománaithe daonra Chontae Dhún na nGall a thuiscint agus bonn eolais a chur faoi réamh-mheastacháin daonra.

Ag féachaint do nádúr suntasach athraithe daonra thar an tréimhse 2011-2016 ag an am céanna leis an gcor chun donais eacnamaíoch agus an cúlú eacnamaíochta, tá sé réasúnta treochtaí athraithe ar an daonra a bhreithniú ar feadh tréimhse níos faide thar thréimhse daonáirimh 2006, 2011 agus 2016 chun breithniú níos eolasaí ar acmhainn fáis a chumasú.

Fíor 5.13: Gnéithe d'athrú ar an daonra i nDún na nGall 2006- 2016



Ag féachaint mar sin do na treochtaí níos fadtéarmaí, cé gur taifeadadh meath i rith na tréimhse 2011-2016, tháinig méadú de 11,928 duine thar an tréimhse níos faide ó 2006-2016, arbh ionann é agus méadú 8.1% thar 10 mbliana nó 0.81% de mhéadmhéadú bliantúil. Léiríonn sé seo ráta fáis níos moille ná don tréimhse 2006-2011 agus cuireann modheolaíocht ar fáil chun teacht ar leibhéal níos seasta agus níos inbhuanaithe fáis don todhcháí.

Leagann Tábla 5.23 amach an t-athrú ar an daonra do na seacht mbaile straitéiseacha An Clochán Liath, Bealach Féich-Srath an Urláir, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga i rith na tréimhse 2011-2016.

Tábla 5.23: Athrú Daonra sna Seacht mBaile 2011-2016

Báile	Daonra (Líon Daoine) Daonáireamh 2011	Daonra (Líon Daoine)) Daonáireamh 2016	Athrú ar an Daonra (Líon Daoine)	Athrú ar an Daonra (%)
An Clochán Liath (Dungloe)	1,183	1,164	-19	-1.6%
Bealach Féich-Srath an Urláir	4,852	4,852	0	0%
Béal Átha Seanaidh*	2,503	2,299	-204	-8.2%
Ceann an Droichid	497	454	-43	-8.7%
Carn Domhnach	2,534	2,471	-63	-2.5%
Baile Dhún na nGall	2,607	2,618	11	0.4%
Na Cealla Beaga	1,297	1,236	-61	-4.7%

*Nóta: Cuireadh deireadh le 80 baile dlíthiúil faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Sainíodh as an nua bailte daonáirimh a rinne bailte dlíthiúla agus a bpurláin a chomhcheangal roimhe seo, úsáid á baint as critéir chaighdeánacha baile daonáirimh. Do bhailte áirithe, lena n-áirítear Béal Átha Seanaidh, ba é a thoradh seo gur cailleadh achar agus pobal, i gcomparáid le figiúirí daonáirimh roimhe seo.

Foinse: www.cso.ie

5.8.2 Réamh-mheastacháin Daonra

Ceanglaítear ar Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a bheith ag teacht leis na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha 2010 (RPGanna) agus ordlathas lonnaíochta a leagan amach do Chontae Dhún na nGall mar aon le spriocanna daonra agus tithíochta do gach baile, sráidbhaile agus faoin tuath. Ceanglaítear ar Phleananna Limistéir Áitiúil a bheith ag teacht le Croístraitéis Phlean Forbartha an Chontae. Leagtar Croístraitéis an Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2018-2024 amach i gCaibidil 2 de chuid A den Dréacht-CDP.

Chomh maith leis seo ullmhaíodh Páipéar Déimeagrafaíochta cúlra dar teideal 'Réamh-mheastacháin Daonra i leith na Croístraitéise den Dréacht-Phlean Forbartha Contae 2018-2024' (Nollaig 2016) (Dréacht-CDP) ar chuid den phróiseas CDP a chuireann anailís spásúil níos mionsonraithe ar fáil de threochtaí daonra laistigh den Chontae, agus úsáideadh na sonraí seo le bonn eolais a chur faoi spriocanna daonra agus dáileadh an daonra seo mar atá leagtha amach sa Dréacht-CDP.

Leagann an Dréacht-CDP amach fíis uailmhianach d'fhás agus d'fhorbairt todhchaí an Chontae thar shaolré 6 bliana an Phlean (go 2024) agus ina dhiaidh sin go tráthchlár 20 bliain (2038). Aithníonn sé an t-ionchas don Chontae suas le 200,000 duine a bhaint amach faoi 2038 thar chur chuige dhá chéime i leith forbairt an Chontae.

Forálfaidh Céim 1 do mheánráta fáis bliantúil de 1.1% thar shaolré an Dréacht-CDP (2018-2024), leibhéal reatha soláthair talún á gcoinneáil ar an mbealach seo chun críocha tithíochta, ag soláthar d'fhilleadh mall dearfach fáis sa Chontae. Forálfaidh Céim 2 do mheánráta fáis bliantúil géaraithe de 1.5% thar an tréimhse 2024 go 2038.

Beidh méadú daonra réamh-mheasta de 13,968 dá thoradh seo don Chontae faoi 2024, agus daonra iomlán de 172,723. D'fhéadfaí méadú ionchasach eile de 36,271 duine a réadú faoi 2038 le pobal 208,994 dá bharr.

Tá an struchtúr lonnaíochta sa Dréacht-CDP comhdhéanta de thrí chomhchuid ar a dtugtar 'sraitheanna' agus iad sin:

- **Sraith 1:** Leitir Ceanainn
- **Sraith 2:** Bailte Straitéiseacha, comhdhéanta de 2 chuid:
 - **2A** (8 mbaile): Bailte straitéiseacha i gcomhthéacs soláthair talún tithíochta agus mar gheall ar a 'Feidhm Eacnamaíochta Speisialta'; agus

- **2B** (15 baile): Bailte Straitéiseacha de bharr a bhFeidhm Eacnamaíochta Speisialta' go príomha.
- **Sraith 3** (38 baile): Bailte Tuaithe agus faoin tuath.

Tá an Dréacht-LAP comhdhéanta de seacht mBaile Straitéiseacha Shraith 2: Aithnítear An Clochán Liath, Bealach Féich-Sraith an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga mar bhailte Sraith 2A agus aithnítear Ceann an Droichid mar bhaile Sraith 2B.

Feictear don Dréacht-CDP go bhforáfaí do mhéadú 30% den daonra i Leitir Ceanainn, 34% sna bailte straitéiseacha agus 36% i mbailte tuaithe agus faoin tuath. Is é 4,789 an dáileadh daonra Croístraitéise do gach ceann de na Bailte Straitéiseacha Sraith 2 (bailte 2a agus 2B) thar shaolré an Dréacht-CDP (go 2024) (féach Tábla 2.6, Caibidil 2, Cuid A den Dréacht-CDP).

Leagann an Dréacht-CDP amach réamh-mheastacháin daonra maidir le uaillmhian daonra an Phlean, i leith (a) réamh-mheastacháin aonair do gach baile le daonra 1,500 nó níos mó i ndaonáireamh 2011 agus; (b) réamh-mheastacháin chomhiomlána don chuid a bhí fanta (féach Tábla 2.5, Cuid A den Dréacht-CDP). D'ainneoin go bhfuil trí de na seacht mbaile faoi bhun na tairsí 1,500 tugtar ar aird gur cinneadh don údarás áitiúil é ar chóir LAP a ullmhú i gcomhthéacs fotháirsí nó cuspóirí ar leith a chur san áireamh i bplean forbartha. Maidir leis seo, tugtar ar aird gur cuspóir de chuid an Dréacht-CPD é LAP a ullmhú, *inter alia*, do sé cinn de na seacht mbaile is ábhar den Dréacht-LAP, is iad sin An Clochán Liath, Bealach Féich-Sraith an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga (féach Cuspóir CS-O-15, Caibidil 2 de Chuid A den Dréacht-CDP. Chomh maith leis seo tá an Chomhairle tar éis Ceann an Droichid a aithint mar lonnaíocht a bhainfeadh tairbhe freisin as ullmhú LAP, go háirithe maidir lena ghaireacht don teorainn le Tuaisceart Éireann agus an comhthéacs trasteorann gaolmhar.

Leagann Tábla 5.24 amach réamh-mheastacháin daonra don Chlochán Liath, Bealach Féich-Sraith an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga thar shaolré 6 bliana an Dréacht-LAP (go 2024) ag féachaint don uaillmhian daonra atá leagtha amach sa Chroístraitéis sa Dréacht-CDP. Aithníonn an Dréacht-CDP réamh-mheastachán daonra comhiomlán de 559 duine dona 15 baile Sraith 2B uile, lena n-áirítear Ceann an Droichid, suas go 2024. Níl aon chriosuithe cónaitheacha forordaithe thar bailte Sraith 2B chun stóinseacht agus solúbthacht a sholáthar sa chur chuige. Meastar go dtreoróidh beartais an CDP fás incriminteach agus inbhuanaithe bailte a aithnítear mar Shraith 2B, lena n-áirítear Ceann an Droichid.

Tábla 5.24: Réamh-mheastacháin Daonra don Dréacht-LAP

Bailte LAP	Daonra Daonáireamh 2011	Daonra Measta 2016*	Daonra Daonáireamh 2016	Dáileadh Daonra Croístraitéise go 2024*	Daonra Measta faoi 2024*
	Líon Daoine				
An Clochán Liath (Dungloe)	1,183	1,165	1,164	210	1,375
Bealach Féich-Sraith an Urláir	4,852	4,781	4,852	838	5,619
Béal Átha Seanaidh	2,503	2,467	2,299	419	2,886
Carn Domhnach	2,534	2,495	454	460	2,955
Baile Dhún na nGall	2,607	2,568	2,471	461	3,029
Na Cealla Beaga	1,297	1,279	2,618	210	1,489

Foinse: Croístraitéis, Caibidil 2 de Chuid A den Dréacht-CDP 2018-2024

* Ó tharla nach raibh sonraí ag leibhéal baile ar fáil ó Dhaonáireamh 2016 nuair a cuireadh an Dréacht-CDP i dtoll a chéile, is fortheilgin mheasta ar an daonra atá sa Dréacht-CDP 2018-2024. Sin é is cúis leis an difear idir na figiúirí measta daonra agus na figiúirí iarmhír daonra mar a chuirtear i láthair i dTáblaí 5.21 agus 5.22.

5.9 Sláinte an Duine

Bíonn tionchar ag staid an chomhshaoil go díreach agus go hindíreach ar shláinte an duine agus bíonn sé fite fuaite le folláine intinne agus fisiciúil an duine. Cuireann oidhreacht shuntasach chultúrtha, fhoirgnithe agus nádúrtha limistéar an phlean go dearfach le sláinte an duine agus áirítear, inter alia, ar na gnéithe timpeallachta seo dea-cháilíocht aeir, ardcháilíocht uisce, tírdhreacha scéimhe, raidhse déanamhas cosanta, ailtireacht dhúchasach, patrúin lonnaithe agus teanga, mar a bhfuil leagtha amach i gCuid 5 den tuarascáil seo.

Cuireann tuarascáil an EPA dar teideal 'Cáilíocht Aeir in Éirinn 2015' eolas ar fáil maidir leis an nasc idir truailliú aeir agus sláinte an duine. Deir tuarascáil 2014 ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) gurb é truailliú aeir an baol sláinte timpeallachta aonair is mó san Eoraip. I 2014 thuairisc an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) gurb iad galar croí agus stróc na príomhchúiseanna le bás roimh am a chuirtear i leith truailliú aeir. Measann tuarascáil EEA 2014 go raibh thart ar 1,200 bás in Éirinn i 2012 nasctha go díreach le truailliú aeir, cé gur thart ar 400,000 bás a bhí sa bhfigiúr don Eoraip. I 2016 thuairisc an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) go mbíonn tionchar diúltach nach beag ag tionchar diúltach truailliú aeir ar shláinte an duine, ar eacnamaíochtaí ballstát Eorpacha, le laethanta oibre cailte, táirgeacht laghdaithe agus costais leighis mhéadaithe Léirigh sonraí CSO 2011 ar an iomlán go raibh braistint na sláinte ginearálta laistigh den Chontae Dhún na nGall an-mhaith, agus maith⁷ agus is táscaire suimiúil é ar shláinte dhearfach daonna an daonra; níl staitisticí ó dhaonáireamh 2016 ar fáil fós.


Cé go fisiciúil, go gcuireann an comhshaoil go dearfach le sláinte an duine, ta fianaise ann faoi dhíth shóisialta choibhneasta. Ba é an scór Díothachta Coibhneasta Haase Pratschke a luadh le Contae Dhún na nGall i 2011 ná -6.25, an dara contae is mó díothachta in Éirinn i ndiaidh Luimnigh; is iad gnóthachtáil oideachasúil íseal agus dífhostaíocht ard fireann príomhthiománaithe an scóir díothachta íseal.⁸ Tá léiriú spásúil de na sonraí seo ar fáil ag <http://airo.maynoothuniversity.ie/mapping-resources/airo-census-mapping/national-viewers/atlas-island-ireland>.

Mar a tharlaíonn le gach contae, tá éagsúlacht i gcéim na díthe laistigh de Dhún na nGall ach ar an iomlán tá réimsí fairsinge díthe suntasaí sa Chontae. Léiríonn Fíor 5.14 an rachmas agus díth choibhneasta sa Chontae mar a léirítear é sa phróifíl Haase Pratschke 2011 do Chontae Dhún na nGall. Dar le Innéacs Coibhneasta Haase Pratschke 2011, den 149 ED i gContae Dhún na nGall, tá breis agus dhá dtrian ED (104) 'beagán faoi bhun an mheáin', tá 35 ED eile sa chatagóir 'faoi mhíbhuntáiste' agus tá dhá ED 'go mór faoi mhíbhuntáiste'. Níl ach ocht ED, díreach os cionn 5% den Chontae, os cionn an mheáin náisiúnta; tá seacht díobh seo 'beagán os cionn an mheáin' agus tá ED amháin sa chatagóir rachmais. Ó thaobh na geografaíochta, tá an t-aon dá limistéar atá beagán saibhir taobh ó thuaidh de bhaile Dhún na nGall, agus i bpurláin níos leithne Leitir Ceanainn, ach fágtagar na bailte féin as an áireamh sa dá chás. Tá na ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste lastuaidh de na Gleannta, maraon le himeallbhord an Iarthuaiscirt agus Inis Eoghain.⁹

⁷Atlas na hÉireann, Patrúin Eacnamaíochta agus Sóisialta a Léarscáiliú, 2015

⁸Plean Pobail agus Eacnamaíochta Áitiúil Dhún na nGall 2016-2022, Aguisín 1, Próifíl an Chontae.

⁹<http://trutzhaase.eu/deprivation-index/area-profiles/>

Fíor 5.14: Saibhreas agus Bochtaineacht Choibhneasta i gContae Dhún na nGall

Source: Haase Pratschke, 2012

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá an limistéar laistigh agus gar do teorainn baile LAP don Chlochán Liath rangaithe go príomha mar 'faoi mhíbhuntáiste' le ceantair mhóra laistigh den chrios maolánach 15km mar 'beagán faoi bhun an mheáin'.

Chomh maith leis seo tá limistéar mór soir ó thuaidh ón mbaile, laistigh de chrios tionchair an Phlean, atá sa chatagóir 'go mór faoi bhuntáiste'

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá an limistéar laistigh agus gar den teorainn baile LAP do Bhealach Féich-Srath an Urláir rangaithe go príomha mar 'beagán faoi bhun an mheáin' agus limistéar mór soir ó thuaidh ón mbaile rangaithe mar 'faoi bhuntáiste' agus limistéar rangaithe mar 'beagán os cionn an mheáin' siar ó thuaidh ón mbaile. Tá an limistéar laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhealach Féich-Srath an Urláir rangaithe go príomha mar 'beagán faoi bhun an mheáin' le pócaí de cheantair 'faoi mhíbhuntáiste'.

Béal Átha Seanaidh

Tá an limistéar laistigh den teorainn baile LAP do Bhéal Átha Seanaidh rangaithe go ginearálta mar 'beagán faoi bhun an mheáin' agus ceantair meala rangaithe mar 'faoi mhíbhuntáiste'. Tá pócaí beaga rangaithe mar 'beagán os cionn an mheáin' agus 'saibhir' siar ón mbaile laistigh den chrios maolánach 15km. Go ginearálta tá an ceantar laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhéal Átha Seanaidh rangaithe go príomha mar 'beagán faoi bhun an mheáin' le pócaí de cheantair 'faoi mhíbhuntáiste'.

Ceann an Droichid

Tá an limistéar laistigh agus díreach tadhlaigh leis an teorainn baile LAP do Cheann an Droichid rangaithe mar 'beagán os cionn an mheáin' le póca beag rangaithe mar 'faoi mhíbhuntáiste' siar ó thuaidh ón sráidbhaile. Go ginearálta tá an limistéar laistigh de chrios tionchair an Phlean do Cheann an Droichid rangaithe mar 'beagán faoi bhun an mheáin' le pócaí de cheantair atá 'beagán os cionn an mheáin'.

Carn Domhnach

Tá an ceantar laistigh de theorainn baile LAP do Charn Domhnach rangaithe go ginearálta mar 'beagán faoi bhun an mheáin' agus 'faoi mhíbhuntáiste'. Tá ceantair mhóra talún gar don bhaile rangaithe mar 'faoi mhíbhuntáiste' nó 'go mór faoi mhíbhuntáiste'. Tá an ceantar laistigh de chrios tionchair an Phlean do Charn Domhnach rangaithe go príomha mar 'faoi mhíbhuntáiste' measctha le ceantair mhóra 'beagán faoi bhun an mheáin' agus pócaí de cheantair 'go mór faoi bhuntáiste'.

Baile Dhún na nGall

Tá an ceantar laistigh de theorainn baile LAP do Bhaile Dhún na nGall rangaithe go príomha mar 'beagán os cionn an mheáin' le ceantar beag 'beagán faoi bhun an mheáin'. Tá ceantar mór ó thuaidh den bhaile rangaithe mar 'saibhir', an ceantar is mó dá leithéid sa Chontae. Go ginearálta tá an talamh laistigh den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile rangaithe mar 'beagán os cionn an mheáin' agus 'saibhir' le ceantair rangaithe mar 'beagán faoi bhun an mheáin' agus 'faoi mhíbhuntáiste' dá fhad a ghluaiseann tú ón mbaile

Na Cealla Beaga

Déantar an ceantar laistigh de theorainn baile LAP do na Cealla Beaga a rangú go ginearálta mar 'beagán faoi bhun an mheáin' agus ceantar beag rangaithe mar 'beagán os cionn an mheáin'. Is meascán an talamh laistigh den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile de phócaí móra de cheantair 'beagán faoi bhun an mheáin' agus 'faoi mhíbhuntáiste' siar ó thuaidh den bhaile go ginearálta.

5.10 Ithir agus Geolaíocht

Tá an AE tar éis an 'Seachtú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil' a fhoilsiú a bhreithníonn saincheist díghrádaithe ithreach agus cosaint agus úsáid inbhuanaithe ithreach. Tá aeráid mhuirí na hÉireann, iomadúlacht talamh féaraigh buan, cleachtais bhainistithe talún inbhuanaithe agus easpa tionsclaíochta stairiúla tar éis cur le cothabháil agus le cosaint cháilíocht na hithreach ar fud na tíre. Is é comhdhearcadh na coitiantachta go bhfuil cáilíocht na hithreach in Éirinn go maith, ach tá sé seo bunaithe ar eolas teoranta agus mar sin tá an leibhéal cinnteachta íseal. Ní hé an cuspóir deiridh eolas agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na hithreach agus bagairtí ionchasacha, cobhsaíocht chomhiomlán ard ithreach a bhaint amach, mar shampla, nó aire ithreach éigin eile; ach is é an cuspóir táirgeadh fadtéarmach talmhaíochta agus foraoiseachta, cáilíocht uisce agus aeir, agus gnáthóga gach orgánaigh bheo agus gach duine daonna a fheabhsú agus a chosaint¹⁰.

Tá Contae Dhún na nGall ar cheann de na ceantair gheolaíochta is casta in Éirinn. Is é a phríomhghnéithe geolaíochta ná éasc Ghaoth Beara a leanann faoin Atlantach agus a fhoirmíonn éasc trasnánach eile freisin trí Gharbhchríocha na hAlban agus a foirmíodh trí charraig eibhir ag oighearchreimeadh. Is í bruthcharraig an cineál carriage is iomadúla i nDún na nGall agus grianchloch ar nós gloine, iathchlocha agus móca dubh léirithe san Eibhear. Áirítear réimsí móra carraigeacha meiteamorfacha sa Chontae freisin lena n-áirítear siostaí agus naghas agus grianchlochít mar a fheictear ar Aireagal. Is mór idir iad seo agus na tailte ísle níos séimhe thart ar Bhá Dhún na nGall a chuimsíonn scealla níos boige, gaineamhchlocha agus aolchlocha, agus ba cheantar freisin é de shil-leagan ón oighearaois le droimní agus tillí a chlúdaíonn an ceantar, agus ceantar saibhir an Laggan in oirthear Inis Eoghain atá níos ísle agus clúdaithe ag sil-leagan tille oidhreach. Tá Loch Súilí ar an gceann is faide de roinnt bearnaí cósta oighrithe (fiordanna) feadh chósta fada bearnach Dhún na nGall, é i gcodarsnacht le Loch Feabhail, báisín leathan le stair turnaimh agus líonadh tiubh de charraigreacha dríodracha agus dríodraigh úrnua¹⁰. Léirítear geolaíocht na seacht mbaile laistigh de limistéar an Phlean ar Fhíor 5.15, achoimre uirthi ar fáil thíos..

An Clochán Liath (Dungloe)

Go ginearálta cuimsíonn an bhungheolaíocht sa Chlochán Liath agus thart air, eibhear agus ceantair bheaga grianchlochíte agus aolchloiche logánta ar an gcósta theas laistigh den chrios maolánach 15km.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Go ginearálta cuimsíonn an gheolaíocht i mBealach Féich-Srath an Urláir agus thart air grianchloichít ach le ceantair bheaga imeallacha siosta agus aolchloiche ann laistigh den chrios maolánach 15km..

Béal Átha Seanaidh

Cuimsíonn an talamh thart ar an mbaile 'foirmíocht Aolchloiche Bhéal Átha Seanaidh' le banda tanaí naghais feadh teorainn thoir thuaidh cheantar an chreasa mhaolánaigh agus poncáithe le pócaí gaineamhchloiche agus scealla feadh an chósta thiar.

Ceann an Droichid

Is ceann de shraith cnoc arda é Cnoc an Ghriánáin siar ó Cheann an Droichid a bhfuil ceannas acu ar an tírdhreach réidh droimneach de gheolaíocht siosta go príomha y.

Carn Domhnach

Cuimsíonn an talamh i gCarn Domhnach agus thart air buntaipéis éagsúil geolaíochta a chuimsíonn buncharraig siosta, grianchloichíte, aolchloiche agus scealla atá mar bhonn ag tírdhreach droimneach réchnocach..

Baile Dhún na nGall

Cuimsíonn an talamh i mBaile Dhún na nGall agus thart air bungheolaíocht bhog aolchloiche le pócaí gaineamhchloiche níos faide isteach ón gcósta agus ardtailte móra portaigh le geolaíocht siosta ag bun na gCruacha lastuaidh den bhaile..

Na Cealla Beaga

Tá meascán bungheolaíochta ag an gceantar seo thart ar na Cealla Beaga atá treoshuite i mbandaí feadh aise thoir thuaidh-thiar theas a shíneann go dtí an fharraige feadh cheithre leithinis ó dheas. Grianchloichít den chuid is mó atá sa gheolaíocht ó thuaidh den bhaile le bandaí siota agus banda mór gaineamhchloiche. Síneann ceantar aolchloiche siar i dtreo Chionn Mhucrois agus ó dheas go Pointe Charraig an Rois, a bhfuil carnán gaineamhchloiche aige. Siosta atá i dteilgean ag Ceann Dhroim an Umha agus ag Pointe Charn Tulach..

Aithnítear an gheolaíocht mar chomhpháirt bhunúsach den oidhreacht nádúrtha agus mar sin áirítear go bhfuil caomhnú gnéithe oidhreachta geolaíochta ina ghné thábhachtach de chaomhnú na hoidhreachta nádúrtha. I 1998, bhunaigh Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) Clár Oidhreachta Geolaíochta na hÉireann (IGH), ar chomhpháirtíocht é idir Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). Faoin gclár IGH tá láithreáin tábhachtacha ar féidir iad a chaomhnú mar Láithreáin Oidhreachta Nádúrtha (NHA) á n-aithint. Tá iad siúd nach roghnaítear d'ainmniú NHA ag an GSI á gcur chun cinn mar Láithreáin Gheolaíochta Contae (CGS). D'aithin an Clár IGH thart ar 114 láithreán sainspéise mar CDS (lena n- áirítear iad sin atá le bheith ainmnithe mar NHAnna geolaíochta, a bhfuil tuairim is 75 de na láithreáin lonnaithe laistigh nó gar do limistéar an Phlean mar a leagtar amach i dTábla 5.25.

Tábla 5.25: Liosta Láithreán Chlár Oidhreachta Geolaíochta na hÉireann¹¹ de limistéar an Phlean

Ainm an Láithreáin	Baile(te) Fearainn/ceantar	Cur síos
Droichead Aghlem	Aghlem, Leghawny	Gailtí ar an taoabh soir ó dheas de Loch Iascaigh.
Gob na nArdadh	An Craoslach	Is é seo an chuid is fearr agus an chuid atá beagnach nochtaithe go hiomlán trí Idirbhall an Ardadh
An Ardaidh Bheag	An Ardaidh Bheag/An Fál Carrach	Sá insínte atá nochtaithe go hiomlán agus rochtain éasca air. Baineann an Stratagrafaíocht leis an nGrúpa Appin den Ságrhrúpa Dálriadach.
Ballycramsey	Drong (Ed Mhálainne), Ballycramsey /Cionn Mhálainne, Inis Eoghain	Siosta míchumtha ina bhfuil duirleoga trá, a léiríonn teorainneacha oighir.
Baile Mhic an Stocaire agus an Bá	Creamhros/Port an tSalainn, Cionn Fhánada, Loch Súilí	Clastáin Neamhdhalriadacha den Aois Deavónach b'fhéidir. Córas dumhcha agus trá freisin.
Bá Bhaile an Easa	An Fál Carrach, Mín Larach	Is góilín inbhir é Bá Bhaile an Easa ag Gort an Choirce, ag béal Abhainn Ghleann Átha. Bíonn sé draenáilte go hiomlán beagnach ag lag trá nuair a nochtar réileáin láibe ghaineamhacha. Nochtar filleadh freisin i gcarraigeacha ó dheas den ché.
Béal Átha Seanaidh	Knader /Béal Átha Seanaidh	Cairéal beag le neamh-chomhfhoiremeacht stratagrafaíoch
An Bearnas Beag	An Bearnas Uachtarach	Crios teagmhála –eibhir/Dálriadach. Láithreáin tábhachtach go stairiúil de na 1800oidí. Mianra vollaistáin b'fhéidir
An Bearnas Mór	Friarsbush, Tamhnaigh an Mhullaigh agus an taobh Thiar de Loch Béal Séad	Mianraí Úráiniam tánaisteacha, moiréin chliathánacha agus déanmhais eile bainteach le bruth-ionsánna
Cnoc Fola	Cnoc Fola /Ailtna Péiste, Mín an Loch, Cnoc Fola	Cuireann Cnoc Fol iliomad gnéithe geolaíochta ar fáil: síonchaitheamh ceimiceach ar eibhear, trá ghairbhéil ón tréimhse holaicéineach (10.000b) agus sraith moiréan agus bollán a thaifeadann oighearbhloic chomhleantacha.
Cruach Bhríosaí	Carraig na hEorna/Cruach Bhríosaí	Sampla mórthaibhseach de mheiteabaisít mhiogmachtaithe den Sliswood Division
Na Brocacha (Soir ó Chraoslach)	Na Brocacha	Cuid de chrios teagmhála eibhir Dhún na nGall a léiríonn caidrimh ionracha agus éagsúlacht leathan cineálacha carriage a ionchorpraítear mar xéinilítí.
Bá Bhun Dobhráin	Machaire Chairthe, Droim an Chrainn, Fionnúir/Bun Dobhráin	Iontaisí flúirseacha i bhfoirmíocht scealla Bhun Dobhráin (stráice chósta 4km) agus nochtadh barr Aolchloiche Bhéal Átha Seanaidh
Leathadh Bhun na hAbhann	Leibhéal na hInse (Ed An Bheart, Ed an Inis, Ed Fathain) /Bun na hAbhann, Leibhéal na hInse	Sampla úrnua de choimpléasc deilte ceann fiord de bhá mór suite ar imeall thoir Loch Súilí a chlúdaíonn thart ar 4-5 Km ² .

¹¹ www.gsi.ie

Ainm an Láithreáin	Baile(te) Fearainn/ceantar	Cur síos
Carn Domhnach	Carn Domhnach/Inis Eoghain	Cainéil leá-uisce chreimtheacha agus fean nasctha le aistharraingt oighir ó theorainn oighir Ballycramsey i dTrá Bhréige. Tá áiléar insíolthaithe ar an trá ardaithe ó thuaidh de Charn Domhnach chomh maith.
An Cheathrú Trasna	An Cheathrú Trasna (Ed Gartáin) (NE ó Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha)	Banda tailc de thiubhas 1.5m ina mbandaí le siosta míoca agus grianchloichít de Pheilítí d'Fhoirmiú Luachros /An Fál Carrach.
Clochar an Chuillinn [U]	W óngCionn Garbh/NE ón nGobán, SW ó Loch Muc, Lough Muck, Baile na Finne	"Príomhchrios Radaiméadrach" in eibhear Dhún na nGall agus úráinínít sa phortach.
An Chluanaidh	Caiseal Gualann /An Chluanaidh, Port Nua	Cuimsíonn an láithreán seo eibhear Ard an Rátha agus léiríonn sé an príomhtheagmháil amuigh agus fonsóg thuaidh
Corvish	Ó thuaidh de Charn Domhnach	Léiríonn an láithreán láibeanna muirí agus oighearleathadh idir eatarthu. Tá an láithreán seo tábhachtach mar go gcuireann sé faisnéis aoise ar fáil
Croaghan Head, Fánada	Croaghan /Baile na nGallóglach – Leitir Ceanainn	Tá Tillít Phort Iascaigh le struchtúir dhriodaracha léirithe go maith.
An Chruach [talc]	An Chruach/Ceann na Cruaiche (Ó dheas de Bhá an Mhachaire)	Tá féitheanna stéitíte (tailc) léirithe ag an aghaidh aille i siostaí dubha Dálriadacha. Baineadh é go headrannach ó dhéireanach sa 19ú–lár na 20ú hAoise.
Oileán na nDumhcha	Lagacurry	Carraigeacha Dálriadacha Ghrúpa Argyll le caomhnú eisceachtúil de ghnéithe teicteonacha i gcarraigeacha meiteamorfacha faiséisí Siosta Glais
Bá Dhún na nGall	Dún na nGall	Aillte, droimníní báite, dumhcha, riasca goirt
Pointe Dúrian go Tamhnach an tSalainn	Raneely, Point, Tullinlagan, Rock, Drumaneary, Tamhnach an tSalainn, Diméin an Halla / Pointe Dúrian, Tamhnach an tSalainn	Aillte ísle, ardáin agus gnéithe creimthe
Pointe Dhúrois	Dún Fionnachaidh	Peilít An Fál Charraigh agus struchtúir
Dún na Graí		Iomairí carraigreacha le tránna ceann bá gainimh ag éirí ó oighriúchán agus ansin bá agus an gaineamh isteach agus amach ó ghrinneall na farraige.
Dún Fionnachaidh	Dún Fionnachaidh	Sá insínte, nochtaithe go hiomlán agus rochtain mhaith air. Forshraithnaíonn peilítí Fhoirmíocht an tSeisígh-Chluain Measa Grianchloiche An Ardaithe (carraigreacha Ghrúpa Appin den sárghrúpa Dálriadach iad uile.
Dún Lúiche	Dún Lúiche	Tá crios teagmhála eibhir ann i gcairéal marmair nach bhfuil in úsáid. Tá mianraí meiteamorfacha agus gnéithe dífhoirithe dea-fhorbartha aige seo agus bheadh ina láithreán acmhainne teagaisc maith.
Dunmore Breccia Pipe	Port Nua	Appinít agus píopa breisia


Ainm an Láithreáin	Baile(te) Fearainn/ceantar	Cur síos
Eadargóil	Eadargóil	Láithreán uathúil ag taobh thuaidh Loch Iascaigh a léiríonn fean glárach i mbáisín sinte (Aois ón gCósta Eabhair: 353.8-349.5Ma)
An Earagail	Gaoth Dobhair	Síon-chaitheamh fisiciúil, olltraoitheadh; oighearshruthanna carraige iontaise agus coimpléascanna smionagair choise sreatháin ar chliatháin sléibhe síos go dtí 150m
Cé Fathaine	Figary, Inis Eoghain	Sárlomán teagaisc áit ar féidir struchtúr agus dífhoirmiú a léiriú i sclátaí Fathaine.
Fairies Bridge	Bun Dobhráin	Áirseanna farraige nochtaithe ó thuaidh de Aughrus Point, díreach ó thuaidh de Bhun Dobhráin.
Réileán An Fáil Charraigh		Ceantar cothrom de ghairbhéil gharbhghrínneacha bainteach le sceitheadh oighreach isteach in uisce seasaimh.
Fánaid		Tírdhreacha sciúrtha limistéaracha
Eibhear Fhánada & Cionn Fhánada	Cionn Fhánada	Breisia ionsá agus aipinít. Tránna éiritheacha freisin ag Cionn Fhánada. Cúl taca ag cuid mhaith de thránna iarthuaisceart na hÉireann ag machaire, talamh gaineamhach cailcreach atá íseal go maith mórán mar a bhíonn in Inse Ghall agus iarthar na hAlban, ach ní bhíonn sé seo chomh fairsing sin ó dheas de Chuan Mó (Devoy).
Baile na Finne [U: príomhchríos radaghníomhach]	Nochtadh ar thaobh an bhóthair Clochar an Chuillinn go Loch Uí Ghairbhí	Féith phicbheinde ag Croherle
Trá na gCúig Mear	Cúil Lúghoirt	Trá ghairbhéil agus ghainimh, aillte gainimh, dumhcha parabóileacha
Gleann na mBuachaill [Zn, Pb]	[aka Baile na Finne]	Féitheanna i siostaí cailcreacha Dálriadacha, marmar agus grianchloichít. Bainte sna luath 1800adaí.
Deilt Glencrow	Glencrow	Coimpléasc deilte Icd brúite
Gleann Tóchair [Pb, Ag, Au]	Inis Eoghain, in aice le Card Domhnach	Mianrú stratamnasctha i ngrianchloichít (tá airgead i ngailéin, ór i bpirít). Bainte sa 19ú hAois.
Glinsce, Fánaid NW	Carrownageeragh	Fonsóg theagmhála
Moiréin Ghaoth Dobhair		Moiréin
Corrán Binne (Micky's hole)	Dún Fionnachaidh	An sampla nochtaithe is fearr de shá insínte in oileáin na hÉireann agus na Breataine Móire ar an láthair seo –nó san Eoraip ina hiomláine. Go stratagrafach baineann na carraigreacha leis an nGrúpa Appin den Dálriadach agus Peilíte an Ardaidh (aisiompaithe)os cionn Grianchloichít an Ardaidh atá diúscairte ar an ngnáth bhealach.
Bá Inishfree		Tránna stoirme, síobadh feadh cladaigh
Srúibh Brain		Ceann tíre crochta ar shiostaí agus grianchloichítí, ag éirí 136 m os cionn leibhéal na farraige le fánaí cósta fada síos go dtí aillte carraigreacha
Inis Trá Tholl		Na carraigreacha is sine in Éirinn (coimpléasc Rhinns)
Dingeán Inbhir /Dingeán na Páirce Móire	Inbhear	Xéinilití móra –fuinneoga isteach i maintlín uachtair an Domhain

Ainm an Láithreáin	Baile(te) Fearainn/ceantar	Cur síos
Caoldroim [Pb, Ba]	Gort an Choirce	Seanoibreacha/foirgnimh mianaigh agus dhá chrios lódála i ngrianchlochít an Ardaidh, a baineadh san 19ú hAois do Shinc agus Luaidhe
Pointe Chill Domhnaigh	Kildowey Glebe	Struchtúir dhríodracha deilteacha suimiúla agus iad le feiceáil go soiléir i ngaineamhchlocha Cailpe Uachtair.
Píopa Breisia Chill Chainnigh	Cill Chainnigh, Gortnasillagh	Dingeán ionrach nochtaithe ag an dromchla. Pléascbhreisia.
Cill Riáin	Cill Riáin	Mianraí d'fhoireann Apainíte Ard an Rátha: aispeost; crisítíl.
Loch Choillte Feannaid	Loch Dhoire Thoirc	Léiríonn an ceantar seo ceann de na codanna nochtaithe is fearr trí Thillít Phort Iascaigh agus cruthaíonn sé an sainúiche tagartha do Dhún nan Gall, é tábhachtach do stratagrafaíocht.
Bá Chionn an Ghabha (Armada Bay)	Cionn an Ghabha	Trá agus Córas Dumhcha
Loch Knader		Meiteagabró Réamhchaimbriach (c. 580Ma) agus uigeacht bhruthach dea-chaomhnaithe
Cnoc Colbha		Carraigeacha Deavónacha in aghaidh éasc an Líonáin: clastáin neamh-Dhalriadacha
Cnoc Fola	Cnoc Fola/Mín an Locha, Cnoc Fola	Síonchcailtheamh ceimiceach domhain eibhir lofa
Droichead Lackagh	Ar an mbóthar idir Carraig Airt agus Craoslach	Príomheibhear Dhún nan Gall, teagmháil Dháilriadach/Eibhir freisin
Lagh Hill	Cúil Dabhcha	Cuimsíonn an láithreáin seo sárshamplaí comhcheirtleáin laisitigh de Ghrúpa na nGarbhchríoch Theas. Eolas tábhachtach faoi dhualfhoirse.
Cairéil na Lathaí	An Lathaigh	Bonn-aolchloiche Bhéal Átha Seanaidh
Cuid Chósta na Leargaí Móire	Na Cealla Beaga	Rianiontaisí agus iontaisí eile (macro agus microfauna)
Loch Boyle (Cnoc Ballykillowen roimhe seo)	Meenacaragh	Áirítear sa láithreán an crios teagmhála (Sleamhnán Loch Dearg) idir Ionluiteach Loch Deargden Sliswood Division ó dheas agus carraigeacha Dáilriadacha
Loch Cholm Cille	An Caiseal Ard	Mianraí: iathchloch photaise; peirtít, achtinilít
Loch Iascaigh	Cruach an tSearraigh, Friary, Tamhnaigh Mhurghail	Cuid Charbónmhar níos ísle
Loch Finne		Tírdhreach limistéarach sciúrtha.
Moiréan Cliathánach Loch Finne		Moiréin cliathánacha. Tábhachtach ó thaobh na heolaíochta mar go dtaifeadann sé céim dheireanach de mheath oighearchlúide mar a chuaigh oighearchaidhp Dhún na nGall i léig.
Loch an Ghrianáin	Glen, Termor, Baile na nGallóglach	Mianarú sílíte/ tungstan
Loch Caol	Gaoth Dobhair	Fean
Loch Lareen	Doobally	Siosta
Loch na Cuinge, Dún Lúiche	Gaoth Dobhair	Locha slabhracha (Paternoster), (Loch Dhún Lúiche, Loch na Cuinge Uachtarach agus Loch na Cuinge Íochtarach)
Loch Súilí		Fíord leathan fada


Ainm an Láithreáin	Baile(te) Fearainn/ceantar	Cur síos
Gaoth Luacharaois Mór		Timpeallacht inbhearach
Trá an Mhachaire		Réileán gainimh tagtha isteach, sail, grianchloichítí
Bá Mhálanna /Sceilp Úna	Málainn Bhig, Málainn Mhóir, Gleann Cholm Cille, Bíofán	Cuireann an ceantar seo nochtadh eisceachtúil ar fáil trí chóras fillidh laistigh den shárghrúpa Dálriadach.
Réileán Mhálanna	Ó thuaidh de Mhálainn	Taifeadtar leibhéal farraige iaroirghreacha níos airde roimhe seo do Réileán Mhálanna agus léiríonn sé stacaí farraige iontaise scoite agus claiseanna borruisce idir eatarthu.
Cionn Mhálanna	Cionn Mhálanna, an cósta huaidh	Is leithinis é Cionn Mhálanna de ghrianchloichít agus carraigeacha bulcánacha a bhfuil oighriú láidir déanta air.
Cionn Mhálanna	Ard Mhálanna	Sil-leagain trá ardaithe, duirleoga, aeráid toinne ardfhuinnimh
An Meall Mór Ros Guill/Loch	Carraig Airt	Miogmaitít an Mhill Mhóir
Tamhnach an tSalainn, Mianaigh Ghaineamhchloiche Thamhnach an tSalainn, Cairéal Gaineamhchloiche Thamhnach an tSalainn		Caidéal láimhe. Toischloch ar dhath an uachtair atá go maith do dhealbhadóireacht ornáideach. Gaineamhchloch Charbónmhar freisin, agus seanmhianaigh chloiche agus baint ghníomhach cloiche i gcairéil.
Bun an Phobail go Srúibh Brain	Bun an Phobail	Cuireann nochtadh carraigeacha Dálriadacha Ghrúpa na nGarbhchríoch Theas ar an urthrú ag Bun an Phobail agus ar feadh 2km Soir ó thuaidh caomhnú eisceachtúil gnéithe teicteonacha agus dríodracha i gcarraigeacha meiteamorfacha de ghrád íseal (Siosta Glas) ar fáil.
An Mhucais	Sliabh Bhaile na Bó	Tá cairéalú déanta ar Ghrianchloichít imhdhealaithe, d'Fhoirmíocht Ghrianchloichíte an Ardaidh, le haghaidh gainimh ghloine. Oighearshruthanna carraige ann freisin.
Cionn Mhucrois –Bá Fiontrá	Largysillagh, Baile Mún	Aill chósta agus nochtadh idirthaoideach raon leathan cineálacha carraigeacha agus struchtúir dhríodair de chuid mhaith timpeallachataí sil-leaganacha le feiceáil.
Mullach Dearg	Mullach Dearg	Eibhear cruinneánach
An Mhaoil Rua	An Cheathrú Chaol, Baile na nGallóglach	Fíord, riasca goirt, láib idirthaoideach
Cnoc na Fearthainne		Aipinít
Imeall tuaisceartach Bhá Dhún na nGall		Tírdhreacha Droimníne.
Oughtdarnid		Léiriú meiteamorfachta ardbhrú
Abhainn an Toir	Gaoth Dobhair	Cisil bholláin, fean, oidhreacht chreimtheach shléibhe oighrí
Cró Nimhe	Gaoth Dobhair, Dún Lúiche Íochtarach	lúba, oidhreacht chreimtheach sléibhe oighrí
Cuan an Pholláin [Pb, Zn, Ba]		Mianrú (luaidhe, sinc, bairiam)
Áirse Mhór Phollaide	Ó dheas de Chionn Fhánada	Áirse farraige
Pollna Long, Ros Guill	Doire Chasáin - Carraig Airt	Sár-chomhleantacht stratagrafach, nochtaithe go foirfe, thart ar 300m ar tiubhas, tríd an gcuid uachtair d'Fhoirmíocht an tSeisigh-Chluain Measa
Pollna Péiste	Cionn Cruinne	carst agus pluais
Rinn Uí Choighligh	An Cheathrú Chaol	ór glárach

Ainm an Láithreáin	Baile(te) Fearainn/ceantar	Cur síos
Rinn Uí Choigligh (Loch Feabhail)	Rinn Uí Choigligh, an Cheathrú Chaol	Tá roinnt lóbaí mar a bheadh deilt ag béal sruthán feadh an chósta, mar atá ag Rinn Uí Choigligh
Reachlainn Uí Bhirn		áirse
An Fhinn		pailéi-léibhinn
Machaire Loiscthe & Leithinis an Mhachaire Loiscthe	Machaire Carrigart)	Tambaló. Tá tábhacht ríthábhachtach leis an gceantar maidir le stair dhífhoirmithe Dálriadaigh freisin.
Sail an Reannaigh	Dún Fionnachaidh	Carraig mheiteamorfach: meiteadolairít
Shalweg/Moiréan na Sealbha		Moiréin ar imeall thuaidh Bhá Dhún na nGall.
Cuan na gCaorach		Bá craobhach a foirmíodh ag oighriú, cladaí carraigreacha ghrianchloichíte agus tránna gaineamhacha. Is láithreán freisin é do thaighde ar neamhchobhsaíocht duimhche, iarbhir agus ionchasach.
Seascann an Róin	Ailt an Chorráin	Crios gradhsain grianchloiche-muscóite-beirile in Eibhear na Rosann. Damáiste déanta do lomán gar don bhóthar ag pléascadh agus bailiú mífhreagrach beirile.
Sliabh Liag	An Baile Mór /Gleann Cholm Cille	Móraill ghrianchloichíte, olltraoitheadh agus gaineamhchloch Charbónmhar
Sliabh Tuaidh		Is cósta ailltreach sléibhtiúil é Sliabh Tuaidh (aill agus aghaidh ó thuaidh ag thart ar 200 m), ag síneadh go dtí an aill ghéarchrochta ghrianchloichíte ar Cheann Ghlinne.
Dún na nGall Theas	Iliomad	Moiréin iomaireacha
Pointe Charraig an Rois, Leithinis Charraig an Rois, St. John's Point (McSwynes Bay godtí an rinn)	Baile na Sagarat, Dún Cionnaola, Point	Is aill scairpe cuid den chósta thuaidh. Tá an Pointe gearrtha in Aolchloch Charbónmhar níos Ísle agus léiríonn gnéithe síonchaithimh. D'fhéadfadh gur de bharr tsunami anbollán mór a bogadh ag tonn. Foirmiú Bhéal Átha Seanaidh, pábháil Aolchloiche agus dingeán Treasach ann freisin
Srath Loingsigh	Srath Loingsigh	Grianchloichít Shliabh Tuaidh; Aolchloch Cranford
An Dún		Bá crúchapaill agus gnéithe tírdhreacha imoighreacha
The Pullauns	Diméin Brownhall	Pluais abhann forbartha éadomhain
Na Rosa		Tírdhreach le Cnoca agus Locháin
Toraigh	Ard Lárthainn, Baile Thiar, Baile Thoir	Is oileán eibhreach é Toraigh agus rinn grianchloicíte ag an taobh thoir. Toir.
An Trá Bhán, Málainn Bhig	Málainn Bhig	Droídair oifghearmhuirí ar an gcósta NW, nochtaithe ag sruthán gearrtha ag dul isteach sa chuan.
Trá Bhréige		Inbhear a foirmíodh ag talamh íseal ag dul faoin uisce.
Cuan Trá Món	Cúil Damhcha	Tilít Phort Iascaigh

Fíor 5.15: Geolaíocht lastigh de na Teorainneacha Baile agus achar 15km (thart orthu)



Fíor 5.16: Dáileadh Clúdach Talún laistigh de theorainneacha na mBaile agus de chrios maolánach 15km



5.11 Clúdach Talún

Áirítear fásra, déanmhais de dhéantús an duine agus gnéithe uisce dromchla ar chlúdach talún. Is úsáid talún suntasach é an talmhaíocht sa Chontae ó thaobh clúdach talún, a bhfuil thart ar 38% den Chontae faoi. Úsáidtear thart ar 23% de seo mar féaraigh. Clúdaíonn portach móna thart ar 34%. Clúdaíonn foraoiseacha thart ar 3.8% den Chontae, agus cuimsíonn 3.58% de seo foraoiseacha buaircíneacha i gcomparáid le thart ar 0.25% leathanduilleach. Tá éagsúlacht leathan úsáideanna, lena n-áirítear tráchtála, tionsclaíocha agus cónaitheacha, i gceantair uirbeacha an Chontae.

Tá na sonraí ar chlúdach talún bunaithe ar Léarscáileanna Clúdach Talún CORINE. Is léarscáileanna iad seo den tírdhreach timpeallachta Eorpach atá bunaithe ar shainmhíniú íomhánna satailíte. Tá bunachar sonraí clúdach talún CORINE á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair ag an nGníomhaireacht Timpeallachta Eorpach, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Spás Eorpach, an Coimisiún Eorpach agus ballstáit.

Léirítear dáileadh an chlúdaigh talún do gach ceann de na seacht mbaile ar Fhíor 5.16 agus tá achoimre orthu thíos.

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá An Clochán Liath suite laistigh de tírdhreach locha agus portaigh droimínigh, corrtharlú intírdhreacha níos méithe breactha gar do locha, feadh aibhneacha agus feadh líne an chósta, le ceantair foraoise phlandaithe.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá Bealach Féich-Srath an Urláir lonnaithe i gcroílár Ghleann na Finne i má talmhaíochta thorthúil feadh na habhann laistigh de tírdhreach réchnocach níos leithne talmhaíochta de pháirceanna móra cearnógacha.

Béal Átha Seanaidh

Cuimsíonn an tírdhreach laistigh agus thart ar Bhéal Átha Seanaidh tírdhreach droimíneach ísealchríche urchnocach réidh le fál sreach duillsilteach agus páirceanna rialta dronlíneacha, crainn mórthimpeall orthu agus ceantair den chóras rondála fós le feiceáil ó dheas den bhaile. Cuimsíonn an ceantar cósta siar ón mbaile córas dumhcha agus trá leithinse..

Ceann an Droichid

Cuimsíonn an ceantar thart ar shráidbhaile Cheann an Droichid tailte talmhaíochta méithe ísealchríche agus ísealcríocha míntírithé d'úsáid talmhaíochta go príomha, le patrúin saothraithe chasta. Is tréith d'fhánáin íochtaracha Chnoc an Ghrianáin siar ón mbaile na pócaí móra coillearnach duillsilteach agus clumpaí de chrainn duillsilteacha. Cuimsíonn an ceantar cósta imeall siolta ísealchríche le ceantair riasc goirt agus móinéar goirt..

Carn Domhnach

Cuimsíonn an talamh thart ar Charn Domhnach talamh talmhaíochta mhéith ina bhfuil éagsúlacht de chineálacha feirme suite laistigh de tírdhreach portaigh go príomha le pócaí móra fraochmhá agus móinteán agus pócaí plandáil buaircíneach.

Baile Dhún na nGall

Tá Baile Dhún na nGall suite i gcrios mór sainiúil droimín a shíneann ó na Cruacha Gorma agus Ardchlár Phaiteagó, cuid den `Chrios Droimín' níos leithe feadh deisceart Uladh a shíneann soir isteach i dTuaisceart Éireann i dtreo Chontae an Dúin ar an gcósta thoir. Tírdhreach talmhaíochta méith atá ann de pháirceanna ar mhúnla geoiméadrach ó bhonn droimín agus locha, fál sreach agus crainn duillsilteach thart air de ghnáth.

Na Cealla Beaga

Tá na Cealla Beaga lonnaithe laistigh de thírdhreach talmhaíochta cósta de ghleannta leathana torthúla abhann idir ardtailte clúdaithe le portach níos airde ar ais soir ó thuaidh –siar ó dheas, le líne chósta leithinsí agus bearnaí cósta a thugann aghaidh ó dheas isteach i mBá Dhún na nGall.

5.12 Uisce

Cuireann reachtaíocht, beartais agus Treoracha Eorpacha agus náisiúnta creat corparáideach leathan ar fáil ar úsáid uiscí nádúrtha agus gníomhaíochtaí a bhaineann le dobharlaigh. Ar na forálacha seo áirítear an Chreat-Treoir Uisce (2000/60/EC arna leasú¹²), an Treoir um Chóireáil Dramh-Uisce Uirbigh(91/271/EC), an Treoir um Uisce Óil (98/83/EC) agus an Chreat-Treoir Dramhaíola (2008/98/EC).

5.12.1 Ceantair Abhantraí agus Dobharlaigh

Ó 2000, tá an WFD tar éis bainistiú uisce san AE a threorú a bhaineann le haibhneacha, locha, screamhuisce, inbhir agus uiscí cósta agus bunaíonn cur chuige comhtháite d'úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní uisce seo. Is é aidhm an SFD 'ardstádas' uisce a choinneáil áit a bhfuil sé ann cheana, meath ar stádas reatha uiscí a chosc agus 'stádas maith' ar a laghad a bhaint amach maidir le móramh na n-uiscí ar díriodh isteach ó thús orthu do 2015 nó 2027 ar a dheireanaí. Cuirtear an Treoir chun feidhme trí Phleananna Bainistithe Abhantraí (RBMPanna). Áirítear sna RBMPanna Clár Bearta a leagann amach na cuspóirí dár n-uiscí agus molann na gníomhartha atá riachtanach chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Aithníodh ocht gCeantar Abhantraí (RBDanna) ar Oileán na hÉireann a chuimsíonn 46 dobharcheantar mhóra, 583 fo-dhobharcheantar agus 4,829 dobharlach níos lú. Ullmhaíodh an chéad timthriail RBMPanna do na hocht RBD in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Chlúdaigh na pleananna seo an tréimhse 2009-2015.

Is ceantar trasteorann é Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt(NWIRBD) a chuimsíonn c. 7,400km i bPoblacht na hÉireann agus 4,900km i dTuaisceart Éireann¹³. Tá Contae Dhún na nGall iomlán san NWIRBD, mar aon le codanna móra d'Fhear Manach, an Cabhán, Doire, Muineachán agus Tír Eoghain, ceantair shuntasacha i Liatroim agus Longfort agus cuid bheag de Shligeach le 6 fho-dhobharcheantar in iomlán mar atá leagtha amach i dTábla 5.26.

Ullmhaíodh (NWIRBMP) 2009-2015, a chlúdaíonn Contae Dhún na nGall agus níos mó, mar chuid de chead timthriail RBMPanna. Ba príomhpháirt den NWIRBMP aithint agus measúnú ceantair faoi chosaint; is iad seo huiscí atá cosanta faoi reachtaíocht Eorpach Plean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt nó náisiúnta agus teastaíonn cosaint uathu mar gheall ar a n-íogaireacht don truailliú nó a dtábhacht timpeallachta, shóisialta nó eacnamaíochta ar leith. Ar cheantair faoi chosaint áirítear foinsí uisce óil, uiscí sliogéisc, uiscí snámha, ceantair íogair ó thaobh cothaithe, Ceantair Chaomhantais Speisialta (SACs) agus Ceantair faoi Chosaint Speisialta(SPAs).

Tábla 5.26: Fo-Dhobharcheantair Réigiúin Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt

Fo-dhobharcheantair	CÓD	Achar km ²
An Éirne	Cód 36	3440.52
Bá Dhún na nGall	Cód 37	805.36
An Fheabhail	Cód 01	1105.9

¹² Tógadh na Treoracha seo a leanas ón AE isteach sa Chreat-Treoir Uisce: An Treoir um Uisc Óil a Astarraingt; an Treoir um Shampláil Uisce Óil; An Treoir um Malartú Faisnéise maidir le Fionnuisce Dromchla; an Treoir um Shliogéisc; an Treoir um Iasc Fionnuisce; an Treoir um Screamhuisce (Substaintí Guaiseacha); agus an Treoir um Shubstaintí Contúirteacha.

¹³ <http://www.epa.ie/pubs/reports/water/waterqua/northwest/IWQ%20NW%20NBRB%20Print.pdf>

Gaoth Beara –Cuan na gCaorach	Cód 38	1453.70
Loch Súilí	Cód 39	960.76
Domhnach/Bun an Phobail	Cód 40	511.69

Foinse: www.catchments.ie/maps

Tá ullmhú an dara timthriail RBMP á dhéanamh faoi láthair. I bhFeabhra 2017 d'éisigh an EPA dréacht-Phlean Bainistithe Abhantraí d'Éirinn (2018-2021) ag leagan amach na cuspóirí atá le baint amach faoi 2021. Léiríonn an dréacht RBMP dara timthrialach cur chuige nua maidir le pleanáil bhainistithe abhantraí a ghlacann le cur chuige ceantair abhantraí aonair d'Éirinn. Clúdaíonn 'Ceantar Abhantraí na hÉireann' achar 70,273km² le 46 aonad bainistithe dobharcheantair, a chuimsíonn 583 fo-dhobharcheantar agus 4,832 dobharlach. Tá an dréacht- RBMP 2018-2021 ina ábhar próisis chomhairliúcháin phoiblí faoi láthair go dtí deireadh Lúnasa 2017, agus é i gceist an RBMP deiridh a fhoilsiú faoi Nollaig 2017. Glactar leis go ndearnadh roinnt dul chun cinn faoin gcéad timthriail RBMPanna, ach ainneoin seo teastaíonn tuilleadh oibre má tá 'stádas maith' le baint amach i ngach cás faoi 2027.

Tá Aire na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) tar éis struchtúir rialachais agus bainistithe nua a chur ar fáil do chur chun feidhme an dara timthriail RBMP a fhónfaidh níos fearr chun ceanglais an WFD a sheachadadh. Baineann trí shraith leis an struchtúr rialachais nua mar atá leagtha amach i dTábla 5.27.

Tábla 5.27: Struchtúr Rialachais Trí Shraitheach don 2ú Timriall RBMP d'Éirinn

Sraith 1: Náisiúnta Bainistíú agus Forléargas	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Treoraithe ag DECLG ▪ Beartas, rialacháin agus acmhainní ▪ Síniú i ndáil le Pleananna Bainistithe Abhantraí
Sraith 2: Náisiúnta Feidhmiú Teicniúil agus Tuairisciú	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Treoraithe ag EPA ▪ Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú ▪ Luacháil agus cur chun feidhme bearta ▪ Teimpléad do Phleananna Bainistithe Abhantraí ▪ Monatóireacht ar thascanna forfheidhmithe agus torthaí timpeallachta
Sraith 3: Réigiúnach Feidhmiú via Líonraí Uisce	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Treoraithe ag an bpríomhÚdarás Comhordaithe ▪ Monatóireacht, ceadúnú agus gníomhartha forfheidhmithe an Údaráis Áitiúil ▪ Pleananna Bainistithe Abhantraí mionsonraithe ▪ Cur chun feidhme Clár Bearta ag comhlachtaí poiblí ábhartha, á rianú agus á dtuairisciú i gcomhairle leis an EPA

Foinse: www.epa.ie

Tháinig trí phríomhrud chun cinn a bhí le foghlaim ó athbhreithniú ar an gcéad timthriall RBMPanna agus tríd an gcóras comhairliúcháin poiblí chun an dara timthriall RBMP a fhorbairt:

1. Níor chruthaigh struchtúr il-RBDanna éifeachtach, i dtéarmaí éifeachtúlachta maidir le forbairt na bpleananna nó i dtéarmaí cur chun feidhme na bpleananna;
2. Ní raibh na struchtúir rialachais agus seachadta a bhí ann don chéad timthriall RBMP chomh héifeachtach agus a raibh coinne leo; agus
3. Bhí na spriocanna a leagadh síos ró-uailmhianach agus gan bunús leordhóthanach fianaise leo.

Ag féachaint don méid thuas, is léir go dteastaíonn struchtúir éifeachtacha agus éifeachtúla náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ón dara timthriall chun comhordú éifeachtach forbartha agus feidhme an RBMP a chinntiú. Chomh maith leis seo aithnítear go gcaithfidh na spriocanna a leagtar síos sa phlean a bheith fianaise-bhunaithe ach caithfidh siad a bheith insroichte freisin. Tá neartú déanta ar struchtúir chur chun feidhm chun seachadadh níos éifeachtaí agus níos comhordaithe bearta a chinntiú.

Is iad seo a leanas na Cuspóirí agus na Tosaíochtaí Timpeallachta don dara timthriall RBMP:

- Comhlíonadh reachtaíochta ábhartha AE a chinntiú;
- Meath a chosc;
- Freastal ar na haidhmeanna do cheantair chosanta aitheanta;
- Uiscí ard-stádas a chosaint; agus
- Gníomhartha spriocdhírthe agus scéimeanna píolótacha i bhfo-dhobharcheantair fócasaithe a chur chun feidhme dírithe ar:
 - i. Béim a chur ar dhobharlaigh atá gar dá gcuspóir a bhaint amach; agus
 - ii. Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna níos casta a chuirfidh le heolas don tríú timthriall.

Cuireann an dréacht-RBMP d'Éirinn 2018-2021 mionsonraí ar fáil ar stádas cáilíochta uisce agus saintréithíú do bharcheantair don Chontae don tréimhse 2013-2015¹⁴. Déantar achoimre ar thátail an mheasúnaithe sin mar seo a leanas:

- Tá stádas maith nó ardstádas á bhaint amach ag 55% de dhobharlaigh, 46% de locha, 32% d'uiscí trasdultacha agus 76% d'uiscí cósta.
- Don screamhuisce, tá stádas 'maith' ag 91% de dhobharlaigh.
- Tháinig meath 3% ar líon na ndobharlach abhann agus locha a ndearnadh monatóireacht orthu a raibh stádas 'maith' nó 'ard' acu ón tréimhse measúnaithe 2007-2009.
- Bhain 93% d'uiscí snámha na caighdeáin riachtanacha amach i 2015.
- Bhain 75% d'uiscí sliogéisc an luach treorach micribhitheolaíochta amach i 2015.
- Do SACanna a bhfuil spleáchas uisce acu bhain 60% de dhobharlaigh abhann agus beagnach 70% de locha an caighdeán riachtanach stádais mhaith amach.
- Do SACanna in uiscí trasdultacha níor bhain ach 37% na caighdeáin riachtanacha 'stádas maith' amach.
- Rangaíodh 1,945 do bharchlach mar 'gan a bheith i mbaol'.
- Rangaigh 1,515 do bharchlach 'i mbaol'.

Áirítear ar na brúnna suntasacha ar dhobharlaigh agus ar abhantraigh atá 'i mbaol' faoin a gcuspóirí a bhaint amach, an talmhaíocht (64%), dramhuisce uirbeach (22%), hidreamoirfeolaíocht (19%), foraoiseacht (16%), dramhuisce baile (12%), an tionscal baint mhóna (10%) agus rith chun srutha uirbeach (10%). Léiríonn na torthaí freisin go ndeachaigh brú suntasach amháin i bhfeidhm ar 47% de na do bharchlach agus na habhantraigh 'i mbaol' agus go ndeachaigh níos mó ná brú suntasach amháin i bhfeidhm ar an 57% a bhí fanta.

I 2014 d'fhoilsigh an EPA 'Measúnú Comhtháite ar Cháilíocht Uisce 2013, Abhantrach an Iarthuaiscirt & Loch nEathach agus na Banna'¹⁵ (Measúnú IWQ 2013). Cuireann an measúnú na sonraí monatóireachta is deireanaí i láthair, measúnú ar na sonraí sin agus mionsonraí ar na príomh-shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar cháilíocht uisce i Ceantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt agus i gCeantar Loch nEathach agus na Banna (NWIRBD agus NBIRBD). Rinneadh an measúnú ar cháilíocht an uisce agus ceithre príomhtháscaire in úsáid: cáilíocht fhisiciceimiceach; cáilíocht bhitheolaíochta; brúnna agus cáilíocht fhoriomlán le fócas ar láithreáin is díol spéise ar leith áit a gcaithfear aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta. Léiríonn torthaí measúnú an EPA gurb é saibhriú cothaitheach fosfáite príomhchúis truailliú uisce sa NWIRBD agus NBIRBD araon, cé go bhfuil roinnt éagsúlachtaí réigiúnacha ann mar shampla tá leibhéal i bhfad níos fearr comhlíontachta ag Dún na nGall leis na leibhéil tiúchana ortafosfáite ná an chuid eile de na RBDanna. Maidir le cáilíocht bhitheolaíochta, thaifead measúnú an EPA raon níos cothroime staisiún abhann leis an stádas níos lú ná 'maith' a léiríonn go bhfuil tosca breise atá ag dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce i nDún na nGall mar úsáid lotnaidicíd talmhaíochta. Cuirtear torthaí an mheasúnaithe fhisiciceimicigh de chuid an EPA ar aibhneacha sa NWIRBD laistigh den Phlean i láthair i dTábla 5.28 agus léirítear iad ar Fhíor 5.17.

¹⁴http://www.housing.gov.ie/sites/default/files/public-consultation/files/draft_river_basin_management_plan_1.pdf


¹⁵<http://www.epa.ie/pubs/reports/water/waterqua/northwest/IWQ%20NW%20NBRB%20Print.pdf>

Tábla 5.28: Measúnacht fhisiceimiceach d'Aibhneacha i NWIRBD 2007-2013 laistigh de limistéar an Phlean

Dobharcheantar Baile LAP	Abhainn	2007-2009	2008-2010	2009-2011	2010-2012	2011-2013
An Clochán Liath (Dungloe)	An Chláidigh	Pas	Pas	Pas	Pas	Pas
	Abhainn Chró Nimhe	Pas	Pas	Pas	Pas	Pas
Bealach Féich-Srath an Urláir	An Mhorn Bheag	Pas	Pas	Pas	Pas	Pas
Carn Domhnach	Abhainn na Bréadcha	Teip	Teip	Teip	Teip	Pas
Baile Dhún na nGall /Na Cealla Beaga	An Eidhnigh	Pas	Pas	Pas	Pas	Pas
Na Cealla Beaga	Abhainn tSocair	Pas	Pas	Pas	Pas	Pas

Foinse: 'Integrated Water Quality Assessment 2013 & 'Neagh North Western Bann River Basin' (2013), Tábla 1, lch. 12

Fíor 5.17: Rangú bitheolaíochta aibhneacha sa NWIRD 2011-2013



Foinse: Integrated Water Quality Assessment 2013, & Neagh North Western Bann River Basin' (2013), Map 11, pg. 37

Is í an talmhaíocht an brú aonair is mó i gcónaí ar cháilíocht uisce sa dá RBD agus úsáid lotnaidicídí talmhaíochta mar bhrú suntasach meáite i nDún na nGall. Is saincheist timpeallachta i gcónaí laistigh den Chontae é bagairtí ó dhramhuisce bardasach, uirbiú agus an fhoraoiseacht. Is éan príomhbhrú ag dul i bhfeidhm ar cháilíocht lochanna ná ionchuir cothaitheach, is é sin fosfar agus nítrigin, ag tiúchain a sháraíonn leibhéil nádúrtha, a mbíonn ró-shaibhriú agus eotrófú mar thoradh orthu. Fágann an próiseas seo go minic go mbíonn bithmhais planda níos airde agus planctónach algach méadaithe ann a chruthaíonn suaitheadh neamh-inmhianaithe ar chothromaíocht orgánach i lochanna agus mar sin ar cháilíocht a n-uisce.

Cuirtear torthaí measúnaithe fisiceimicigh an EPA ar locha sa NWIRBD, laistigh den Phlean i láthair i dTábla 5.29.

Tábla 5.29: Stádas fisiceimiceach lochanna laistigh de limistéar an Phlean i 2007-2013

Dobharceantar Baile LAP	Ainm Loch	2007-2009	2008-2010	2009-2011	2010-2012	2011-2013
An Clochán Liath (Dungloe)	Loch an Iúir	Ard	Ard	Ard	Ard	Ard
	Loch Beara	Ard	Ard	Ard	Ard	Ard
	Birroe Lough	Maith				
	Loch an Chlocháin Léith	Ard	Ard	Ard	Maith	Maith
	Loch Caol (Uimh. 576)	Maith	Ard	Ard	Ard	Ard
	Loch Caol (Uimh. 75)	Maith	Maith	Maith	Maith	Maith
	Loch na Snáthaide	Ard	Ard	Ard	Ard	Ard
Bealach Féich-Srath an Urláir/ Baile Dhún na nGall	Loch Moirne	Maith	Ard	Ard	Ard	Ard
Béal Átha Seanaidh	Loch Meilbhe	Maith	Maith	Maith	Maith	Measartha
Béal Átha Seanaidh v / Baile Dhún na nGall	Loch Gabhlach	Maith	Maith	Maith	Maith	High
	Loch na nDeorán			Maith	Maith	Maith
	Loch Tullynasiddagh	Maith	Maith	Maith	Maith	Maith
	Loch Inseach	Maith	Maith	Maith	Maith	Maith
	Loch Vearty	Maith	Maith	Ard	Ard	Ard
Carn Domhnach	Loch Fhada			Measartha	Measartha	Measartha
Baile Dhún na nGall	Loch Dearg	Maith	Maith	Maith	Maith	High
	Loch Iascaigh	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha	Measartha

Source: Integrated Water Quality Assessment 2013, & Neagh North Western Bann River Basin' (2013), Table 2, pg. 21

Cuirtear rangú bitheolaíochta lochanna sa NWIRBD, laistigh de limistéar an Phlean, i láthair i dTábla 5.30 agus léirítear é ar Fhíor 5.18.


Tábla 5.30: Stádas bitheolaíochta lochanna laistigh de limistéar an Phlean i 2007-2013

Dobharceantar Baile LAP	Ainm Loch	Stádas Foriomlán do BQE 2010-2012
An Clochán Liath (Dungloe)	Loch an Iúir	Maith
	Loch Beara	Ard
	Loch an Chlocháin Léith	Maith
	Carn Domhnach	Maith
	Loch Caol (Uimh. 75)	Ard
	Loch na Snáthaide	Maith
Bealach Féich-Srath an Urláir / Baile Dhún	Loch Moirne	Maith

na nGall		
Béal Átha Seanaidh	Loch Meilbhe	Measartha
Béal Átha Seanaidh / Baile Dhún na nGall	Loch Gabhlach	Maith
	Loch na nDeorán	Maith
	Loch Tullynasiddagh	Maith
	Loch Inseach	Measartha
	Loch Vearty	Maith
Carn Domhnach	Loch Fhada	Ard
Baile Dhún na nGall	Loch Dearg	Maith
	Loch Iascaigh	Maith

Foinse: 'Integrated Water Quality Assessment 2013 & 'Neagh North Western Bann River Basin' (2013), Tablá 6, Ich. 44

Fíor 5.18: Stádas bitheolaíochta lochanna sa NWIRBD 2007-2013



Source: Integrated Water Quality Assessment 2013, & Neagh North Western Bann River Basin' (2013), Map 14, pg. 47


Tugann uiscí laistigh den Chontae Dhún na nGall tacaíocht d'éagsúlacht shaibhir an fhiadhúlra muirí. Ní théann truailliú i bhfeidhm de ghnáth ar na réimsí fairsinge amach ón gcósta agus cois cósta agus tá cáilíocht an uisce i bhformhór na n-uiscí inbhir agus cósta ard i gcónaí. Tá leibhéil éilleán in éisc agus i sliogéisc an-íseal agus tá cáilíocht iomlán táirgeadh bia farraige na hÉireann ard i gcónaí. Tá cáilíocht uisce snámha ard agus cé go bhfuil cáilíocht bhaictéareolaíochta sliogéisc in uiscí a chothaíonn sliogéisc réasúnta maith, is é is doigh go dteastóidh bearta breise le tuilleadh meatha i gceantair áirithe a chosc.

The 2013 IWQ groundwater monitoring programme for the NWIRBD and NBIRBD included 15 monitoring locations, 7 of which were in the NWIRBD. The sites were monitored for a variety of physico-chemical and microbiological parameters including nitrate and ortho-phosphate pollutant levels. Léiríonn Fíor 5.19 an líon ortafosfáite ar an meán a bhí in Aibhneacha NWIRBD in 2013.

The findings of the IWQ Assessment show that average ortho-phosphate concentration at groundwater monitoring locations in the NWIRBD has been relatively steady over the period 2007–2013 with all monitoring locations displaying average concentrations below the national WFD threshold. In addition there were no groundwater bodies classified at 'poor' status for the first WFD reporting cycle in the NWIRBD.


In relation to the assessment of nitrate in groundwater the findings of the monitoring programme show that the average nitrate concentration at groundwater monitoring locations in the NWIRBD has decreased over the period 2007–2013. Furthermore, the findings show that for 2013 the national WFD threshold value was not exceeded at any of the monitoring locations. It is acknowledged that the noticeable decrease in the average nitrate concentration over the period 2007-2013 could be attributed to the above average rainfall in 2008-2009 and the resultant increase in dilution of the pollutants. The report also lists a number of other factors which may have influenced the reduction in the average nitrate concentration during this period including: reductions in inorganic fertiliser applications, improvements in storage for organic fertiliser and the implementation of land spreading restrictions as part of the Good Agricultural Practice Regulations.

Fíor 5.19: An líon ortafosfáite ar an meán a bhí in Aibhneacha NWIRBD in 2013.



Source: Integrated Water Quality Assessment 2013, & Neagh North Western Bann River Basin’ (2013), Map 1, pg. 5

Fíor 5.20: An líon ortafosfáite ar an meán a bhí i Lochanna NWIRBD in 2013.



Source: Integrated Water Quality Assessment 2013, & Neagh North Western Bann River Basin' (2013), Map 3, pg.15

5.12.2 Timpeallacht Uisce i limistéar an Phlean

Le deireanaí d'fhoilsigh an EPA 'Cáilíocht Uisce in Éirinn 2010-2015' (Lúnasa 2017). Cuireann an tuarascáil seo nuashonrú ar fáil ar stádas agus ar threochtaí uiscí na hÉireann (screamhuisce, aibhneacha, lochanna, canálacha, uiscí trasdulta agus uiscí cósta) tar éis tabhairt chun críche an chéad timthriall sé bliana den Chreat-Treoir Uisce (2010-2015)¹⁰. Le trí bliana anuas rinne an EPA i gcomhar le húdarás áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile, tréithriú substainteach ar an timpeallacht uisce fhisiciúil agus ar thionchar gníomhaíochtaí daonna air, atá ag druidim chun críche. Tá an t-eolas seo ar fáil trí www.catchements.ie agus cuirfidh sé bonn eolais faoin bPlean Bainistithe Abhantraí Náisiúnta nua (atá le foilsiú i Nollaig 2017)

Tar éis comhairliúcháin a reáchtáil an EPA i 2016 le páirtithe leasmhara éagsúla tá an Tuarascáil Cháilíochta Uisce is deireanaí dírithe níos láidre ar sholáthar sonraí agus measúnuithe achomair na 46 dobharcheantar a aithníodh le haghaidh tréithrithe in Éirinn (40) agus Tuaisceart Éireann (6); a bhfuil cúig cinn díobh lonnaithe i gContae Dhún na nGall agus is ceann trasteorann ceann acu, lonnaithe i nDún na nGall/Sligeach/Liatroim mar atá liostaithe thíos. Dá thoradh, tá an Tuarascáil Cháilíochta Uisce is deireanaí cuid mhór níos giorra agus ba chóir í a léamh in éineacht leis an eolas atá ar fáil ar www.catchements.ie.

- Dún na nGall:
 - Dobharcheantar 1: An Fheabhail
 - Dobharcheantar 37: Bá Dhún na nGall Thuaidh
 - Dobharcheantar 38: Gaoth Beara-Sheephaven
 - Dobharcheantar 39: Loch Súilí
 - Dobharcheantar 40: Domhnach-Bun an Phobail
- Dún na nGall/Sligeach/Liatroim:
 - Dobharcheantar 36: an Éirne

Tá eolas mionsonraithe maidir leis na dobharcheantair agus na fo-dhobharcheantair ina bhfuil na seacht mbaile lonnaithe ar fáil ar láithreán gréasáin an EPA www.epa.ie agus www.catchements.ie a bhfuil achoimre air ar fáil thíos agus léirítear é i dTábla 5.31.

Tábla 5.31: Dobharcheantar EPA agus Fo-dhobharcheantair laistigh de limistéar an LAP

Baile LAP	Dobharcheantar	Fo-dhobharcheantar
An Clochán Liath (Dungloe)	Gaoth Beara-Sheephaven	An Céideadh
Bealach Féich-Srath an Urláir	An Fheabhal	An Fhinn
Béal Átha Seanaidh	An Éirne	An Éirne
Ceann an Droichid	Loch Súilí	Bun na hAbhann
Carn Domhnach	Domhnach/Bun an Phobail	Gleann Ó gCanann
Baile Dhún na nGall	Cuan Dhún na nGall Thuaidh	An Iascaigh
Na Cealla Beaga	Cuan Dhún na nGall Thuaidh	Srath Ghairr

Foinse: www.catchements.ie

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá An Clochán Liath lonnaithe i nDobharcheantar 38: Gaoth Bheara-Sheephaven lena n-áirítear an ceantar draenáilte ag gach sruthán ag dul isteach in uisce taoideach in Abhainn Ghaoth Beara, Bá Sheephaven agus idir Ceann Ros Eoghain agus Cionn Fhánada i gContae Dhún na nGall. Cuimsíonn dobharcheantar Ghaoth Beara-Sheephaven naoi bhfo-dhobharcheantar lena n-áirítear An Céideadh in a

bhfuil an baile lonnaithe. Is é Fál Carrach an t-ionad uirbeach is mó sa dobharcheantar agus An Clochán Liath liostaithe mar cheann de na príomhionaid uirbeacha eile.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá Bealach Féich-Srath an Urláir lonnaithe i nDobharcheantar 1: An Fheabhail lena n-áirítear an ceantar draenáilte ag an Fheabhail agus ag a srutháin uile ag dul isteach in uisce taoideach idir Pointe an Chúil Mhór agus Cúil Chaorach i gContae Dhoire. Cuimsíonn an dobharcheantar seo naoi bhfo-dhobharcheantar lena n-áirítear an Fhinn ina bhfuil na bailte cúplacha lonnaithe. Tá Bealach Féich-Srath an Urláir liostaithe mar an t-ionad uirbeach is mó sa dobharcheantar seo.

Béal Átha Seanaidh

Tá Béal Átha Seanaidh lonnaithe i nDobharcheantar 36: An Éirne lena n-áirítear an ceantar draenáilte ag an Éirne agus ag na sruthanna uile a ritheann isteach san uisce taoideach idir Pointe Aughrus agus Pointe Chill Domhnaigh i gContae Dhún na nGall. Cuimsíonn dobharcheantar na hÉirne 28 bhfo-dhobharcheantar ar cheann acu an 'Éirne' ina bhfuil Béal Átha Seanaidh lonnaithe. Is dobharcheantar trasteorann é seo le ceantar dromchla de 4,415km² a bhfuil 2,512km² lonnaithe in Éirinn. Is é Baile an Chabháin an t-ionad uirbeach is mó agus Béal Átha Seanaidh liostaithe mar cheann de na príomhionaid uirbeacha eile.

Ceann an Droichid

Tá Ceann an Droichid lonnaithe laistigh de Dhobharcheantar 39: Loch Súilí lena n-áirítear an ceantar draenáilte ag gach sruth a ritheann isteach in uisce taoideach Loch Súilí idir Cionn Fhánada agus Cionn Dhún Damh i gContae Dhún na nGall. Cuimsíonn dobharcheantar Loch Súilí seacht bhfo-dhobharcheantar lena n-áirítear Bun na hAbhann ina bhfuil an sráidbhaile lonnaithe. Is é Leitir Ceanainn an t-ionad uirbeach is mó sa dobharcheantar.

Carn Domhnach

Tá Carn Domhnach lonnaithe laistigh de Dhobharcheantar 40: Domhnach-Bun an Phobail lena n-áirítear an ceantar draenáilte ag Abhainn Dhomhnach idir Cionn Dhún Damh agus Pointe an Chúil Mhóir i gContae Dhoire. Cuimsíonn dobharcheantar Domhnach-Bun an Phobail sé fo-dhobharcheantar lena n-áirítear Gleann Ó gCanann ina bhfuil an baile lonnaithe. Tá Carn Domhnach liostaithe mar an t-ionad uirbeach is mó sa dobharcheantar seo.

Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga

Tá Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga lonnaithe laistigh de Dhobharcheantar 37: Bá Dhún na nGall Thuaidh lena n-áirítear an ceantar draenáilte ag gach sruth a ritheann isteach san uisce taoideach idir Pointe Chill Domhnaigh agus Ceann Ros Eoghain i gContae Dhún na nGall. Cuimsíonn dobharcheantar Bhá Dhún na nGall Thuaidh cúig fho-dhobharcheantar; tá Baile Dhún na nGall lonnaithe i bhfo-dhobharcheantar an Iascaigh agus tá na Cealla Beaga lonnaithe i bhfo-dhobharcheantar Srath Ghairr. Is é Baile Dhún na nGall an t-ionad uirbeach is mó sa dobharcheantar agus tá na Cealla Beaga liostaithe mar an príomhionad uirbeach eile.

5.12.3 Stádas Screamhuisce

Áirítear screamhuisce mar acmhainn nádúrtha tábhachtach in Éirinn. Eascraíonn sé as báisteach a théann isteach sa talamh agus a stóráiltear i mbuncharraig agus i sil-leagain ghairbhéil agus ghainimh. Go stairiúil bhí an fócas ar screamhuisce dá úsáid mar uisce óil, ach faoin gCreat-treoir Uisce (WFD) tá béim mhéadaithe ar cháilíocht timpeallachta screamhuisce, mar aon lena fhiúntas mar sholáthar uisce óil¹⁶. Glactar leis go mbíonn ról rí-thábhachtach ag screamhuisce i gothabháil leibhéil abhann agus éiceachórais uisce dromchla agus gur féidir leis mórtionchar a bheith aige ar cháilíocht aibhneacha.

Ceanglaíonn Airteagal 8 den WFD go mbunófar cláir le monatóireacht a dhéanamh ar screamhuisce. Díríonn na cláir mhonatóireachta screamhuisce go príomha ar eolas a chur ar fáil ar féidir a úsáid chun stádas timpeallachta dogharlaigh screamhuisce a mheasúnú agus eolas a chur ar fáil chun measúnú a

¹⁶<http://www.epa.ie/pubs/reports/water/waterqua/northwest/IWQ%20NW%20NBRB%20Print.pdf>

dhéanamh cibé an bhfuil cuspóirí timpeallachta Airteagal 4 den WFD á gcomhlíonadh, agus ag tacú ar an gcaoi sin le cuspóirí bainisthe agus timpeallachta foriomlána laistigh de Ceantar Abhantraí (RBD).

Áirítear i gCáilíocht Uisce 2017 an EPA measúnú ar screamhuisce lena n-áirítear stádas ceimiceach agus cainníochtúil gach dogharlach screamhuisce in Éirinn bunaithe ar phointí monatóireachta ionadaíoch de réir na gcritéar atá leagtha amach i WFD. Sainmhíníonn Rialacháin Cuspóirí Timpeallachta na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce), 2010 (I.R. 9 de 2010) na critéir do scéim rangaithe dogharlach screamhuisce lena n-áirítear cúig rang: ard, maith, measartha, lag agus go dona. Bhreithnigh an próiseas rangaithe freisin riachtanais éiceolaíochta na n-aibhneacha ábhartha agus éiceachórais talún a bhraitheann ar rannchuidiú ó screamhuisce agus an measúnú ar thionchar an truailithe ar úsáidí (nó úsáidí ionchasacha) an dogharlaigh screamhuisce, e.g. do sholáthar uisce.

Don chéad timthriall WFD bhí an measúnú screamhuisce bunaithe ar líon níos mó dogharlach i.e. 757. Laghdaíodh an líon foriomlán dogharlach don tréimhse tuairiscithe seo go 513 de thoradh anailíse ar mheasúnú riosca a rinneadh a chinn nach raibh cuid mhaith de na dogharlaigh i mbaol gan cuspóir stádas an WFD a chomhlíonadh. Cuimsíonn an líonra monatóireachta screamhuisce sa tuarascáil is deireaní ón EPA 336 láithreán monatóireachta.

Chinn measúnú an EPA don tréimhse 2010-2015, as 513 dogharlach screamhuisce in iomlán ag an leibhéal Náisiúnta, gur bhain 468 a gcuspóirí maidir le stádas maith ceimiceach agus stádas maith cainníochtúil amach; is ionann é seo agus 99% den tír de réir achair (c. 70,899km²). Dá réir níor rangaíodh ach 45 dogharlach mar dhroch-stádas, a raibh teip chun an stádas ceimiceach a bhaint amach i gceisti gcás 44 díobh, agus ceann amháin nár bhain an cuspóir maidir le stádas cainníochtúil amach. Aithníonn Tuarascáil 2017 an EPA go bhfuil na dogharlaigh screamhuisce seo a bhfuil stádas bocht ceimiceach acu beag ar an iomlán agus go mbaianeann na brúnna suntasacha de ghnáth le truailliú stairiúil ó phoncfoinsí den chuid is mó, lena n-áirítear mianaigh, líonadh talún agus tionscal. Ar an gcaoi chéanna bhí stádas bocht cainníochtúil dogharlach screamhuisce bainteach le scéimeanna stairiúla draenála áitiúla agus réigiúnacha.

Léiríonn Tábla 5:32 torthaí stádas screamhuisce do limistéar an LAP. Tá sé suntasach gur bhain na dogharlaigh screamhuisce go léir i limistéar an Phlean a gcuspóirí dea-stádais cheimicigh agus cainníochtúla amach le linn na tréimhse 2010-2015.

Tábla 5.32: Torthaí Stádas Screamhuisce sa LAP i rith na tréimhse 2010-2015

Baile LAP	Dobharcheantar	Cuspóir Stádais WFD
An Clochán Liath (Dungloe)	Gaoth Beara-Sheephaven	Maith
Bealach Féich-Srath an Urláir	An Fheabhal	Maith
Béal Átha Seanaidh	An Éirne	Maith
Ceann an Droichid	Loch Súilí	Maith
Carn Domhnach	Domhnach/Bun an Phobail	Maith
Baile Dhún na nGall/Na Cealla Beaga	Cuan Dhún na nGall Thuaidh	Maith

Foinse: www.catchements.ie

Tá eolas mionsonraithe maidir le stádas screamhuisce do gach dogharcheantar agus fo-dogharcheantar laistigh de limistéar an Phlean ar fáil ar láithreán gréasáin an EPA www.epa.ie agus www.catchements.ie, a bhfuil achoimre air ar fáil thíos (bunaithe ar Mheasúnachtaí Dobharcheantair an EPA, Márta 2017) agus a léirítear i dTábla 5.33.

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá 5 dogharlach screamhuisce i ndogharcheantar Ghaoth Beara-Sheephaven a raibh dea-stádas acu uile i 2015. Ní raibh aon athruithe ar stádas an screamhuisce idir an dá thréimhse tuairiscithe 2007-

2009 agus 2010-2015. Níl aon cheann de na dobharlaigh screamhuisce sa dobharcheantar seo 'I mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá 14 dobharlach screamhuisce i ndobharcheantar an Fheabhail, a raibh 13 (93%) ag 'Dea-stádas' agus 1 cheann amháin (7%) ag 'Droch-stádas' i 2015. Tá 13 de na dobharlaigh screamhuisce sa dobharcheantar seo 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana.

Béal Átha Seanaidh

Tá 66 dobharlach screamhuisce i ndobharcheantar na hÉirne a raibh 'Dea-stádas' ag 65 (98%) díobh agus 'Droch-stádas' ag 1 cheann amháin (2%) i 2015. Tugtar ar aird go roinntear 49 de na dobharlaigh screamhuisce sa dobharcheantar seo le dobharcheantair eile. Tá 51 de na dobharlaigh screamhuisce sa dobharcheantar seo 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 'Athbheithniú' á dhéanamh ar 15 dobharlach screamhuisce sa dobharcheantar seo toisc go bhfuil siad nasctha go hidreolaíoch le huiscí dromchla nach bhfuil a gcuspóirí cáilíochta uisce á mbaint amach acu.

Ceann an Droichid

Tá 8 dobharlach screamhuisce i ndobharcheantar Loch Súilí a raibh 'Dea-stádas' acu go léir i 2015. Ní raibh aon athruithe ar an stádas screamhuisce ó thréimhse monatóireachta dheireanach an EPA. Níl aon cheann de na dobharlaigh screamhuisce sa dobharcheantar seo 'I mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana.

Carn Domhnach

Tá 4 dobharlach screamhuisce i ndobharcheantar Domhnach-Bun an Phobail a raibh 'Dea-stádas' acu uile i 2015. Ní raibh aon athruithe ar an stádas screamhuisce sa dobharcheantar seo ó thréimhse monatóireachta dheireanach an EPA. Níl aon cheann de na dobharlaigh screamhuisce sa dobharcheantar seo 'I mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana.

Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga

Tá 13 dobharlach screamhuisce i ndobharcheantar Bhá Dhún na nGall Thuaidh a raibh 'Dea-stádas' ag 12 (92%) agus 'Droch-stádas' ag 1 ceann amháin (8%) i 2015. Tá 12 de na dobharlaigh screamhuisce sa dobharcheantar seo 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá dobharlach screamhuisce amháin sa dobharcheantar seo atá 'I mBaol' gan a chuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach mar gheall ar shaoráid dramhaíola ar an láthair. Caithfear bearta a chur chun feidhme sa dobharlach seo chun cáilíocht an uisce a fheabhsú.

Tábla 5.33: Achoimre ar Stádas Screamhuisce agus ar Bhaol do Screamhuisc i limistéar an LAP

Baile LAP	Dobharcheantar EPA	Líon na nDobharlach	2010-2015		Baol		
			Maith	Lag	<i>Níl i mBaol</i>	Athbheithniú	<i>I mBaol</i>
An Clochán Liath (Dungloe)	Gaoth Beara-Sheephaven	5	5	0	5	0	0
Bealach Féich-Srath an Urláir	An Fheabhal	14	13	1	13	0	1
Béal Átha Seanaidh	An Éirne	66	65	1	51	15	0
Ceann an Droichid	Loch Súilí	8	8	0	8	0	0
Carn Domhnach	Domhnach/Bun an Phobail	4	4	0	4	0	0
Baile Dhún na nGall Thuaidh	Cuan Dhún na nGall Thuaidh	13	12	1	12	0	1

nGall / Na Cealla Beaga							
--	--	--	--	--	--	--	--

Foinse: Measúnuithe Dobharcheantair EPA, Márta 2017

I 2014 rinne an EPA anailís scagthástála do substaintí guaiseacha agus lotnaidicídí éagsúla. Léiríonn torthaí an mheasúnaithe seo agus measúnuithe roimhe seo a rinneadh i 2010 nach ceist shuntasach na substaintí seo i dtimpeallacht uisce na hÉireann. D’ainneoin nach bhfuil aon fhianaise go gcuireann lotnaidicídí le fadhbanna cáilíochta uisce screamhuisce, aithnítear go bhféadfadh go bhfuil ábhar imní ag an scála áitiúil ann i gcónaí. Tugann tuarascáil EPA 2017 ar aird go bhfuil straitéisí bainistithe gníomhacha á n-ullmhú ag an Meitheal Náisiúnta um Uisce Óil agus Lotnaidicídí d’úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta planda le iarracht a dhéanamh an baol do sholáthairtí uisce óil agus an timpeallacht uisce ghinearálta a íoslaghdú.

5.12.4 Stádas Uisce Dromhchla

De réir cheanglais an Chreat-Treoir Uisce(WFD), déantar stádas uisce dromhchla a chinneadh tríd a stádas éiceolaíochta agus ceimice, agus sainítear é i pé acu ceann is ísle. Tá stádas éiceolaíochta bunaithe ar raon gnéithe cáilíochta bitheolaíoch agus gnéithe cáilíochta fisiceimiceacha tacaíochta. Déantar staid hidreamoirfeolaíochta láithreáin abhann ardstádais a bhreithniú freisin agus stádas á shannadh. I ngach cás sanntar stádas do stádas ard, maith, measartha, lag nó droch-stádas ag braith ar an eolas a bhíonn ar fáil.

Thug Rialacháin Uisce Dromhchla (I.R. 272 de 2009) agus Rialacháin Screamhuisce (I.R. 9 de 2010) ceanglais cháilíocht uisce isteach a chuir tús le hathbhreithniú ar na tosca reatha a bhain le ceadúnas dramháiola agus tionsclaíoch. Is iad na hathbhreithnithe seo a bhí mar phríomh-mheicníocht chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna cáilíochta uisce bainteach leis na gníomhaíochtaí seo, agus tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna truailithe trí thosca ceadúnais.

I gcomhréir le haidhm fhoriomlán an WFD d’uiscí dromhchla, lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha (inbhir agus murlaigh) agus cósta, stádas ‘maith’ éiceolaíochta agus stádas ‘maith’ ceimiceach ar a laghad a bhaint amach, mar aon le meath sna huiscíní sin a rangáidh mar ‘ard’ nó ‘maith’ a chosc.

Deir tuarascáil an EPA 2017 go bhfuil cáilíocht ár n-uiscí dromhchla seasta go maith ó 2007-2009 agus nár baineadh feabhsúcháin, a bhí beartaithe faoin gcéad timthriall bainistithe abhantraí, amach. Chinn measúnú an EPA don tréimhse 2010-2015 go bhfuil 57% d’aibhneacha, 46% de lochanna, 31% d’uiscí (inbhearacha) trasdulta agus 79% d’uiscí cósta ag baint ardstádais nó dea-stádais amach faoin WFD. Aithnítear cé gur fhan na torthaí náisiúnta cobhsaí go maith go bhfuil meath tar éis teacht ar dhobharlaigh áirithe agus tá fiosrú á dhéanamh ag an EPA faoi láthair féachaint céard is cúis leis na hathruithe seo. Is é an príomhchuspóir tuilleadh meatha ar stádas uisce dromhchla a chosc. Léiríonn Tábla 5.34 achoimre stádas uisce WFD ag an leibhéal náisiúnta d’uiscí dromhchla i rith 2010-2015.

Tábla 5.34: Achoimre ar Stádas Uisce WFD ag Leibhéal Náisiúnta d’Uiscí Dromhchla i rith 2010-2015

Stádas Uiscí Éireannacha (2010-2015)	Ard	Maith	Measartha	Lag	Go Dona
Aibhneacha (% dobharlach)	10.4	46.3	25.5	17.5	0
Lochanna (% dobharlach)	11	35	33	13	8
Trasdultach (% limistéar)	10	15	39	12	4
Cósta (% limistéar)	10	24	7	2	0

Foinse: ‘Cáilíocht Uisce in Éirinn 2010-2015’ ón EPA (Lúnasa 2017)

Ar an iomlán bhí laghdú ar leibhéal uiscí atá truailithe go dona agus gan ach an stádas seo sainithe do sé dhobharlach i gcomparáid le naoi gcinn déag sa tréimhse tuairiscithe roimhe. D’ainneoin seo bhí laghdú freisin ar líon na ndobharlach abhann ar sainíodh ardstádas dóibh, ó 287 go 245, thar an dá

thréimhse tuairiscithe. Chomh maith leis seo bhí méadú ar líon na sladanna ar éisc a tuairiscíodh, tuairisc ar 97 idir 2013 agus 2015, méadú de 27 ar an líon a tuairiscíodh idir 2007 agus 2009. Ní léir céard ba chúis leis an méadú seo, ach d'fhéadfadh sé gur toradh ar thréimhsí leathnaithe triomach agus/nó imeachtaí tuile, seachas filleadh ar mhéadú ar líon na ndoirtí truaillithe tromchúiseacha arbh iad príomhchúis sladanna ar éisc san am atá caite.

Is tiúchán cothaitheach ardaithe an fhadhb cháilíochta uisce is fairsinge in Éirinn i gcónaí ag eascairt go príomha as gníomhaíochtaí daonna, mar sceití talmhaíochta agus dramhuisce in uisce ó lonnaíochtaí daonna, lena n-áirítear bailte, sráidbhailte agus tithe tuaithe. Tá leibhéal an truaillithe ó shubstaintí guaiseacha íseal.

5.1.2.1 Aibhneacha agus Lochanna

Áirítear i dTuarascáil Cháilíochta Uisce 2017 de chuid an EPA measúnú ar stádas éiceolaíochta do bharlach (aibhneacha agus lochanna) i rith na tréimhse 2010-2015. Cuireann clár monatóireachta an EPA eolas ar fáil freisin maidir leis na hathruithe i stádas do bharlach abhann idir an dá thréimhse suirbhé 2007-2009 agus 2010-2015 agus aithníonn na do bharlaigh sin a bhfuil baol ann nach mbainfidh siad cuspóirí cáilíochta uisce WFD amach. Tá eolas mionsonraithe maidir le stádas uisce dromchla do gach ceann de na do bharcheantair agus na fo-dhobharcheantair laistigh de limistéar an Phlean ar fáil ag www.epa.ie agus www.catchements.ie, a bhfuil achoimre air thíos (bunaithe ar Mheasúnachtaí Do bharcheantair an EPA, Márta 2017) agus cuirtear i láthair é ar Tháblaí 5.35 agus 5.36.

An Clochán Liath (Dungloe)

Cuimsíonn do bharcheantar Ghaoth Beara-Sheephaven naoi bhfo-dhobharcheantar le 88 do bharlach agus 883 loch. Bhí 32 (36%) do bharlach abhann agus 12 (14%) loch a raibh 'Dea-stádas' nó 'Ardstádas' acu, agus 21 (24%) do bharlach abhann agus 4 (5%) loch ag stádas níos lú ná 'dea-stádas' sa do bharcheantar acu i 2015. Bhí 35 (40%) abhainn gan monatóireacht orthu agus 67 (81%) loch gan monatóireacht déanta orthu sa do bharcheantar. D'fhan an stádas cobhsaí i bhformhór na ndobharlach sa do bharcheantar seo ó 2007-2009 nuair a cuireadh tús le monatóireacht WFD. Ach tá feabhas tagtha ar 12 do bharlach agus tá meath tagtha ar 16, agus 35 nár léirigh aon athrú ar stádas.

Tá 39 do bharlach abhann agus 70 loch sa do bharcheantar seo rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 'Athbhreithniú' á dhéanamh ar 28 do bharlach abhann agus ar 6 loch; díobh seo teastaíonn tuilleadh eolais maidir le 13 de na do bharlaigh seo agus níor réadaíodh torthaí bearta a cuireadh chun feidhme maidir le 21 do bharlach eile go fóill. Tá 28 do bharlach sa do bharcheantar seo atá 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh beart sna do bharlaigh seo chun cáilíocht an uisce a fheabhsú.

Tá trí dhobharlach ainmnithe mionathraithe go mór sa do bharcheantar, Loch na Cuinge (Uachtarach) agus Dún Lúiche mar gheall ar ghiniúint cumhachta agus Salann de bharr astarraingte uisce óil. Rangáíodh Loch na Cuinge (Uachtarach) agus Dún Lúiche mar 'Neamhshannta' agus rangáíodh 'Salann' mar 'Dhea-ionchas Éiceolaíochta' i 2010-2015.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Cuimsíonn do bharcheantar an Fheabhail naoi bhfo-dhobharcheantar le 41 do bharlach abhann agus 5 loch. Bhí 7 (17%) do bharlach abhann agus 3 (60%) loch a raibh 'Dea-stádas' nó 'Ardstádas' acu, agus 21 (51%) do bharlach abhann agus gan loch ar bith ag níos lú ná 'Dea-stádas' sa do bharcheantar i 2015. Bhí 13 (32%) abhainn nach raibh monatóireacht orthu agus 2 (40%) loch gan monatóireacht sa do bharcheantar i 2015. D'fhan an stádas cobhsaí i móramh na ndobharlach sa do bharcheantar seo ó 2007-2009 nuair a thosaigh monatóireacht WFD. Ach tháinig feabhas ar 9 ndobharlach agus meath ar 7 gcinn.

Tá 7 do bharlach abhann agus 3 loch rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 'Athbhreithniú' á dhéanamh ar 13 do bharlach abhann eile agus 2 loch áit a dteastaíonn níos mó eolais maidir le 9 n-abhainn agus 2 loch agus tána torthaí ar bhearta a cuireadh chun feidhme maidir le 7 n-abhainn le

réadú fós. Tá 20 dobharlach abhann 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dobharlaigh seo le cáilíocht an uisce a fheabhsú.

Béal Átha Seanaidh

Cuimsíonn dobharcheantar na hÉirne 28 fo-dhobharcheantar le 128 dobharlach abhann agus 132 loch. Bhí 42 (33%) dobharlach abhann agus 5 (4%) loch ag 'Dea-stádas' nó 'Ardstádas', agus 48 (37%) dobharlach abhann agus 37 (c.28%) loch ag níos lú ná 'Dea-stádas' sa dobharcheantar i 2015. Bhí 39 (30%) abhainn gan monatóireacht agus 30 (23%) sa dobharcheantar i 2015. Tá athrú tagtha ar stádas na ndobharlach sa dobharcheantar seo ó 2007-2009; tháinig feabhas ar 23 dobharlach abhann agus ar 3 loch agus chuaigh 15 dobharlach abhann agus 11 loch i léig.

Tá 41 dobharlach abhann agus 8 loch sa dobharcheantar seo rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 28 dobharlach abhann agus 85 loch faoi 'Athbhreithniú' áit a dteastaíonn níos mó sonraí agus eolais maidir le 24 dobharlach abhann agus 65 loch agus tá na torthaí ar bhearta a cuireadh chun feidhme maidir le 4 abhainn agus 20 loch le réadú fós. Tá 6 dobharlach abhann agus 39 loch sa dobharcheantar 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dobharlaigh seo le cáilíocht uisce a fheabhsú.

Ceann an Droichid

Cuimsíonn dobharcheantar Loch Súilí 7 bhfo-dhobharcheantar le 51 dobharlach abhann agus 9 loch. Bhí 22 (43%) dobharlach abhann agus 2 (22%) loch ag 'Dea-stádas' nó 'Ardstádas' agus 17 (33%) dobharlach abhann agus 1 cheann amháin (11%) loch ag níos lú ná 'Dea-stádas' sa dobharcheantar i 2015. Bhí 12 (24%) abhainn gan monatóireacht agus 6 (67%) loch gan monatóireacht sa dobharcheantar i 2015. D'fhan an stádas cobhsaí i mórán na ndobharlach sa dobharcheantar seo ó 2007-2009 nuair a thosaigh monatóireacht WFD. Ach tá feabhas tagtha ar 10 dobharlach abhann agus 2 loch agus chuaigh 6 dobharlach abhann i léig.

Tá 21 dobharlach abhann agus 5 loch rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 9 dobharlach abhann eile agus 3 loch faoi 'Athbhreithniú' áit a bhfuil níos mó eolais ag teastáil maidir le 8 dobharlach abhann agus torthaí bearta a cuireadh chun feidhme maidir le abhainn amháin fós le réadú. Tá 21 dobharlach abhann agus 1 loch amháin sa dobharcheantar seo 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dobharlaigh seo le cáilíocht an uisce a fheabhsú.

Carn Domhnach

Cuimsíonn dobharcheantar Dhomhnach-Bun an Phobail 6 fho-dhobharcheantar le 36 dobharlach abhann agus loch amháin. Bhí 7 (19%) dobharlach abhann agus 1 (100%) loch amháin le 'Dea-stádas' nó 'Ardstádas' acu agus 16 (44%) dobharlach abhann agus gan aon loch le níos lú ná 'Dea-stádas' sa dobharcheantar i 2015. Bhí 13 (81%) abhainn gan monatóireacht agus gan aon loch gan monatóireacht sa dobharcheantar i 2015. Tá athrú tagtha ar stádas dobharlach abhann sa dobharcheantar seo ó 2007-2009; tá feabhas tagtha ar 3 dhobharlach abhann agus tá meath tagtha ar 7 ndobharlach abhann. Ní raibh aon athrú ar stádas lochanna.

Tá 5 dhobharlach abhann agus 1 loch amháin rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 9 ndobharlach abhann eile faoi 'Athbhreithniú' áit a bhfuil tuilleadh eolais ag teastáil faoi 6 cinn de na dobharlaigh abhann agus tá torthaí bearta a cuireadh chun feidhme maidir le 3 abhainn fós le réadú. Tá 22 dobharlach abhann sa dobharcheantar 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dobharlaigh seo le cáilíocht uisce a fheabhsú.

Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga

Cuimsíonn dobharcheantar Bhá Dhún na nGall Thuaidh 5 fho-dhobharcheantar le 49 dobharlach abhann agus 12 loch. Bhí 'Dea-stádas' nó 'Ardstádas' ag 19 (39%) dobharlach abhann agus gan aon loch agus níos lú ná 'Dea-stádas' ag 18 (37%) dobharlach abhann agus 1 (8%) loch amháin sa dobharcheantar i 2015. Bhí 12 (24%) abhainn gan monatóireacht agus 11 (92%) loch gan monatóireacht sa dobharcheantar i 2015. D'fhan an stádas cobhsaí i bhformhór na ndobharlach sa dobharcheantar seo ó

2007-2009 nuair a thosaigh monatóireacht WFD. Ach tá feabhas tagtha ar 5 dobharlach abhann agus meath ar 15 dobharlach abhann agus 1 loch amháin.

I 2015 bhí 18 dobharlach abhann agus 9loch rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 7 ndobharlach abhann eile agus loch amháin faoi 'Athbhreithniú' áit a bhfuil tuilleadh eolais ag teastáil faoi 8 gcinn de na dobharlaigh abhann agus loch amháin agus tá torthaí bearta a cuireadh chun feidhme maidir le abhainn eile fós le réadú. Tá 24 dobharlach abhann agus loch amháin sa dobharcheantar 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Beidh bearta ag teastáil sna dobharlaigh seo le cáilíocht an uisce a fheabhsú.

Aithnítear na Cealla Beaga mar dhobharlach mionathraithe go mór sa dobharcheantar mar gheall ar áiseanna calaidh. Rangáodh freisin é agus Ionchas Éiceolaíochta Mearartha aige i 2010-2015.

Tábla 5.35: Achoimre ar Stádas Abhann agus an Baol d'aibhneacha i limistéar an LAP

Baile LAP	Dobharcheantar EPA	Líon na nAibhn eacha	2010-2015						Baol		
			Ard	Máith	Mearartha	Iag	Go Dona	Gan monatóir eacht	Níl i mBaol	Athbheit hniú	I mBaol
An Clochán Liath (Dungloe)	Gaoth Beara-Sheephaven	88	8	24	10	11	0	35	39	28	21
Bealach Féich-Srath an Urláir	An Fheabhal	41	0	7	9	12	0	13	7	13	21
Béal Átha Seanaidh	An Éirne	129	8	34	19	29	-	39	41	28	60
Ceann an Droichid	Loch Súilí	51	3	19	6	11	0	12	21	9	21
Carn Domhnach	Domhnach/Bun an Phobail	36	0	7	1	14	1	13	5	9	22
Baile Dhún na nGall / Na Cealla Beaga	Cuan Dhún na nGall Thuaidh	49	4	15	8	10	0	12	18	7	24

Foinse: Measúnuithe Dobharcheantair EPA, Márta 2017

Tábla 5.36: Achoimre ar Stádas Locha agus Baol do Locha i Limistéar an LAP

Baile LAP	Dobharcheantar EPA	Líon na Lochanna	2010-2015						Baol		
			Ard	Máith	Measartha	Lag	Go Dona	Gan monatóir eacht	Nil i mBaol	Athbheit hníú	I mBaol
An Clochán Liath (Dungloe)	Gaoth Beara-Sheephaven	83	2	10	4	0	0	67	70	6	7
Bealach Féich-Srath an Urláir	An Fheabhal	5	0	3	0	0	0	2	3	2	0
Béal Átha Seanaidh	An Éirne	132	-	5	18	10	9	30	8	85	39
Ceann an Droichid	Loch Súilí	9	1	1	0	1	0	6	5	3	1
Carn Domhnach	Domhnach/Bun an Phobail	1	1	0	0	0	0	0	1	0	0
Baile Dhún na nGall / Na Cealla Beaga	Cuan Dhún na nGall Thuaidh	12	0	0	1	0	0	11	9	2	1

Foinse: Measúnuithe Dobharcheantair EPA, Márta 2017

5.1.2.2 Dobharlaigh cósta agus trasdultacha éagsúlacht

Cuimsíonn dogharlaigh cósta agus trasdultacha éagsúlacht leathan cineálacha, mar mhurlaigh, inbhir, bána móra cósta agus stráicí cósta nochta. Ag cur san áireamh go bhfuil na huiscí seo lonnaithe ag an gcomhéadan idir talamh agus farraige atá nochtaithe do raon leathan brúnna daonna lena n-áirítear sceitheadh ó ghléasraí cóireála dramhuisce cathrach agus tionscail, ionchuir ó fhoinsí talmhaíochta idirleata, athruithe moirfeolaíochta bainteach le gníomhaíochtaí cuain agus calaidh, agus sceití ó shoithigh mhara. Tá uiscí cósta tábhacht don turasóireacht lena n-úsáid mar ionaid snámha agus chun tacú le fiadhúlra mara. Tá eolas mionsonraithe maidir le stádas uiscí cósta agus trasdultacha agus an baol gan cuspóir cáilíochta uisce WFD a bhaint amach do gach dogharcheantar agus fo-dogharcheantar laistigh de limistéar an Phlean ar fáil ar www.epa.ie agus www.catchements.ie, a bhfuil achoimre de ar fáil thíos (bunaithe ar Mheasúnachtaí Dobharcheantair EPA, Márta 2017) agus curtha i láthair i dTáblaí 5.37.

An Clochán Liath (Dungloe)

Áirítear i ndogharcheantar Ghaoth Beara-Sheephaven 24 dogharach cósta agus trasdultacha, a bhfuil péire díobh roinnte le dogharcheantar eile. Tá 4 (17%) rangaithe mar 'Dea-stádas' agus 'Ardstádas', 1 (4%) ceann amháin níos lú ná dea-stádas agus 19 (79%) dogharlach cósta agus trasdultacha gan monatóireacht sa dogharcheantar seo.

Tá 18 (75%) dogharlach cósta agus trasdultacha 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá 5 (21%) dogharlach cósta

agus trasdultacha eile faoi 'Athbhreithniú' agus 1 (4%) cheann amháin 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Caithfear bearta a chur chun feidhme sa dogharlach seo chun cáilíocht uisce a fheabhsú.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Áirítear i ndobharcheantar an Fheabhail dogharlach trasdultach amháin agus gan aon dogharlach cósta. Fanann dogharlach trasdultach inbhir an Fheabhail agus na Fochaine ag stádas 'Measartha' do na tréimhsí monatóireachta 2007-2009 agus 2010-2012 ach níor dearnadh monatóireacht air i 2010-2015. I 2015 rangáíodh an dogharlach trasdultach seo 'I mBaol' nach mbainfidh sé a chuspóirí cáilíochta uisce amach. Caithfear bearta a chur chun feidhme sa dogharlach seo le cáilíocht uisce a fheabhsú.

Béal Átha Seanaidh

Cuimsíonn dogharcheantar na hÉirne cúig dhobharlach cósta agus trasdultacha a bhfuil ceann díobh rangaithe le stádas 'measartha' agus bhí na ceithre cinn eile gan monatóireacht. Roinntear dogharlach amháin sa dogharcheantar seo, Bá Dhún na nGall (an Éirne) le dhá dhobharcheantar comharsanachta.

Tá dhá dhobharlach cósta agus trasdultacha sa dogharcheantar seo rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá dhá dhobharlach cósta agus trasdultacha eile faoi 'Athbhreithniú' áit a bhfuil níos mó sonraí agus eolas ag teastáil. Tá ceann de na dogharlaigh sa dogharcheantar seo 'I mBaol' nach mbainfidh sé a chuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dogharlaigh seo le cáilíocht uisce a fheabhsú.

Ceann an Droichid

Cuimsíonn dogharcheantar Loch Súilí seacht ndobharlach cósta agus trasdultacha, a bhfuil trí cinn díobh is coiteann do dhobharcheantair eile. De na seacht ndobharlach cósta agus trasdultacha sa dogharcheantar, bhí 'Ardstádas' ag 2 (29%), bhí níos lú ná dea-stádas ag 2 (29%) cheann i 2015 agus ní dhearnadh monatóireacht ar na 3 (42%) cinn a bhí fanta.

Tá ceithre dhobharlach cósta agus trasdultacha atá rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá ceann de na dogharlaigh, Inbhear na Cranncha, faoi 'Athbhreithniú' de bharr uisce snámha ainmnithe a bheith ar an láthair nach bhfuil ag baint a chuspóir cáilíocht uisce amach agus mar sin a meastar a bheith leochaileach don truailliú. Tá dhá cheann de na dogharlaigh cósta agus trasdultacha sa dogharcheantar seo 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dogharlaigh seo le cáilíocht uisce a fheabhsú.

Carn Domhnach

Cuimsíonn dogharcheantar Dhomhnach-Bun an Phobail sé dhobharlach cósta agus trasdultacha, trí cinn acu a bhaineann le dogharcheantair eile. De na sé dhobharlach cósta agus trasdultacha sa dogharcheantar, rangáíodh 1 cheann amháin (17%) mar 'Ardstádas' i 2015 agus níor dearnadh monatóireacht ar na 5 cinn (83%) a bhí fanta.

Tá 5 (83%) dogharlach cósta agus trasdultacha atá rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá ceann de na dogharlaigh sa dogharcheantar seo 'I mBaol' nach mbainfidh sé a chuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dogharlaigh seo le cáilíocht uisce a fheabhsú.

Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga

Cuimsíonn dogharcheantar Bhá Dhún na nGall Thuaidh deich ndobharlach cósta agus trasdultacha a raibh 'Dea-stádas nó Ardstádas' ag 3(30%) cinn agus 2 cheann (20%) níos lú ná dea-stádas i 2015.

Tá 7 (70%) ndobharlach cósta agus trasdultacha rangaithe mar 'Gan a bheith i mBaol' agus mar sin níl measúnú imscrúdaitheach nó bearta breise ag teastáil seachas a bhfuil ann cheana. Tá dogharlach amháin, Bá Mhic Suibhne, faoi 'Athbhreithniú' a bhfuil 'Dea-stádas' éiceolaíochta aige ach a leasaíodh go dtí athbhreithniú mar gheall ar bhrúnna, lena n-áirítear líon feirmeacha éisc. Tá dhá cheann de na dogharlaigh cósta agus trasdultacha sa dogharcheantar seo 'I mBaol' nach mbainfidh siad a gcuspóirí cáilíochta uisce amach. Teastóidh bearta sna dogharlaigh seo le cáilíocht an uisce a fheabhsú.

Tábla 5.37: Achoimre ar Stádas agus Baol Uiscí Cósta agus Trasdultacha i limistéar an LAP

Baile LAP	Dobharcheantar EPA	Líon na nDobharlach	2010-2015						Baol		
			Ard	Máith	Measartha	Lag	Go Dona	Gan monatóir eacht	Nil i mBaol	Athbheit hníú	I mBaol
An Clochán Liath (Dungloe)	Gaoth Beara-Sheephaven	24	2	2	1	0	0	19	18	5	1
Bealach Féich-Srath an Urláir	An Fheabhal	1	0	0	0	0	0	1	0	0	1
Béal Átha Seanaidh	An Éirne	5	0	0	1	0	0	4	2	2	1
Ceann an Droichid	Loch Súilí	7	2	0	1	1	0	3	4	1	2
Carn Domhnach	Domhnach/Bun an Phobail	6	1	0	0	0	0	5	5	0	1
Baile Dhún na nGall /Na Cealla Beaga	Cuan Dhún na nGall Thuaidh	10	1	2	1	1	0	5	7	1	2

Foinse: Measúnuithe Dobharcheantair EPA, Márta 2017

5.13 Dramhuisce

Tá Uisce Éireann tar éis an cúram a ghlacadh ó na hÚdaráis Áitiúla chun seirbhísí uisce agus dramhuisce a chur ar fáil in Éirinn. Áirítear anseo bainistiú thart ar 856 ionad cóireála uisce agus thart ar 1,000 ionad cóireála dramhuisce. Ó thaobh infheistíochta, is é Uisce Éireann anois an príomhúdarás infheistíochta caipitil sa Chontae agus i 2015 d'fhoilsigh Uisce Éireann an chéad phlean comhtháite náisiúnta d'Éirinn do sheachadadh seirbhísí uisce 'Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP)' a thugann aghaidh ar sé príomhthéama:

- Seirbhís do Custaiméirí
- Uisce óil sábháilte glan
- Bainistiú éifeachtach dramhuisce
- An timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú
- Tacú le fás eacnamaíochta agus sóisialta
- Infheistíocht a dhéanamh in ár dtodhchaí

Leagann an WSSP amach cuspóirí straitéiseacha do sheachadadh seirbhísí uisce thar an chéad 25 bliain eile go 2040. Tagann an fráma ama seo go héifeachtach leis an bhfís fhadtéarmach agus le hamscála an Phlean seo. Tugann sé mionsonrú ar dhúshlán reatha agus todhchaí a théann i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí uisce agus aithníonn na tosaíochta a gcaithfear tabhairt fúthu sa ghearr agus sa mheántearma. Déanfar athbhreithniú ar an WSSP ar bhonn cúig bliana ar a laghad le cinntiú go gcoinníonn sé cothrom le dáta le riachtanais reatha agus todhchaí. Tá athbhreithniú pleanáilte freisin idir an dá linn chun comhsheasmhacht a chinntiú le beartas nua atá ag teacht chun cinn sa Chreat Náisiúnta Pleanála, sna Straitéisí Eacnamaíochta agus Spásúla Réigiúnacha nua a fhorbrófar as seo go ceann cúpla bliain agus an Plean Bainistithe Abhantraí d'Éirinn 2018-2021, ar ábhar próisis chomhairliúcháin phoiblí é faoi láthair.

Déanann an WSSP cur síos ar roinnt príomhchuspóirí lena n-áirítear bainistiú éifeachtach dramhuisce. Is iad seo a leanas aidhmeanna straitéiseacha agus cuspóirí WSSP maidir le dramhuisce:

- *“Feidhmiú áiseanna dramhuisce a bhainistiú ar bhealach a chosnaíonn cáilíocht na timpeallachta.*
- *Infhaighteacht agus athléimneacht seirbhísí dramhuisce a bhainistiú anois agus sa todhchaí.*
- *Seirbhísí dramhuisce a bhainistiú ar bhealach éifeachtach eacnamaíoch”.* (WSSP, 42)

Caithfear dramhuisce a bhailiú agus a chóireáil go dtí caighdeán inghlactha sular féidir é a scaoileadh ar ais sa timpeallacht de réir na gcaighdeán atá leagtha síos ag Treoir ón AE maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWT)(91/271/CEE). Aithníonn Uisce Éireann nach dtagann roinnt ionaid chóireála dramhuisce leis an gceanglas seo faoi láthair. Aithníodh roinnt gníomhaíochtaí sa WSSP le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo lena n-áirítear:

- *Straitéis Chomhlíontachta Dramhuisce a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun bainistiú na gcóras dramhuisce a fheabhsú. Déanfaidh sé seo iarracht aghaidh a thabhairt ar cháilíocht sceite doghlactha trí fheabhsúcháin ar chóireáil agus trí fhadhbanna bainteach le comhchórais séarachais a réiteach, nuair atá sé indéanta.*
- *Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar ár n-ionaid chóireála dramhuisce agus ár ngréasáin a oibriú i gceart, go slán agus go héifeachtach.*
- *Ceanglais Cheadúnas agus Teastas Sceite UWWTD agus an EPA a chomhlíonadh diadid ar ndiaidh. Réadmhaoine atá i mbaol tuile ó chomhchórais séarachais a aithint agus a thaifeadadh agus bearta a fheidhmiú chun an baol seo a laghdú agus a mhaolú.*
- *Bearta a phleanáil agus a sheachadadh chun éifeacht truaillithe ó sceití comhchóras séarachais a laghdú.*
- *Cur chuige bainistiú sócmhainne a ghlacadh maidir le cothabháil agus infheistíocht chaipitil dár seirbhísí soláthar uisce, úsáid á baint as na hacmhainní agus na córais a bunaíodh in Uisce Éireann.*

Áirítear ar na príomhspricanna maidir le bainistiú éifeachtach dramhuisce a chur ar fáil faoi dheireadh 2021, 2027 agus 2040:

- *Comhlíonadh Treoir UWWT – an céatadán den daonra coibhéiseach a fhreastalaíonn ionaid chóireála dramhuisce orthu a chomhlíonann ceanglais Treoir UWWT a mhéadú ón mbunlíne reatha de thart ar 39% go 90% faoi dheireadh 2021, go 99% faoi 2027 agus go 100% faoi 2040.*
- *Teagmhais Truaillithe ar Ionaid Chóireála Dramhuisce de chuid Uisce Éireann is cúis leo – laghdú a sheachadadh ar líon na dteagmhais truaillithe Aicme 2 (truaillíú logánta) ó bhunlíne reatha de 168 teagmhais go 75 teagmhais faoi dheireadh 2021, go 20 teagmhais faoi 2027 agus an leibhéal seo a choinneáil.*

Tuigeann Uisce Éireann go gcaithfear córas bainistíochta dramhuisce éifeachtach a chur ar fáil chun eisilteach a bhailiú agus a chóiriú chun sláinte an phobail agus an timpeallacht a chosaint.

Dhírigh Plean Infheistíochta Caipitil (CIP) Uisce Éireann 2014-2016 ar acmhainní uisce breise, laghdú sceite agus teacht aniar feabhsaithe trí infheistíocht sna líonraí cumais chóireála. Tá an chéad Phlean Infheistíochta Caipitil eile á ullmhú ag Uisce Éireann faoi láthair chun an tréimhse 2017-2021 a chlúdach (ar a dtugtar IP2). Mar chuid de seo rinneadh athbhreithniú ar an mbonneagar dramhuisce agus uisce uile i gContae Dhún na nGall. Cuirfidh torthaí an athbhreithnithe seo leis an IP2 deiridh 2017-2021. Caithfidh beartas pleanála áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta bonn eolais a chur faoi IP2 agus WSSP.

Bhí IP2 mar chuid d’aighneacht Uisce Éireann don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) don tréimhse infheistíochta 2017-2021. Shocraigh CER go mbeadh an dara srianadh ioncaim eatramhach ann (ar a dtugtar IRC2) don tréimhse 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2018. Mheas Uisce Éireann go raibh an tréimhse IRC2 ró-ghairid do shárphleanáil infheistíochta, agus mar sin d’fhorbair Plean Infheistíochta bunaithe ar thréimhse chúig bliana ó 2017 go 2021, a ailníonn lena WSSP agus Plean Gnó seacht mbliana 2014-2021.

Foilsíodh an doiciméad ‘Srianadh Ioncaim Eatramhach 2017-2018 do Phlean Infheistíochta 2017-2021’ i Lúnasa 2016 a aithníonn 39 tionscadal caipitil uisce/dramhuisce do Dhún na nGall le buiséad iomlán de c. €150 milliún (81m ar dhramhuisce agus €68m ar uisce). Tá an liosta seo faoi réir ag faomhadh CER. Tá an infheistíocht seo thar a bheith tábhachtach chun tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta leanúnach ar fud an Chontae. Tá Uisce Éireann, ag obair in éineacht le Comhairle Contae Dhún na nGall, tar éis mórchlár oibre a fhorbairt agus tosaíocht a thabhairt dó a thabharfaidh

aghaidh ar na heasnaimh thromchúiseacha atá ann ar fud na scéime soláthair uisce. Áirítear sa Chlár Infheistíochta um Seirbhísí Uisce faoin Dréacht-IP2 2017-2021 uasghrádú bonneagar dramhuisce i limistéar an LAP mar a bhfuil cur síos air i dTábla 5.38 (tá an liosta seo faoi réir faomhadh CER).

Tábla 5.38: Plean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 (IP2) Tionscadail Dramhuisce i limistéar an Phlean

Ainm an Tionscadail	Dáta Críochnaithe Measta
Líonra WW Bhealach Féich/Srath an Urláir	Q2 2020
WWTP Bealach Féich/Srath an Urláir	2020
WWTP Ceann an Droichid	2021
Gléasraí Cóireála Dramhuisce Scéimeanna Séarachais Dhún na nGall (Grúpa B)	Q1 2018

Foinse: Srianadh Ioncaim Eatramhach 2017-2018 do Phlean Infheistíochta 2017-2021, Uisce Éireann 2016

Cinntoidh na gléasraí nua go gcomhlíonann eisilteach cóireáilte caighdeáin EPA agus ceadóidh freisin d'fhás daonra agus d'fhorbairt eacnamaíoch todhchaí sna ceantair. Meastar go gcinntoidh na tionscadail seo comhlíonadh Treoracha ón AE agus go gcuirfidh siad cumas cóireála dramhuisce ar fáil sna ceantair seo ag tacú le fás agus le forbairt eacnamaíochta. Tá cur síos thíos ar infhaighteacht chóireála Dramhuisce atá ann cheana i ngach ceann de na seacht mbaile.

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá an Gléasra Cóireála Dramhuisce nua sa Chlochán Liath tugtha chun críche agus tá coimisiúnú ar siúl. Tháinig an infheistíocht €7.2 milliún seo in áit na seanchóras dabhcha séarachais sa Chlochán Liath agus sna Gleannta le gléasra cóireála dramhuisce nua-aimseartha a fhónóidh do bhreis agus 1,000 teaghlach. Tá cumas dearaidh 1,600p.e. ag an WWTP nua a cheadóidh d'fhás daonra agus d'fhorbairt eacnamaíoch todhchaí ar an mbaile.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá ró-ualach ar an WWTP atá ann faoi láthair a fhónann do Bhealach Féich-Srath an Urláir a coimisiúnaíodh i 1999 agus a dearadh do p.e. 4,000. Tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna cumais trí Líonra Dramhuisce Bhealach Féin-Srath an Urláir agus tionscadail WWTP mar atá san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021. Tá c. €5.2 milliún á infheistiú ag Uisce Éireann sa tionscadal seo mar chuid de thionscadal Scéimeanna Séarachais Bailte agus Sráidbhailte Dhún na nGall. Forálfaidh na hoibreacha nua beartaithe do leathnú an chumais go 12,200p.e. do chóireáil phríomhúil agus sloda agus 9,200p.e. do chóireáil thánaisteach. Cinntoidh an tionscadal seo comhlíonadh Treoracha ón AE agus forálfaidh do chumas cóireála dramhuisce i mBealach Féich-Srath an Urláir ag tacú le fás daonra agus forbairt eacnamaíochta. Is é Q2 2020 an dáta measta do thabhairt chun críche an tionscadail.

Béal Átha Seanaidh

Tá cumas agus cóireáil ar fail sa WWTP reatha a ndearnadh uasghrádú air mar chuid de Scéim Séarachais Dhún na nGall Grúpa A. D'infheistigh Uisce Éireann c. €24 milliún sa tionscadal seo a bhí mar chuid den infheistíocht chaipitil fhoriomlán i mbonneagar dramhuisce i nDún na nGall. Cuimsíonn Scéim Séarachais Dhún na nGall Grúpa A saoraidí cóireála dramhuisce i mBéal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall agus Ros Neamhlach. Tá dhá stáisiún caidéalúcháin ag an WWTP i mBéal Átha Seanaidh le cumas do 6,100 p.e. ar leor é mar thacaíocht

Ceann an Droichid

Níl aon chumas ar fáil sa WWTP atá ann faoi láthair i gCeann an Droichid a bhfuil cumas dearaidh aige de 652p.e. Tá Uisce Éirinn le staidéar a dhéanamh d'uasghrádú WWTP Cheann an Droichid a meastar go gcuirfear tús leis i 2017.

Carn Domhnach

Tá cumas agus cóireáil ar fáil sa WWTP reatha a osclaíodh go hoifigiúil Feabhra 2005 agus a bhí ceaptha do thréimhse 20 bliain don daonra tionsclaíoch, tráchtála agus baile réamh-mheasta i gCarn Domhnach. Tá an WWTP deartha freisin le fónamh do dhaonra 750 ó Bhaile Mhálanna comharsanach.

Is é 5,833 p.e. cumas dearaidh an ghléasra a léiríonn cumas cóireála leordhóthanach chun tacú le fás daonra agus forbairt eacnamaíoch i gCarn Domhnach.

Baile Dhún na nGall

Tá cumas agus cóireáil ar fáil sa WWTP atá ann faoi láthair a ndearnadh uasghrádú air mar chuid de Scéim Séarachais Dhún na nGall Grúpa A. D'infheistigh Uisce Éireann c. €24 milliún sa tionscadal seo a bhí mar chuid den infheistíocht chaipitil fhoriomlán i mbonneagar dramhuisce i nDún na nGall. Cuimsíonn Scéim Séarachais Dhún na nGall Grúpa A saoráidí cóireála dramhuisce ag Baile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh agus Ros Neamhlach lena n-áirítear príomhstáisiúin ardaithe caidéalúcháin, príomhphíobáin aníos, sceití agus triomadóir teirmeach Sloda. Tá cumas ag an WWTP i mBaile Dhún na nGall do 12,000 p.e. le saoráid stórála stoirme agus cóireáil fhairsing bholaídh. Áirítear ann ionad cóireála sloda le cumas triomadóir teirmeach sloda do 1,670 tonna soladaí tirime in aghaidh na bliana.

Na Cealla Beag

Réiteofar saincheistanna cumais sna Cealla Beag trí Scéim Séarachais Dhún na nGall Grúpa B mar atá san áireamh ar Phlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021. Tá c. €18.4 milliún á infheistiú ag Uisce Éirann sa tionscadal seo mar chuid den infheistíocht chaipitil fhoriomlán sa mbonneagar dramhuisce i nDún na nGall. Áirítear i dtionscadal Dhún na nGall Grúpa B forbairt scéimeanna séarachais nua sna Cealla Beaga, Bun Dobhráin, Gleann Cholm Cille agus Conmhaigh. Forálfaidh na hoibreacha nua beartaithe sna Cealla Beaga do chumas 4,200 p.e. Cinnteoidh an tionscadal seo comhlíonadh Treoracha ón AE agus cuirfidh cumas cóireála dramhuisce ar fáil sna Cealla Beaga ag tacú le fás daonra agus forbairt eacnamaíochta. Meastar go mbeidh an togra tugtha chun críche in earrach 2018.

5.14 Cóireail Dramhuisce

Tá an comhthéacs reachtach do sholáthar agus do cheadúnú bonneagair chóireála dramhuisce chúil in Éirinn á rialú ag Rialacháin Chóireála Fuíolluisce Uirbigh (UWWT) 2001 (arna leasú) agus na Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú) (arna leasú). Trasuíonn na Rialacháin UWWT Treoir an AE um Scaoileadh Fuíolluisce Uirbigh (UWWT) 91/271/CEEi ndlí na hÉireann.

Léiríonn an Treoir UWWT dlús ceadaithe i sceití eisiltigh do roinnt paraméadar, lena n-áirítear cothaithe (nítrigin agus fosfar) áit a scaoiltear eisilteach isteach in uiscí íogair ainmnithe. Is ceann de na bearta a leag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) amach d'fheidhmiú clár bearta faoin gCreat-Treoir Uisce (WD) baint amach na ndlús sceite atá ceadaithe ag an Treoir.

Ceanglaíonn na Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce go n-eisítear Ceadúnas Scaoileadh Fuíolluisce ón EPA do gach scaoileadh as córais bailithe agus ionaid chóireála fuíolluisce in Éirinn a fhónann do dhaonra sa bhreis ar 500 PE (coibhéis daonra). Leagann an ceadúnas/teastas sceite amach an Luach Teorann Astaíochta do sceitheadh bunaithe ar stádas an dobharlaigh ghlactha, lena n-áirítear a stádas caomhnaithe maidir leis na Treoracha um Éin agus um Ghnáthóga.

Tuairiscíonn an EPA ar fheidhmíocht ghléasraí cóireála dramhuisce uirbeacha ar bhonn bliantúil. Foilsíodh an tuarascáil is deireanaí 'Cóireáil Dramhuisce Uirbeach i 2015' i 2016. Léiríonn Tábla 5.39 na leibhéil chomhlíontachta cóireála dramhuisce i limistéar an LAP i 2015.

Taifeadann tuairisc 2015 an EPA go bhfuil Dún na nGall ar cheann de thrí chontae arbh ionann iad i bpáirt agus 45% den limistéar nach bhfuil na caighdeáin cháilíochta eisilteach á gcomhlíonadh acu. Aithníonn sé 124 ceantar uirbeach in Éirinn áit a bhfuil feabhsúcháin ag teastáil chun saincheistanna tosaíochta a réiteach, 18 díobh seo lonnaithe i gContae Dhún na nGall agus dhá cheann lonnaithe i limistéar an LAP, is iad sin Bealach Féich-Srath an Urláir agus na Cealla Beaga. Deir tuarascáil an EPA gurb iad seo a leanas na tosaíochtaí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun ár dtimpeallacht a chosaint ar dhroch-éifeachtaí sceití dramhuisce:

- *"Cinntigh go ndéantar dramhuisce ónár gceantair uirbeacha a bhailiú agus a chóireáil go dtí caighdeán sásúil mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Cóireáil Dramhuisce.*
- *Fáil réidh le sceití dramhuisce neamhchóireáilte isteach in ár aibhneacha, inbhir agus uiscí cósta.*

- *Truailliú aibhneacha agus uiscí snámha ó dhramhuisce nach bhfuil cóireáilte go leordhóthanach a chosc agus dea-cháilíocht a thabhairt ar ais in uiscí a bhí buailte.*
- *Diúilicíní péarla fionnuisce agus slíogéisc atá i mbaol ó dhramhuisce uirbeach a chosaint.” (pg.iii)*

Deir tuarascáil an EPA gur theip ar na Cealla Beaga na caighdeáin éigeantacha cáilíochta eisilteach a bhaint amach mar a sonraíodh i dTreoir UWWT 1991. Ba thoradh é seo ar chóireáil thánaisteach agus cóireáil níos déine (i.e. laghdú cothaitheach) a cheangal an Treoir agus mar sin ní fhéadfadh eisilteach caighdeáin cháilíochta cothaitheach agus BOD/COD éigeantach a bhaint amach. Is é 2018 an dáta measta comhlíontachta.

Tábla 5.39: Leibhéil Chomhlíontachta Cóireála Dramhuisce i limistéar an LAP 2015

Ceantar Uirbeach	Comhlíontacht BOD & COD ¹	Fáth na Teipe	AcharUirbeach (p.e) ³	WWTP (p.e.) ⁴	Leibhéal na cóireála a cuireadh ar fáil	Uiscí Glactha
		Líon SíorTheipeanna ²				
Ceantair mhóra uirbeacha faoi réir ag ceanglais na Treorach ón AE chun cóireáil thánaisteach agus caighdeáin cháilíochta eisilteach COD a chur ar fáil						
Bealach Féich-Srath an Urláir	Pas		6,251	4000	Tánaisteach	Abhainn
Béal Átha Seanaidh	Pas		2,104	6,100	Tánaisteach	Inbhearach
Carn Domhnach	Pas		5,424	5,833	Tánaisteach & UV	Abhainn
Baile Dhún na nGall	Pas		5,489	12,000	Tánaisteach	Inbhearach
Na Cealla Beaga	Gan tánaisteach ⁵		12,000		Gan cóireáil	Cósta
Ceantair uirbeacha níos lú faoi bhun an tairsí do chomhlíonadh éigeantach le Treoir ón AE agus						
An Clochán Liath (Dungloe)	Gan tánaisteach		2,007	1,200	Príomha	Cósta
Ceann an Droichid	Teip	Cáilíocht				
		2				

Foinse: Cóireáil Dramhuisce Uirbeach in 2015', EPA (2016) Leathanaigh Tábla Tuarascáil Chontae Dhún na nGall leathanaigh 29-30

¹ Torthaí monatóireachta eisilteach a tuairiscíodh don EPA nár chomhlíon na caighdeáin cháilíochta a leagadh amach sa Treoir maidir le héileamh ocsaigine bithcheimicé (BOD) nó éileamh ocsaigine ceimicé (COD).

² Léiríonn síortheipeanna nár bhain leath de na samplaí eisilteach ar a laghad ó ghléasra le cóireáil thánaisteach na caighdeáin cháilíochta ábhartha amach. Is léiriú é seo ar dhroch-fheidhmíocht ghléasra nó ró-ualaí an ghléasra cóireála.

³ An t-ualach dramhuisce (a taifeadadh mar choibhéis daonra) a ginneadh laistigh den cheantar agus ag dul isteach sna hoibreacha dramhuisce uirbeach, i.e. tomhas ar mhéid an cheantair uirbigh.

⁴ An t-ualach orgánach in-bhithmhíllte (a taifeadadh mar choibhéis daonra) ar dearadh agus ar tógadh an gléasra cóireála dramhuisce lena aghaidh. Níl an figiúr seo ar fáil do ghléasraí áirithe, mar sin tá líon na ngléasraí lena mbaineann an figiúr idir lúibíní..

⁵ Ní bhfuair an dramhuisce aon chóireáil nó an leibhéal cóireála is bunúsaí (i.e. réamhchóireáil nó cóireáil príomhúil) roimh sceitheadh agus dá bhrí sin ní fhéadfadh an t-eisilteach na caighdeáin cháilíochta a sainíodh sa Treoir a bhaint amach.

Is é an fhadhb cháilíochta uisce is fairsinge in Éirinn i gcónaí é tiúchain ardaithe cothaitheach, ar féidir eotrófú a bheith mar thoradh air. Is fosfar an príomhchothaitheach ar ábhar imní é a bhfuil an claonadh aige eotrófú a thiomáint i bhfionnuiscí, agus nitrigin a bhfuil claonadh aige eotrófú a thiomáint in uiscí cósta. Is príomhfhoinsé do chothaitheach dá leithéid sceití dramhuisce. Ceanglaíonn an Treoir UWWT go mbeadh dianleibhéal cóireála dramhuisce do sceití áirithe. I 2015 rinne an EPA athbhreithniú ar

chaighdeáin cháilíochta eisilteach do chothaithe i ndramhuisce a scaoiltear go díreach chuig ceantair leochaileacha ó bhailte agus ó chathracha le coibhéis daonra de bhreis ar 10,000p.e. Is é na Cealla Beaga an t-aon bhaile laistigh de limistéar an LAP ar theip air de bharr leibhéal taifeadta fosfair agus nítrigine; ach tugtar ar aird go bhfuil seo amhlaidh go dtí go ndéanfaidh an EPA cinneadh faoi na paraiméada(i)r cothaitheach cuí a mbeidh feidhm leo go nglactar cur chuige réamhchúramach ina meastar feidhm a bheith leis an bpéire ar bhonn sealadach.

Rinne an EPA freisin 'measúnú riosca agus tionchair' maidir le limistéir áit a bhfuil oibreacha dramhuisce le sceití nasctha, ar bhonn ard dóchúlachta, le stáisiúin abhann truaillithe. Maidir le limistéar an Phlean, taifeadadh an Fhinn i mBealach Féich-Srath an Urláir mar stádas measartha faoi rangú WFD..

I 2016 d'fhoilsigh Uisce Éireann a chéad 'Plean Bainistithe Sloda Dramhuisce Náisiúnta' (NWSMP) a thugann léiriú ar a straitéis do bhainistiú sloda dramhuisce as seo go ceann 25 bliain. Clúdaíonn an NWSMP an tréimhse suas go dtí 2021 agus déanfar athbhreithniú air gach 5 bliana ina dhiaidh sin. Leagann an NWSMP amach cur chuige caighdeánaithe forleiththeadach chun a chinntiú go ndéantar sloda dramhuisce cóireáilte ar fud na Tíre a bhainistiú, a stóráil, a iompar agus a ath-úsáid go héifeachtach nó é a dhiúscairt ar bhealach inbhuanaithe chun leasa an phobail agus an chomhshaoil¹⁷. Gineann an próiseas cóireála dramhuisce sloda a dteastaíonn tuilleadh cóireála uaidh roimh a ath-úsáid nó a dhiúscairt. Maidir leis seo déanann NWSMP cur síos ar thograí inbhuanaithe don infheistíocht i gcóireáil tothchaí, iompar agus ath-úsáid nó diúscairt sloda de réir na gcuspóirí seo a leanas:

- *"Gan sláinte an duine a chur i mbaol nó dochar a dhéanamh don chomhshaoil;*
- *Buntáistí sloda dramhuisce mar fheabhsaitheoir ithreach agus foinse cothaitheach a uasmhéadú;*
- *A chinntiú go mbaintear gach rialú reachtach agus rialála amach agus go dtugtar aird chuí ar Chóid Chleachtais neamhreachtúla agus treoir ón tionscal;*
- *Modhanna diúscairt/ath-úsáide inbhuanaithe, slán agus fadtéarmacha a bhunú;*
- *Teicnící diúscairt/ath-úsáide agus cóireála éifeachtúla agus cost-éifeachtúla a chinntiú;*
- *Ionchas do chur isteach ó iompar sloda agus áiseanna sloda a laghdú;*
- *Fuinneamh agus acmhainní eile a asbhaint nuair is indéanta go heacnamaíoch; agus*
- *Éifeachtúlachtaí oibríochta a thiomáint chun cinn, e.g. trí úsáid Ionad Mol Sloda."* (NWSMP, lch. i-ii)

Áiríonn an NWSMP go meastar go dtiocfaidh méadú níos mó ná 80% ar mhéid an tsloda dramhuisce a ghintear faoi 2040 de réir mar a thugtar ionaid nua agus uasghrádaithe chun críche le cóireáil a dhéanamh ar dhramhuisce. Léiríonn Tábla 5.40 an t-ualach sloda réamh-mheasta do chontae Dhún na nGall suas go dtí 2040.

Tábla 5.40: Ualach Sloda Réamh-mheasta do Chontae Dhún na nGall suas go 2040*

	TDS/a (2015)	TDS/a (2020)	TDS/a (2030)	TDS/a (2040)
Dún na nGall	1,768	1,848	2,021	2,212

Nóta: *Bíonn ualaí sloda réamh-mheasta bunaithe ar ualaí sloda le lánchomhlíonadh dramhuisce agus luacha táirgthe caighdeánacha. Beidh ualaí sloda iarbhrí a ghintear níos ísle ná an t-ualach sloda réamh-mheasta go dtí go mbaintear lánchomhlíontacht le caighdeáin eisilteach deiridh amach ag gach ionad cóireála dramhuisce. Déanfar measúnú mionsonraithe ar ualaí sloda ar bhonn cás ar chás nuair a bhíonn bonneagar nua beartaithe.

Foinse: NWSMP, lch. 9-10

Áirítear sa NWSMP measúnú ar ionaid mhol sloda atá ann cheana in Éirinn de réir Ceantair Údarás Áitiúil. Tugann an tuarascáil ar áird go bhfuil dhá mhol sloda ag feidhmiú faoi láthair i gContae Dhún na nGall; ceann i mBaile Dhún na nGall agus ceann i Leitir Ceanainn; tá áiseanna isteach leachta agus cáca araon agus áiseanna triomúcháin teirmeacha acu araon. Léiríonn Tábla 5.41 an cumas cóireála sloda reatha (PE) do gach mol sloda i nDún na nGall. Chomh maith leis seo tá áis ag an ionad i Leitir Ceanainn le haghaidh díleá anaeróbaigh; ach níl sé sin in úsáid faoi láthair.

¹⁷www.water.ie/projects/plans

Tábla 5.41: Cumas Cóireála Sloda Reatha do Dhún na nGall

Údarás Áitiúil	Ceirtleán	Próiseas Cóireála Sloda	Cumas Cóireála Sloda Reatha (PE)*
Dún na nGall	Leitir Ceanainn	Triomúchán Teirmeach	120,000
Dún na nGall	Baile Dhún na nGall	Triomúchán Teirmeach	83,000

Nóta: *Rinneadh measúnú ar an gcumas cóireála sloda reatha bunaithe ar eolas atá ar fáil. Rinneadh coibhéis daonra a mheas ar tháirgeadh sloda 55g/PE/an lá

Foinse: NWSMP, Tábla 7.1, lch.46

Tugann an NWSMP ar aird gur tógadh na hionaid mhol sloda I nDún na nGall sna 10 mbliana atá caite agus meastar go bhfuil dóthain acmhainneachta acu go ceann i bhfad. Feidhmíonn an t-ionad cóireála dramhuisce i mBun Cranncha mar ionad mol sloda satailíte agus cé go nglacann sé le sloda leachtach isteach faoi láthair níl áiseanna a dhóthain aige chun glacadh sloda éifeachtúil a cheadú. Maidir leis seo molann an NWSMP go moltar áiseanna sloda feabhsaithe ag an ionad cóireála i mBun Crannacha chun bainistiú agus cóireáil éifeachtúil sloda a éascú ag an áis seo. Cinneann measúnú an NWSMP nach meastar aon satailítí sloda breise a bheith riachtanach i nDún na nGall.

5.15 Córais Chóireála Dramhuisce a Fhóann do Thithe Aonair

Cuireadh béim ar chórais chóireála dramhuisce a fhóann do thithe aonair mar shaincheist shuntasach laistigh den Chontae maidir le rialú truaillithe agus sláinte phoiblí. Tagrann imlitir PSSP 1/10 a d'éisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar 5ú Eanáir 2010 do rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aghaidh na hÉireann maidir le córais chóireála dramhuisce (tag. Cás C-188/08) a fhóann do thithe aonair i gceantair gan seirbhís. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur theip ar Éirinn ceanglais Airteagail 4 agus 8 den Treoir ón gComhairle 75/422/CEE (arna leasú) a chomhlíonadh (Comhairle Chontae an Chabháin an t-aon eisceacht).

Tá an tImlitir ag brath go mór ar fheidhmiú 'Cód Cleachtais do Chórais Chóireála do Thithe Aonair' (2009) de chuid an EPA. Bunaíonn Cód Cleachtais an EPA creat foriomlán dea-chleachtais maidir le forbairt córais cóireála agus diúscartha dramhuisce, ceantair thuaithe gan séarachas, do chosaint an chomhshaoil agus go háirithe cáilíocht an uisce. Léiríonn Fíor 5.21 líon na réadmhaoine gan séarachas i limistéar an Phlean.

I 2015 d'fhoilsigh an EPA an dara 'Plean Imscrúdaithe Náisiúnta 2015-2017' (NIP) do chórais chóireála dramhuisce. Tugann anfor NIP aghaidh ar cheanglais Airteagal 4 agus 8 den Treoir ón gComhairle maidir le Dramhaíl 75/422/CEC (C-188/08); go háirithe trí sholáthar seiceanna agus imscrúduithe rialta ar chórais chóireála dramhuisce baile. Meastar freisin go dtugann sé aghaidh ar cheanglais an Chreat-Treoir Uisce (WFD), chun 'stádas maith' a bhaint amach do na huiscí uile trí chosaint fheabhsaithe gach dobharlach (uiscí dromchla, screamhuiscí agus uiscí cósta).

Is é aidhm an NIP, sláinte an duine agus uiscí a chosaint ó bhaoil a d'fhéadfadh a bheith ann ó chórais chóireála dramhuisce baile le imscrúduithe le déanamh ar fud na baile ag Cigirí an Údarás Áitiúil (ceaptha ag an EPA). Glacann an NIP le cur chuige dhá shnáithe bunaithe ar straitéisí rannpháirtíochta agus imscrúdaithe láithreáin. Is é sprioc an NIP "go mbeadh úinéirí tí faoin tuath a bhfuil córais chóireála dramhuisce baile acu ar an eolas faoi céard le déanamh chun a chinntiú go bhfuil a gcórais ag oibriú go maith, go bhfuil aild coinnithe go maith agus go bhfeidhmíonn aild go deonach chun é seo a bhaint amach." (NIP, lch. 1)


Is iad aidhmeanna agus cuspóirí sonraithe an NIP a chinntiú:

- "Go bhfuil cóireáil chúil dramhuisce baile ann;
- Go n-oibrítear agus go gcoinnítear córais chóireála go leordhóthanach;
- Go n-aithnítear agus go ndéantar bainistiú ar rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaoil;
- Go músclaítear feacht an phobail; agus

- *•Go bhfuil eolas ar aill d'úinéirí córas cóireála dramhuisce baile maidir lena bhfreagrachtaí agus an chaoi lena gcórais a oibriú agus a choinneáil.*" (NIP, Lch. 1)

Meastar go ndéanfar 285 imscrúdú ar a laghad i gceantar riaracháin Chomhairle Contae Dhún na nGall go dtí deireadh 2017 mar atá leagtha amach i dTábla 5.42.

Fíor 5.21: Líon na Maoine gan Séarachas laistigh de Theorainneacha Baile agus crios maolánach 15km



Tábla 5.42: Líon na nIniúchtaí le déanamh i gContae Dhún na nGall i rith na tréimhse 2015-2017

Limistéar Údarás Áitiúil	Íosmhéid imscrúduithe 2015-2017	2015	2016	2017
Comhairle Chontae Dhún na nGall	285	95	95	95

Foinse: NIP 2015-2017, Tábla 1, lch. 14

Deir an NIP go n-úsáidtear modheolaíocht riosca-bhunaithe chun na láithreáin le haghaidh iniúchta i ngach limistéar Údarás Áitiúil a aithint. Léirítear achoimre ar na tosca a chuirtear san áireamh do mhodheolaíocht measúnaithe riosca an EPA i dTábla 5.43.

Tábla 5.43: Achoimre ar Thosca a Chuirtear san Áireamh do Mhodheolaíocht Measúnaithe Riosca

Limistéar Údarás Áitiúil	Limistéar Iomlán	Íosmhéid iniúchtaí in aghaidh an Limistéir Údarás Áitiúil	% de Limistéar Údarás Áitiúil ag Riosca an-ard	% de Limistéar Údarás Áitiúil le Fíor-Leochaileacht GW	% de Limistéar RA le dóchúlacht an-ard Síothlaithe Neamhleoir	% de Limistéar RA laistigh de dhobharlach gabhdóirí íogaire	DWWS dlús ₁₅ (líon na gcóras sa km ²)
Comhairle Chontae Dhún na nGall	4742	95	22	74	15	63	12

Foinse: NIP 2015-2017, TáblaA.1, lch. 24

Tá líon suntasach na láithreán don imscrúdú lonnaithe gar d'uiscí íogaire mar a léirítear i dTábla 5.44. Chomh maith leis tá ceantair chosanta sliogéisc san áireamh anois sa NIP den chéad uair.

Tábla 5.44: Fairsinge Chomhairle Contae Dhún na nGall i nGach Catagóir Riosca agus Líon na nImscrúduithe ar an Láithreáin.

	Fairsinge Chomhairle Contae Dhún na nGall i nGach Catagóir Riosca	Líon na nImscrúduithe do Chomhairle Contae Dhún na nGall in aghaidh na Catagóire Riosca 2015-2017
IOMLÁN	4, 742km²	285 líon na nIniúchtaí
	Limistéar Catagóire Riosca Iomlán (%)	Lasmuigh de Dhobharlaigh Gabhdóirí Íogaire
Crios 1A Íseal	24	12
Crios 2A Measaratha	3	6
Crios 3A Ard	2	6
Crios 4A An-ard	7	33
	Dobharlach Gabhdóirí Íogaire (%)	Laistigh de Dhobharlaigh Gabhdóirí Íogaire
Crios 1B Íseal	36	36
Crios 2B Measartha	6	18
Crios 3B Ard	5	27
Crios 4B An-ard	15	147

Foinse: NIP 2015-2017, TáblaA.2 agus A.3, lch. 25-26

I 2016 d'fhoilsigh an EPA an Plean Iniúchta Náisiúnta ar Chórais Chóireála Dramhuisce Baile: An Ceathrú Tuarascáil Feidhmithe 1ú Eanáir – 31ú Nollaig 2015' (Plean Cur Chun Feidhme). Is é seo an chéad tuarascáil cur chun feidhme ar NIP 2015-2017 agus clúdaíonn an tréimhse 1ú Eanáir go 31ú Nollaig

2015. Léiríonn Tábla 5.45 an dul chun cinn atá déanta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall i dtreo baint amach na spriocanna iniúchta agus an ráta teipthe ag uair an iniúchta.

Tábla 5.45: Torthaí Spriocanna Iniúchta agus Rátaí Teipthe do Chontae Dhún na nGall go deireadh 2015

Limistéar Údarás Áitiúil	Sprioclón Iniúchtaí	Gannchion Iniúchta i 2014	Iomlán na nIniúchtaí a Cuireadh Isteach	Iomlán na gCóras ar Éirigh leo san Iniúchadh	Líon Iomlán na gCóras ar Theip orthu san Iniúchadh
Comhairle Chontae Dhún na nGall	95	N/A	93	60	33

Foinse: NIP 2015-2017 4^úTábla Cur Chun Feidhme 1, Ich. 6

Léiríonn Tábla 5.46 líon na n-iniúchtaí de réir crios riosca i limistéar Chomhairle Contae Dhún na nGall don tréimhse ó 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2015.

Tábla 5.46: Líon na nIniúchtaí de réir Crios Riosca do Chontae Dhún na nGall i 2015

Crios Riosca	Líon Iomlán na nIniúchtaí a Cuireadh Isteach	Líon Iomlán Iniúchtaí Comhlíontacha	Líon Iomlán Iniúchtaí Neamh-Chomhlíontacha	Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha	Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha Dúnta
1a Íseal	0	0	0	0	0
1n Íseal agus in ASI	10	6	4	3	1
2a Measartha	1	1	0	0	0
2b Measartha agus in ASI	8	5	3	3	0
3a Ard	8	3	5	2	3
3a Ard agus in ASI	9	5	4	0	4
4a An-ard	16	13	3	1	2
4b An-ard agus in ASI	39	25	14	8	6
Riosca RNC gan a bheith ríofa	0	0	0	0	0
Ní fios	2	2	0	0	0
IOMLÁN	93	60	33	17	16

Foinse: NIP 2015-2017 4^úTábla Cur Chun Feidhme A.2, Ich. A.6

Léiríonn Tábla 5.47na cúiseanna leis an neamhcomhlíontacht de thoradh iniúchtaí a rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall ón 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2015.

Tábla 5.47: Fógraí Comhairleacha agus Cúiseanna le neamhcomhlíontacht de thoradh iniúchtaí a rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall ón 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2015

Fógraí Comhairleacha agus Cúiseanna le Neamhcomhlíontacht	Líon
Líon Iomlán Iniúchtaí	93
Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha	33
Sceitheadh ón gcóras	12
Sceitheadh neamhceadúnaithe do SW nó tiubhas fo-ithreach neamhleor	25
Uisce bailithe ar Dhromchla	7
Uisce ón Díon nó SW ag dul isteach sa chóras	12
Oibríocht agus Cothabháil	21

Baint sloda	10
Baol do shláinte an duine nó don chomhshaoil	25

Foinse: NIP 2015-2017 4^úTábla Cur Chun Feidhme A.3, Ich. A.20

Léiríonn Tábla 5.48 stádas fógraí comhairleacha a d'eisigh Comhairle Chontae Dhún na nGall don tréimhse 1ú Eanáir go 31ú 2015 (amhail 10ú Lúnasa 2016).

Tábla 5.48: Stádas Fógraí Comhairleacha a d'eisigh Comhairle Chontae Dhún na nGall ón 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2015

Stádas Fógraí Comhairleacha	Líon
Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha a Cuireadh Isteach	33
Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha Oscailte	17
Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha Dúnta	16
Líon Iomlán Síntí inar Deonaíodh Cinneadh	1
Líon Iomlán Síntí inar Diúltaíodh Cinneadh	0
Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha Deimhniithe	0
Líon Iomlán Fógraí Comhairleacha Curtha ar Ceal	0
Líon Iomlán Ionchúisimh Oscailte ag Feitheamh	0
Líon Iomlán Achomharc Cúirt Oscailte	0

Foinse: NIP 2015-2017 4^úTábla Cur Chun Feidhme A.6, Ich. A.23

Maidir le Comhairle Chontae Dhún na nGall chinn Plean Cur Chun Feidhme an EPA go raibh easnamh beag de 2% i 2015 de thoradh dhá ócáid nuair a theip ar na cigirí na húinéirí a fháil sa mbaile ar sroíchint dóibh leis na hiniúchtaí a dhéanamh. D'aontaigh an tUdarás Áitiúil an t-easnamh seo a chúiteamh. Léiríonn torthaí an EPA go bhfuil an ráta neamhchomhlíontachta foriomlán ag dul i laghad rud ar ábhar spreagtha é agus tá líon na gcóras comhlíontacha ag dul i méid de réir mar a dhéanann úinéirí tí oibreacha leis na fadhbanna a aithníodh le linn iniúchtaí a chur ina gceart. Cinneadh freisin san áit a bhfuil rátaí teipthe ann go leanúnach go dteastaíonn gníomhartha simplí ag úinéirí tí chun cúrsaí a chur ina gceart seachas athrú struchtúrach ar chórais chóireála dramhuisce. Leanfaidh an EPA ina ról maoirseachta ag déanamh monatóireacht ar thorthaí na n-iniúchtaí a rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall agus go háirithe na gníomhartha maidir le fógraí comhairleacha dúnta. Chomh maith leis seo leanfaidh an EPA air ag déanamh iniúchtaí trí chomhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla chun a chinntiú go bhfuil an córas láidir.

5.16 Uisce Óil

Ón 1ú Eanáir 2014 tá Uisce Éireann freagrach as táirgeadh, dáileadh agus monatóireacht uisce óil ó 962 soláthar uisce poiblí, a fhónann do 83% de dhaonra na hÉireann. Faigheann an chuid atá fanta den phobal soláthar ó ghrúpscéimeanna uisce (c. 6%), soláthairtí príobháideacha beaga (c. 1%) agus toibreacha príobháideacha (c. 11%). Tá an fhreagracht as an gcáilíocht uisce ar bhainisteoir/oibríteoir an tsoláthair. Tá Uisce Éireann freagrach as monatóireacht ar sholáthairtí uisce poiblí agus tá na húdarais áitiúla freagrach as monatóireacht ar ghrúpscéimeanna uisce agus soláthairtí príobháideacha beaga rialaithe. Cuireann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tuarascálacha bliantúla ar fáil ar na torthaí monatóireachta seo. Ó 2015, cuireann an EPA Tuarascáil ar Sholáthar Poiblí Uisce Óil ar leith ar fáil agus Tuarascáil ar Sholáthar Príobháideach Uisce Óil ar fáil; roimhe seo cuireadh tuarascáil aonair ar fáil a léirigh cáilíocht uisce óil sna soláthairtí príobháideacha agus poiblí araon.

Tháinig rialacháin nua uisce óil i bhfeidhm i 2014 'Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Uisce Óil) 2014 (I.R. 122 de 2014)'. Tugann na rialacháin seo cumhachtaí maoirseachta don EPA do sholáthairtí uisce poiblí; go bunúsach féadfaidh an EPA treoir a thabhairt d'Uisce Éireann bainistiú nó cáilíocht soláthair uisce poiblí a fheabhsú. Tá ról maoirseachta den chineál céanna ag Údarais Áitiúla maidir le grúpscéimeanna uisce agus soláthairtí príobháideacha. Faoi na rialacháin caithfidh Uisce Éireann fógra a

thabhairt don EPA faoi neamhchomhlíontacht uisce óil nó baol don tsláinte phoiblí ó sholáthar uisce poiblí.

5.16.1 Soláthairtí Uisce Poiblí

Is é prionsabal lárnach rialachán an EPA ar sholáthairtí uisce óil poiblí a chinntiú go bhfuil soláthairtí sábháilte agus slán trí mhonatóireacht/tástáil leanúnach agus bainistiú córas chun soláthar iontofa agus seasmhach uisce óil a chinntiú. I 2016 d'fhoilsigh an EPA a 'Tuarascáil ar Uisce Óil do Sholáthairtí Uisce Poiblí 2015'. Tugann an tuarascáil seo léargas ar Cháilíocht uisce óil i soláthairtí poiblí in Éirinn le linn 2015. Tugann Tábla 5.49 achoimre ar thorthaí chlár monatóireachta an EPA do sholáthairtí uisce poiblí don tréimhse 2012-2015.

Tábla 5.49: Achoimre ar Chlár Monatóireachta an EPA do Sholáthairtí Uisce Poiblí ó 2012-2015

Soláthairtí Uisce Poiblí Dhún na nGall		2012	2013	2014	2015
Soláthairtí Poiblí ¹	Líon	34	33	32	32
	Daonra lena mbaineann	136, 579	136,294	135,794	135,794
Comhlíonadh Paraiméadair (%) ²	Micribhitheolaíoch	100	100	100	100
	Ceimiceach	99.1	99.1	99.2	97.8
Neamh-chomhlíonadh Ceimiceach	Líon na Soláthairtí Poiblí	28	26	21	n/a
Fógraí Beirthe ³	Líon	0	0	0	0
	Daonra lena mbaineann	0	0	0	0
Srianta Uisce ³	Líon	0	0	0	1
	Daonra lena mbaineann	0	0	0	6,000
Liosta Gníomhair-eachta Feabhais ⁴	Líon Soláthairtí	14	10	10	11
	Daonra lena mbaineann	49, 808	39, 508	39, 508	39, 508
Treoracha ⁴	Líon Eisithe	8	8	9	1
Iníúchtaí ⁵	Líon	2	2	3	n/a

Foinse: Tuarascáil maidir le Uisce Óil do Sholáthairtí Uisce Poiblí, EPA

Nótaí:

- Tá liosta iomlán soláthairtí uisce poiblí (PWS) ar fáil ag <http://www.epa.ie/pubs/advice/drinkingwater/publicdrinkingwatersupplies>
- Tá torthaí Monatóireachta Uisce Óil agus mionsonraí soláthair uisce do gach bliain ó 2000 do gach contae ar fáil ag <http://erc.epa.ie/safer/resourcelisting.jsp?oID=10206&username=EPA%20Drinking%20Water>
- Tagraíonn líon na bhfógraí beirthe agus srianta uisce a n-áirítear thuas d'fhógraí arbh iad freagracht Uisce Éireann nó Uisce Éireann agus úinéir na réadmhaoine iad a réiteach. D'fhéadfadh go raibh fógraí eile ann i gceantair áirithe arbh iad freagracht úinéir na réadmhaoine amháin iad
- Is éard atá sa RAL ná liosta PWanna áit a bhfuil gníomh feabhais de dhíth chun comhlíonadh ceanglas na Rialachán um Uisce Óil a chinntiú. 'Díríonn Liosta Gníomhaíochta Feabhais do sholáthairtí uisce óil poiblí aird ar na heasnamh is tromchúisí i soláthairtí uisce poiblí a réiteach.' Tá liosta reatha RAL ar fáil ag <http://www.epa.ie/pubs/reports/water/drinking/>.
- Tuarascálacha iníúchta ar fáil ag <http://www.epa.ie/pubs/advice/drinkingwater/audits/>

Léiríonn torthaí Tuarascáil Uisce Óil 2015 de chuid an EPA go bhfuil comhlíontacht fhoriomlán le paraiméadair cheimiceacha agus mhicribhitheolaíochta i soláthar uisce poiblí Dhún na nGall i 2015 ag teacht i gcónaí le figiúirí 2014. Cé go raibh soláthar uisce poiblí amháin breise ar liosta gníomhaíochta

feabhais an EPA i 2015 fanann líon na ndaoine ar bhain sé leo mar an gcéanna le 2014. I 2017 d'fhoilsigh an EPA liosta nuashonraithe de Sholáthairtí Uisce Óil Poiblí Uisce Éireann ar liosta gníomhaíochta feabhais an EPA do Q2 de 2017. Níl aon cheann de na seacht mbaile i limistéar an LAP san áireamh ar liosta reatha gníomhaíochta feabhais an EPA..

Ba cheann de chuspóirí straitéiseacha 'Phlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce' (WSSP), 2015 de chuid Uisce Éireann soláthar uisce sábháilte agus iontaofa a chinntiú; is iad na haidhmeanna faoin gcuspóir seo:

- *Inbhuanaitheacht agus cáilíocht uisce óil ón bhfoinse go dtí an sconna a bhainistiú chun sláinte an duine a chosaint.*
- *Infhaighteacht, inbhuanaitheacht agus iontaofacht soláthair uisce a bhainistiú anois agus sa todhchaí.*
- *Soláthairtí uisce a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus eacnamaíoch". (WSSP, lch. V)*

Aithníonn Uisce Éireann go bhfuil soláthairtí uisce sábháilte agus iontaofa riachtanach don tsláinte phoiblí, fás eacnamaíochta agus sóisialta. Glactar leis sa WSSP nach mbaineann cáilíocht uisce ó roinnt de na soláthairtí uisce poiblí Rialacháin Cháilíochta Uisce Óil reatha amach de bharr truaillithe micribhitheolaíochta nó sárúithe paraiméadar cáilíochta uisce eile. Tá Uisce Éireann tar éis sraith gníomhaíochtaí a aithint chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le saincheistanna soláthair cáilíochta uisce lena n-áirítear:

- *Plean Acmhainní Uisce Náisiúnta a ullmhú agus a chur chun feidhme d'fhorbairt straitéiseach soláthairtí uisce a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta uisce agus a chuireann béim ar shláinte an tsoláthair trí idirnascadh ár líonraí soláthair uisce reatha agus trí fhorbairt foinsí uisce nua, níos mó agus níos sláine a fhónann do scéimeanna réigiúnacha.*
- *Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil a ullmhú agus a chur chun feidhme chun ár soláthairtí uisce a chosaint de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta, fáil réidh le Fógraí Beirthe Uisce seachas ó fhíortheamhais ghearttéarmacha.*
- *Plean Maolaithe Luaidhe in Uisce Óil a chur chun feidhme leis an ionchas a laghdú go ndéanfadh an t-uisce luaidhe ó phíopaí a leathadh agus athsholáthar a dhéanamh ar ár bpríomhphíobáin luaidhe uisce poiblí thar thréimhse deich mbliana.*
- *Sraith náisiúnta Nósanna Imeachta Oibrithe Caighdeánacha a chur chun feidhme in ár n-ionaid chóireála uisce agus ár líonraí lena n-oibriú ceart, éifeachtúil agus sábháilte a chinntiú. •*
- *Ár n-astarraingtí uisce uile a bhainistiú chun a dtionchar ar an timpeallacht a íoslaghdú. •*
- *Straitéisí caomhnaithe uisce réigiúnacha a chur chun feidhme le sceitheadh ónár bpríomhphíobáin uisce a laghdú de 50% thar thréimhse an WSSP.*
- *Cur chuige bainistiú sócmhainne a ghlacadh i leith cothabhála agus infheistíochta inár mbonneagar agus trealamh sa chaoi gur féidir linn saolré ár sócmhainní a uasmhéadú go dtí leibhéal sheasmhacha seirbhíse ar an gcostas is lú, úsáid á baint as na cumais agus na córais a bunaíodh in Uisce Éireann.*

Áirítear ar phríomhspríocanna maidir le soláthar uisce iontaofa agus sábháilte a chinntiú faoi dheireadh 2021, 2027 agus 2040:

- *Caighdeáin Mhicribhitheolaíochta Uisce Óil – céatadán na samplaí a chomhlíonann caighdeáin cháilíochta uisce ón mbunlíne reatha de 99.82% go 99.99% faoi dheireadh 2021 agus an ráta comhlíontachta sin a choinneáil.*
- *Sceitheadh Uisce Cóireáilte – ár ráta sceite reatha de thart ar 49% a laghdú go dtí níos lú ná 38% faoi dheireadh 2021, go 30% faoi 2027 agus go dtí leibhéal eacnamaíoch sceite faoi 2040.*

Aithníonn Dréacht-phlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2017-2021 (IP2) infheistíocht c.€150 milliún i dTionscadail agus i gCláir i gContae Dhún na nGall thar na chéad cheithre bliana eile de réir forálacha Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce; tá c. €68 milliún de seo leithdháilte d'uisce óil (tabhair ar aird: é seo faoi réir ag faomhadh CER). Ar leithligh, tá tionscadal €13.8 milliún, ar a dtugtar Tionscadal Athchóirithe Príomhphíobáin Uisce ar fud Chontae Dhún na nGall beartaithe freisin le athshlánú agus athsholáthar a dhéanamh ar thart ar 45km de shean-phríomhphíobáin uisce ar fud an Chontae. Beidh athsholáthar 15 cuid tosaíochta den príomhphíobáin uisce i gceist anseo scaipthe thar seacht scéim soláthair uisce, lena n-áirítear Béal Átha Seanaidh. Nuair a bheidh sé críochnaithe bainfidh breis agus 30,000 custaiméir ar na scéimeanna soláthair seo buntáiste as seirbhís agus cáilíocht uisce feabhsaithe. Tá cur síos anseo thíos ar thionscadail uisce óil bheartaithe do gach ceann de na seacht mbaile.

An Clochán Liath (Dungloe)

Déanfaidh Uisce Éireann feabhsúcháin ar Ghléasra Cóireala Uisce Chroithlí agus oibreacha chun foinsí uisce breise a aithint thar an chéad thréimhse infheistíochta eile (2017-2021). Áirítear ar oibreacha breise athsholáthar píobaire laistigh de líonra WSS Réigiúnach na Rosann mar chuid den Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobáin ar Fud an Chontae agus diansaothrú ar ghníomhaíochtaí aimsithe agus socraithe le leibhéal sceite reatha a laghdú. Áirítear sa Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobáin ar Fud an Chontae athsholáthar cuid de príomhphíobáin uisce feadh Bhóthar na Cé sa Chlochán Liath.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá Uisce Éireann i mbun Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíoban Bhealach Féich faoi láthair. Is cuid den Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobáin ar Fud an Chontae an infheistíocht €1 milliún seo sa líonra uisce i mBealach Féich. Nuair a thabharfar chun críche é, beidh feabhsúcháin shuntasacha ar fheidhmíocht an líonra agus ar leibhéal seirbhíse do chustaiméirí ó thaobh éifeachtúlachta agus sláine an tsoláthair mar thoradh air. Rachaidh sé chun leasa custaiméirí freisin trí chur isteach ar an soláthar a laghdú agus cáilíocht uisce a fheabhsú. Is é Fómhar 2017 an dáta measta lena chríochnú.

Béal Átha Seanaidh

Tá sé i gceist ag Uisce Éireann c. €17.5 milliún a infheistiú i Scéim Sholáthair Uisce Réigiúnach Bhéal Átha Seanaidh. Cuimsíonn an ceantar éilimh don scéim cuid mhór de réigiún deisceart Dhún na nGall agus áirítear ann bailte Bhéal Átha Seanaidh, Ros Neamhlach, Bun Dobhráin agus na ceantair thuaithe siar ó dheas de Bhaile Dhún na nGall lena n-áirítear Baile Mhic Robhartaigh, An Caiseal Ard agus Rath/Lisminton. Áirítear sa tionscadal gléasra cóireála nua ag Knader, Béal Átha Seanaidh agus síneadh an líonra chun nascadh scéimeanna soláthair eile leis an ngléasra nua a éascú. Nuair a bheidh sé críochnaithe déanfar an gléasra reatha ag Béal Átha Seanaidh a dhíchoimisiúnú. Fónfaidh an gléasra nua ag Béal Átha Seanaidh do bhreis agus 9,000 custaiméir ar fud an réigiúin..

Ceann an Droichid

Cothaítear Ceann an Droichid faoi láthair ag Pollam Dam agus tá síneadh beartaithe ó Pollam Dam i dtreo Charn Domhnach. Tá cumas cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach i gCeann an Droichid faoi láthair.

Carn Domhnach

Déantar Carn Domhnach a chothú faoi láthair ó Scéim Inis Eoghain Thiar agus tá sé i gceist é seo a athrú go dtí an Pollam Dam thar na chéad 5 bliana eile agus mar sin tá sé seo i bPlean 2017-2021. Mar chuid den tionscadal seo tá sé i gceist roinnt de na gléasra is lú a réasúnú agus freisin costais oibríochta a laghdú.

Baile Dhún na nGall

Faoi láthair tá cumas cóireála uisce agus infhaighteacht uisce leordhóthanach i mBaile Dhún na nGall.

Na Cealla Beaga

Tá sé i gceist ag Uisce Éireann c. €9 milliún a infheistiú i Scéim Sholáthair Uisce Réigiúnach na gCealla Beaga thar an chéad thréimhse infheistíochta eile (2017-2021) chun cumas próiseála uisce an ghléasra cóireála reatha sna Cealla Beaga a mhéadú thar an chéad thréimhse infheistíochta eile (2017-2021). Méadóidh an tionscadal cumas próiseála uisce an ghléasra cóireála reatha sna Cealla Beaga ó 6 go c. 11.85 milliún lítear in aghaidh an lae mar aon le stóráil taiscumair nua. Cinteoidh sé seo soláthar leordhóthanach chuig na 5,000 custaiméir a fhónann an scéim seo dóibh, go háirithe ag buaicphointí. Tá an tionscadal seo tábhachtach go háirithe don tionscal próiseála éisc sa réigiún

5.16.2 SEOSoláthairtí Uisce Poiblí –Moltaí

Tá na moltaí a rinneadh maidir le soláthairtí uisce poiblí bunaithe ar thorthaí an EPA ar cháilíocht uisce óil i rith 2015 agus torthaí iniúchtaí an EPA sa 'Tuarascáil ar Uisce Óil 2015'. Tá gníomhaíochtaí tosaíochta beartaithe an EPA do sholáthairtí uisce poiblí liostaithe i dTábla 5.50:

Tábla 5.50: Gníomhaíochtaí Tosaíochta Molta an EPA do Sholáthairtí Uisce Poiblí

Fáil Réidh le Fógraí Beirthe Uisce Fadtéarmacha	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cinntigh go gcuireann an Plean Infheistíochta Caipitil infheistíocht ar fáil chun déileáil le gach fógra beirthe uisce. ▪ An Straitéis Dífhabhaithe Náisiúnta' a chur chun feidhme chun baol fógraí beirthe uisce fadtéarmacha a laghdú agus sábháilteacht agus sláine soláthair a fheabhsú. ▪ Na hoibreacha feabhais riachtanacha a chur á ndéanamh go mear roimh 'An Straitéis Dífhabhaithe Náisiúnta'. <ul style="list-style-type: none"> ➢ Cuir bacainní <i>Cryptosporidium</i> ar fáil ar gach uisce dromchla nó soláthairtí screamhuisce faoi thionchar uisce dromchla. ➢ Na híoschritéir dífhabhaithe mar a fhoilsítear ag an EPA a bhaint amach. ▪ Déan monatóireacht ar sholáthairtí uile don <i>E.Coli</i>. ▪ Cuir eolas cuimsitheach agus tráthúil ar fáil don EPA faoi imscrúduithe i sárúithe micribhitheolaíocha. ▪ Cláir mhonatóireachta amhuisce a chur chun feidhme chun bonn eolais a chur faoi dhearadh, oibriú agus bainistiú córais chóireála. ▪ Ionaid chóireála athléimneacha a sheachadadh atá i ndan déileáil le droch-aimsir agus athruithe ar nádúr na foinsé amhuisce.
Cláir Gníomhaíochta do Chóireáil Fheabhsaithe THM a Chur Chun Feidhme	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Straitéis Náisiúnta Tríhalaimeatán (THM) a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun sárúithe THM a laghdú. ▪ Clarr barrfheabhsaithe do dháileog cheimiceach a chur chun feidhme agus athbhreithniú/uasghrádú a dhéanamh ar phróisis dáileoige ceimicé i soláthairtí chun sárúithe THM agus alúmanaim a laghdú. ▪ Dáileog dífhabhaithe a mheas faoin gclár dífhabhaithe náisiúnta. ▪ Freagairt leordhóthanach lasmuigh de ghnáthuaireanta a chur chun feidhme le tacaíocht ó pharaméadair phróisis mhonatóireachta oiriúnach fíor-ama agus freagairt do rabhaidh. ▪ Ionaid chóireála athléimneacha a sheachadadh atá ábalta déileáil le fíor-dhrochaimsir agus athruithe i nádúr foinsí amhuisce. ▪ Cláir chuimsitheacha a fhoilsiú le frámaí ama do phríomhchlocha míle, do sholáthairtí EPA RAL. ▪ Eolas cuimsitheach agus tráthúil a chur ar fáil don EPA ar dhul chun cinn déanta le soláthairtí ar an RAL. ▪ Clár cothabhála agus glantacháin náisiúnta príomhphíobán a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
An Straitéis Náisiúnta Luaidhe a Chur Chun Feidhme	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara uile chun leanúint le páipéar Uisce Éireann ar Phlean Maolaithe Luaidhe in Uisce Óil – Saincheisteanna a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme. ▪ Litreacha comhairle a eisiúint do mhaoine le naisc luaidhe de réir mar a aithnítear iad. ▪ An clár monatóireachta leathnaithe do luaidhe a chur chun feidhme. ▪ Foirgnimh phoiblí le pluiméireacht luaidhe inmheánach a dteastaíonn gníomh uathu faoin Straitéis Náisiúnta Luaidhe a aithint. ▪ Athsholáthr méadaithe píobán luaidhe príobháideacha faoi Straitéis Náisiúnta Luaidhe.
Cláir Gníomhaíochta do gach Scéim RAL a Chur Chun Cinn	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cinntigh go gcuireann an Clár Infheistíochta Caipitil infheistíocht ar fáil do sholáthairtí uile ar an RAL. ▪ Cláir ghníomhaíochta chuimsitheacha a fhoilsiú, le amscálaí do phríomh-chlocha míle do sholáthairtí EPA RAL. ▪ Eolas cuimsitheach agus tráthúil a chur ar fáil don EPA ar dhul chun cinn a rinneadh le soláthairtí ar an RAL agus ar imscrúduithe i sárúithe luacha paraméadracha.
Foinsí agus Pointí	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus bearta dotharlach-bhunaithe a fhorbairt

Astarraingte a Chosaint	<p>(lena n-áirítear pleananna sábháilteachta uisce) dírithe ar fhoinsí uisce óil a fheabhsú lena n-áirítear bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar an riosca ó úsáid lotnaidicídí agus barraíocht rith chun srutha níotráite i ndobharcheantair uisce óil.</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Straitéis Náisiúnta Lotnaidicídí a fhorbairt agus a chur chun feidhme. ▪ Cláir monatóireachta amhuisce a chur chun feidhme chun bonn eolais a chur faoi chóras, dearadh, feidhmiú agus bainistiú cóireála.
Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil a Fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cur chuige an Phlean Sábháilteachta Uisce a chur chun feidhme i ngach soláthair agus mar threoir d'infheistíocht chaipitil todhchaí. ▪ Ionaid chóireála athléimneacha a fhorbairt atá ábalta déileáil le fairsingiú todhchaí agus rioscaí réamh-mheasta sa soláthar. ▪ Foinsí a chosaint ar éilliú. ▪ Struchtúr a fhorbairt d'íoschaighdeáin cháilíochta, oiliúna agus taithí d'fhostaithe sa tseirbhís uisce i bpríomhphoist oibríochta (mar shampla maoirseoirí agus oibritheoirí ionaid).

Foinse: Tuarascáil ar Uisce Óil do Sholáthairtí Uisce Poiblí, EPA 2015, Cuid 4.2, Ich. 28-29

Ag féachaint do ghníomhaíochtaí tosaíochta an EPA déantar na moltaí seo a leanas do sholáthairtí uisce poiblí i limistéar an LAP:

Ba chóir d'Uisce Éireann a chinntiú go ndéantar gach teip luacha paraiméadacha táscaire, ceimiceach agus micribhitheolaíoch a bhaint amach a fhiosrú chun a chinntiú go ndéantar cúis na teipe a aithint agus go nglactar an ghníomhaíocht cheartaitheach chuí. Ba chóir ceachtanna a foghlaimíodh agus na bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme i soláthairtí eile sa chontae.

Ba chóir d'Uisce Éireann a chinntiú go n-oibrítear gach córas dífhabhtithe ar bhealach nach dtéann an t-uisce dífhabhtaithe isteach sna príomhphíobáin dáilithe ag am ar bith. Ba chóir d'Uisce Éireann na híoschritéir dífhabhaithe mar a d'fhoilsigh an EPA a bhaint amach agus an córas dífhabhtaithe a bharrfheabhsú chun foirmiú tríhalaimeatáin (THM) a íoslaghdú.

Ba chóir d'Uisce Éireann athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú monatóirí agus aláraim chlóirín agus a chinntiú go ndéantar monatóirí dá leithéid a bhainistiú i gceart (i.e. sa láthair cheart agus le socrú alaraim cuí) agus go bhfuil prótacail freagartha doiciméadaithe ann chun déileáil le gníomhachtú an alaraim.

Ba chóir d'Uisce Éireann tosaíocht a thabhairt d'oibreacha feabhais ar sholáthairtí atá ar an Liosta Gníomhaíochtaí Feabhais (RAL) Soláthairtí Uisce Poiblí. Ba chóir na gníomhaíochtaí a gcuirtear a dtuairisc don EPA a thabhairt chun críche a luaithe agus is féidir agus laistigh den scála ama sonraithe i dTábla 5.40 i gCuid 5.17.1 den Tuarascáil seo.

Ba chóir d'Uisce Éireann cur chuige Phlean Sábháilteachta Uisce na hEagraíochta Sláinte Domhanda maidir le bainistiú soláthairtí uisce a chur chun feidhme.

Ba chóir d'Uisce Éireann tosaíocht a thabhairt d'oibreacha feabhais ar sholáthairtí a bhfuil fógra beirthe uisce nó srianta uisce ar an soláthar iomlán nó cuid de, chun go dtabharfaí na hoibreacha riachtanacha chun críche ar bhonn práinne. Tar éis críochnú na n-oibreacha caithfidh Uisce Éireann dul i dteagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte chun a shocrú an gceadaíonn na hoibreacha críochnaithe go mbainfí an fógra beirthe uisce nó an srianadh.

Maidir le soláthairtí uisce poiblí gan bacainn chóireála *Cryptosporidium* agus iad siúd atá ag baint úsáide as uisce dromchla nó uisce faoi thionchar uisce dromchla mar a bhfoinse, ba chóir d'Uisce Éireann plean feabhais cuí a chur chun feidhme gan mhoill a bhféadfaidh uasghrádú, athsholáthar nó dúnadh an ionaid a bheith i gceist leis.

Ba chóir d'Uisce Éireann na roghanna maolaithe luaidhe a aithníodh ina nDréacht-Phlean Maolaithe Luaidhe in Uisce Óil a chur chun feidhme chun nochtadh do luaidhe in uisce óil a laghdú. Aithneoidh

Uisce Éireann agus tabharfaidh tosaíocht do cheantair sholáthair uisce poiblí agus díreoidh ar mhaoine a bhfuil baol ann nach mbainfidh siad na caighdeáin luaidhe amach chun an t-ionchas do shláinte an duine a laghdú.

5.16.3 Soláthairtí Uisce Príobháideacha

I 2017 d'fhoilsigh an EPA tuarascáil dár teideal 'Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha'. Tugann an Tuarascáil ar aird go bhfaigheann beagnach 20% de dhaoine in Éirinn, i gceantair thuaithe de ghnáth, a n-uisce óil ó sholáthairtí príobháideacha. Aithníonn an EPA ceithre chatagóir soláthairtí uisce príobháideacha mar a leanas:

- **"Grúpscéimeanna Poiblí** – is soláthairtí iad seo ina ndéanann Uisce Éireann bainistiú ar astarraingt agus ar chóireáil uisce agus déanann grúpa pobail áitiúil bainistiú ar dháileadh uisce cóireáilte ar na húsáideoirí.
- **Grúpscéimeanna Príobháideacha** – is soláthairtí iad seo ina ndéanann grúpa pobail áitiúil bainistiú ar astarraingt, ar chóireáil agus ar dháileadh uisce cóireáilte.
- **Soláthairtí Príobháideacha Beaga** – is soláthairtí iad seo a fhreatalaíonn ar ghníomhaíocht phoiblí nó thráchtála agus déanann an eintiteas poiblí nó tráchtála bainistiú ar astarraingt, ar chóireáil agus ar dháileadh uisce cóireáilte. Ar na samplaí de ghníomhaíochtaí poiblí nó thráchtála a fhreastalaíonn soláthairtí príobháideacha beaga orthu áirítear pubanna agus bialanna, crècheanna agus scoileanna náisiúnta.
- **Toibreacha Teaghlaigh** – is soláthairtí iad seo a chuireann toirt uisce níos lú ná 10 méadar ciúbach ar fáil in aghaidh an lae nó a fhreastalaíonn ar níos lú ná 50 duine, agus nach soláthraíonn do ghníomhaíocht phoiblí nó thráchtála. Is iomaí teaghlach príobháideach faoin dtuath in Éirinn afhreastalaíonn toibreacha teaghlaigh orthu agus tá an fhreagracht i dtaca leis an soláthar a bhainistiú ar an sealbhóir tí." (Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha', EPA, lch. 2)

Tá soláthróirí uisce príobháideacha freagrach as uisce óil atá sábháilte agus glan a chur ar fáil do thomhaltóirí. Tá freagracht ar Údarás Áitiúla cuidiú le soláthróirí uisce príobháideacha an aidhm seo a bhaint amach i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an EPA agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). Tá Údarás Áitiúla freagrach freisin as monatóireacht a dhéanamh ar sholáthairtí príobháideacha chun a chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais Rialacháin um Uisce Óil 2014 trí:

- Sampláil a dhéanamh ar sholáthairtí uisce príobháideacha chun a gcáilíocht uisce a sheiceáil
- Imscrúdú a dhéanamh i gcás go sáraítear caighdeáin cháilíochta uisce
- Cuidiú le úinéirí soláthair phríobháidigh le comhairle agus treoir chun a gcáilíocht uisce a fheabhsú.
- Gníomhaíocht forfheidhmithe a ghlacadh i gcás nach bhfuil aon cheo á dhéanamh ag soláthairtí uisce príobháideacha chun soláthairtí cáilíocht uisce nach mbaineann na caighdeáin amach a fheabhsú.

Aithníonn Tuarascáil an EPA go bhfuil cáilíocht uisce i soláthairtí uisce príobháideacha níos laige go seasta ná soláthairtí uisce poiblí. Dá réir aithnítear gur chóir monatóireacht a dhéanamh ar sholáthairtí uisce príobháideacha ar bhonn rialta chun cáilíocht an uisce óil atá á sheachadadh chuig tomhaltóirí chun an t-ionchas do shláinte an duine a laghdú. Caithfear sampláil faoi dhó sa bhliain a dhéanamh ar sholáthairtí uisce príobháideacha a fhreastalaíonn ar 50 duine nó níos mó, ar an íosmhéid. Chomh maith leis seo molann an EPA go ndéantar monatóireacht ar gach soláthar uisce do *E. coli*. uair amháin sa bhliain ar a laghad toisc gur féidir leis bheith ina chúis breoiteachta tromchúisí d'úsáidóirí uisce, go háirithe úsáideoirí leochaileacha mar leanaí, daoine níos sine agus iad sin a bhfuil imdhíonacht íseal acu nó riochtanna leighis bunúsacha. Tugann Tábla 5.51 eolas faoi cháilíocht uisce do sholáthairtí uisce príobháideacha i nDún na nGall i 2015.

Tábla 5.51: Eolas faoi Cháilíocht Uisce do Sholáthairtí Uisce Príobháideacha i nDún na nGall i 2015

Soláthairtí Uisce Príobháideacha Dhún na nGall		2015
Grúpscéimeanna Poiblí	Líon	7
	Daonra	3,140
Grúpscéimeanna Príobháideacha	Líon	6
	Daonra	754
Soláthairtí Príobháideacha Beaga	Líon	27
	Daonra	1,402
Fograí Beirithe	Líon	n/a
	An Daonra a ndeachaigh siad i bhFeidhm orthu	n/a
Treoracha	An Líon a Eisíodh	n/a
Iníúchtaí	Líon	n/a

Foinse: 'Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha', EPA, 2017, Aguisín 4 lch. 19

5.16.4 Soláthairtí Uisce Príobháideacha –Moltaí

Tá na moltaí a rinneadh maidir le soláthairtí uisce príobháideacha bunaithe ar thorthaí an EPA san 'Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha' a foilsíodh i 2017. Tá gníomhaíochtaí tosaíochta molta an EPA do sholáthairtí uisce príobháideacha liostaithe i dTábla 5.52.

Tábla 5.52: Gníomhaíochtaí Tosaíochta Molta an EPAdo Sholáthairtí Uisce Príobháideacha

Gach Soláthar Uisce	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Monatóireacht a dhéanamh ar na soláthairtí go léir a fhreastalaíonn ar dhaonra níos mó ná nó comhionann le 50 duine nó a chuireann toirt uisce níos mó ná nó comhionann le 10m³/sa lá, dhá uair sa bhliain ar a laghad. ▪ Monatóireacht a dhéanamh d' E. coli i ngach soláthar uair amháin sa bhliain ar a laghad, beag beann ar mhéid an tsoláthair. ▪ Barra tobair a thógáil os cionn leibhéal na talún agus an barr tobair a shéalú agus a chaidhpeáil. ▪ Fál a chur thart ar an tobar agus ar phointí astarraingte uisce dromchla chun rochtain d'ainmhithe a chosc. ▪ Bí feasach ar shlánachair do leathadh ar an talamh gar do thoibreacha nó pointí astarraingte uisce dromchla agus cinntigh go bhfui aon úinéirí talún áitiúla atá laistigh de na slánachair sin ar an eolas fúthu. ▪ Ná húsáid lotnaidicídí nó ceimiceáin eile thart ar thobar nó ar phointe astarraingte uisce dromchla. ▪ Déan imscrúdú amhairc ar phointí astarraingte don éilliú ar bhonn rialta.
Grúpscéimeana Uisce Príobháideacha Poiblí agus	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cinntigh go bhfuil dífhabhú ann i ngach soláthar uisce dromchla nó iad siúd atá faoi thionchar uisce dromchla agus, i gcás go n-úsáidter clóirín, cinntigh gur féidir iarmharach clóirín íosta de 0.1 mg/l a bhraith ag an gcustaiméir deiridh ar an líonra. ▪ Agus clóirín á úsáid mar phríomh-dhífhabhú cinntigh íosteagmháil ama 15 mg.min/l leis an uisce cóireáilte sula sroicheann an t-uisce an chéad chustaiméir ar an líonra. ▪ Cinntigh go bhfuil srianta leordhóthanach agus uirlisí bainistithe ann do chórais chóireála. Ba chóir go mbeadh ceimiceáin oiriúnach chun críche uisce óil agus nach

	<p>mbeidís as dáta agus ba chóir go mbeadh treoir úsáideoirí ar fáil.</p> <ul style="list-style-type: none"> An treoir a d'fhorbair an Chónaidhm Náisiúnta Grúpscéimeanna Uisce ar Chóras Dearbhú Cáilíochta (HACCP) ag Grúpscéimeanna Uisce.
Úinéirí Toibreacha Teaghlaigh	<ul style="list-style-type: none"> Déan monatóireacht ar gach tobar teaghlaigh don E. coli uair amháin sa bhliain ar a laghad. Úsáid an t-iartras Cosain do Thobar de chuid an EPA chun do thobar a mheasúnú don éilliú uair amháin sa bhliain ar a laghad. Déan dífhachtú ar thollphoill agus ar thoibreacha teaghlaigh má aithnítear aon teip mhicribhitheolaíochta, go háirithe E. coli.
Údaráis Áitiúla	<ul style="list-style-type: none"> Cuir soláthairtí príobháideacha ar an eolas faoina dtorthaí monatóireachta a luaithe agus a bhíonn siad ar fáil. Úsáid na cumhachtaí forfheidhmithe atá ag údaráis áitiúla chun feabhsúcháin ar cháilíocht uisce a thiomáint. Tabhair tosaíocht do sholáthairtí a bhfuil saincheisteanna cáilíochta uisce tromchúiseacha acu nó atá mall chun moltaí údaráis áitiúil a chur chun feidhme. Imscrúdaigh gach teip chun luacha paraiméadracha cáilíochta uisce a chomhlíonadh i soláthairtí uisce príobháideacha chun a chinntiú go n-aithnítear cúis na teipe agus go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar pharaiméadair ar féidir leo dul i gcionn ar shláinte an duine mar E. coli.

Foinse: 'Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha', EPA, 2017, Cuid 4, lch. 12-14

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall freagrach as a chinntiú go ndéantar monatóireacht leordhóthanach ar ghrúpscéimeanna príobháideacha agus poiblí agus soláthairtí príobháideacha beaga i rith na bliana. I gcás go léiríonn monatóireacht cáilíocht uisce lag tá Comhairle Chontae Dhún na nGall freagrach as a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chun na saincheisteanna cáilíochta uisce a chur ina gceart.

Ba chóir do Chomhairle Contae Dhún na nGall a chinntiú go ndéantar gach teip chun luacha paraiméadracha táscaire, ceimiceach agus micribhitheolaíochta i soláthairtí uisce príobháideacha a chomhlíonadh, a imscrúdú chun a chinntiú go n-aimsítear cúis na teipe agus go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí. Ba chóir do Chomhairle Contae Dhún na nGall an ghníomhaíocht fhorfheidhmithe chuí a dhéanamh nuair a bhíonn fianaise ann nach bhfuil imscrúduithe agus gníomhaíochtaí dá leithéid á ndéanamh.

I gcás nach bhfuil clár gníomhaíochta ceartaitheach ullmhaithe ag grúpscéim uisce de réir ceanglas na Rialachán um Uisce Óil agus nuair is beag fianaise atá ann go bhfuil gníomhaíocht ar siúl le cáilíocht an tsoláthair uisce a fheabhsú, ba chóir don údarás áitiúil a chumhachtaí forfheidhmitheacha a úsáid faoi na Rialacháin leis an soláthar a thabhairt chun comhlíontachta.

Ba chóir do Chomhairle Contae Dhún na nGall a chinntiú go ndéanann oibreoirí grúpscéimeanna uisce na líonraí dáilte a ghlanadh agus a chothabháil go rialta sa chaoi nach dtagann meath ar cháilíocht an uisce a sholáthraíonn an t-údarás áitiúil i líonra dáilte na ngrúpscéimeanna uisce.

5.17 Cáilíocht Uisce Shnámha

I 2002 thug an Coimisiún Eorpach (CE) faoi mhór-athbhreithniú ar eolas sláinte maidir le uiscí snámha agus i 2006 d'eisigh an Treoir um Uisce Snámha 2006/7/CE. Is é an aidhm cosaint sláinte an tsnáimhaí a fheabhsú agus caighdeán níos déine a thabhairt isteach do cháilíocht uisce agus modh nua measúnaithe. Rinneadh an Treoir a thrasú i reachtaíocht na hÉireann mar na Rialacháin um Cháilíocht Uisce Shnámha 2008 (I.R. Uimh. 79 de 2008 arna leasú ag I.R. 351 de 2011). Tháinig na Rialacháin um Uisce Snámha i bhfeidhm go hiomlán ar 31ú Nollaig 2014.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na Rialachán um Uisce Snámha:

- Cosaint sláinte do shnámhaithe a fheabhsú trí chaighdeáin níos déine do cháilíocht uisce a thabhairt isteach agus modh nua measúnaithe.
- Cur chuige níos réamhghníomhaí a bhunú i dtaca le measúnú rioscaí truailithe ionchasacha agus bainistiú uiscí snámha.
- Feasacht mhéadaithe an phobail agus scaipeadh feabhsaithe eolais ar cháilíocht uisce shnámha don phobal go ginearálta a spreagadh.

Tá údarais áitiúla freagrach as bainistiú agus as monatóireacht uisce shnámha agus as cur chun feidhme bearta bainistíochta chun fáil réidh le foinsí truailithe. Cuireann údarais áitiúla mionsonraí a gclár samplála beartaithe ar fáil don EPA roimh thús gach séasúr snámha. Tógtar sampla 'réamh-shéasúir' tosaigh amach sa Bhealtaine, agus íosmhéid sampláil míosa ina diaidh sin de réir ceanglas na Rialachán um Uisce Snámha. Déantar an sampláil laistigh de 4 lá ón dáta beartaithe chun teagmhais mar aimsir gharbh a cheadú rud a d'fhágfadh nach raibh an sampláil slán nó, d'uiscí snámha oileánda go háirithe, nuair a chuirean droch-aimsir sceidil iompair farantóireachta nó aeir as a riocht.

Is é ról an EPA, mar rialtóir, a chinntiú go gcuireann rialtais áitiúla a ndualgais i gcrích de réir na Rialachán um Uisce Óil. Déanfaidh an EPA ar a sheal, na sonraí monatóireachta a bhailíonn na húdarais áitiúla a thiomsú, déanfaidh measúnaithe ar cháilíocht an uisce agus athbhreithniú ar ghníomhaíochta a rinne údarais áitiúla (más ann dóibh) maidir le teagmhais thruailithe uisce shnámha; déantar tuairisciú ar na sonraí seo ansin don Choimisiún Eorpach i mí na Nollag gach bliain. Tá sé i gceist tairseach uisce snámha nuashonraithe 'beaches.ie' a sheoladh i 2017. Tá an láithreán nua deartha le go mbeidh rochtain air ó fhearais mhóibíleacha.

Cuireann an EPA tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Shnámha in Éirinn ar fáil gach bliain. Léiríonn torthaí an 'Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Shnámha 2016' a foilsíodh i 2017, gur bhain beagnach gach ceann de na ceantair ainmnithe shnámha i gContae Dhún na nGall stádas maith cáilíochta uisce amach arís (luacha éigeantacha agus treoracha an AE á gcomhlíonadh). Léirítear measúnuithe ar cháilíocht uisce a rinne an EPA do gach uisce aitheanta ag an AE i nDún na nGall don tréimhse 2014-2016 i dTábla 5.53.

Tábla 5.53: Torthaí Measúnaithe Cáilíochta Uisce an EPA do Dhún na nGall don tréimhse 2014-2016

2014-2016 Measúnú Stádais	2014	2015	2016	Athrú ó 2015	Nótaí Tráchta
Bun Dobhráin	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	Tá cáilíocht an-ard go deo ag na huiscí seo i gcónaí agus níor aithníodh ach corrfhoinsé nó teagmhas truailithe.
An Charraig Fhinn	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	
Cúil Dabhcha	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	
Fintra	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	
Lios Feannáin	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Meath	Sháraigh Lios Feannáin an tairseach, ar éigean, do Shárcháilíocht mar gheall ar chomhaireamh Enterococci
Murbhach	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	Tá cáilíocht an-ard go deo ag na huiscí seo i gcónaí agus níor aithníodh ach corrfhoinsé nó teagmhas truailithe.
An Fhheartainn	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	
Portahur, Doire Beg	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	
Ráth Maoláin	Maith	Maith	Maith	Gan athrú	Léirigh Ráth Maoláin cáilíocht uisce níos boichte go seasta i 2016 ná sna blianta roimhe do E.coli go háirithe
Ros Neamhlach	Sármhaith	Sármhaith	Sármhaith	Gan athrú	Tá cáilíocht an-ard go deo ag na huiscí seo i gcónaí agus níor aithníodh ach

					corrfoinse nó teagmhas truaillithe.
Dumhaidh	n/a	n/a	New	n/a	Aithníodh an trá seo le deireanaí i 2015 agus faoi láthair níl dóthain samplaí ann do rangú iomlán ach tá an chosúlacht air go dtiocfaidh sé le Sárcháilíocht i 2017 agus feidhmíocht reatha á cur san áireamh

Foinse: Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Shnámha 2015, EPA, Cuid 5, lch26

5.17.1 Tránna Brataí Goirme

Is dámhachtain idirnáisiúnta é an Bhratach Ghorm do shármhaitheas trá a fheidhmíonn An Taisce in Éirinn thar ceann na Fundúireachta um Oideachas Timpeallachta (FEE). Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil a mhaoiníonn an clár Brataí Goirme. Bronntar an gradam ar thránna agus ar mhuiríní a bhfuil sárcháilíocht uisce acu agus a bhaineann ardchaighdeáin amach thar raon leathan critéar eile lena n-áirítear oideachas timpeallach, bainistiú na timpeallachta, sábháilteacht agus seirbhísí eile.

I 2017 dámhadh dhá Bhrat Ghorma déag ar Chontae Dhún na nGall dá thránna, titim ó thrí cinn déag in iomlán i 2016. Níor choinnigh Trá Lios Feannáin, siar ó thuaidh ó Cheann an Droichid, a stádas Brait Ghoirm do 2017 de thoradh an rangú bliantúil uisce snámha a bheith íosghrádaithe ó Sárstádas go Deastádas bunaithe ar shamplaí a tógadh thar na 4 shéasúr snámha roimhe seo. Tá seacht gcinn de thránna Brait Ghoirm an Chontae lonnaithe laistigh de limistéar an Phlean mar a léirítear ar Fhíor 5.22. Tá achoimre ar eolas maidir leis na tránna ar fáil thíos ó eolas a fuarthas ó láithreán gréasáin Bhrat Gorm na hÉireann www.blueflagireland.org.

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá dhá thrá Bhrait Ghorma lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean don Chlochán Liath, An Fhearhainn/Port Nua agus an Charraig Fhinn.

Tá Trá na Fearhainne/Port Nua lonnaithe ó dheas den Chlochán Liath ag teorainn theas an chreasa mhaolánaigh 15km ar aghaidh Bá Ghaoth Beara. Is féidir teacht ar an trá trí thaisteal ó thuaidh ar an mBóthar Réigiúnach R261 ó Ard an Rátha ag díriú ar shráidbhaile Nairn. Is trá ghainmheach fairsing é lonnaithe i dtimpeallacht tuaithe le córas ollmhór dumhcha. Is Limistéar Speisialta Caomhantais (SAC), Limistéar Cosanta Speisialta (SPA) agus Limistéar Oidhreachta Nádurtha beartaithe (pNHA) an ceantar cósta anseo a léiríonn raon an-éagsúil gnáthóga cósta agus talún araon.


Tá Trá na Carraige Finne lonnaithe ó thuaidh ón gClochán Liath, gar d'Aerfort Charraig Fhinn, ar aghaidh Bhá Inis Fraoich agus Ba Ghaoth Dobhair amach. Tá teacht ar an trá ag taisteal ó thuaidh ar an mBóthar Réigiúnach R266 ó bhaile Anagaire. Is trá fairsing ghainmheach í le córas maith dumhcha. Is SAC, SPA agus pNHA ainmnithe an ceantar cósta anseo le iliomad gnáthóga cósta éagsúla. Chomh maith leis seo tá tailte féaraigh machaire fairsinge ann agus tá cáil ar an gceantar faoi speiceas planda annamh a bheith i láthair.

Béal Átha Seanaidh

Tá dhá thrá Bhrait Ghoirm lonnaithe laistigh de chrios tionchar an Phlean do Bhéal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin agus Ros Neamhlach.

Tá Trá Bhun Dobhráin lonnaithe siar ó dheas ó Bhéal Átha Seanaidh ag tabhairt aghaidh ar Bhá Dhún na nGall agus ar an Aigéan Atlantach. Tá teacht ar an trá via an Príomhbhóthar Náisiúnta N15 a nascann Sligeach le contae Dhún na nGall. Tá sé teorannaithe ó thuaidh agus ó dheas ag carraigeacha agus ag bóthar siúlóide thoir. Bíonn tarraingt ag surfálaithe ar an gceannscríbe seo. Is SPA agus pNHA ainmnithe an ceantar cósta seo. Tá ardtábhacht éaneolaíochta go háirithe ag Bá Dhún na nGall agus sainspéis chaomhantais aige do Bhogach agus Éin Uisce.

Fíor 5.22: Cáilíocht Uisce Snámha laistigh de Theorainneacha Baile agus crios maolánach 15km



Tá Trá Bhéal Ailt ag Ros Neamhlach lonnaithe siar ó thuaidh ó Bhéal Átha Seanaidh agus aghaidh aici freisin ar Bhá Dhún na nGall agus ar an Aigéan Atlantach. Tá teacht ar an trá ón mBóthar Réigiúnach R231 ó Bhéal Átha Seanaidh. Síneann an trá ó thuaidh ar feadh thart ar 2km ó na haille ag an gCúil Mhóir agus ó dheas go dtí an lomán carraige idirthaoideach ag an gCarraig Fhada. Is trá ghainimh fhairsing an trá a bhfuil tarraingt ag an bpobal áitiúil agus cuairteoirí lae uirthi agus tá cáil uirthi mar cheann de phríomhthrána surfála na hÉireann. Tá an ceantar cósta anseo ainmnithe mar SAC, SPA agus pNHA a léiríonn raon an-éagsúil gnáthóga cósta agus talún..

Carn Domhnach

Tá an Brat Gorm ag trá amháin laistigh de chrios tionchair an Phlean do Charn Domhnach, Trá Chúil Dabhcha.

Tá Trá Chúil Dabhcha lonnaithe siar ó thuaidh ó Charn Domhnach agus aghaidh ar an Aigéan Atlantach. Is féidir teacht ar an trá on mBóthar Réigiúnach R243 ó bhaile Mhálanna. Is trá ghainimh í lonnaithe ar chladaí thoir thuaidh Inis Eoghain. Tá an trá roinnte i dhá chuid ar leith ag ceann tíre carraigeacha an Charraig Dhubh, Bucker's Rock agus Lady's Rock. Tá úsáid na trá den chuid is mó dírithe ar an taobh thoir idir Carratra agus na lárphointí rochtana agus sna cuasa carraigeacha idir Lady's Port agus Black Pool. Is ceantar cósta é atá ainmnithe mar SAC agus pNHA le réimsí fairsinge féarach machaire.

Baile Dhún na nGall

Tá dhá thrá a bhfuil an Brat Gorm acu lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do Bhaile Dhún na nGall, Ros Neamhlach agus Murbhach.

Tá Trá Bhéal Ailt ag Ros Neamhlach, a bhfuil cur síos air thuas, lonnaithe siar ó dheas ó Bhaile Dhún na nGall agus aghaidh ar an Aigéan Atlantach. Is féidir teacht uirthi trí dhul ó dheas den mbaile ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta N15 agus ansin siar ar an mBóthar Réigiúnach R231.

Tá Trá Murbhach lonnaithe ó dheas ó Bhaile Dhún na nGall agus aghaidh ar Bhá Dhún na nGall agus ar an Aigéan Atlantach. Is féidir teacht uirthi trí Shráidbhaile Murbhach ón bPríomhbhóthar Náisiúnta N15. Is trá ghainimh fhairsingí le dea-fhoscadh agus córas ollmhór dumhcha. Tá an ceantar cósta anseo ainmnithe mar SAC, SPA agus pNHA a léiríonn raon an-éagsúil gnáthóga cósta agus talún. Mar ar tugadh ar aird roimhe seo, is láithreán ardtábhachtach éaneolaíochta é Bá Dhún na nGall agus sainspéis chaomhantais aice do Bhogach agus Éin Uisce.

Na Cealla Beaga

Tá Brat Gorm ag dhá thrá lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean do na Cealla Beaga, Ros Neamhlach agus Fionntrá.

Tá Trá Bhéal Ailt ag Ros Neamhlach, mar a bhfuil cur síos air thuas, lonnaithe soir ó dheas ó na Cealla Beaga trasna Bá Dhún na nGall. Is féidir teacht uirthi ag dul soir ó na Cealla Beaga ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta N56 i dtreo Bhaile Dhún na nGall roimh aghaidh a thabhairt ó dheas i dtreo Ros Neamhlach.

Tá Trá Fionntrá lonnaithe ar imeall na gCealla Beaga siar ó theorainn an bhaile ag tabhairt aghaidh ar Bhá Fhionntrá. Tá teacht uirthi via an Bóthar Réigiúnach R263 ón mbaile. Is trá fhada ghainimh é a bhfuil foscadh aige ó chóras fairsing dumhcha. Tá an-tóir ag na daoine áitiúla uirthi agus tagann cuid mhór cuairteoirí lae go dtí an ceantar i rith an tsamhraidh.

5.17.2 Gradaim Chósta Glas

Is siombal sármhaitheasa anscéim Gradam Cósta Glas a aithníonn cáilíocht uisce shármhaithe, stádas ard timpeallachta agus dea-bhainistíocht agus rannpháirtíocht an phobail. Dámhadh cúig dhámhachtain Cósta Glas ar Chontae Dhún na nGall i 2017, a raibh ceann acu i limistéar an Phlean mar a léirítear ar Fhíor 5.19. Tá ceann de na trána lonnaithe gar do limistéar an Phlean, díreach lasmuigh de chrios maolánach 15m ceann de na bailte.

An Clochán Liath (Dungloe).

Tá Trá an Dumhaigh lonnaithe laistigh den chrios maolánach 15km thart ar an gClochán Liath. Tá sí suite thart ar 13km ó dheas den bhaile agus a haghaidh ar Bhá Ghaoth Beara. Tá teacht uirthi via an Príomhbhóthar Náisiúnta N56 ón gClochán Liath. Is trá ghainimh fhairsing ía bhfuil tóir ag surfáilaithe uirthi.

Chomh maith leis sin, tá Port Arthur suite díreach lasmuigh de theorainn ó thuaidh chrios mhaolánach 15km timpeall an Chlocháin Léith, ar aghaidh Chuan Ghaoth Dobhair. Is SAC ainmnithe é an ceantar sin le cósta a bhfuil teacht ar ghnáthóga talún agus cósta ard-éagsúla ann.

5.18 Athrú Aeráide agus Caighdeán an Aeir

Aithnítear gur baol ionchasach do chothabháil todhchaí an phlainéid é athrú aeráide le tionchair dhiúltacha ionchasach ar ghnéithe tíre agus ar dhaoine ag éirí as téamh na haeráide agus na hathruithe dá bharr ar phatrúin aimsire, ardú ar leibhéal na farraige, cailteanas gnáthóga, speiceas agus éiceachórais agus tarlúintí nádúrtha eile.

Is sínitheoir í Éire le Prótocal Kyoto (1997) agus faoi seo tá sí tiomanta d'astaíochtaí carbóin ón eacnamaíocht baile nach mbeadh níos mó ná 13% os cionn leibhéal 1990, do laghdú 20% ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa dara tréimhse tiomantais faoi Phrótocal Kyoto 2013-2020 i gcomparáid le leibhéal 1990 agus tá sé seo aontaithe ag Comhairle na nAirí AE. Bunaíonn Treoir Fuinnimh an AE 2009 beartas foriomlán do tháirgeadh agus do chur chun cinn fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san AE agus ceanglaíonn ar an AE 20% ar a laghad dá riachtanas fuinnimh iomlána a fháil ó athnuaiteáin faoi 2020 – le baint amach trí spriocanna náisiúnta aonair. Ina dhiaidh seo d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha 'An Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020' chun bonn eolais a chuir faoi oibleagáid na hÉireann faoi Threoir um Fhuinneamh AE a luadh thuas.

Rinneadh Comhaontú Phárais Nollaig 2015 faoi Chreatchoinbhinsiún na NA ar Athrú Aeráide agus Prótocal Kyoto. Chuir sé ceangal dlíthiúil ar na Páirtithe Rannpháirtíochta na bearta riachtanacha a chur chun feidhme a bhí ceaptha an t-ardú teochta domhanda a shrianadh go 1.5-2% os cionn leibhéal réamhthionsclaíochta agus chun astaíochtaí glan domhanda nialais a bhaint amach faoin dara leath den chéad. Is príomghné den Chomhaontú go mbeadh gach ceann de na Páirtithe tiomanta don rud ar a dtugtar Ranniócaíochtaí arna gCinneadh go Náisiúnta (NDGanna) a bhí ceaptha spriocanna an Chomhaontaithe a bhaint amach. Déanfar athbhreithniú ar na NDCanna gach cúig bliana lena n-éifeachtúlacht a mheas agus méadóidh siad thar thréimhse ama. Tá an AE, thar ceann a Bhallstát go léir, tiomanta do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa de 40% ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 1990.

Foilsíodh an tAcht um Ghníomhaíocht Aeráide agus Forbairt Carbóin Íseal i 2015, an chéad dlí athrú aeráide riamh de chuid na hÉireann a fhorálann do:

- Pleananna Maolaithe Náisiúnta 5 bliana chun na bearta beartais do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a shonrú
- Creat Coigeartaithe Náisiúnta chun an stráitéis náisiúnta d'fheidhmiú bearta coigeartaithe in earnálacha difriúla agus ag údarais áitiúla chun leochaileacht an Stáit d'éifeachtaí diúltacha athrú aeráide a laghdú.

D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCA) an chéad 'Plean Náisiúnta Maolúcháin' de chuid na hÉireann in Iúil 2017. Ceaptar go mbeidh na bearta a chuirtear chun feidhme tríd an chéad phlean ina mbonn chun Éire a athrú ina heacnamaíocht ísealcharbóin, aeráid athléimní agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil faoi 2050 agus spriocanna na Tíre de réir cheanglais Chomhaontú Pháras á gcomhlíonadh. Faoin Acht Aeráide 2015, beidh ar gach Plean

Náisiúnta Maolaithe na bearta beartais a shonrú a mheasann an Rialtas atá riachtanach chun astaíochta gás ceaptha teasa a bhainistiú agus díchur astaíochtaí ag leibhéal atá cuí do na cuspóirí athraithe náisiúnta a leagtar amach san Acht sin a chur chun cinn^{18, 19}.

Cuireann an Plean Náisiúnta Maolaithe creat ar fáil do ghníomhú agus freagracht as dul chun cinn mar seo a leanas:

- Tá 106 gníomh ar leith san áireamh sa Phlean deiridh atá le cur chun feidhme ar fud an Rialtais chun an chlár athraithe náisiúnta a chur chun cinn;
- Cur chun feidhme agus maoirseacht trí Ghrúpa Stiúrtha Ardleibhéil den Phlean Náisiúnta Maolúcháin a mbeidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ina chathaoirleach air;
- Freagracht as dul chun cinn trí Ráiteas Athraithe Bliantúil a sheachadfar don Oireachtas a ionchorpróidh Tuarascáil Dul Chun Cinn an Phlean Náisiúnta Maolaithe;
- Tiomantas do bhreis chomtháthaithe athrú aeráide sna próisis meastachán bliantúla agus i gCód Caiteachais Phoiblí an Rialtais; agus
- Déanfaidh an Chomhairle Comhairleach um Athrú Aeráide athbhreithniú ar dhul chun cinn bliantúil ag teacht lena sainordú reachtúil.

Liostaíonn an Plean Náisiúnta Maolaithe 60 beart sonrach atá ann cheana sna ceithre earnáil áirithe a bhfuil fúthu astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú agus is iad sin gineadh leictreachais, an timpeallacht thógtha, iompar agus talmhaíocht, agus na hearnálacha foraoise agus úsáid luchtá. Nuair is cuí, cuireann an Plean eolas ar fáil freisin faoi thionchar laghdaithe astaíochtaí agus costais bearta aonair. Liostaíonn an Plean freisin 17 togra ar leith do bhearta nua atá á bhforbairt ag an Rialtas. Tá cuid mhór de na bearta agus na gníomhaíochtaí laghdaithe astaíochtaí ailínithe le tiomantais a rinne Páipéar Bán na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha (DCENR) Aistriú na hÉireann go dtí Toghcháin Fuinnimh Ísealcharbóin, 2015-2030' (an Páipéar Bán).

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall bainteach faoi láthair le próiseas páipéar coigeartaithe a fhorbairt mar chuid den Chreatchoigeartaithe Náisiúnta (NAF) atá le foilsiú do chomhairliúchán reachtúil faoi Mheán Fómhair 2017. Leagfaidh an NAF amach céad straitéis reachtúil na hÉireann d'fheidhmiú bearta coigeartaithe in earnálacha Rialtais éagsúla, lena n-áirítear san earnáil údarais áitiúil chun leochaileacht an Stáit d'éifeachtaí diúltacha athraithe aeráide a laghdú agus chun leas a bhaint as aon éifeachtaí dearfacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Is príomhchuspóir den NAF fócas láidir agus soiléir a thabhairt do na dúshláin agus do na deiseanna araon a bhainfidh le aistriú go dtí toghcháin athléimneach aeráide agus do thábhacht chláir idirthréimhsigh náisiúnta atá costéifeachtach agus fócasaithe go dearfach²⁰.

Leagan Páipéar Bán an DCENR creat le beartas fuinnimh a threorú idir anois agus 2030, leis an aidhm sprioc fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú de réir cuspóir sochaí ísealcharbóin an AE faoi 2050. Is í an fhís astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil fuinnimh a laghdú de idir 80% agus 95% i gcomparáid le leibhéal 1990, faoi 2050, agus ag cinntiú freisin go mbíonn soláthairtí slána fuinnimh iomaíoch agus inacmhainne le fáil i gcónaí ag ár saoránaigh agus ár ngnólachtaí. Dréachtaíodh cuspóirí agus beartais d'fhorbairtí Fuinnimh In-athnuaite sa Dréacht-CDP 2018-2024 i gcomhthéacs reachtaíochta agus treoracha náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta lena n-áirítear na spriocanna, cuspóirí agus beartais athraithe aeráide mar a mionsonraítear i bPlean Gníomhaíochta Fuinnimh In-athnuaite Náisiúnta, 2010', an 'Straitéis d'Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020' agus an 'Páipéar Bán ar Bheartas Fuinnimh – Aistriú na hÉireann go dtí Toghcháin Fuinnimh Ísealcharbóin 2015-2030'.

Ina dhiaidh sin, in Iúil 2017, d'éisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Treoirilínte Pleanála nua faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (2000-2017) (Achtanna P&D), dar teideal

¹⁸<http://www.dcae.gov.ie/documents/National%20Mitigation%20Plan%202017.pdf>

¹⁹ <http://www.dcae.gov.ie/documents/National%20Mitigation%20Plan%202017.pdf>

²⁰<http://www.dcae.gov.ie/en-ie/climate-action/topics/adapting-to-climate-change/national-adaptation-framework/Pages/default.aspx>

'Treoirlínte Eatramhacha d'Údarás Áitiúla ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide'²¹. Deir na Treoirlínte Eatramhacha go soiléir gur ceanglas beartais phleanála sonracha é faoi Alt 28(1C), de na hAchtanna P&D agus plan forbartha á dhéanamh le beartais nó cuspóirí bainteach le forbairtí fuinnimh ghaoithe go gcaithfidh Údarás Pleanála:

- A chinntiú go n-aithnítear agus go ndéantar doiciméadú ar bheartas agus ar spriocanna fuinnimh in-athnuaite foriomlána;
- Caithfidh an CDP a léiriú cén chaoi a gcuirfidh a chur chun feidhme thar a thréimhse éifeachtach le spriocanna náisiúnta foriomlána a réadú ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar mhaolú athraithe aeráide go háirithe maidir le táirgeadh fuinnimh ghaoithe agus acmhainn ionchasach gaoithe, agus
- Comhlíontacht mhionsonraithe leis an méid thuas a léiriú agus a chinntiú go gcuireann gach measúnú goilmar riachtanach cúinsí athrú aeráide san áireamh.

Déanann an treoir ón Roinn le deireanaí treisiú agus soiléiriú ar an gcúinse go bhfuil sé de dhualgas ar Údarás Pleanála beartais náisiúnta athrú aeráide a chur chun feidhme trí phróisis a bplean forbartha, agus cuireann béim ar an ngá an troid in aghaidh athrú aeráide a bheith chun tosaigh agus gach beartas agus cuspóir phleanála atá laistigh de Phlean Forbartha Contae á mbreithniú. Is léiriú soiléir freisin é ar thacaíocht náisiúnta leanúnach d'fhuinneamh gaoithe ar tír mar bhealach cúí agus éifeachtach chun spriocanna athraithe aeráide náisiúnta a bhaint amach. Aithnítear gur gineadh 28% de leictreachas na Tíre trí fhuinneamh in-athnuaite i 2016, ach chun ár spriocanna athraithe aeráide a bhaint amach caithfidh 40% agus níos mó a bheith i gceist. Mar sin cé go bhfuil méid shuntasach cumais suiteáilte caithfear é seo a mhéadú go mór. Tugann an Plean Náisiúnta Maolaithe an méid seo a leanas ar aird maidir leis seo:

"Go dtí seo ba é fuinneamh gaoithe an tiománaí is mó fáis i leictreachas in-athnuaite. Ba é 3,120MW méid iomlán giniúna in-athnuaite nasctha leis an ngréille i Nollaig 2016, ar ghiniúint ghaoithe thart ar 2,796MW, 238MW hidrea, agus 86MW19 bithmhaise. Measann Eirgrid go dteastóidh idir 3,900MW agus 4,300MW in iomlán de chumas giniúna in-athnuaite ar tír chun ceadú d'Éirinn 40% leictreachas in-athnuaite a bhaint amach faoi 2020. Fágann sé sin riachtanas breise d'idir 780MW agus 1,180MW le suiteáil faoi 2020 má tá an sprioc leictreachais 2020 le baint amach, a fhágann go dteastóidh ráta méadaithe suiteáilte."

Cuireann tuarascáil an EPA dar teideal 'Cáilíocht Air in Éirinn 2015' na príomhtháscairí is mó atá cothrom le dáta ar fáil faoi cháilíocht aeir chomhthimpeallach in Éirinn. Tá caighdeáin reatha AE ar cháilíocht aeir le fáil sa Treoir maidir le Aer Glan don Eoraip (CAFE) (EP & CEU, 2008) agus sa Treoir (2004/107/EC) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus áirítear iontu freisin rialacha faoin gcaoi ar chóir do bhallstáit cáilíocht aeir chomhthimpeallach a bhainistiú, a mheasúnú agus monatóireacht a dhéanamh air. Is cónascadh é an Treoir CAFE den Chreat-treoir maidir le Cáilíocht Aeir agus a Céad, Dara agus Tríú MacTreoir. Trasuódh Treoir CAFE i ndlí na hÉireann ag na Rialacháin maidir le Caighdeáin Cháilíochta Aeir 2011 (S.I. Uimh. 180 de 2011). Trasuódh an 4ú MacTreoir ag Rialacháin Arsanaic, Caidiam, Mearcair, Nicil agus Hidreacarbóin Il-timthriallach Aramatach i Rialacháin um Aer Comhthimpeallach 2009 (S.I. Uimh. 58 de 2009).

Is é an EPA an t-údarás iniúil ainmnithe do chur chun feidhme reachtaíocht maidir le cáilíocht aeir chomhthimpeallaigh an AE agus na hÉireann. Déanann sé comhordú agus bainistiú ar an gclár monatóireachta lena n-áirítear líon 33 stáisiún monatóireachta ar fud na tíre a thomhasann leibhéal truaileán i gcriosanna ainmnithe agus a chuireann an t-eolas seo ar fáil i bhfíor-am chuig www.airquality.epa.ie. Tá Leitir Ceanainn lonnaithe laistigh de chrios C agus tá an chuid eile den chontae lonnaithe laistigh de chrios D. Is é 2-Go Maith an leibhéal do shonraí do Leitir Ceanainn (ag 12pm ar 31/08/17) agus 1-Go Maith do chuid eile den Chontae (ag 12pm ar 31/08/17). Níor taifeadh aon leibhéal os cionn uaslúach AE ag aon cheann de na láithreáin mhonatóireachta líonra cáilíochta aeir chomhthimpeallaigh in Éirinn i 2015.²²

²¹<http://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/topics/adapting-to-climate-change/national-adaptation-framework/Pages/default.aspx>

²² Environmental Protection Agency Air Quality in Ireland 2015

Tá Clár Cáilíochta Aeir Comhthimpeallaigh Náisiúnta á fhorbairt ag an EPA agus d'fhoilsigh siad páipéar comhairliúcháin dar teideal 'Clár Monatóireachta Cáilíocht Aeir Chomhthimpeallaigh Náisiúnta 2017-2022, Deireadh Fómhair 2022' ag lorg nótaí tráchta roimh 25^ú Samhain 2016 agus meastar go bhfoilseofar é go luath i 2017. Áireofar athbhreithniú ar an líonra monatóireachta in aghaidh riachtanais dhlíthiúla todhchaí agus reatha sa chlár agus déanfaidh sé iniúchach ar réimsí ionchasacha d'fhorbairt bhreise agus do chumarsáid faoi mhonatóireacht aeir chomhthimpeallaigh in Éirinn. Tá an clár monatóireachta aeir náisiúnta beartaithe tógtha thart ar thrí phríomchólún: líonra monatóireachta náisiúnta, samhlú agus réamhthuiriscí agus rannpháirtíocht saoránach. I nDún na nGall beidh stáisiún monatóireachta iomlán i Leitir Ceanainn agus Málainn le láithreán monatóireachta táscach lonnaithe i mBéal Átha Seanaidh..

Anuas ar an gClár Monatóireachta EPA atá le teacht, tá an DCCAE i mbun 'Straitéis um Aer Glan d'Éirinn a fhorbairt leis an aidhm beartais chun aer glan a spreagadh le cáilíocht an aeir a análaímid a fheabhsú agus a chosaint. Lorg an DCCAE aighneachtaí maidir leis an Straitéis um Aer Glan beartaithe agus d'ullmhaigh páipéar chun cuidiú leis an bplé. Cuireadh na ceisteanna a bhí ar an bpáipéar mar chúnamh don phróiseas comhairliúcháin amháin, ar cuireadh deireadh leis ag 5.30pm ar Aoine 28 Aibreán 2017. Tugadh cuireadh do rannpháirtithe freisin barúil a thabhairt faoi ghnéithe eile den chur chuige beartaithe.

Cuirfidh an Straitéis um Aer Glan an creat beartais straitéiseach ar fáil atá riachtanach chun na bearta comhtháite a aithint agus a chur chun cinnar fud beartais rialtais atá riachtanach chun truailliú aeir a laghdú agus aer níos glaine a chur chun cinn le linn cuspóirí náisiúnta níos leithne a sheachadadh²³. Ar roinnt samplaí de réitigh bheartais ionchasacha i Straitéis um Aer Glan DCCAE bheadh – cur chun cinn leanúnach den athrú ó bhreosla soladach mar mhodh leis an teach a théamh go dtí roghanna níos glaine. Is é seo an phríomhcheist maidir le leibhéil ábhair cháithnínigh in Éirinn agus an réimse ina bhfuil an scóip is mó d'fheabhsúcháin i gcáilíocht aeir²⁴. Beidh príomhról anseo ag rialú breoslaí agus dreasachtaí rialtais d'úinéirí tí príobháideacha chun athrú go dtí roghanna malartacha d'fhuinnimh níos glaine, a dhíreoidh, ar a sheal, ar laghduithe in astaíochtaí.

Reáchtáil an Coimisiún Eorpach a chéad Chomhphlé um Aer Glan le hÉirinn ar 1 – 2 Márta 2017, chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn le cáilíocht aeir a fheabhsú agus cuidiú le cur chun feidhme reachtaíochta aeir ghlain an AE. Cuirfidh torthaí an chomhphlé seo freisin leis an bpróiseas comhairliúcháin do Straitéis um Aer Glan an DCCAE.

Tá líonra 19 láithreán monatóireachta cáilíochta aeir ag Tuaisceart Éireann agus tá ceithre cinn acu seo gar do theorainn Dhún na nGall agus gar do limistéar an LAP, 2 cheann i nDoire, 1 ceann amháin sa tSraith Bán agus 1 ceann amháin i Loch na bhFear; bhí na léamha seo go léir íseal ag 1pm ar 31/08/17 agus déantar léamha a nuashonrú go laethúil ar www.airqualityni.co.uk. Foillsíonn an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe www.daera-ni.gov.uk tuarascálacha bliantúla ar thruailliú aeir, agus tugann an ceann is deireanaí dar teideal 'Truailliú Aeir i dTuaisceart Éireann 2015', a foilsíodh ar 22/11/16, forléargas ar Thuaisceart Éireann gan aon tagairt ann do Chontae Dhún na nGall.

Féadfaidh teagmhais shuntasacha eile lasmuigh d'Éirinn tionchar a bheith acu ar an gcáilíocht aeir chomhthimpeallaigh agus le blianta beaga anuas chuir an dá theagmhas seo a leanas isteach go háirithe ar iarthuaisceart a hEorpa agus ar Éirinn:

- Brúchtadh bolcánach Bardabunga san Íoslainn, Meán Fómhair 2014 agus
- Teagmhas truaillithe ábhair cháithnínigh a raibh a bhunús in Oirthear na hEorpa, Aibreán 2014

Bunaíodh Oifig um Chosaint Raideolaíoch de chuid an EPA i Lúnasa 2014 nuair a chuaigh Institiúid Cosaint Raideolaíochta na hÉireann (RPII) i bpáirt leis an EPA. Cuireann an tuarascáil is deireanaí ar Raidghníomhaíocht in Éirinn dar teideal 'Monatóireacht Raidghníomhach ar thimpeallacht na hÉireann 2012-2013', a d'fhoilsigh an EPA, torthaí clár monatóireachta raidghníomhaíocht timpeallachta ar fáil a

²³ <http://www.dccae.gov.ie/en-ie/environment/consultations/Pages/National-Clean-Air-Strategy-Consultation.aspx>

²⁴ Environmental Protection Agency Air Quality in Ireland 2015

rinne an RDII mar a bhí i rith 2012 agus 2013. Deimhníonn na sonraí atá ann cé go bhfuil leibhéil inbhraite radanúiclúidí saorga sa timpeallacht, tá siad íseal²⁵. Níl sonraí ar fáil atá sonracha do chontae Dhún na nGall.

Rinneadh monatóireacht go rialta ar an raidghníomhaíocht in Éirinn ó 1982 agus go ginearálta bhí na leibhéil a tomhasadh i 2012-2013 seasmhach go maith i gcónaí agus iad ag teacht den chuid is mó leis na leibhéil a tuairiscíodh roimhe seo (cé is moite den ardú gearrthéarmach ar leibhéil a braitheadh ó Mhárta go Bealtaine 2011 tar éis timpiste Fukushima).

Is ionann radón agus 55.1% den raidghníomhacht tomhastha in Éirinn²⁶ agus tá Léarscáil Radóin an EPA ar fáil ag www.epa.ie a léiríonn 'meastacháin ar leibhéil radóin' ar fud na Tíre. Áirítear an radón i nDún na nGall ar níos lú ná 10% den chuid is mó agus ceantair áirithe idir 10 agus 20% i gcodanna d'oirtheair an chontae agus ceantar beag amháin ar chladaigh Loch Feabhail a meastar a bheith os cionn 20%.²⁷

Cuireann nóta Treorach an SPA dar teideal 'Athrú Aeráide a Chomhtháthú i Measúnú Comhshaoil Straitéiseach in Éirinn, 2015' eolas ar fáil faoi na cúiseanna agus iarmhairtí athraithe aeráide agus an chaoi ar chóir tabhairt faoi seo trí phróiseas déanta pleananna.

Tógtar Tábla 5.54 thíos ón nóta treorach a luadh roimhe seo agus is achoimre é ar Thorthaí na Tuarascála ar an gCúigiú Measúnú ar Athrú Aeráide (IPCC 2013) de chuid an Phainéil Idir-rialtais ar Athrú Aeráide (IPCC) a deir arís "go bhfuil téamh an chórais aeráide dochréagnaithe"

Tábla 5.54: Achoimre ar Thorthaí na Tuarascála ar an gCúigiú Measúnú (IPCC 2013) den Phainéal Idir-rialtais ar Athrú Aeráide (IPCC)

Gné den Aeráid	Achoimre ar na torthaí
Athruithe a Chonacthas sa Chóras Aeráide	Tá an téamh sa chóras aeráide dochréagnaithe.
Atmaisféar	Bhí gach ceann de na trí dheich mbliana atá caite níos teocha i ndiaidh a chéile ag dromchla an Domhain ná mar a bhí aon deich mbliana eile roimhe sin ó 1850.
Aigéin	Tá sé "Ionann agus a bheith cinnte" go bhfuil uachtar an aigéin (0–700 m) tar éis éirí níos teocha ó 1971 go 2010.
Leibhéal na Farraige	Tá ráta ardaithe leibhéal na farraige ó lár na 19ú haois níos airde ná an meánráta i rith an dá mhíle bliain roimhe sin (ardmhuinín). Thar thréimhse 1901–2010, d'ardaigh meán leibhéal domhanda na farraige de 0.19 (0.17–0.21) m. Is dóigh go mbeidh ardú ar leibhéal domhanda na farraige de idir 0.26 m agus 0.82 m. ag brath ar éifeachtúlacht iarrachtaí domhanda chun astaíochtaí a laghdú
Carbón agus Timthriallacha Bithgheocheimiceacha Eile	Tá dlús atmaisféaraigh CO ₂ , meatán agusocsáid nítríil méadaithe go dtí leibhéil gan fasach i 800,000+ bliain. Mhéadaigh dlús CO ₂ de 40% ó amanta réamhthionsclaíoch, go príomha ó astaíochtaí breosla iontaiseagus sa dara háit ó ghlanathrú úsáid talún. Tá na haigéin tar éis thart ar 30% den CO ₂ antroipaigéineach a astaíodh a shú isteach, rud is cúis le aigéadú aigéin.
Timthriall Uisce	Meastar go méadóidh an chodarsnacht idir réigiúin thirime agus fliucha (d'fhéadfadh go mbeadh eisceachtaí réigiúnacha ann). Leanfaidh aigéin orthu ag téamh i rith an 21ú haois. Rachaidh teas ón dromchla go dtí domhain san aigéan a rachaidh i gcionn ar chúrsaíocht.
Aimsiú agus Aitreabúideacht Athrú Aeráide	Tá sé thar a bheith dochúil gurb é tionchar an duine an phríomhchúis leis an téamh a chonacthas ó lár na 20ú haoise.

²⁵ <http://www.epa.ie>

²⁶ An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Monatóireacht Raidghníomhaíochta Thimpeallacht na hÉireann 2012–2013

²⁷ <http://www.epa.ie>

Foinse: Tábla 1.1, Athrú Aeráide a Chomhtháthú i Measúnú Comhshaoil Straitéiseach in Éirinn, EPA (2015)

Tugann an nóta treorach le fios go bhféadfadh go mbeadh cinntiú comhlíonadh oibleagáidí an Chreata Coigeartaithe Athraithe Aeráide Náisiúnta (NCCAF) san áireamh sna tiomantais ardleibhéil, agus gur chóir don phlean iarracht a dhéanamh criosú talún a shrianadh lasmuigh de thuilemhánna, bearta caomhnaithe uisce agus fuinnimh a chur chun cinn.²⁸

5.19 Bainistiú Muirí agus Cósta

D'ullmhaigh Grúpa Comhordaithe Muirí Idir-rannach (MCG) BUNTÁISTE A BHAINT AS ÁR SAIBHREAS AIGÉIN, Plean Comhtháite d'Éirinn 2012, thar ceann an Rialtais, agus leag amach treochlár d'fhís an Rialtais de Spriocanna Ardleibhéil agus gníomhaíochtaí comhtháite thar beartas, rialachas agus gnó chun baint buntáiste as ionchas muirí na hÉireann a chumasú. Leag an Plean amach na trí sprioc ardleibhéil seo a leanas:

- Díríonn ar gheilleagar muirí faoi bhláth, ina mbaineann Éire buntáiste as deiseanna margaidh chun téarnamh eacnamaíochta agus fás inbhuanaithe, cuimsitheach go sóisialta, a bhaint amach.
- Tá faoi éiceachórais sláintiúla a bhaint amach a chuireann earraí agus seirbhísí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta ar fáil (e.g. bia, aeráid, sláinte agus folláine)
- Ta d'aidhm aige ár rannpháirtíocht leis an bhfarraige a mhéadú. Is í ár n-aidhm, ag tógáil ar ár n-oidhreacht shaibhir mara, ár bhféiniúlacht mara a threisiú agus ár bhfeasacht a mhéadú ar luach (margaidh agus neamh-mhargaidh), deiseanna agus buntáistí sóisialta as rannpháirtíocht leis an bhfarraige.

Léirítear baint amach na spriocanna ardleibhéil seo i nDréacht-phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (An Dréacht CDP), Caibidil 10: An Acmhainn Mhara agus Bainistíocht Cósta, lena n-áirítear an aidhm:

"Forbairt inbhuanaithe acmhainní mara agus imeallbhoird Dhún na nGall a éascú ar bhealach a uasmhéadaíonn an t-ionchas socheacnamaíoch agus a chosnaíonn a acmhainn timpeallachta bunúsach."

Tacaíonn cuspóirí agus beartais an Dréacht-CDP leis an aidhm seo na spriocanna a leag an rialtas síos chun luach saibhreas an aigéin a mhéadú trí fhorbairt sócmhainne cósta substaintiúil Dhún na nGall, i gcomhthéacs ceanglais Threoir maidir le Gnáthóga ón AE, an Treoir maidir le hÉin ón AE agus an Chreat-treoir Straitéise Mara ón AE agus beartais agus treoirlínte ábhartha eile a chomhlíonadh.

Tá imeallbhord fairsing ag Dún na nGall de c. 1,132km feadh Aigéan an Atlantaigh ó thuaidh agus siar. Tá ceithre cinn de na bailte laistigh de limistéar an Phlean lonnaithe gar don chósta mar a bhfuil cur síos orthu thíos:

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá An Clochán Liath lonnaithe ar bhá éadomhain sioltach ag béal Abhainn an Clocháin Léith, an baile i lár iascaigh na Rosann, agus tá rith suntasach breac farraige ag an gcuid den abhainn a shníonn go dtí an cladach i rith an tsamhraidh²⁹. Is beag baint ó thaobh radhairc atá ag an bPríomhshráid agus lár traidisiúnta an bhaile leis an gcladach ach le deireanaí forbraíodh páirc shúgartha agus ceantar caitheamh aimsire le radhairc ar an mbá. Aithníodh an turasóireacht mar réimse ionchais fáis eacnamaíochta ar an mbaile bunaithe ar a lonnú feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus a shuíomh cósta.

Béal Átha Seanaidh

San am atá thart d'fhorbair Béal Átha Seanaidh feadh bruacha na hÉirne a ritheann ó Loch Éirne tríd an mbaile agus ar aghaidh go dtí an cósta, agus a chruthaíonn mar sin comhéadan idir an talamh agus an fharraige. Tá comhchruinniú mór séadchomharthaí seandálaíochta ann ag dul siar chomh fada leis an

²⁸<http://www.epa.ie/pubs/advice/ea/Climate-Change-SEA-Ireland-Guide-Note.pdf>

²⁹ www.fishinginireland.info

aois Neoiliteach, a bhuíochas don suíomh tábhachtach straitéiseach gar don fharrage agus ar an Éirne; agus léiríonn taifid lonnaíocht leanúnach an cheantair seo ó shin. Ba nasc tábhachtach Eas Assaroe in aice láimhe idir Loch Éirne agus an fharrage agus chuir nód iompair tábhachtach ar fáil do rialú míleata, trádála agus tráchtála, agus ba chalahd marsantach faoi bhláth an baile ar feadh píosa. Aithnítear oidhreacht mhara shaibhir an bhaile i bpáirt tríd a ainmniúchán mar Bhaile Stairiúil do Chosaint Ghinearálta (ag DEHLG) agus mar Bhaile Oidhreachta ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Cuireann sócmhainní suntasacha stairiúla agus oidhreachta an bhaile mar aon lena shuíomh gar don chósta agus feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin go mór le fás ionchasach san earnáil turasóireachta agus torthaí eacnamaíochta gaolmhara.

Baile Dhún na nGall

Tá an baile suite ar shuíomh cósta straitéiseach ag Béal an Iascaigh áit a ritheann sé isteach in inbhear de chuid Bá Dhún na nGall. Léiríonn fianaise seandálaíochta go raibh an ceantar seo lonnaithe ón aois Neoiliteach agus taifeadann 'Annálacha Thír Chonail' go raibh Lochlannaigh sa cheantar go luath sna 800anna a tháinig trí uiscí inseolta Bhá Dhún na nGall. Aithnítear oidhreacht shaibhir an bhaile tríd a ainmniúchán mar Bhaile Stairiúil do Chosaint Ghinearálta (ag DEHLG) agus mar Bhaile Oidhreachta ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Cuireann sócmhainní suntasacha stairiúla agus oidhreachta an bhaile mar aon lena shuíomh gar don chósta agus feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin go mór lena tháirge turasóireachta. Tá baile Dhún na nGall tar éis glacadh lena bhaint leis an gcósta, turais bháid ar an mbá á dtairiscint agus féile bia bhliantúil mar shamplaí.

Na Cealla Beaga

Is lonnaíocht chósta é na Cealla Beaga inaitheanta le forbairt mara; is caladh nádúrtha domhain é lonnaithe ar imeall foscúil fiordomhain gar do thailte móra iascaigh an Atlantaigh Thuaidh agus léiríonn taifid gur calafort loingseoireachta a bhí ann siar go dtí an tréimhse iar-mheánaoiseach ar a laghad³⁰. Tá na Cealla Beaga ar cheann de phríomhchalafoirt iascaigh na hÉireann, a chumasaigh, ar a sheal, rath a bheith ar thionscail ghaolmhara báid agus iascaireachta, rud a chruthaigh fostaíocht sheasta agus fás eacnamaíoch ar an mbaile. Fógraíodh níos luaithe i mbliana go mbeidh €6,2 milliún á chaitheamh ar oibreacha uasghrádaithe ar an gcuan lena n-áirítear síneadh Smooth Point ar an gcé, uasghrádú ar earraí leictreacha ar an gcuan agus tabhairt chun críche cuan do bháid bheaga. Tá margadh mar cheannscríbe do longa cúrsála ag na Cealla Beaga atá ag dul i méid agus 19 long deimhnithe cheana don bhliain seo chugainn, 2018, agus tá sé ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin a neartaíonn fás an bhaile mar cheannscríbe turasóireachta.

5.20 Sócmhainní Ábhartha

Ar shócmhainní ábhartha áirítear raon leathan sócmhainní nádúrtha agus de dhéantús an duine lena n-áirítear seirbhísí agus áiseanna bonneagair, oidhreacht chultúrtha, oidhreacht fhoirgnithe, tírdhreach, bailte agus sráidbhailte, cairéil, acmhainní uisce agus cósta agus cosaintí cósta i measc rudaí eile. Is minic go mbíonn éifeacht ag forbairtí agus gníomhaíochtaí ar shócmhainní ábhartha mar a bhíonn freisin le tréigean úsáide agus folúntas ina dhiaidh sin agus go minic dearóiliú foirgneamh, láithreán agus tírdhreacha. Faoi láthair tá thart ar 23,900 maoin chónaitheacha folmha ar fud an chontae, a bhfuil 3,243 díobh i gceantar tuaithe agus ráta folúntais tráchtála de 15.1%³¹ ar fud an chontae.

I 2016, bhí an dara ráta folúntais is mó sa Stát ag Dún na nGall ag 27.4% agus 22,991 teaghais bhuan de stoc tithíochta iomlán an Chontae folamh³². Is ionann é seo agus titim an-bheag ar ráta folúntais Dhún na nGalla bhí ag 28.6% i 2011. Ba é 12.3% an ráta folúntais don Stát i 2016 agus 14.5% i 2011. Bíonn claonadh ag an ráta folúntais, gan tithe saoire san áireamh, a bheith ag an mbuaicphointe i lonnaíochtaí tuaithe áit a bhfuil an daonra níos lú ná 3,000 duine.

³⁰ AEGS Archaeology Reports 2, Excavation of a Post-Medieval settlement at Rough Point, Killybegs 2004

³¹ Geotreoir An Post

³² www.cso.ie

Is ionann líon iomlán na n-aonad nó na n-áitreabh tráchtála folmha a taifeadh i gContae Dhún na nGall agus 13% de réir tríú ráithe na tuarascála GeoView ar Rátaí Folúntais Tráchtála a foilsíodh i bpáirt ag GeoDirectory agus Comhairleoirí Eacnamaíochta DKM a scrúdaigh rátaí folúntais tráchtála i 79 baile ar fud na Tíre. Áirítear sa tuarascáil rátaí folúntais tráchtála do dhá bhaile laistigh de limistéar an Phlean, agus is iad sin Bealach Féin (28.2%) agus Baile Dhún na nGall(12.5%). .

5.21 Oidhreacht Ailtireachta, Seandálaíochta agus Cultúrtha

Tagrann an oidhreacht fhoirgnithe do gach gné sa timpeallacht atá tógtha ag an duine lena n-áirítear foirgnimh agus déanmhais eile mar dhroichid, láithreáin seandálaíochta agus teoireannacha páirce. Bhí tionchar ar na déanmhais seo ag cúinsí socheacnamaíochta, cultúrtha, teicneolaíochta, aeráide agus fisiciúla ar leith a gcruthaitheoirí agus is taifead iad ar idirghníomhaíocht leanúnach an duine lena thimpeallacht. Rannchuidíonn gnéithe neamhstruchtúracha, mar ghairdíní stairiúla, ballaí cloiche, díoganna agus troscán sráide freisin, go suntasach lenár n-oidhreacht fhoirgnithe. Is cuid lárnach dár tírdhreach tuaithe/diméine iad ballaí cloiche agus fála sceach go háirithe, tagairt shuntasach stairiúil á cur ar fáil acu go minic faoi úinéireacht talún agus patrúin feirmeoireachta, agus ag cur le nádúr ceantracha. Féadfaidh siad a bheith leochaileach do dhamáiste nach mbíonn aon ghá leis nó scrios le linn forbartha, mar aon le athchóiriú bocht agus míchuí. Cé nach bhfuil tábhacht leordhóthanach ag gach déanmhas le cosaint ar leith a thabhairt dó, tá caomhnú dea-shamplaí den oidhreacht fhoirgnithe agus chultúrtha rí-thábhachtach má táthar le braistint an leanúnachais leis an am atá caite a choinneáil.

Tá oidhreacht shaibhir agus éagsúil ailtireachta, timpeallachta, fhoirgnithe, seandálaíochta agus cultúrtha ag an gContae a chuireann bonn eolais faoin ár bhféiniúlacht, a mhúineann ceachtanna dúinn ón am atá caite agus a thugann buntáistí sóisialta agus eacnamaíochta go dtí an réigiún trína tírdhreacha scéimhe, a ailtireacht dhúchasach agus a séadchomharthaí stairiúla. Féadtar breathnú freisin ar éagsúlacht leathan agus cáilíocht acmhainní oidhreachta mar shlat tomhais rathúlachta agus iomaíochais. Tá stoc oidhreachta ailtireachta ag an gContae lena n-áirítear cuid mhaith tithe móra agus a dtírdhreacha diméine gaolmhara, láithreáin eaglasta agus láithreáin eile oidhreachta dúchasacha agus tionsclaíocha.

Leagann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2017 (Achtanna P&D) amach ceanglais Phleananna Forbartha Contae chun struchtúir ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíochta agus teicniúla sainspéise a chosaint. Tá 467 Struchtúr Cosanta i gContae Dhún na nGall a bhfuil 129 díobh lonnaithe laistigh de na seacht mbaile i limistéar an Phlean agus 57 eile Struchtúr Cosanta eile lonnaithe laistigh de chrios tionchair an Phlean (i.e. laistigh d'achar 15km de na bailte). Chomh maith leis seo aithníodh 2277 struchtúr a bhfuil luach oidhreachta ailtireachta leo ar shuirbhé d'Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) do Chontae Dhún na nGall. [Tabhair ar aird: Áirítear i suirbhé an NIAH na struchtúir sin atá ar liosta RPS].

Is acmhainn ar leith í oidhreacht seandálaíochta an Chontae, agus tá iarsmaí seandálaíochta ar ábhar spéise ar leith iad san áireamh sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus ar Áiteanna'. Forálann Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 – 1994 do chosaint ár n-oidhreacht seandálaíochta. Tá ról ar leith ag Rannóg Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir le cosaint oidhreacht seandálaíochta. Tá 21 Coimpléasc Seandálaíochta agus 2679 séadchomhartha náisiúnta faoi chosaint faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-1994 laistigh den Chontae agus tá 13 díobh seo faoi chúram an Stáit.

Níl Oidhreacht seandálaíochta an Chontae teoranta do láithreáin agus do cheantair atá liostaithe sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus ar Áiteanna ach áirítear ann freisin déanmhais seandálaíochta, déantáin agus láithreáin nár aimsíodh fós mar atá leagtha amach in Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994.

An Clochán Liath (Dungloe)

Trasnaíonn Abhainn an Chlocháin Léith agus droichead a fhónann don bhaile a tógadh i 1762, baile an Chlocháin Léith, ar féidir a ainm a aistriú mar chloch chora liath. Tá déanamh líneach traidisiúnta ar an mbaile le sráid-dhreach láidir agus croílár soiléir. Tá leagan amach an Chlocháin Léith tréithrithe ag an

bpríomhshráid a ritheann thuaidh theas ach a bhfuil a cúl leis an radharc ar imeall an uisce ar an Atlantach agus é comhthreomhar leis. Ritheann na príomhshráideanna eile ingearach leis seo sa treo thoir-thiar a nascann an baile leis na ceantair mórthimpeall agus níos faide ar shiúl. Is í an Phríomhshráid lár tráchtála an Chlocháin Léith i gcónaí, agus tá ionaid mhiondíola eile soir ón gcroí tráchtála seo in achar siúil óna chéile.

Níl aon struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta laistigh den Chlochán Liath. Ach tá 12 struchtúr ar liosta Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) don bhaile.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Feidhmíonn Bealach Féich-Srath an Urláir mar an príomhionad miondíola, tráchtála, sóisialta agus áineasa do Ghleann na Finne agus don cheantar níos leithne. D'fhás na bailte go tapa sa 19ú agus sa 20 ú haois. Tá lár an bhaile in ord líneach go príomha feadh phríomhshráid an dá bhaile. Tá méid shuntasach spáis urláir mhiondíola ar na bailte, saoráidí spóirt iomráiteacha, agus lárionaid chultúrtha agus shóisialta suntasacha lenan-áirítear trí bhunscoil agus dhá mheánscoil. Tá roinnt forbartha cónaithe feadh agus i ndlúthghaireacht phríomhshráideanna Bhealach Féich-Srath an Urláir, ach tá formhór na tithíochta lonnaithe ar imeall an dá bhaile. Chomh maith leis seo baineann na bailte leas as príomhshócmhainní timpeallachta mar an Fhinn agus a thuilemhá gaolmhar agus na coillearnaigh suite thart ar Dhroim Bó agus Dún Mhaoile.

Tá 19 struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta laistigh de Bhealach Féich-Srath an Urláir agus 54 struchtúr ar liosta an NIAH (lena n-áirítear iad sin ar an RPS). Chomh maith leis seo tá 12 Séadchomhartha Náisiúnta lonnaithe laistigh de na bailte.

Béal Átha Seanaidh

D'aithin an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Béal Átha Seanaidh mar cheann de na seacht 'Bailte Stairiúla' laistigh den Chontae, do chosaint ghinearálta. Ina dhiaidh sin, i 2000, d'ainmnigh Comhairle Chontae Dhún na nGall cúig 'Baile Oidhreachta', Béal Átha Seanaidh san áireamh. Léiríonn an t-ainmniúchán seo a chúlra stairiúil, a chruth thógtha agus a nádúr ailtireachta láidir. Tá Béal Átha Seanaidh ar cheann de na bailte is sine in Éirinn, a d'fhorbair ar bhruacha na hÉirne, agus fianaise go raibh lonnaíocht dhaonna agus gníomhaíocht dheasghnách laistigh den bhaile agus a chúlchríocha níos leithne, ag dul siar go dtí an Tréimhse Neoiliteach (4000-2500BC). Áirítear ar shráid-dhreach stairiúil Bhéal Átha Seanaidh an Phríomhshráid, an Phríomhshráid Uachtarach, Sráid an Mhargaidh, Sráid an Chaisleáin lena n-áirítear Sráid an tSéipéil, Sráid an Choláiste, Lána na hEaglaise, Sráid an Easpaig agus An Meal. Sa lá atá inniu ann fanann lár an bhaile mar lárionad tráchtála agus miondíola a chuireann éagsúlacht leathan seirbhísí agus saoráidí ar fáil comhchruinnithe thart ar an bPríomhshráid, Sráid an Mhargaidh agus Sráid an Chaisleáin.

Tá 63 struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta laistigh de Bhéal Átha Seanaidh. Chomh maith leis seo tá 102 struchtúr aitheanta ar liosta an NIAH don bhaile (lena n-áirítear iad siúd ar an RPS). Tá Coimpléasc Seandálaíochta fairsing ann freisin (c. 75 acra) agus 33 Séadchomhartha Náisiúnta.

Ceann an Droichid

Níl aon struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta laistigh de Cheann an Droichid. Tá teach sraithe dhá stór, ceithre bhá, a tógadh c.1860, laistigh den sráidbhaile liostaithe ar liosta an NIAH don sráidbhaile. Chomh maith leis seo tá séadchomhartha taifeadta lonnaithe i gceantar Glas laistigh d'fhorbairt tithíochta Bhun na Mine. Os rud é gur tharla formhór na forbartha i gCeann an Droichid le deiceanna de bhlianta anuas, is beag sampla d'ailtireacht dhúchasach atá laistigh de Cheann an Droichid.

Carn Domhnach

Téann ceangal stairiúil an bhaile siar go dtí tréimhse reamhChríostaí agus tá cáil ar Charn Domhnach mar gheall ar Chrois iontach Naomh Pádraig ón 7ú haois. Agus é lonnaithe go lárnach in Inis Eoghain thuaidh, d'fhorbair Carn Domhnach mar bhaile mór margaidh agus seirbhíse do chúlchríoch tuaithe fhairsing i rith an 19ú haois. Tá an baile leagtha amach thart ar chearnóg lárnach, nó an Diamant agus an Eaglais Chaitliceach mhór mhaorga ar an ngné is suntasaí ina suí ar láthair ardaithe i lár an bhaile. Síneann Carn Domhnach amach le fírinne ó Cheantar an Diamaint feadh cheithre bhealaigh: Sráid an Droichid siar, Sráid Mhálanna ó thuaidh, Sráid an Phóna soir agus Sráid an tSéipéil ó dheas. Tá ceantar

an Diamaint mar chroí tráchtála an bhaile i gcónaí, agus is léir dlús méadaithe na forbartha sa cheantar seo agus thart air thar na blianta nuair a scrúdaítear léarscáileanna agus grianghraif stairiúla den cheantar.

Tá 11 struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta laistigh de Charn Domhnach agus 20 struchtúr ar liosta an NIAH lena n-áirítear iad siúd ar an RPS). Chomh maith leis seo tá 11 Séadchomhartha Náisiúnta lonnaithe laistigh den bhaile.

Baile Dhún na nGall

D'aithin an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Ghnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Baile Dhún na nGall mar cheann de na seacht 'Baile Stairiúil' laistigh den Chontae, do chosaint ghinearálta. Tá fianaise seandálaíochta ann de lonnaíochtaí thart ar an mbaile a théann siar go dtí tréimhsí réamhstairiúla, lena n-áirítear iarsmaí liosanna agus créfort cosantacha eile. Go dtí an 17ú Céad ba é Baile Dhún na nGall príomhbhaile Thír Chonaill, ríocht Ghaelach in iarthar Uladh á reáchtáil ag Ríshliocht Uí Dhomhnaill ar feadh na céadta bliain. Tá Caisleán Dhún na nGall ar bhruacha an Iascaigh sa bhaile féin, agus iarsmaí Mhainistir Dhún na nGall, Mainistir Proinsiasach a théann siar go dtí an 15ú haois ar chladach an Bhá ó dheas. Leagadh amach plean reatha an bhaile, lena n-áirítear cearnóg baile tharraingteach ar a dtugtar an Diamant, sa 17ú haois. Léiríonn lár Bhaile Dhún na nGall déanamh thógtha láidir agus sráid-dhreach ardcháilíochta lárnaíthe ar cheantar stairiúil an 'diamaint'. Feidhmíonn sé mar phríomh-lárionad miondíola, tráchtála, sóisialta agus áineasa don chuid ó dheas den Chontae agus meallann líon suntasach turasoírí ar bhonn séasúrach.

Tá 29 struchtúr ar Thaifead na Comhairle de Struchtúir Chosanta laistigh de Bhaile Dhún na nGall agus 57 struchtúr ar liosta an NIAH (lena n-áirítear iad siúd ar an RPS). Chomh maith leis seo tá 19 Séadchomhartha Náisiúnta lonnaithe laistigh den bhaile agus Coimpléasc Seandálaíochta fairsing (c.40 acra).

Na Cealla Beaga

Mar aitheantas ar an gcúlra saibhir stairiúil d'aithin an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Ghnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta na Cealla Beaga mar cheann de na seacht 'Baile Stairiúla' laistigh den Chontae le haghaidh cosanta ginearálta. Tháinig an Chríostaíocht go dtí an ceantar seo thart ar an 4ú hAois le teacht Naomh Colmcille agus tá an baile bainteach anois le Naomh Caitriona, mairtíreach ón Éigipt sa 4ú hAois. Léiríonn lár meánaoiseach an bhaile, ina bhfuil Tobar Beannaithe, Eaglais Naomh Caitriona agus Caisleán 'Cat's' agus ar cheantar de thábhacht seandálaíochta é mar aon le lár an bhaile, an tábhacht a bhí le Naomh Caitriona ag an am. Bhronn an Rí Seamus stádas buirge ar na Cealla Beaga agus tháinig sé chun a bheith ina bhaile plandála i 1616. Cé is moite den Eaglais ón 17ú hAois agus leac chroise, baineann formhór na bhforbairtí ar an mbaile ón 19ú agus ón 20ú hAois, cé go bhfolaíonn an déanamh tógála seo lonnaíocht i bhfad níos luaithe. Coinníonn lár stairiúil na gCealla Beag a nádúr bunaidh agus le blianta beaga anuas chonacthas infheistíocht tionsclaíoch agus bonneagair shuntasacha, ag tacú den chuid is mó le gníomhaíochtaí calafoirt agus iascaireachta.

Tá 15 struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta laistigh de na Cealla Beaga agus 25 struchtúr ar liosta NIAH (lena n-áirítear iad siúd ar an RPS). Chomh maith leis seo tá Coimpléasc Seandálaíochta fhairsing ar an mbaile (c. 39 acra agus c.40 acra) agus 11 Séadchomhartha Náisiúnta.

5.22 An Tírdhreach agus Tionchair Amhairc

5.22.1 Measúnú ar Nádúr Tírdhreacha

Ullmhaíodh Measúnú Carachtair Tírdhreacha (LCA) do Dhún na nGall agus ghlac comhaltáí de Chomhairle Contae Dhún na nGall leis i mBealtaine 2016 agus d'aithin an dá Chineál Tírdhreacha LCT agus Ceantair Charachtair Tírdhreacha(LCAnna). Tá achoimre de na LCAnna agus na LCTanna do gach ceann do na seacht mbaile ar fáil thíos; tá na doiciméid agus mapáil idirghníomhach ghaolmhara ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall www.donegalcoco.ie chumasaíonn scrúdú níos mionsonraithe ar na LCAnna sainithe agus a bpríomh-chomhábhair sainiúla Ba anailís, tréithriú agus insint ar na comhchodanna den tírdhreach i gContae Dhún na nGall an próiseas LCA.

Aithníodh 44 ceantar carachtair tírdhreacha aonair agus áirítear iontu cur síos a dhéanann achoimre ar chomhábhair agus ar shainthréithe laistigh de gach ceantar a fhágann go bhfuil sé uathúil agus cuireann lena charachtar. Agus láthair gheografach na seacht mbaile á chur san áireamh, agus teorainneacha sainithe na LCAnna, tá roinnt forluí a fhágann go dtrasnaíonn roinnt de na bailte agus a gcriosanna maolánacha níos mó ná LCA amháin.

Aithníodh 23 LCTanna ar fud an Chontae; (6 cineál talmhaíochta) talmhaíocht arúil agus féarach, talmhaíocht abhann, talmhaíocht chósta, talmhaíocht droimnín agus talmhaíocht ingearach. Talamh féarach nádúrtha, foraoiseacht/coillearnach, 3 chineál portaigh, an tAtlantach, bratphortach ardchríche agus sléibhtiúil, creatlach uirbeach, cúrsaí gailf, dumhcha agus trá, réileáin idirthaoideacha, riasc intíre, riasc goirt, beanna sléibhe, carraig lom, tearc ar fhásmhar, fraochmhá, fraochmhá ardtailte, agus móinteach agus dobharlaigh.

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá An Clochán Liath agus cuid den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile, lonnaithe i LCA 28 'Na Rosann Cnoc & Lochán, Oileáin & Costa' in iarthar an Chontae. Cuimsíonn an crios maolánach thart ar an mbaile freisin codanna de LCA 27 'Ardtailte Chnoc Fola, Cósta & an Ghaeltacht'; LCA 25 'Sléibhte Dhoire Bheatha, an Ghaeltacht'; LCA 29 Gleann Bhaile na Finne An Ghaeltacht'; agus LCA 30 'Bánna & Cósta Ard an Rátha an Ghaeltacht'.

Tá líne chladaigh fhada bhearnach ag LCA 28 agus cuimsíonn sé na hoileáin amach ón gcósta siar ón gClochán Liath lena n-áirítear: Inis Fraoigh, Uaigh, An Chruit, Inis Caorach, Inis Mhic an Doirn, Inis Fraoigh agus an t-oileán áitrithe is mó i nDún na nGall, Árainn Mhór. Tá tírdhreach sonrath 'Cnoc agus Lochán' ag ceantar na mórthíre, ar a dtugtar 'Na Rosann' go háitiúil. Cuimsíonn an tírdhreach tírdhreach oighreach droimneach le cnoic clúdaithe le portach agus loig chreimthe ina bhfuil locha beaga le lomáin charraigeacha, srianta agus frámaithe ag Sléibhte Dhoire Bheatha soir ón mbaile laistigh de chrios maolánach 15km. Is portach go príomha an tírdhreach laistigh den LCA seo, idirscortha ag tarlúintí ar leithligh de thírdhreacha níos torthúla poncaithe gar do locha, feadh aibhneacha agus feadh an imeallbhoird, le ceantair foraoise plandáilte. Síneann imeall cósta carraigeach íseal go dtí an fharrage in áiteanna agus tránna boga gainimh idir eatarthu agus inbhir mhóra taoideacha ag an Charraig Fhinn, Loch Chionn Caslach, An Chruit, Trá Éanach agus ó dheas de Leitir Mhic an Bhaire ag síneadh isteach i mBéal an Bheara.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá Bealach Féich-Srath an Urláir, agus cuid den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile, lonnaithe i LCA 14 'Gleann na Finne' in oirthear an Chontae ar theorainn Thuaisceart Éireann. Cuimsíonn an crios maolánach freisin codanna de LCA 16 Ardtailte na Circe; LCA 12 Laggan Valley; LCA 13 Gleann an Fheabhail; agus LCA 40 Teorainn & Ardtailte Chruach na Míol.

Tá an Fhinn, a fo-abhainneacha agus gleannta gaolmhara snoite as na hardtailte mórthimpeall, in uachtar i LCA 14. Tá trí limistéar ar leith san LCA a athraíonn siar soir ag leanúint na Finne a lúbann tríd an LCA seo. In iarthar an LCA seo gearrann An Fhinn agus An Ríleán trí cheantair phortaigh ardtailte a chruthaíonn dhá ghleann abhann cúnga géara. Tagann na haibhneacha níos lú seo le chéile mar an Fhinn gar don Chlochán i ngleann cuid mhór níos leithne agus níos cothroime de pháirceanna talmhaíochta cearnógacha níos mó agus radharc anuas ag ceantair shléibhtiúla portaigh ardtailte orthu. Is má talmhaíochta thorthúil an tírdhreach thart ar Bhealach Féich-Srath an Urláir agus soir i dtreo Chaisleán na Finne, feadh na habhann laistigh de thírdhreach talmhaíochta droimneach réidh de pháirceanna cearnógacha móra cosúil le LCAnna an Laggan Valley (12) in aice láimhe agus Gleann an Fheabhail (LCA). Tá imeall thoir an LCA seo tadhlach le Tuaisceart Éireann agus LCAnna Thuaisceart Éireann, Gleann an Fheabhail agus an Gleann Dearg a bhfuil tírdhreach cosúil le Gleann na Finne acu, is é sin tailte abhann talmhaíochta ar dhea-chaighdeán.

Béal Átha Seanaidh

Tá Béal Átha Seanaidh, agus cuid den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile, lonnaithe i LCA 44 'Ísealchríocha na hÉirne' sa chuid is faide ó dheas den Chontae a bhfuil teorainn aige le Contae Liatroma agus Tuaisceart Éireann. Cuimsíonn an crios maolánach freisin codanna de LCA 31 'Bá Dhún na nGall agus Droimníní' agus LCA 42 'Ardtailte Loch Dearg'.

Is tírdhreach droimnín íseal atá go réidh droimneach é LCA 44 a bhfuil fála sceaigh duillsilteacha ann agus páirceanna dronlíneacha rialta le crainn mórtimpeall, frámaíthe ag an Taobh Bán i Sligeach ó dheas agus Ailtreacha Magher agus uastailte i bhFearmanach thoir. Lasmuigh de na príomhbhailte, léirítear an tírdhreach tuaithe le scaipeadh scoite tithe aonair. Cuimsíonn an ceantar cósta siar ón mbaile córas dumhcha leithinse agus trá, Trá Tullagh, a shíneann ó thuaidh ón mbóthar N15 agus a chúngaíonn i mbéal inbhir na hÉirne. Tá ceantar soir ó dheas an LCA seo teorannach le dhá LCA i dTuaisceart Éireann, Loch Éirne Íochtarach agus Ísealchríocha an Gharastúin; agus tá sé teorannach le dhá LCA i gContae Liatroma siar ó dheas, Ceantar Saintréithe Chósta an Tulacháin agus Ceantar Saintréithe Ísealchríocha Loch Meilbhe. Is gné shuntasach agus cheannasach an stáisiún cumhachta hidrealeictreacha agus damba ag Béal Átha Seanaidh sa tírdhreach laistigh de thuaisceart an LCA seo.

Ceann an Droichid

Tá Ceann an Droichid agus cuid den chrios maolánach 15km thart ar an sráidbhaile, lonnaithe i LCA 11 'Fána agus Ísealchríocha an Ghrianáin in oirthuaisceart an Chontae a bhfuil teorainn aige le Tuaisceart Éireann. Cuimsíonn an crios maolánach freisin codanna de LCA 5 'Sliabh Sneachta'; LCA 7 'Costa Loch Feabhail'; LCA 8 'Cóta Bhun Cranncha'; LCA 9 'Scalp Mountain'; LCA 10 'Talamh feirme Inis Eoghain Theas'; LCA 12 'Laggan Valley'; LCA 13 'Gleann an Fheabhail'; LCA 19 'Cóta Ráth Mealtain Súilí'; agus LCA 20 'Ardtailte & Cóta Fhánada Theas'.

Is tírdhreach talmhaíochta glas torthúil é LCA 11 a bhfuil mórtábhacht timpeallachta, stairiúil agus seandálaíochta leis, le teorainn fairsing feadh na teorann le Tuaisceart Éireann san oirthear agus feadh chladaí Loch Súilí san iarthar. Titeann na tailte níos airde laistigh de lár an LCA seo le fána ar gach taobh go dtí tírghné talmhaíochta droimníneach níos ísle le radhairc fairsinge lánléargais amuigh ar an tírdhreach mórtimpeall agus ar Loch Súilí, agus os a choinne sin tá an ceantar seo an-fheiceálach ó cheantar leathan i nDún na nGall agus i gContae Dhoire lámh leis i dTuaisceart Éireann.

Carn Domhnach

Tá Carn Domhnach agus cuid den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile lonnaithe i LCA 3 'Talamh Feirme agus Cóta Inis Eoghain thuaidh' sa taobh thoir thuaidh den Chontae. Cuimsíonn an crios maolánach freisin codanna de LCA 1 'Cóta Mhálanna'; LCA 2 'Cóta Dhún Damh'; LCA 4 'Iorras'; LCA 5 'Sliabh Sneachta'; LCA 6 Sléibhte agus Gleannta Inis Eoghain Thoir'; agus LCA 7 'Cóta Loch Feabhail'.

Is ceantar tírdhreacha ilchineálach agus éagsúil é LCA 3 a shíneann siar ó chósta an Atlantaigh thoir thuaidh d'Inis Eoghain i dtreo inbhir fhoscúil Thrá Bhréige siar ó thuaidh ó Charn Domhnach. Cuimsíonn sé talamh talmhaíochta torthúil ina bhfuil cineálacha agus gnéithe éagsúla feirme, patrúin páirceanna agus ballaí cloiche stairiúla thart orthu feadh an chósta, clachain a tháinig slán, agus imeallbhord éagsúil atá inrochtana go héasca.

Baile Dhún na nGall

Tá Baile Dhún na nGall agus cuid den chrios maolánach thart ar an mbaile, lonnaithe i LCA 37 'Droimníní Bhá Dhún na nGall'. Cuimsíonn an crios maolánach freisin codanna de LCA 35 'Talamh Portaigh Ard an Rátha An Ghaeltacht'; LCA 36 'Ísealchríocha Dhún na nGall Theas'; LCA 38 'An Chruach Ghorm An Ghaeltacht'; LCA 39 'Loch Iascaigh'; LCA 41 Teorainn & Ardtailte Chruach na Míol'; agus LCA 42 'Ardtailte agus Fearann Locha Loch Dearg'.

Cuimsíonn LCA 37 crios mór droimneach sainiúil a shníonn feadh áise soir thuaidh- soir ó dheas ó na Cruacha agus Ardchlár Phaiteagó soir i dtreo Bá Dhún na nGall. Tá an LCA seo frámaíthe ag na Cruacha ó thuaidh, ardtailte portaigh soir agus an t-imeall cósta lúbach atá casta thart ar bhéal Bhá Dhún na nGall, agus Baile Dhún na nGall sa lár. Tá an fhoirmíocht dhruimneach níos feiceálaí ó thuaidh ag teacht le chéile ag ceann bhá Dhún na nGall agus ag dul i léig ina dhiaidh sin i dtreo an deiscirt. Tá páirceanna talmhaíochta torthúla de mhéideanna éagsúla mar a bheadh paistí crochta thar na droimníní, iad teoranta ag fála sceaigh agus crainn duillsilteacha agus paistí coillearnacha agus plandálacha buaircíneacha anseo agus ansiúd. Is gné choitianta i measc na ndroimíní iad locha agus éiríonn líon mór sruthán agus aibhneacha sna tailte arda ó thuaidh agus soir agus ritheann trí ghleannta trí na droimníní i dtreo na farraige.

Na Cealla Beaga

Tá na Cealla Beaga agus cuid den chrios maolánach 15km thart ar an mbaile, lonnaithe i LCA 36 'Ísealchríocha Dhún na nGall Theas'. Cuimsíonn an crios maolánach 15km freisin codanna de LCA 30 'Bánna & Cósta Ard an Rátha An Ghaeltacht'; LCA 32 'Sléibhte Cholmcille, Portaigh, Gleannta agus an Ghaeltacht'; LCA 34 Talamh Feirme agus Cósta Bhá an Tamhnaigh An Ghaeltacht'; LCA 35 'Talamh Portaigh Ard an Rátha An Ghaeltacht'; LCA 37 Droimní Bhá Dhún na nGall' agus LCA 38 'An Chruach Ghorm An Ghaeltacht'.

Is tírdhreach talmhaíochta cósta rollach é LCA 36 le gleannta leathan torthúla abhann idir ardtailte portaigh níos airde treoshuite feadh áise thoir thuaidh – siar ó dheas agus imeallbhord fada bearnach de leithinsí agus góilíní a thugann aghaidh ó dheas ar Bhá Dhún na nGall. Tá baile na gCealla Beaga suite i mBá Mhic Suibhne, góilín domhain foscúil ar dhéanamh fiord d'uisce domhain agus is baile calafoirt bríomhar é faoi bhláth. Tá córas dumhcha substaintiúil agus trá fhada ghainimh ag Fionntrá, lonnaithe siar ó na Cealla Beaga ag béal Bhá Fhionntrá. Síneann Pointe Charraig an Rois, leithinis íseal chúng de thalamh talmhaíochta aolchloiche den chuid is mó, isteach i mBá Dhún na nGall, ó dheas ó na Cealla Beaga agus cuireann bonn faoin radharc i dtreo na farraige ó chuid mhór den chósta.

5.22.2 Tionchair Amhairc

Cuireann Plean Forbartha an Chontae 2018-2024 comhthéacs beartais ar fáil ag tógáil ar chur chuige fianaiseach an LCA. Tá tírdhreach an Chontae rangaithe ina dtrí shraith luacha agus léirítear iad ar Fhíor 5.23 thíos. Rangáíodh na trí shraith luacha seo mar cheantair 'Sárscéimhe', ceantair 'Ardscéimhe' agus ceantair 'Scéimhe Measartha', níor rangáíodh aon cheann de thírdhreacha Chontae Dhún na nGall mar Luach Íseal. Tá sainmhínithe do gach ceann de na ceantair a bhfuil luach tírdhreacha acu agus do rangú mar a bhfuil cur síos mion orthu thíos:

Ceantair Sárscéimhe (EHSA)

Is éard is **Ceantair Sárscéimhe** ná tírdhreacha nádúrtha draíochtúla den cháilíocht is airde ar ionann iad agus féiniúlacht Chontae Dhún na nGall. Tá cumas thar a bheith teoranta ag na ceantair seo forbairt bhreise a chomhtháthú.

Ceantair Ardscéimhe (HSA)


Is éard is **Ceantair Ardscéimhe** ná tírdhreacha a bhfuil cáilíocht timpeallachta, oidhreachta agus suntas éistéitiúil acu atá uathúil dá gceantar áitiúil agus ar ghné bhunúsach den tírdhreach agus d'fhéiniúlacht Chontae Dhún na nGall iad. Tá an cumas ag na ceantair seo forbairt ar scála, dearadh agus úsáid atá lonnaithe go híogair, a chumasóidh tógáil isteach sa tírdhreach glactha agus nach mbaineann ó cháilíocht an tírdhreacha, faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas eile an Phlean

Ceantair Scéimhe Measartha (MSC)

Is éard is **Ceantair Scéimhe Measartha** ná tírdhreacha atá lasmuigh de Theorainneacha agus Lonnaíochtaí Phlean Ceantair Áitiúil go príomha a bhfuil cáilíocht uathúil, tuaithe agus talmhaíochta de ghnáth acu. Tá an cumas ag na ceantair seo glacadh le forbairtí breise atá lonnaithe go hoiriúnach, suite agus deartha faoi réir comhlíonadh gach cuspóir agus beartas eile an Phlean.

Léiríonn Fíor 5.23 freisin amhairc agus radhairc a bhfuil taitheamhacht speisialta, luach agus suim acu ar bhreithniú ábhartha iad i gcomhar leis na ceantair scéimhe d'aon togra forbartha laistigh den chontae.

Fíor 5.23: Léarscáil Taitneamhachta Scéimhe – sliochtas Cuid B de Dhréacht-Phlean Forbartha an Chontae




**Draft County Donegal
 Development Plan
 2018 - 2024**
**Dréacht Plean Forbartha
 Contae Dhún na nGall
 2018 - 2024**
**Map 7.1.1
 Scenic Amenity**
**Léarscáil 7.1.1
 Conláiste Scéimhe**

Legend

- Areas of Especially High Scenic Amenity (EHSA) **Limistéar Conláiste Go hAairithe Ardscéimh**
- Areas of High Scenic Amenity (HSA) **Limistéar Conláiste Ardscéimhe**
- Areas of Moderate Scenic Amenity (MSA) **Limistéar Conláiste Measartha Scéimhe**
- National Secondary/Bóithre Náisiúnta
- Regional Roads/Bóithre Réigiúnacha
- Views
- Radhairc

Source - Donegal County Council
 Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSI License Number 2017020CCMA/Donagall County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2017. Donegal County Council, 2017.
 Sonraí ón tSúil Éireannach a bhfuil siad á n-athscrúduithe agus a bhfuil siad á n-athscrúduithe faoi Uimhir Cheadúnais 2017020CCMA/Comhairle Contae Dhún na nGall. Níl dhúdar a seo a athscrúduithe gan údarás, ós rud é go bhfuil siad á n-athscrúduithe faoi chóiríocht Órdánas Éireann agus Rialtas na hÉireann. Sraithbhreathnóirí Órdánas Éireann, 2017.
 To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
 Le léamh i gcomhar leis an t-athscrúduithe á n-athscrúduithe seo chun a dhéanamh a dhéanamh i gcomhar leis an t-athscrúduithe á n-athscrúduithe seo sa PFC.

5.23 Idirghaol idir Topaicí Comhshaoil

Is ábhar tábhachtach le breithniú do mheasúnacht timpeallachta é an t-idirghaol idir topaicí timpeallachta SEA. Léiríonn Tábla 5.55 maitrís de phríomh-idirghaolta a aithníodh sa SEA seo. Beidh éagsúlacht mhór idir an leibhéal idirghníomhaíochta idir na topaicí éagsúla; ach ceadaíonn an mhaitrís go n-aithneofaí agus go mbreithneofaí na hidirghníomhaíochtaí mar chuid den SEA.

Tabharfar aird ar leith ar na príomhghaolta idir cáilíocht uisce agus bithéagsúlacht, flora agus fauna agus sláinte an duine. Braitheann Flora agus Fauna, lena n-áirítear speicis agus gnáthóga cosanta, go díreach ar an timpeallacht uisceach mar ghnáthóg agus mar fhoínse bia. Bíonn gaol díreach ag cáilíocht na gnáthóige ar cháilíocht an uisce óil agus ar cháilíocht bia-ábhair (e.g. iasc agus sliogéisc), a bhfuil tionchair dhíreacha acu ar a seal ar shláinte an duine.

Is príomhghaol eile é an gaol idir uisce agus aeráid. Tá an acmhainn ag gáis cheaptha teasa bainteach le iompar, tionscal agus foinsí eile, tionchar diúltach a bheith acu ar athrú aeráide. Féadfaidh seo díriú ar chúinsí triomaigh agus tuile níos déine ar féidir leo dul i bhfeidhm ar thithíocht, bonneagar agus bithéagsúlacht trí athruithe i gcáilíocht uisce agus an timpeallacht uisce.

Tábla 5.55: Idirghaolta Topaicí Timpeallachta

Population / Human Health	✓							
Soil	✓	✓						
Water	✓	✓	✓					
Climatic Factors	✓	✓	✓	✓				
Marine / Coastal Resource	✓	✓	✓	✓	✓			
Material Assets	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Cultural Heritage	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Landscape	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
	Biodiversity, Flora and Fauna	Population / Human Health	Soil	Water	Climatic Factors	Marine / Coastal Resource	Material Assets	Cultural Heritage

6 Brúnna Timpeallachta Suntasacha

Leagtar amach sa Dréacht-LAP straitéis foriomlán do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe na seacht mbaile i gcomhthéacs Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (an Dréacht-CDP) agus Treoirínte Pleanála Réigiúnacha Údarás Réigiúnach na Teorann 2010-2022 (RPG'nna). Ní mór go mbeidh Croístraitéis Dréachtphlean Forbartha an Chontae (mar atá leagtha amach i gCaibidil 2 de Chuid A den Dréacht-CDP) comhleanúnach leis na RPG'nna agus ordlathas lonnaíochta a leagan amach do Chontae Dhún na nGall chomh maith le spriocanna daonra agus tithíochta do gach aon bhaile, sráidbhaile agus don cheantar tuaithe níos leithne. Leagtar amach sa Dréacht-CDP fíis uaimhianach d'fhás agus d'fhorbairt an Chontae sna 6 bliana de shaolré an Phlean (go dtí an bhliain 2024) agus níos faide ar aghaidh go creat ama 20 bliain (2038). Aithnítear cumas an Chontae le sprioc daonra níos mó ná 200,000 duine a bhaint amach faoin mbliain 2038 thar chur chuige dhá chéim i leith forbairt an Chontae.

Tá an t-ionchas ag forbairt todhchaí an Chontae chun an daonra sprice seo a éascú, éifeacht a bheith aige ar an timpeallacht ag leibhéal trasteorann, réigiúnach, contae agus an leibhéal áitiúil. Tugann forbairt nua riachtanas bonneagair tacaíochta leis agus féadfaidh príomh-shaincheisteanna timpeallachta a eascairt lena n-áirítear soláthar uisce, cóireáil dramhuisce, tuilte, iompar agus cumas na hacmhainne nádúrtha ceart a bhaint de na tograí forbartha. Is é is dóigh go mbeidh fás daonra méadaithe sna seacht mbaile i limistéar an Phlean ina chúis le úsáid mhéadaithe carranna, go háirithe in áit nach bhfuil iompar poiblí ar fáil chomh héasca. Féadfaidh sé seo éifeachtaí diúltacha a bheith aige ó thaobh astaíochtaí carbóin, cáilíocht aeir agus sláinte an duine.

Ar na saincheisteanna níos suntasaí a aithníodh i rith an phróisis SEA áirítear patrúin lonnaíochta, cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, tírdhreach agus oidhreacht chultúrtha, oidhreacht fhoirgnithe, iompar, talmhaíocht, turasoireacht, foraoisiú, foinsí fuinnimh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, athrú aeráide, bainistiú dramhaíola agus bainistiú cósta. Meastar gur príomhchuspóir de phróiseas SEA dea-cháilíocht saoil a bhaint amach do na daoine a chónaíonn, a oibríonn nó a thugann cuairt ar Limistéar an Phlean caithfear brúnna ar an timpeallacht ar leagadh béim orthu a bhreithníú trí chuspóirí agus beartais an Phlean. Tá forbairt eacnamaíochta a bhaint amach, fás daonra agus infheistíocht ghaolmhar i dtithíocht, seirbhísi uisce, bonneagar iompair, cumarsáidí, fuinnimh, sláinte agus oideachais mar aon le carachtar uirbeach agus tuaithe an chontae a chaomhnú agus a fheabhsú, bainteach go dlúth le saincheisteanna timpeallachta.

Go dtí seo, níor tógadh cáilíocht aeir agus truailliú torainn mar shaincheisteanna timpeallachta suntasacha, ach tá siad á meas anois de bharr éifeachtaí timpeallachta indíreacha ionchasacha.

Tugtar liosta de na saincheisteanna timpeallachta ar measadh a scóip le linn an chleachtadh scóipeála i dTábla 6.1. Féadfaidh na héifeachtaí timpeallachta a luaitear faoi na topaicí éagsúla liostaithe sa tábla feidhmiú thar roinnt réimsí topaice agus féadfaidh na héifeachtaí a bheith éagsúil ó thaobh scála agus méide, tá cuid acu gearrthéarmach agus in-aisiompaithé, tá cuid eile níos fadtéarmaí agus d'fhéadfaidís a bheith buan. Freisin cé gur féidir le éifeachtaí aonair a bheith mionchúiseach, is féidir leis na héifeachtaí carnacha, go háirithe nuair a bhreathnaítear orthu sa bhfadtéarma, a bheith suntasach.

Tábla 6.1: Scóip Topaicí SEA á Meas

Topaicí SEA ar Measadh a Scóip	in	Liosta tásach d'éifeachtaí timpeallachta a measadh go díreach nó go hindíreach sa Tuarascáil Timpeallachta.
Bithéagsúlacht, Fauna agus Flora	in	<p>Éifeachtaí ar cheantair chosanta: Láithreáin Eorpacha (SACanna SPAnna, láithreáin Ramsar)</p> <p>Éifeachtaí ar láithreáin faoi Chosaint Náisiúnta, (pNHAnna, NHAnna agus anaclanna dúlra).</p> <p>Éifeachtaí ar flora agus fauna agus gnáthóga lena n-áirítear gnáthóga muirí agus cósta, tuilemhánna, bogáigh, sruthchúrsaí, tailte portaigh agus coillearnach.</p> <p>Éifeachtaí ar cheantair chosanta Diúilicíní Péarla Fionnuisce.</p> <p>Éifeachtaí ar ghnáthóga agus ar speicis leochaileacha eile, lena n-áirítear líonraí agus conairí éiceolaíochta agus speiceas éisc cosanta</p> <p>Éifeachtaí speiceas ionracha.</p> <p>Idirghníomhaíocht le Cuspóirí Cosanta Comhshaoil, Treoracha, Rialacháin, Treoirínte, agus Achtanna Náisiúnta, Idirnáisiúnta, áitiúla, agus trasteorann mar a bhfuil cur síos orthu i dTábla 1.5 den tuarascáil seo.</p> <p>Éifeacht ar uiscí sliogéisc ainmnithe.</p>
Daonra	in	<p>Éifeachtaí ar athrú/méadú ar phróifíl daonra.</p> <p>Éifeachtaí athraithe i bpatrúin lonnaíochta, úsáid charranna, Sábháilteacht ar Bhóithre.</p> <p>Úsáid éifeachtúil seirbhísí pobail agus bonneagair</p> <p>Éifeachtaí ar cheantair leochaileacha ó thaobh an chomhshaoil de thoradh éileamh méadaithe ar sholáthar seirbhísí bonneagair mar gheall ar fás daonra spriodhírthe.</p>
Sláinte an Duine	in	<p>Éifeachtaí ar cháilíocht uisce lena n-áirítear uisce óil agus uisce snámha.</p> <p>Éifeachtaí ar cháilíocht aeir.</p> <p>Éifeachtaí ag éirí as truailliú torainn méadaithe.</p> <p>Éifeachtaí bainteach le tuile.</p> <p>Go ginearálta bíonn claonadh ag éifeachtaí a luadh in áiteanna eile feidhmiú go díreach nó go hindíreach agus ar mhéideanna éagsúla ar shláinte agus ar fholláine an duine.</p>
Ithir	in	<p>Éifeachtaí ar ghníomhaíochtaí úsáide talún lena n-áirítear forbairt uirbeach agus tuaithe, feirmeacha gaoithe, diúscairt dramhaíola, foraoisiú, áineas agus gníomhaíochta talmhaíochta.</p>
Uisce	in	<p>Éifeachtaí forbartha agus gníomhaíochtaí ar cháilíocht uisce lena n-áirítear uisce óil agus uisce snámha. Éifeachtaí forbartha uirbí agus tuaithe lena n-áirítear diúscairt dramhuisce agus uisce dromchla, gníomhaíocht talmhaíochta, gníomhaíochtaí áineasa uisce, muirshaothrú, dobharshaothrú agus foraoisiú.</p>
Acmhainn Mhuirí/Chósta	in	<p>Éifeacht forbartha míchuí ar an gcósta nó gar dó</p> <p>Measúnú ar riachtanais dhiminciúla an chósta (an cósta faoi bhrú)</p> <p>Éifeacht baol tuile ar chosaintí cósta</p> <p>Éifeachtaí turasóireachta agus bainistiú inbhuanaithe e.g. Córais leochaileacha dumhcha agus pointí rochtana ar thrá</p> <p>Éifeacht diúscairt bruscair agus seirbhísí poiblí (e.g. leithris)</p> <p>Éifeacht ghníomhaíochtaí áineasa agus tráchtála san uisce</p> <p>Pleanáil spásúil muirí/cósta a mheas</p>
Aer	in	<p>Éifeachtaí ar thruailliú aeir bainteach le astaíochtaí tionsclaíochta agus iompair.</p>
Tosca aeráide	in	<p>Éifeachtaí astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tuile.</p> <p>Éifeachtaí giniúint agus ídiú fuinnimh.</p> <p>Éifeachtaí úsáid fuinnimh agus an gá le caomhnú.</p> <p>Éifeacht ar thruailliú uisce de thoradh tuilte agus blás algach mar gheall ar arduithe i</p>

Topaicí SEA ar Measadh a Scóip	in	Liosta táscach d'éifeachtaí timpeallachta a measadh go díreach nó go hindíreach sa Tuarascáil Timpeallachta.
		dteocht, struis ar speicis agus ar gháthóga. Éifeacht mhéadaithe ar theagmhais stoirme Méadú ionchasach ar fhrasaíocht a mheas (Minicíocht níos lú b'fhéidir ach níos déine)
Fuinneamh In-athnuaite	in	Deiseanna ar an gcladach agus amach ón gcósta agus na himpleachtaí lena n-áirítear: Ar an gCladach Taitneamhacht Bóithre rochtana Cailteanas bithéagsúlachta Amach ón gCósta Tionchar ar éin & ar mhamaigh farraige Saincheisteanna leithdháilte Ionaid nasctha greille
Sócmhainní Ábhartha	in	Éifeachtaí na forbartha ar bhonneagar, fóntas agus taitneamhachtaí lena n-áirítear bóthar, soláthar uisce, áiseanna cóireála dramhuisce, taitneamhachtaí agus oidhreacht chultúrtha. Áirítear freisin éifeachtaí ar shócmhainní eacnamaíochta mar chairéil, tailte feirmeoireachta, acmhainní uisce agus cósta a thacaíonn le tionscal na turasóireachta agus an iascaigh.
Oidhreacht Chultúrtha, lena n-áirítear Ailtireacht agus Seandálaíocht	in	Éifeachtaí ar mhíreanna agus ar ghnéithe a bhfuil luach oidhreachta leo lena n-áirítear míreanna tírdhreacha, a bhfuil tábhacht ailtireachta, seandálaíochta agus stairiúla leo, lena n-áirítear longa báite, agus luach cultúrtha lena n-áirítear an Ghaeltacht agus an Ghaeilge.
Tírdhreach	in	Éifeacht na forbartha ar cheantair atá leochaileach ó thaobh radhairc lena n-áirítear tírdhreacha agus muirdhreacha scéimhe Éifeacht na forbartha ar an tírdhreach talmhaíochta agus ar an gcarachtar tuaithe. Éifeacht na forbartha ar bheogacht agus ar fhuinneamh bailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí/clachain bheaga.
Idirghaoil idir ina topaicí thuas	in	Éifeachtaí carnacha agus idirghaol na míreanna a luadh thuas. Bíonn na héifeachtaí agus na idirghaoil éagsúil ó thaobh méide agus nádúir agus léirítear leibhéal na n-idirghaol ar Tábla 5.2 den tuarascáil seo.

6.1 Bithéagsúlacht, Flora agus Fauna

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh éifeacht na forbartha ar ghnáthóga agus ar speicis íosta; go háirithe ar láithreáin Natura 200 faoi chosaint an AE (SPAnna agus SACanna) chomh maith le láithreáin faoi chosaint Náisiúnta, NHAnna, pNHAnna, agus gnáthóga eile a bhfuil tábhacht bithéagsúlachta agus éiceolaíochta leo.

Táan tuarascáil is deireanaí ar stádas gnáthóga agus speicis chosanta AE a d'fhoilsigh an Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta i 2013, dar teideal 'Stádas GNATHÓGA AGUS SPEICEAS cosanta AE in Éirinn' den tuairim go bhfuil stádas neamhfhabhrach ag cuid mhaith gnáthóga Éireannacha nó go bhfuil siad ag meath. Léiríonn sé seo an pictiúr náisiúnta agus níl aon tacar sonraí ar leibhéal an chontae le tarringt orthu, ach caithfidh an contae, agus ag leibhéal náisiúnta freisin, iarracht a dhéanamh gnáthóga agus speicis aitheanta AE a chaomhnú.

Caithear pleanáil agus bainistiú cúramach a dhéanamh ar fhorbairtí bainteach le gníomhaíochtaí talmhaíochta, feirmeacha gaoithe, foraoisiú, forbairt uirbeach, calafoirt agus aerfoirt agus raon leathan oibreacha bonneagair (lena n-áirítear oibreacha bóthair, astarraingt uisce, diúscairt dramhaíola) laistigh nó gar do cheantair láithreán atá leochaileach go héiceolaíoch, le nach gcuirfead sláine na láithreán seo i mbaol.

Féadfaidh sceitheadh dramhuisce, rith chun srutha talmhaíochta, láisteáit ó líonadh talún agus láithreáin truailithe agus ionchur cothaitheach ón bhforaoiseacht drochéifeachtaí a bheith acu ar cháilíocht uisce a mbeadh éifeachtaí ar an mbithéagsúlacht de thoradh orthu amach anseo. Tá speicis Aguisín II mar dhiúilicín péarla fionnuisce agus bradán an-íogarachdon truailiú. Tá cosaint ceantair fáis sliogéisc ón truailiú ina shaincheist imní timpeallachta suntasach laistigh den Limistéar an Phlean.

Oibríonn forbairt áirithe ar línte cladaigh agus ar thuilemhánna agus is fadhb timpeallachta ionchasach é infíonadh bogach gaolmhar laistigh den Limistéar an Phlean. Tá speicis ainmhí agus planda ionracha neamhdhúchasacha ar cheann de na baol do bhithéagsúlacht i Limistéar an Phlean.

Tá an t-ionchas ag forbairt calafortagus oibreacha gaolmhara ag na Cealla Beaga agus sa Chaisleán Nua, éifeachtaí timpeallachta suntasacha a bheith acu, go háirithe maidir le bithéagsúlacht, flora agus fauna, ainneoin gan aon láithreáin ainmnithe Natura 2000 sa gharchomharsanacht. Tá an t-ionchas freisin ag forbairt bhreise ar an aerfort i nDún na nGall éifeachtaí timpeallachta suntasacha a bheith aige. Tá de dhualgas mar sin go mbeadh tuarascálacha timpeallachta riachtanacha in éineacht le forbairtí straitéiseacha ar scála chomh mór sin d'fhoirgneamh nua nó síneadh agus nuair a theastaíonn, go mbeidh sé faoi réir Measúnachta Cuí.

Is féidir go mbeidh éifeacht ag athrú aeráide ar an mbithéagsúlacht shaibhir, flora agus fauna an i Limistéar an Phlean ó thaobh athruithe i bpatrúin fearthainne agus athruithe teochta.

Déanfaidh an Plean, i dtéarmaí tionchair shuntasacha comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bithéagsúlacht, treorú ar fhorbairt nua laistigh de na bailte, ag tabhairt tosaíochta do shuímh nach gcuireann isteach ar láithreáin atá faoi chosaint. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeidh idirghníomhaíocht idir forbairt nua agus láithreáin atá faoi chosaint agus d'fhéadfadh tionchair eascairt mar thoradh air sin:

- Cúngú isteach forbartha le laghdú ar limistéir ghnáthóige mar thoradh air
- Mionú gnáthóige
- Cur isteach ar speicis
- Tionchar ar cháilíocht uisce ar a mbíonn speiceas atá faoi chosaint ag brath

Laghdú Limistéar Gnáthóige

Tá féidearthacht ann maidir le laghdú a dhéanamh ar limistéar gnáthóige laistigh de cheantar an Phlean mar gheall go bhfuil láithreáin Natura 2000 suite laistigh de theorainneacha trí cinn de na bailte, eadhon, Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh agus Bhaile Dhún na nGall. Maidir leis sin, sníonn Abhainn na Finne trí lár an bhaile i mBealach Féich-Srath an Urláir agus nascann le fo-aibhneacha éagsúla ar an taobh thiar. Tá Béal Átha Seanaidh suite cóngarach do SPA mór Bhaile Dhún na nGall ar an taobh thiar agus tá cuid den SPA seo suite laistigh de theorainn an bhaile áit a dtéann an t-inbhear tríd an mbaile agus amach i Loch Éirne.

Tá SAC'nna agus SPA'nna cóngarach den chuid eile de na bailte, cé nach bhfuil láithreáin Natura 2000 laistigh de theorainneacha na mbailte sin. Tá Ceann an Droichid suite cóngarach do SPA agus do SAC mór ar an taobh thiar den bhaile agus tá sruthchúrsaí ag rith tríd an lonnaíocht a bheadh ag rith isteach sna láithreáin Natura 2000 seo. Tá SAC agus SPA suite achar gearr ó thuaidh i bPlean Ceantair Charn Domhnach. Ceanglaíonn Ceantar Plean Dhún na nGall le SAC agus le SPA agus sníonn an Iascaigh siar i dtreo Bá Dhún na nGall isteach sna láithreáin Natura 2000 seo. Tá an iliomad SAC'nna agus SPA'nna laistigh d'achar 15km de theorainn an bhaile. Tá Ceantar Plean an Chlocháin Léith cóngarach do SAC agus do SPA agus sníonn Abhainn na Marbh trí Cheantar an Phlean isteach i láithreáin Natura 2000 i mBá Thráigh Eanach agus tá an iliomad SAC'nna agus SPA'nna freisin laistigh de 15km de cheantar an

phlean. Níl aon SAC'nna nó SPA'nna cóngarach de theorainn baile na gCealla Beaga, cé go bhfuil SPA'nna agus SAC'nna laistigh d'achar 15km den bhaile.

Tarlaíonn cailteanas díreach gnáthóige nuair a fhaightear réidh go hiomlán le cineál na gnáthóige. D'fhéadfadh cailliúint gnáthóige tarlú freisin trí laghdú ar cháilíocht na gnáthóige agus cailliúint feidhmeanna tábhachtacha na gnáthóige. D'fhéadfadh sé tarlú mar thoradh ar thabhairt isteach speicis ionracha, éilliú nimhiúil nó athrú fisiciúil.

D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag feidhmiú an LAP ar na láithreáin ainmnithe atá léirithe laistigh de na bailte i dtéarmaí laghdú a dhéanamh ar achar na gnáthóige. Áirítear orthu sin, forbairt ar nós forbairt chónaithe, tráchtála nó tionsclaíoch atá suite go míchuí go haonar nó i gcomhar le forbairtí eile laistigh de theorainn an láithreáin ainmnithe. Is féidir le cailliúint gnáthóige tarlú freisin trí dhraenáil a dhéanamh ar thailte atá faoi fhorbairt agus atá cóngarach do nó nasctha go hidrigeolaíoch leis na láithreáin ainmnithe a thacaíonn le gnáthóga atá ag brath ar uisce dromchla nó ar screamhuisce ar nós portaigh, eanaigh, turlaigh agus bogaigh eile.

Ceadóidh an Dréacht-LAP talamh breise a chríosú ar mhaithe le forbairt chomh maith tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscadail bonneagair ar nós oibreacha dramhaíola agus uisce agus teileachumarsáid agus oibreacha cosanta tuilte a bhféadfadh cailliúint gnáthóige laistigh de na láithreáin ainmnithe a bheith mar thoradh orthu.

Mionú

D'fhéadfadh mionú gnáthóige agus speicis tarlú trí bhriseadh suas nó cailliúint gnáthóige a bhíonn mar thoradh ar chur isteach ar aonaid éiceolaíochta atá ann cheana féin. D'fhéadfadh mionú tarlú freisin mar gheall ar bhac a chur ar ghluaiseacht nádúrtha speicis. Bíonn sé seo ábhartha sa chás gur dóigh conairí thábhachta do ghluaiseacht nó do mhaolú a bheith faoi réir conspóide ar nós iad siúd feadh conairí abhann áit a gcuireann an tógáil bac ar shaor-ghluaiseacht speicis ó ghnáthóg amháin go gnáthóg eile.

D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag suiteáil bonneagar líneach, m.sh. bóithre nó naisc iompair eile, píblínte uisce agus dramhuisce, línte soláthar leictreachais, thar achar fada sa chás go dtasnaíonn bonneagar den sórt sin láithreáin ainmnithe. D'fhéadfadh sé go n-áireodh tionchair mionú gnáthóige nó speicis, sa chás, mar shampla go gcuireann línte soláthair leictreachais as do bhealaí eiltilte éin nó go gcuireann droichid nua atá suiteáilte as do ghluaiseacht an bhradáin. D'fhéadfadh mionú daonraí éan a bheith mar thoradh ar thionchair ó chur isteach freisin. Tá na SPAnna go léir atá aitheanta i dTáblaí 5.1-5.7 den Tuarascáil seo leochaileach do thionchair den sórt sin. Áirítear ar láithreáin Eorpacha eile a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar ag mionú, na Láithreáin sin atá liostaithe i dTáblaí 5.8-5.14 den Tuarascáil seo atá ainmnithe do ghnáthóga agus do speicis talún agus fionnuisce.

Tá bearta maolaithe cuí riachtanach laistigh den Phlean lena chinntiú nach mbeidh forbairtí atá éascaithe ag feidhmiú an Phlean agus achar ón Láithreán Eorpach is gaire mar chúis le mionú aon ghnáthóg nó speiceas.

Cur Isteach ar Speicis

Is dóigh go dtiocfaidh ardú ar an gcur isteach a dhéantar ar speicis a dtacaíonn Láithreán Eorpacha leo, sa chás go dtagann ardú ó thaobh leibhéil caitheamh aimsire agus taitneamhachta nó ó fhorbairtí laistigh de nó cóngarach do limistéir ainmnithe. Áirítear ar fhoinsí cur isteach, torann, creathadh, solas, gníomhaíochtaí tógála agus oibríochta nó foinsí eile lena mbaineann cur isteach a eascraíonn ó thaitneamhacht nó ó chaitheamh aimsire nó ó thráthúlacht mhíchuí oibreacha.

Tacaíonn an Dréachtphlean le forbairt bonneagair agus le cur chun cinn na turasoíreachta agus caitheamh aimsire. Tá an cumas ag na tionscadail seo cur isteach agus tionchair a bheith acu ar phríomhspeicis sa chás go mbíonn siad lonnaithe gar do láithreáin Eorpacha ábhartha.

Cáilíocht Uisce

Is iad na príomhtháscairí luach caomhnaithe d'fhormhór na láithreáin Natura 2000 cáilíocht agus cainníocht uisce dromchla agus screamhuisce. D'fhéadfadh tionchair tarlú nuair a bhíonn naisc hidreolaíocha idir na láithreáin agus limistéir fhorbartha. D'fhéadfadh athruithe a bheith ar an réimeas hidreolaíoch nó ar thimpeallacht fhisiciúil na láithreán mar thoradh ar fheidhmiú an Dréachtphlean, trí astarraingt uisce, draenáil, scaoileadh chun siúil chuig sruthchúrsaí, uiscí cósta nó foinsí screamhuisce. Beidh tábhacht ar leith ag gabháil le soláthar a dhéanamh ar sholáthairtí uisce agus ar dhiúscairt dramhuisce.

Tá líon difriúil soláthairtí dramhuisce laistigh de bhailte, ó scéimeanna poiblí, dabhcha séarachais aonair agus chórais chóireála aonair. D'fhéadfadh diúscairt ó fhearais cur le hualach cothaitheach ar uiscí glactha le hiarmhairtí díobhálacha díreacha fadtéarmacha don timpeallacht uisce ina easnamh cóireáil chuí.

Áirítear ar na láithreáin Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar, iad siúd atá ag brath ar uisce dromchla. Tá na láithreáin seo leochaileach mar gheall go ndéantar diúscairt ar dhramhuisce laistigh de líon lonnaithe chuig aibhneacha a dhraenálann isteach in aibhneacha agus in uisce cósta ainmnithe ar deireadh thiar. D'fhéadfadh tionchair charnacha a bheith ar na láithreáin seo freisin trí dhiúscairt dramhuisce ó chontaetha mórtimpeall, chomh maith le tionchar indíreach a bheith acu ar láithreáin atá níos faide síos le sruth.

Tá an cumas ag astarraingt uisce do sholáthar scéimeanna poiblí agus do ghrúpscéimeanna tionchar a bheith aige ar láithreáin Eorpacha sa chás go dtagann brúnna hidreolaíocha chun cinn. Cuireann astarraingt uisce dromchla agus screamhuisce araon leis an soláthar uisce óil don Chontae.

D'fhéadfadh forbairt atá lonnaithe gar do ghnáthóga atá ag brath ar uisce dromchla cur isteach ar an réimeas hidrigeolaíoch a thacaíonn le gnéithe cáilitheacha atá ag brath ar uisce dromchla ar nós portaigh agus turlaigh. Cuirfidh draenáil portaigh agus timpeall ar phortaigh leis an sreabhadh ón bportach agus d'fhéadfadh triomú a bheith mar thoradh air, a dhéanadh laghdú ar chainníocht agus ar cháilíocht na gnáthóige. Áirítear ar na láithreáin Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar, ná láithreáin sin go léir atá ainmhithe do ghnáthóga agus do speicis atá ag brath ar screamhuisce nó ar uisce dromchla.

Áirítear ar fhachtóirí eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhithéagsúlacht ceantar an Phlean;;

- Cailteanas 'láithreán úrna' íogair chomhshaoil d'oibreacha forbartha
- Athruithe ar hidreolaíocht lena n-áirítear draenáil agus tuilte agus inlínadh bogach
- Baint Mhóna
- Ro-innilt/tearc-innilt
- Damáiste ag éirí as dian-úsáid áineasa/taitneamhachta
- Damáiste ag éirí as gníomhaíochta cairéalaithe
- Cailteanas fála scean
- Cailteanas dáileachtaí bithéagsúlachta áitiúla
- Damáiste ag éirí as loscadh sléibhe

6.2 An Daonra agus Sláinte an Duine

Féadfaidh méadú ar an daonra éifeacht a bheith aige ar bhithéagsúlacht, cáilíocht uisce, tírdhreach oidhreach fhoirgnithe, oidhreach nádúrtha, oidhreach chultúrtha agus cáilíocht aeir. Tá an t-ionchas ag athruithe carnacha agus aonair i gcáilíocht an chomhshaoil ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, éifeacht a bheith acu go dtí céimeanna éagsúla ar shláinte agus ar fholláine an duine.

Tá buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta follasacha ann ag éirí as forbairt trí rochtain a mhéadú ar sheirbhísí áitiúla, ar obair agus ar thithíocht agus caighdeán tithíochta agus timpeallachta á

bhforfheidhmiú ag an am céanna, féadfaidh an córas pleanála rannchuidiú a dhéanamh i dtreo cáilíochta aeir, leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla, meabharshláinte agus deiseanna d'aistí bia sláintiúla a fheabhsú.

Os a choinne sin d'fhéadfadh éifeacht nach mbeadh chomh dearfach ar an daonra a bheith ann de thoradh forbartha agus aithníodh ina leith seo na réimsí seo a leanas mar bhrúna comhshaoil ionchasacha ar dhaonra agus ar shláinte an duine:

- Is brú suntasach ar cháilíocht uisce agus da réir ar shláinte phoiblí sceitheadh dramhaíola ó ionaid chóireála dramhuisce bhargasacha agus ó ghníomhaíochtaí áirithe talmhaíochta, go háirithe leathadh sciodair agus foraoisiú.
- Is riosca suntasach do cháilíocht uisce éifeacht charnach tithíochta aon uaire faoin tuath agus i gclachain tithíochta tuaithe a bhfónann córais chóireála dramhuisce orthu. Fágann méadú ar thithíocht faoin tuath go bhfuil bagairt ghaolmhar truaillithe uisce ó iomadú ionad chóireála dramhuisce. Is imní ar leith é sin áit a bhfuil drochstaid ar an talamh agus áit a bhfuil tithíocht thuaithe lonnaithe laistigh de cheantair íogair chomhshaoil.
- Tá an t-ionchas ag forbairt a cheadaítear i gceantair ina mbíonn baol ó thuille, go mbeadh imní sláinte agus sábháilteachta ar áitritheoirí má tharlaíonn tuille agus féadfaidh na teagmhais seo dul i méid de réir mar a bhíonn éifeachtaí athraithe aeráide le brath níos minicí
- Féadfaidh méadú ar an líon tráchta agus cineálacha áirithe gníomhaíochta talmhaíochta tionsclaíoch éifeacht logánta a bheith acu ar cháilíocht aeir a d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach a bheidh aige ar an daonra agus ar shláinte an duine
- Féadfaidh méadú ar ghluaiseacht tráchta/choisithe a bheith ina chúis le baol méadaithe i dtéarmaí sábháilteachta ar bhóithre. Is príomhthosaíocht é Sábháilteacht ar Bhóithre i mbeartas rialtais náisiúnta agus tá sprioc ag Straitéis Shábháilteachta ar Bhóithre (2013 – 2020) de chuid na hÉireann líon na mbásanna ag éirí as timpistí ar bhóithre na hÉireann a laghdú go dtí 25 an milliún den daonra nó níos lú faoi 2020, ar ionann é sin agus básanna a laghdú ó 162 i 2012 go 124 nó níos lú faoi 2020. Tá sprioc sealadach leagtha síos do laghdú gortaithe tromchúiseacha de 30% ó 472 (2011) go 330 nó níos lú faoi 2020 nó 61 an milliún den daonra freisin,³³ ar chuspóir é sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú go radacach agus go hinbhuanaithe. (Tá staitisticí ar shabháilteacht tráchta ar bhóithre agus ar bhásanna ar na bóithre laistigh de Chontae Dhún na nGall á bpróiseáil faoi láthair agus ba chóir go mbeidís ar fáil faoi dheireadh 2011).
- Is baol do shláinte an duine na leibhéil arda radóin i bhfoirgneamh i gceantair áirithe sa Chontae. Is ábhar imní ar leith é seo i gcás na bhfoirgneamh a tógadh roimh an athrú ar na Rialacháin Foirgníochta i 1998 in áit a bhfuil leibhéil radóin ard go maith agus áit nár tugadh faoi bhearta srianta radóin.
- Níor tógadh truailliú torainn mar ábhar imní suntasach ag leibhéal an Chontae.

6.3 Ithir

D'fhéadfadh athruithe ar an bhfearthainn, a bhí á thuair mar cheann de na héifeachtaí athruithe aeráide ar Éirinn, impleachtaí suntasacha a bheith acu ar chobhsaíocht fána agus sciarradh talún agus a n-éifeachtaí ar ghníomhaíochtaí bainistithe uisce dá thoradh. Tá ábhar ard cothaithe ag ithir chreimthe, ar féidir leis damáiste a dhéanamh do chothromaíocht éiceachóras uisceacha bocht ar chothaitheach trí chomhdhéanamh a speiceas a aistriú, tacaíocht á tabhairt do speicis atá oiriúnaithe níos fearr don timpeallacht shaibhir ar chothaitheach. Féadfaidh eotrófú aibhneacha agus lochanna a bheith mar thoradh air seo. De réir mar a ardaíonn teochtaí uisce de bharr athraithe aeráide is é is dóigh go gcuirfí níos mó le airí an eotróifithe.

Féadfaidh gníomhaíochtaí astarraingte míbhainistithe brúnna a chur ar cháilíocht uisce freisin agus féadfaidh baint mhóna damáiste a dhéanamh don fhásra, do hidreolaíocht agus don tírdhreach mar aon le linnte dé-ocsaíd charbóin ríthábhachtacha a scriosadh. Tá teacht chun cinn athraithe aeráide mar

³³Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2013-2020, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

phríomh-shaincheist timpeallachta tar éis spreagadh nua a thabhairt don ghá na tailte portaigh feidhmiúla atá fanta a chaomhnú agus tailte portaigh damáistithe a athchóiriú nuair is féidir.

Féadfaidh tithíocht tuaithe aonair agus bás bruachbhailte araon éifeachtaí díobhálacha ionchasacha a bheith acu ar ithreacha agus mar sin caithfear iad a bhainistiú go cúramach. Idir 2006 agus 2012 tháinig laghdú suntasach ar rátaí uirbithe (ar chomhthráth leis an gcúlú eacnamaíochta); ach meastar ina dhiaidh sin go dtiocfaidh méadú ar an ráta uirbithe de réir mar a théann an téarnamh eacnamaíochta chun cinn. Maidir le tithe aon uaire (agus anuas ar éifeachtaí fisiciúla díreacha na tógála) tá an t-ionchas ag ródhlúis chóras cóireála dramhuisce aonair, nó córais atá cothabháilte go dona nó suiteáilte go mícheart, sceitheadh truaillithe ar ithreacha a bheith mar thoradh orthu.


Tá a lán aitreabúidí timpeallachta tairbheacha ag foraoiseacha, lena n-áirítear ceapadh agus stóráil carbóin, rialú uisce agus tacaíocht do bhithéagsúlacht; agus ó 1990 bhí ceann de na rátaí is airde i leathnú foraoise san AE ag Éirinn. Ach tá an t-ionchas freisin ag méadú tapa ar chlúdach foraoise brúnna timpeallachta a thabhairt chun cinn agus dá bhrí sin teastaíonn bainistiú íogair uaidh. Go sonrach, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht dhíobhálach ag foraoisí agus saothrú foraoiseachta ar fhásra nádúrtha, ar ithreacha, ar an mbithéagsúlacht agus ar acmhainní tírdhreacha agus féadfaidh sé cur le aigéadú ithreacha. Is é an dúshlán, mar sin, leibhéal inbhuanaithe plandála crann leathanduilleacha a bhunú agus a choinneáil chun sochorraitheachtaí timpeallachta a chosaint ag an am céanna ag foráil d'acmhainn foraoise inmharthana eacnamaíoch.

6.4 Uisce

Áirítear sa Phlean an iliomad lochanna fionnuisce agus aibhneacha ann, cuid mhór inbhear agus imeallbhord fada lena n-áirítear córais abhantraí níos mó mar Abhainn na Finne/An Feabhal, agus inbhir mhóra taoideacha mar Loch Súilí agus Loch Feabhail. Chomh maith leis sin tá ceithre bhaile de bhailte an Phlean lonnaithe gar don chósta. Feidhmíonn na dobharlaigh seo ní hamháin mar ghnáthóga timpeallachta do flora agus fauna, ach cuireann foinse uiscí óil agus acmhainn áineasa do phobail daonna ar fáil freisin. Tá screamhuiscíní ina bhfoinsí tábhachtacha logánta do sholáthar uisce óil. Mar sin is inní mhór agus is tosaíocht don LAP cosaint dobharlach dá leithéid.


Tá na dobharlaigh seo faoi réir raon brúnna timpeallachta lena n-áirítear: talmhaíocht (e.g. dramhaíl feirme agus leathnú leasúchán ar an talamh), ionaid chóireála dramhuisce bhardasacha easnamhacha, córais chóireála dramhuisce baile, rith chun srutha uirbeach, foraoisí, an tionscal eastócach, sceití tionsclaíocha, agus dramhaíl, hidreamoirfeolaíocht (i.e. mionathrú fisiceach ar bhruacha aibhneacha agus ar línte cladaigh), agus astarraingt uisce mar a léirítear i bhFíor 6.1.

Fíor 6.1: Brú Suntasach i nDobharlaigh Abhann agus Locha atá i mBaol i gContae Dhún na nGall




Mar léiriú tá an Dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021 tar éis líon na nDobharlach Locha agus Abhann 'I mBaol' atá faoi bhagairt ó bhrúnna timpeallachta sonracha a aithint (Féach Fíor 6.2). Ina dhiaidh sin rangaíonn an EPA talmhaíocht (53%) agus foinsí bardasacha (34%) mar na cúiseanna is suntasaí le truailliú uisce go náisiúnta. (Foinse: www.epa.ie/irelandsenvironment/water/).

Fíor 6.2: Brú Suntasach i nDobharlaigh Abhann agus Locha atá i mBaol go Náisiúnta



Maidir leis an **talmhaíocht** aithníonn Tuarascáil an EPA ‘Timpeallacht na hÉireann – Measúnacht 2016’ *inter aliad* drochbhailiú aoiligh orgánaigh agus drochbhainistiú ar uiscí glana mar phríomhchúiseanna le truailliú talmhaíochta, (féach Fíor 6.3) agus cuireann béim ar leathnú táirgeadh talmhaíochta mar bhaol do cháilíocht uisce.

Fíor 6.3: Leathnú Táirgeadh Talmhaíochta mar Bhaol do Cháilíocht Uisce go Náisiúnta



Maidir leis an **sceithheadh dramhuisce bardasach** léirigh Tuarascáil Dramhuisce Uirbigh 2015 an EPA i nDún na nGall: go bhfuil 18 ceantar uirbeacha áit a raibh feabhsúcháin ag teastáil ar an mbonneagar cóireála dramhuisce uirbigh chun saincheistanna tosaíochta a réiteach, agus go bhfuil 4 ceantair uirbeacha nár chomhlíon an BOD, COD éigeantach, nó caighdeáin cothaithe i gCreat-treoir Uisce an AE.

Chuir an tuarascáil 2016 thuasluaite de chuid an EPA béim ar roinnt saincheistanna a aithníodh sa Phlean Imscrúdaithe Náisiúnta de **chórais chóireála dramhuisce baile** lena n-áirítear: easpa gnáthchothabhála ginearálta, leibhéal íseal díshloda daibhche. Saincheistanna maidir le feidhmiú agus cothabháil córas, sceithheadh neamhcheadaithe in uisce dromchla, agus tiubhas ithreach neamhleor do thruailleáin mhaolaithe.

Maidir le **foraoiseacht** léiríonn an plan bainistithe abhantraí thuasluaite go bhfuil an brú timpeallachta seo bainteach go príomha le glanleagan crann, draenáil, plandú agus bunú agus go bhfuil sé lonnaithe go príomha ar uiscí uachtair do bharcheantair agus go minic ar theorainneacha do bharcheantair.

Maidir le héifeachtaí sonracha truaillithe uisce, leagann an tuarascáil thuasluaite EPA 2016 béim ar **eotrófú** (i.e. saibhriú docharlaigh le cothaithe mar nítrigin agus fosfáití) arb iad is cúis le fás géaraithe algaí agus plandaí agus leibéil ocsaigine laghdaithe ghaolmhar agus cailteanas speiceas uisceacha íogair, mar mhórbhagairt éiceolaíochta. Chomh maith leis seo tá docharlaigh a bhraitheann ar dhobharcheantar beag thar a bheith íogair do thruaillí.

Cuireann ionchur an Dréacht-Phlean Bainistithe Abhantraí 2018-2021 sa Phlean béim ar roinnt cuspóirí agus bearta chun cáilíocht uisce a fheabhsú. Beidh comhtháthú na gcuspóirí agus na mbearta seo sa phlean agus cur chun feidhme na mbearta gaolmhara laistigh den phlean, ar a seal, ríthábhachtach i stádas cáilíochta uisce maith a chinntiú agus ar a seal sláinte éiceolaíochta gnáthnóga uisceacha a fheabhsú.

Tá eolas mionsonraithe maidir leis na brúnna suntasacha ar dhobharlaigh do gach aon dobharcheantar agus fo-dhobharcheantar laistigh de cheantar an Phlean le fáil ar láithreán gréasáin an EPA www.epa.ie agus www.catchments.ie, tá achoimre de sin curtha ar fáil thíos (bunaithe ar Mheasúnuithe Dobharcheantar an EPA, Márta 2017):

An Clochán Liath (Dungloe)

Tá an Clochán Liath (Dungloe) suite laistigh de Dhobharcheantar 38: Gaoth Beara-Cuan na gCaorach a áiríonn an limistéar atá á dhraenáil ag na srutháin go léir atá ag dul isteach sna huiscí taoide in Abhainn Ghaoth Beara, Cuan na gCaorach agus idir Ceann Ros Eoghain agus Cionn Fhánada i gContae Dhún na nGall. Admhaíonn an EPA go bhfuil deacracht ann ó thaobh measúnú iomlán a dhéanamh ar leibhéal agus ar thionchair féideartha cothaithe ar dhobharlaigh mar gheall ar shonraí monatóireachta ceimice atá teoranta. Ina ainneoin seo, aithnítear ar an mbrú is suntasaí a bhfuil tionchar aige ar líon mór aibhneacha agus lochanna sa dhobharcheantar seo mar bhrú ón talmhaíocht, le dramhuisce tí ag teacht ina dhiaidh sin, agus an tionscal eastóscach (mianaigh agus cairéil), foraoiseacht, hidreamoirfeolaíocht agus dramhuisc uirbeacha ansin.

Chomh leis na hualaí cothaithe agus orgánacha atá le fáil in aibhneacha agus i lochanna dhorbarlach Ghaoth Beara-Cuan na gCaorach, áirítear ar na brúnna suntasacha gaolmhara: talmhaíocht go príomha in áiteanna ina bhfuil ithir atá so-ghabhálach d'aistriú cothaithe trí chonair dhromchla; córais chóireála dramhuisce tí agus fearais chóireála dramhuisce uirbeach.

Áirítear ar na brúnna suntasacha a bhfuil tionchar acu ar dhobharlaigh uisce dromchla sa dhobharcheantar brúnna hidreamoirfeolaíochta ó ghníomhaíochtaí ar nós cainéalú, draenáil talún, glanleagan crann, draenáil portaigh agus ró-innilt agus claífoirt, agus saincheisteanna ceimiceáin ón talmhaíocht (dip chaorach agus lotnaidicídí) agus scaoileadh idirleathadh uirbeach agus cóireálacha uisce.

Breithnítear gur ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta i ndobharlaigh cósta atá an brú is suntasaí ag teacht a bhfuil tionchair aige ar uiscí trasdultacha agus uiscí cósta sa dobharcheantar seo.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Tá Bealach Féich-Srath an Urláir suite i ndobharcheantar 1: An Fheabhail, lena n-áirítear an ceantar a ndéanann Loch Feabhail draenáil air agus na srutháin atá ag dul isteach san uisce taoide idir Culmore Point agus Cúil Caorach i gContae Dhoire.

Ar an tsaincheist is suntasaí sa dobharcheantar seo, tá an iomarca fosfair a bhíonn mar chúis le eotrófú a bhíonn ann mar thoradh go príomha ar idirleathadh talmhaíochta agus dramhuisce uirbeach. Tá droch-cháilíocht gnáthóige go suntasach sa dobharcheantar seo mar gheall ar dhríodar mín, cainéalú, draenáil talún, glanleagan crann, baint mhóna, ró-innilt agus claífoirt.

Baineann an brú is suntasaí a bhfuil tionchar aige ar an líon is mó aibhneacha agus lochanna sa dobharcheantar seo leis an talmhaíocht, le foraoiseacht, móin, dramhuisce uirbeach agus hidreamoirfeolaíocht agus dramhuisce uirbeach ina dhiaidh sin. Níl aon bhrúnna suntasacha i ndobharcheantar an Fheabhail ar dhobharlach aibhneacha.

Béal Átha Seanaidh

Tá Béal Átha Seanaidh suite i ndobharcheantar 36: An Éirne – a áiríonn limistéar atá á dhraenáil ag Loch Éirne agus gach sruthán atá ag sníomh isteach san uisce taoide idir Phointe Eachnaise agus Pointe Chill Domhnaigh i gContae Dhún na nGall.

Baineann an brú is suntasaí a bhfuil tionchar aige ar an líon is mó aibhneacha sa dobharcheantar seo leis an talmhaíocht, le dramhuisce uirbeach, idirleathadh uirbeach agus hidreamoirfeolaíocht agus dramhuisce tí, foraoiseacht atá bunaithe ar thionscal agus draenáil portaigh agus baint mhóna ina dhiaidh sin.

Baineann an brú is suntasaí a bhfuil tionchar aige ar an líon is mó lochanna sa dobharcheantar seo leis an talmhaíocht freisin, le foraoiseacht, dramhuisce uirbeach, idirleathadh uirbeach, dramhuisce tí, draenáil portaigh agus baint mhóna, hidreamoirfeolaíocht agus tionscal ina dhiaidh sin.

Ceann an Droichid

Tá Ceann an Droichid suite i ndobharcheantar 39: Loch Súilí - a áiríonn limistéar atá á dhraenáil ag gach sruthán atá ag sníomh isteach san uisce taoide i Loch Súilí idir Cionn Fhánada agus Cionn Dhún Damh i gContae Dhún na nGall.

Baineann an brú is suntasaí a bhfuil tionchar aige ar an líon is mó aibhneacha agus lochanna sa dobharcheantar seo leis an talmhaíocht, le dramhuisce uirbeach, hidreamoirfeolaíocht, dramhuisce tí, foraoiseacht, tionscal draenála, baint mhóna agus an tionscal eastóscach ina dhiaidh sin, lena n-áirítear mianaigh agus cairéil.

Tá dobharlach trasdultach inbhear Loch Súilí i mbaol mar gheall ar a stádas measartha éiceolaíochta a bhfuil an iomarca cothaitheach (fosfar agus nítrigin araon) san inbhear mar chúis leis.

Carn Domhnach

Tá Carn Domhnach suite laistigh de Dhobharcheantar 40: Domhnach-Bun an Phobail – a áiríonn limistéar atá á dhraenáil ag gach sruthán atá ag sníomh isteach san uisce taoide idir Cionn Dhún Damh agus Pointe na Cúile Móire i gContae Dhoire.

Baineann an brú is suntasaí a bhfuil tionchar aige ar an líon is mó dobharlach sa dobharcheantar seo leis an talmhaíocht, le dramhuisce tí, dramhuisce uirbeach, hidreamoirfeolaíocht, idirleathadh uirbeach agus baint mhóna, ina dhiaidh sin. Tá an iomarca cothaitheach, fosfar go príomha, ar na saincheisteanna is mó sna haibhneacha sa dobharcheantar, a bhfuil eotróí, go príomha ó fhoinsí dramhuisce agus ó fhoinsí talmhaíochta, mar thoradh orthu.

Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga

Tá Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga suite laistigh de Dhobharcheantar 37: Bá Dhún na nGall Thuaidh a áiríonn limistéar atá á dhraenáil ag gach sruthán atá ag sníomh isteach san uisce taoide idir Phointe Chill Domhnaigh agus Ceann Ros Eoghain i gContae Dhún na nGall.

Baineann na brúnna is suntasaí a bhfuil tionchar acu ar an líon is mó dobharlach sa dobharcheantar seo leis an talmhaíocht, le dramhuisce uirbeach, dramhuisce tí, mianaigh agus cairéil, hidreamoirfeolaíocht, tionscal agus eile, ina dhiaidh sin. Tá tocsaineacht ceimiceach a bhaineann le tumadh caorach mar shaincheist sa dobharcheantar seo freisin.

Tagann na brúnna is suntasaí a bhfuil tionchar acu ar Chalafort na gCealla Beaga ón tionscal próiseála éisc agus ó dhramhuisce uirbeach. Tá Chalafort na gCealla Beaga ar Stádas Measartha mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le hocsaiginiú. Tá alga donn ann freisin a chiallaíonn fianaise ar an iomarca fosfair a bheith sa chóras inbhir. Is meascán d'ionchuir ó thimpeallacht fionnuisce agus ionchuir dhíreacha ó chóireáil dramhuisce uirbeach agus ón tsaoráid cheadúnaithe IPC an foinse cothaitheach.

6.5 Athrú Aeráide agus Cáilíocht Aeir

Féadfaidh patrún lonnaithe scaipthe bheith ina chúis ardspleáchais ar úsáid an charr, go háirithe áit a bhfuil roghanna iompair phoiblí teoranta. Cruthaíonn sé seo ar a sheal méadú ar gháis cheaptha teasa mar aon le fadhbanna timpeallachta eile mar éileamh neamh-inbhuanaithe ar acmhainní neamh-inathnuaite, truailliú aeir, plódú tráchta, sábháilteacht ar bhóithre, amanta taistil méadaithe agus saincheisteanna cáilíocht saoil bainteach leo.

Faoi láthar níl aon imní shuntasach maidir le cáilíocht aeir ag leibhéal an Chontae.

Is saincheist thrasnaí an t-athrú aeráide a mbíonn éifeachtaí aige ar ghnáthóga, speicis, iascach, dogharshaothrú, turasóireacht, cáilíocht uisce, sábháilteacht uisce, baol ó thuilte agus daoine. Is ábhar imní méadaitheach é saincheist tuile in aibhneacha agus tuile ag an gcósta, mar aon le héifeachtaí mar eotrófú ar féidir leis éifeachtaí millteacha a bheith aige ar cháilíocht uisce, stoic éisc agus sláinte an duine.

6.6 Acmhainn Mhuirí agus Chósta

Tá imeallbhord 1132km den Atlantach Thuaidh ag Dún na nGall a chuireann ní amháin baile ar fáil do flora agus faunca an chontae ach a fheidhmíonn freisin mar acmhainn eacnamíochta agus shóisialta. Bhí tarraingt i gcónaí ar an gcósta, agus tá fós, mar ionad le cónaí ann agus é a fhorbairt. Áirítear ar shaincheisteanna comhshaoil mórtimpeall ar an gcósta éifeacht líon méadaithe cuairteoirí go dtí an cósta, na rioscaí a bhaineann le cónaí in ionad cósta (e.g. creimeadh, baol ó thuilte/stoirmeacha, dramhuisce, seirbhísí) agus éileamh ar fhorbairt chósta.

Is cuid riachtanach agus tábhachtach an creimeadh d'aon trá agus córas dumhcha a fheidhmíonn go sláintiúil (McKenna et al, 2000). Féadfaidh forbairt chósta agus cóir chosanta líne an chladaigh a d'éireodh dá bharr a bheidh tubaisteach [do thrá] agus an baol ann go gcaillfí an trá iomlán de bharr frithchaitheamh toinne agus sciúradh. Is é an toradh a bheidh ar chailleanas timpeallachta dinimce sa deireadh ná cailleanas na ngnáthóg a thacaíonn le beathra éan, bogaigh agus d'fheadfadh go dtiocfadhdeireadh leis an gcúis go mbíonn tóir ar láithreáin chósta féin.

Cuireadh brú ar thimpeallachtaí muirí ó dhaonra atá ag dul i méid feadh an chósta le forbairt bonneagair agus áineasa laistigh den cheantair chósta, tógáil riachtanach cosaintí tuile a chuir cúngach cósta ar ghnáthóga muirí, éifeachtaí athraithe aeráide (tuilte, méadaithe ar speicis ionracha agus laghdú ar shalandacht aigéin) agus truailliú ó thalmhaíocht ar thaobh na talún agus gníomhaíochtaí tionsclaíochta.

6.7 Sócmhainní Ábhartha

D'fheadfadh go mbeadh éifeachtaí timpeallachtaag athruithe ar shócmhainní ábhartha lena n-áirítear míreanna agus gnéithe a bhfuil luach oidhreachta agus cultúrtha leo, cáilíocht uisce, forbairtí tráchtála agus cónaitheacha, raon leathan seirbhísí agus áiseanna pobail agus seirbhísí agus áiseanna bonneagair.

Tá forbairt mhéadaithe lena n-áirítear oibreacha bonneagair, tráchtála agus cónaitheacha tar éis brú a chur ar fhoinsí uisce atá ann faoi láthair maidir le cainníocht, agus ar na háiseanna cóireála a úsáideadh chun uisce óil agus dramhuisce a chóireáil. Chomh maith leis seo, cruthaíonn saincheisteanna cáilíochta uisce reatha brúnna ar ghníomhaíochtaí dogharshaothraithe agus sliogéisc tráchtála maraon le iascaigh a úsáidtear chun críocha áineasa i nDún na nGall.

6.8 Oidhreacht Chultúrtha lena n-áirítear Ailtireacht agus Seandálaíocht

Féadfaidh forbairt bonneagair anuas ar fhorbairt ag éirí as fás eacnamaíoch agus daonra méadaitheach, éifeacht ionchasach a bheith aige ar láithreáin nó ar ghnéithe ailtireachta, seandálaíochta, geolaíochta nó cultúrtha is ábhar spéise. Go sonrach tá an t-ionchas ag forbairtí áirithe ar láithreáin nó gar do láithreáin a bhfuil luach oidhreachta leo, éifeacht dhiúltach a bheith acu ar shláine na láithreán seo.

Tá luas agus scála na forbartha uirbí tar éis brú a chur ar fhoirm agus ar charachtar cuid mhór ionad ar fud Limistéar an Phlean. Tá dearadh agus leagan amach uirbeach míchuí lena n-áirítear forbairtí tráchtála agus cónaitheacha tar éis dul i gciann ar oidhreacht agus ar charachtar bailte agus sráidbhailte. Bhí éifeacht dhíobhálach shuntasach ag sraoilleáil uirbeach ar fhoirm agus ar charachtar cuid mhór ionad uirbeach, lena n-áirítear bailte agus sráidbhailte ar scála níos lú laistigh de Limistéar an Phlean. Cruthaíonn patrún forbartha dá leithéid éileamh iomarcach agus mí-éifeachtach ar sheirbhísí agus ar áiseanna bonneagair, a mbíonn éifeacht dhiúltach aige ar bheogacht agus ar inmharthanacht ceantar uirbeach agus a chruthaíonn patrún taistil neamh-inbhuanaithe.

6.9 Tírdhreach agus Tionchair Amhairc

Tá brúnna reatha ar an tírdhreach bainteach le héifeachtaí ar an timpeallacht chultúrtha, fhoirgnithe agus nádúrtha lena n-áirítear éifeachtaí ar an tírdhreach aeistéitiúil agus ar radhairc íogair, de thoradh éifeachtaí carnacha ag éirí as tíopeolaíocht, úsáid, láithreánú agus dearadh míchuí forbairtí. Tá neamhréireacht ar fud Limistéar an Phlean i bpatrún, láithreánú agus dearadh foirgneamh faoin tuath. Tá éifeacht shuntasach ag éifeacht charnach forbartha neamhíogair ar an tírdhreach ar a thaitheamhacht radhairc, chultúrtha agus nádúrtha agus ar a charachtar sainiúil. Tagann brúnna ar an tírdhreach ó na cineálacha forbartha seo a leanas go príomha:

- Tithíocht aon uaire faoin tuath;
- Feirmeacha gaoithe;
- Foraoisiú;
- Cairéalú;
- Mórthionscadail bonneagair lena n-áirítear oibreacha ar bhóithre;
- Gníomhaíochtaí talmhaíochta, lena n-áirítear athruithe ar chleachtais talmhaíochta, agus i gcásanna áirithe, tréigean na feirmeoireachta.

6.10 Saincheisteanna Trasteorann agus Idirchontae

Tá gné thrasteorann agus idirchontae ag cuid mhór de na saincheisteanna timpeallachta a tógadh sa chuid thuas. Dá réir, éilíonn freagairt saincheisteanna dá leithéid chur chuige spriocdhírthe agus comhordaithe ag an iliomad gníomhaireachtaí atá bainteach le bainistiú na timpeallachta. Áirítear ar shaincheisteanna idirchontae agus trasteorann a bhfuil aird ar leith orthu: tírdhreacha íogair agus láithreáin a bhfuil tábhacht éiceolaíochta leo, míreanna agus áiteanna oidhreachta cultúrtha, láithreáin is díol spéise geolaíochta, cáilíocht uisce, bainistiú cósta agus muirí, diúscairt dramhaíola, iompar, soláthar fuinnimh agus teileachumarsáid. Tá gá le comhoibriú ag leibhéal abhantraí mar a thugann an *North Western International River Basin Management Plan 2009-2015'* agus Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021 (atá le foilsiú i mí na Nollag 2017) le fios.

6.11 Achoimre ar na Príomhbhrúnna Timpeallachta

Léiríonn an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhbhrúnna timpeallachta laistigh de Limistéar an Phlean. Níl na míreanna a chuirtear i láthair sa tábla uileghabhálach.

Tábla 6.2: Achoimre ar na Príomhbhrúnna Timpeallachta i Limistéar an Phlean

Topaic	Saincheist/Brú Timpeallachta
Bithéagsúlacht, Fauna agus Flora	Féadfaidh forbairtí agus gníomhaíochtaí áirithe bainteach le gníomhaíochta talmhaíochta, foraoiseacht, forbairtí uirbeacha, feirmeacha gaoithe, cairéil, turasóireacht, baint mhóna, iascaireacht thráchtála, calafoirt agus aerfoirt agus raon leathan oibreacha bonneagair (lena n-áirítear oibreacha ar bhóithre, astarraingt uisce, diúscairt dramhaíola) atá lonnaithe laistigh nó gar do láithreáin íogaire éiceolaíochta, a bheith ina gcúis brúnna timpeallachta suntasacha. Cuireadh béim ar chosaint ceantair fáis sliogéisc, diúilicín péarla fionnuisce agus bradán mar cheantair a bhfuil tábhacht ar leith leo. Tá líon measartha ard láithreán Natura 2000 (SACanna agus SPAnna) agus Láithreáin Oidhreachta Nádúrtha lonnaithe laistigh de Limistéar an Phlean. Tá na láithreáin seo thar a bheith íogair d'oibreacha forbartha agus do ghníomhaíochtaí áirithe. Is mórbhagairt iad speicis planda agus ainmhí neamhdhúchasacha agus ionracha do bithéagsúlacht an réigiúin.
Daonra agus Sláinte an Duine	Tá an t-ionchas ag méaduithe ar an daonra, a ngníomhaíochtaí agus a bpatrúin lonnaíochta brú méadaithe a chur ar bithéagsúlacht, cáilíocht uisce, tírdhreach, oidhreacht chultúrtha agus aer. Go háirithe, féadfaidh brú méadaithe ar cháilíocht uisce ag éirí as an truailliú éifeacht shuntasach a bheith aige ar shláinte an duine. Tá an t-ionchas ag athruithe aonair agus carnacha ar cháilíocht na timpeallachta foirgnithe agus nádúrtha ag an leibhéal náisiunta, réigiúnach agus áitiúil éifeacht a bheith aige ar shláinte agus ar fholláine an duine go céimeanna éagsúla. Cuireadh béim freisin ar ardleibhéal radóin i bhfoirgnimh agus ar shábháilteacht ar bhóithre mar shaincheisteanna suntasacha.
Ithir	Féadfaidh cineálacha áirithe forbartha agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear forbairt uirbeach agus tuaithe, feirmeacha gaoithe, diúscairt dramhaíola, foraoisiú, gníomhaíochtaí áineasa agus talmhaíochta brú suntasach a chur ar ithreacha. D'fhéadfadh athruithe ar fheartainn ag éirí as téamh domhanda éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar chobhsaíocht fána agus d'fhéadfadh éifeacht a bheith acu ar ithir agus ar cháilíocht uisce.
Uisce	Is minic gur féidir le forbairt agus gníomhaíochtaí éifeacht a bheith acu ar cháilíocht uisce lena n-áirítear screamhuisce, uisce óil agus uisce snámha. Féadfaidh forbairt uirbeach agus tuaithe lena n-áirítear diúscairt dramhuisce agus uisce dromchla, inlíonta, cairéil, tailte éillithe, dumpáil mhídhleathach, gníomhaíocht talmhaíochta, gníomhaíochtaí áineasa uisce agus foraoisiú éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar cháilíocht uisce. Tá ró-ionchuir cothaitheach, is iad sin fosfar agus nítrigin, ar cheann de na rioscaí is suntasaí do cháilíocht uisce.
Aer agus Torann	Faoi láthair níor aithníodh aon éifeacht shuntasach maidir le cáilíocht aer nó leibhéal torainn. Tá éifeachtaí a eascraíonn as truailliú aer bainteach go príomha le iompar agus astaíochtaí tionsclaíocha.
Cósta/acmhainn Mhuirí	Forbairtí mhíchuí gar/ar an gcósta Riachtanais dinimice an chósta (cúngú cósta) Baol ó thuilte agus cosaintí cósta Tionchair turasóireachta agus bainistíocht inbhuanaithe e.g. Córais dumhcha íogaire agus pointí rochtana ar thrá Diúscairt bruscair agus seirbhísí poiblí (e.g. leithris) Gníomhaíochtaí san uisce Pleanáil spásúil Cósta/Muirí
Tosca Aeráide	Nascadh astaíochtaí gáis ceaptha teasa méadaithe le athrú aeráide a raibh méaduithe i ndéine agus i minicíocht tuile de thoradh air. Is ábhar imní ar leith é an spleáchas ard ar úsáid carranna ag éirí as patrún lonnaithe tuaithe scaipthe agus easpa córas iompair poiblí leordhóthanach.
Fuinneamh In-athnuaite	Deiseanna agus impleachtaí ar an gCladach agus amach ón gcósta Ar an gCladach – taitneamhacht scéimhe bóithre rochtana

Topaic	Saincheist/Brú Timpeallachta
	<p>caillteanas bithéagsúlachta</p> <p>Amach ón gCósta – éifeacht ar éin & ar mhamaigh farraige</p> <p>saincheisteanna lonnaithe</p> <p>láithreacha nasctha greille</p>
Socmhainní Ábhartha	<p>Áirítear ar shócmhainní ábhartha raon leathan de shócmhainní nádúrtha agus de dhéantús an duine. Féadfaidh seirbhísí agus áiseanna bonneagair a bheith san áireamh anseo agus nithe eile mar oidhreacht chultúrtha, tailte talmhaíochta, cairéil agus acmhainní cósta agus uisce. Féadfaidh forbairtí agus gníomhaíochtaí éifeacht a bheith acu go minic ar na sócmhainní seo a bhfuil tagairt déanta do chuid acu anseo istigh. Leagadh béim ar an ardleibhéal folúntais tráchtála agus chónaitheach laistigh den Chontae. Léiríonn na réadmhaoine seo acmhainn tearc-úsáidte agus má fhágtar folamh iad, féadfaidh siad dul i léig le himeacht ama agus baint ó charachtar ceantar uirbeach.</p>
Oidhreacht Chultúrtha, lena n-áirítear Ailtireachta agus Seandálaíochta	<p>Féadfaidh brúnna a eascairt as forbairtí agus gníomhaíochtaí áirithe ar láithreáin a bhfuil luach oidhreachta leo nó gar dóibh. Féadtar brú a chur ar thaitneamhachtaí amhairc agus ar charachtar ceantar uirbeach agus tuaithe agus nithe a bhfuil tábhacht stairiúil, seandálaíochta nó ailtireachta leo, lena n-áirítear longa báite, ag oibreacha dá leithéid. Aithnítear gur féidir le oibreacha forbartha éifeacht dhéarfach a bheith acu go minic ar ár n-oidhreacht chultúrtha.</p>
Tírdhreach	<p>Féadfaidh forbairtí agus gníomhaíochta éifeacht a bheith acu ar cheantair íogaire amhairc lena n-áirítear tírdhreach agus muirdhreacha ainmnithe</p>
Idirghaol idir na topaicí thuas	<p>Féadfaidh éifeachtaí carnacha agus idirghaol na nithe a luadh thuas a bheith ina gcúis brú breise ar an timpeallacht. Is léir go mbeidh na héifeachtaí agus na idirghaol éagsúil ó thaobh méide agus nádúir. Trasnaíonn saincheisteanna maidir le cáilíocht uisce, athrú aeráide agus saincheist na tithíochta aon uaire faoin tuath roinnt réimsí topaice timpeallachta. Féadfaidh méadú ar an daonra agus athruithe ar ghníomhaíochtaí agus ar phatrúin lonnaithe daoine éifeacht a bheith acu ar raon leathan de na topaicí a luadh thuas.</p>

7 Baol Tuilte

7.1 Cúlra

Is teagmhas nádúrtha é tuile nach féidir a chosc go hiomlán. Bíonn éagsúlacht tosca i gceist leis (e.g. báisteach, abhainn, taoideach/cósta, screamhuisce) i gcomhcheangal lena chéile go minic agus féadfaidh sé tarlú i raon láithreacha. Féadfaidh daoine cur tuilleadh leis an mbaol ó thuile trí ghníomhaíochtaí mar fhorbairtí a thógáil i suíomhanna atá i mbaol tuilte, cumas storála tuilemhánna a laghdú nó rith chun srutha uisce dromchla a mhéadú trí ró-úsaid dromchlaí cruca.

Bíonn sé deacair go minic am agus méid na dtuilte a réamh-mheas de bharr an idirphlé casta tosca geografacha agus atmaisféaracha is bun le tuiliú (e.g. déine agus fad na báistí, méid an docharlaigh, ithir, gradán, geolaíocht, rith chun srutha uisce dromchla, tosca taoideacha etc). Ina dhiaidh sin réamh-mheastar go mbeidh teagmhais tuile níos minicí agus níos déine mar gheall ar athrú aeráide.

Tá Dún na nGall leochaileach do thuilte ó roinnt foinsí difriúla lena n-áirítear báisteach dhian agus teagmhais taoideacha/abhainn i gcomhar. Le blianta beaga anuas bhí roinnt teagmhas tuilte ann a rinne damáiste suntasach socheacnamaíochta e.g. Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn (2013 agus 2014), An Bun Beag (2009) agus Ráth Bhoth (2008). Bhí báisteach throm i mí Meán Fómhair 2017 mar chúis le drochthuilte ar Leithinis Inis Eoghain, lena n-áirítear Ceann an Droichid, Carn Domhnach agus an ceantar mórthimpeall. Táthar ag tabhairt faoi shuirbhé le measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtuilte ar an 1,500 ciliméadar de líonra bóthair in Inis Eoghain agus tá sé le feiceáil go bhfuil damáiste as cuimse déanta.

7.2 Reachtaíocht agus Treoir

I 2007 tháinig Treoir Tuilte an AE (2007/60/CE) chunfeidhme. Bhí d'aidhm ag an treoir seo iarmhairtí díobhálacha tuilte ar shláinte an duine, ar an timpeallacht, ar oidhreacht chultúrtha agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a laghdú. Cheangal an treoir ar Bhallstáit méid na tuile agus na sócmhainní agus daoine i mbaol sna ceantair seo a léarscáiliú agus bearta leordhóthanacha agus comhordaithe a dhéanamh leis an mbaol seo a laghdú.

Foilsíodh an méid seo a leanas ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé sin eolas ar fáil don bheartas maidir le measúnú riosca tuilte in Éirinn.

- An Córas Pleanála agus Bainistiú Baol Tuile – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DoEHLG 2009); agus
- Chlár Bainistithe agus Measúnaithe Baol Tuile Dobharlach-bhunaithe (CFRAM) (OPW).

Glacann treoirlínte agus clár CFRAMS cur chuige réamhchúraim i leith tuilte agus leagtar amach cur chuige leanúnach maidir le bainistíocht agus le forbairt i gceantar atá faoi réir ag baol tuilte agus maidir le Measúnacht Riosca Tuile Straitéiseach (SFRA) chun: ceantair Riosca Tuilte a aithint, bonneagar tuilte atá ann cheana a mheasúnú, agus bearta cosanta maidir le tuilte ionchasacha a aithint. Is ceanglas atá ann freisin Ceantair i mBaol ó Thuilte agus catagóirí d'Fhorbairt Leochaileach a aithint trínar chóir an Tástáil Sheicheamhach a fheidhmiú

Ainmíodh Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) mar an ghníomhaireacht threorach do bhainistiú baol tuile in Éirinn agus an t-údarás inniúil d'fheidhmiú Treoir na dTuilte. Ó 2011 bhí an OPW i mbun oibre ar Chlár Bainistithe agus Measúnaithe Baol Tuile Dobharlach-bhunaithe (CFRAM) a raibh d'aidhm aige guais tuile atá ann cheana agus riosca tuile i gCeantair áirithe do Bhreismheasúnú (AFA), roghanna

inmharthana a leagan amach do bhainistiú éifeachtach agus inbhuanaithe baol tuile sna AFA céanna, agus Pleananna Bainistithe Baol Tuile (FRMPanna) a ullmhú lena n-áirítear straitéisí agus gníomhaíochtaí do bhainistiú inbhuanaithe agus costéifeachtach baol tuile reatha agus todhchaí sna AFAnna.

Tá an clár náisiúnta CFRAM tar éis: an Tír a roinnt i roinnt Réigiún Abhantraí (RBD) atá roinnte ina seal in Aonaid Bhainistithe (UoM); Ceantair do Mheasúnú Breise a aithint trí Réamh-mheasúnú Baol Tuile (PFRA); Léarscáiliú Guais Tuile a chur ar fáil do na ceantair AFA; agus Dréacht-FRMPanna do na 3 UoManna a aithnítear laistigh de Dhún na nGall a chur ar fáil. Leagann na Dréacht-FRMPanna seo amach cuspóirí bainistithe tuile, agus aithníonn bearta bainistithe baol tuile lena n-áirítear idir bhearta ginearálta do na UoManna foriomlána (e.g. cuir i bhfeidhm na dTreoirínte ar an gCóras Pleanála agus Bainistiú Baol tuile) agus bhearta sonracha do gach AFA (e.g. oibreacha bonneagair).

7.3 Creat Beartais Straitéiseach laistigh den Phlean Forbartha

Measann an Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall gurb ionann na Dréacht-Phleananna Bainistithe Baol Tuile do UoM1,35 agus 36 agus an Léarscáiliú Guais Tuile gaolmhar le chéile agus plean bainistithe baol tuile straitéiseach don chontae agus léiríonn an t-eolas ar fad ata ar fáil faoi láthair do bhainistiú todhchaí i nDún na nGall vis-á-vis baol tuile. Maidir leis seo tá an plean seo tar éis úsáid a bhaint as an bPlean Bainistithe Baol Tuile agus Léarscáiliú Guaise Tuile mar chreat straitéiseach chun bonn eolais a chur faoi ainmniúcháin creasa chun láthair forbartha nua agus bonneagair a threorú.

Leagtar amach sa Dréacht-LAP straitéis foriomlán do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe na seacht mbaile i gcomhthéacs an Dréacht-CDP. Baineann beartais agus caighdeán bhainistíochta forbartha ginearálta an Dréacht-CDP leis an Dréacht-LAP. Déileáiltear le saincheist tuilte go ginearálta do na seacht mbaile i gCaibidil 3 den Dréacht-LAP agus feidhmeofar an réasúnaíocht agus an creat-bheartas atá san áireamh sa Chuid maidir le Tuilte den Dréacht-CDP. Maidir leis sin, tá bainistíocht Riosca Tuilte sa Dréacht-LAP faoi réir ag na haidhmeanna, cuspóirí agus beartais atá leagtha amach sa Dréachtphlean.

Thug an tÚdarás Pleanála an aird chuí ar staidéar an CFRAMS agus teorainneacha lonnaithe á aithint aige don Dréacht-LAP, mar an fhianaise ab fhearr a bhí ar fáil maidir le baol tuilte i ngach aon bhaile de na seacht mbaile, mar a bhfuil cur síos déanta orthu thíos:

An Clochán Liath (Dungloe)

Níl an Clochán Liath aitheanta mar Cheantar le haghaidh Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS.

Bealach Féich-Srath an Urláir

Aithníodh Bealach Féich-Srath an Urláir mar Cheantar le haghaidh Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS agus ba chur chun cinn na Scéime Faoisimh Tuilte do Bhealach Féich-Srath an Urláir: Rogha 3, an beart ab fhearr a d'éascair ón measúnú, cuimsíonn an Rogha seo, cosaintí crua agus feabhas a chur ar iompar cainéal go forbairt agus measúnú faoi stiúir tionscadal le haghaidh mionchóiriú agus ullmhú do phleanáil/taispeántas agus de réir mar is cuí do chur i bhfeidhm. Ar an gcuma chéanna, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála an aird chuí ar léarscáiliú CFRAMS Bhealach Féich-Srath an Urláir maidir le méid na dtuilte sa chás go bhfuil sé sin riachtanach ó thaobh measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála le linn saolré an LAP. Taispeántar i bhFíor 7.1, a fuarthas ó staidéar OPW CFRAMS an dóchúlacht maidir le méid na dtuilte laistigh de lár an bhaile i mBealach Féich-Srath an Urláir agus is féidir féachaint ar léarscáiliú breise do na ceantair lasmuigh den bhaile ag www.maps.opw.ie/floodplans.

Béal Átha Seanaidh

Níl Béal Átha Seanaidh aitheanta mar Cheantar le haghaidh Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS.


Ceann an Droichid

Níl Ceann an Droichid aitheanta mar Cheantar le haghaidh Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS.

Carn Domhnach


Tá Carn Domhnach aitheanta mar Cheantar le haghaidh Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS agus ba chur chun cinn na Scéime Faoisimh Tuilte do Charn Domhnach: Rogha 1, an beart ab fhearr a d'éascair ón measúnú, a chuimsíonn stóras, cosaintí crua agus feabhas a chur ar iompar cainéal go forbairt agus measúnú faoi stiúir tionscadal maidir le mionchóiriú agus ullmhú do phleanáil/taispeántas agus de réir mar is cuí do chur i bhfeidhm. Ar an gcuma chéanna, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála an aird chuí ar léarscáiliú CFRAMS Charn Domhnach maidir le Méid na dTuilte sa chás gur cuí ó thaobh measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála le linn saolré an LAP. Taispeántar i bhFíor 7.2, a fuarthas ó staidéar OPW CFRAMS an dóchúlacht maidir le méid na dtuilte laistigh de lár an bhaile i gCarn Domhnach agus is féidir féachaint ar léarscáiliú breise do na ceantair lasmuigh den bhaile ag www.maps.opw.ie/floodplans

Fíor 7.1: Méid na nDobharthuilte i mBealach Féich-Srath an Urláir



Source: OPW CFRAM study

Fíor 7.2: Méid na nDobharthuilte i gCarn Domhnach




Source: OPW CFRAM study

Baile Dhún na nGall

Aithníodh Baile Dhún na nGall mar Cheantar le haghaidh Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS agus ba chur chun cinn na Scéime Faoisimh Tuilte do Bhaile Dhún na nGall: Rogha 1, an beart ab fhearr a d’éascair ón measúnú, a chuimsíonn cosaintí crua agus feabhas a chur ar iompar cainéal go forbairt agus measúnú faoi stiúir tionscadal maidir le mionchóiriú agus ullmhú do phleanáil/taispeántas agus de réir mar is cuí do chur i bhfeidhm. Ar an gcuma chéanna, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála an aird chuí ar léarscáiliú CFRAMS Bhaile Dhún na nGall maidir le Méid na dTuilte sa chás gur cuí ó thaobh measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála le linn saolré an LAP. Taispeántar i bhFíor 7.3, a fuarthas ó staidéar OPW CFRAMS an dóchúlacht maidir le méid na dtuilte laistigh de lár an bhaile i mBaile Dhún na nGall agus is féidir féachaint ar léarscáiliú breise do na ceantair lasmuigh den bhaile ag www.maps.opw.ie/floodplans.

Fíor 7.3: Méid na nDobharthuilte i mBaile Dhún na nGall




Source: OPW CFRAM study

Na Cealla Beaga

Aithníodh na Cealla Beaga mar Cheantar le haghaidh Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS agus ba chur chun cinn na Scéime Faoisimh Tuilte do na Cealla Beaga: Rogha 1, an beart ab fhearr a d’éascair ón measúnú, a chuimsíonn cosaintí crua agus feabhas a chur ar iompar cainéal go forbairt agus measúnú faoi stiúir tionscadal maidir le mionchóiriú agus ullmhú do phleanáil/taispeántas agus de réir mar is cuí do chur i bhfeidhm. Ar an gcuma chéanna, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála an aird chuí ar léarscáiliú CFRAMS na gCealla Beaga maidir le Méid na dTuilte sa chás gur cuí ó thaobh measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála le linn saolré an LAP. Taispeántar i bhFíor 7.4, a fuarthas ó staidéar OPW CFRAMS an dóchúlacht maidir le méid na dtuilte laistigh de lár an bhaile sna Cealla Beaga agus is féidir féachaint ar léarscáiliú breise do na ceantair lasmuigh den bhaile ag www.maps.opw.ie/floodplans.

Fíor 7.4: Méid na nDobharthuilte sna Cealla Beaga



Source: OPW CFRAM study

7.4 Éifeachtaí Timpeallachta Dóchúla Beartas agus Cuspóirí an Phlean atá Bainteach le Tuile:

Ar an iomlán meastar go ndéanfaidh beartais agus cuspóirí bainteach le tuile laistigh den phlean iarmhairtí díobhálacha tuilte ar shláinte an duine, ar an timpeallacht agus ar oidhreacht a laghdú trí:

- Cur chun feidhme an phrionsabail réamhchúramaigh agus cur chuige seicheamhach a bhfuil mionchur síos air sa bhfoirseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíú Baol Tuile – Treoirlínte d'Údarais Phleanála' (DoEHLG 2009 lena n-áirítear; forbairt a sheachaint i gceantair i mbaol tuile, forbairtí nach bhfuil chomh leochaileach a chur in áit forbairtí atá níos leochailí, údar a thabhairt le forbairtí nua ag ionaid straitéiseacha áit nach bhfuil seachaint nó ionadú indéanta agus éifeacht tuilte a mhaolú trí dheardh agus leagan amach forbairtí nua.
- Cuireadh eolas ar fáil maidir le hainmniúcháin críosaithe don fhorbairt nua agus don bhonneagar laistigh de na seacht mbaile sa LAP trí mheasúnuithe fianaise-bhunaithe i bhfoirm léarscáilíú guaise baol tuile a bhí ullmhaithe mar chuid de staidéar CFRAMS agus tacair sonraí tuilte eile cuí í.

8 Éabhlóid Dóchúil na Timpeallachta in Éagmais Cur Chun Feidhme Phlean Limistéir Áitiúil

Leagtar amach sa Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do na Seacht mBaile Straitéiseacha (an Dréacht-LAP) 2018-2024 do bhailte an Chlocháin Léith (Dungloe), Bealach Féich-Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga, straitéis foriomlán do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe na seacht mbaile i gcomhthéacs Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024 (an Dréacht-CDP) agus Treoirínte Pleanála Réigiúnacha Udarás Réigiúnach na Teorann 2010-2022 (RPG'nna).

